



**Ollscoil  
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**AN SPÁS ISTIGH AGUS AN SPÁS AMUIGH:  
AITIÚ SPÁIS I SAOTHAIR LITEARTHA MHICHÍL  
UÍ CHONGHAILE AGUS CHATHAIL UÍ  
SHEARCAIGH**

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad  
don chéim dochtúireachta

ag

Jonathan William Richards, B.A.

Scoil an Léinn Cheiltigh  
Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire

**Meán Fómhair 2016**

**Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Ruairí Ó hUiginn**  
**Stiúrthóirí: An Dr Tadhg Ó Dúshláine agus an Dr Tracey Ní Mhaonaigh**

## CLÁR

<b>Dearbhú</b> .....	<b>i</b>
<b>Focal Buíochais</b> .....	<b>ii</b>
<b>Giorrúcháin</b> .....	<b>ii</b>
<b>Coimriú</b> .....	<b>iv</b>
<b>Réamhrá</b> .....	<b>vii</b>
<b>1. Léann na hAiteachta: Coincheapa, Teoiricí agus Dúshláin Teanga</b> .....	<b>10</b>
1.1 Céard é <i>Queer?</i> : Sainmhíniú agus Staireolaíocht an Téarma .....	10
1.2 Forbairt na hAiteachta mar Scoil Theoiriciúil .....	16
1.3 Ag Aitiú Linn: Teoiric na hAiteachta i bhFeidhm - Impleachtaí agus Laigí .....	23
1.4 The Love that Dare Not Speak Its Name: Teanga agus Téarmaíocht .....	31
1.5 An Fear Aniar: Micheál Ó Conghaile .....	37
1.6 Cathal Ó Searcaigh: An Fear Glas.....	40
1.7 Tatal .....	43
<b>2. An Comhthéacs Critice agus Staire</b> .....	<b>45</b>
2.1 Féiniúacht an Ghaelachais agus an Homaighnéasacht .....	45
2.2 <i>From foreign hands</i> : An Aiteacht, an Gaelachas agus SEIF .....	49
2.3 Cearta Phobal na Homaighnéasach in Éirinn .....	53
2.4 Dúshláin le Sárú Fós.....	57
2.5 Tabhair dom do Lámh: An Reifreann Pósta.....	60
2.6 Tatal .....	63
<b>3. An Homaighnéasacht i Nualitríocht na Gaeilge</b> .....	<b>64</b>
<b>3.1 An Chollaíocht Neamhnormatach i Litríocht na Nua-Ghaeilge</b> .....	<b>64</b>
3.1.1 An Ghaeilge Chlasaiceach agus an Caidreamh Homashóisialta.....	64
3.1.2 Aithníonn Queer-óg Queer-óg Eile .....	67
<b>3.2 Athbheochan na Gaeilge (1890-1940): An Chritic sa Ghaeilge</b> .....	<b>72</b>
3.2.1 Athbheochan na Gaeilge agus an Chritic Liteartha.....	72
3.2.2 Irisí na Gaeilge: Irisleabhar Mhá Nuad agus Comhar .....	76
3.2.3 Caint na nDaoine nó Gaeilge an Chéitinnigh? .....	78
3.2.4 Seánraí Liteartha na hAthbheochana .....	81
3.2.5 Téarmaíocht na Critice .....	83
3.2.6 Ceistanna an Traidisiúin .....	84
<b>3.3 Modhanna Léitheoireachta</b> .....	<b>85</b>

3.3.1 Ceisteanna Léirmheastóireachta.....	85
3.3.2 Scoileanna na dTeoiricí Liteartha agus an Chritic Liteartha.....	90
3.3.3 Filí Innti: Dúshlán ó Ghuth Nua - An Comhthéacs Staire .....	94
<b>3.4 Tatal.....</b>	<b>97</b>
<b>4. An Spás Istigh: Noirm, Smacht agus an Teacht Amach .....</b>	<b>98</b>
<b>4.1 An Normatacht, an Smacht, an Géillsineach .....</b>	<b>98</b>
4.1.1 An (Bhith)chumhacht agus an Normatacht: Pionós agus Pléasc .....	98
4.1.2 An Gaibhniú agus an Scaoileadh Rúin.....	104
4.1.3 Máistir agus Máistrí: An Géillsineach agus an Smachtú .....	111
4.1.4 An Géillsineach: Ag Sárú Teorainneacha .....	116
<b>4.2 Príobháideachas, Teanga, Féiniúlacht.....</b>	<b>120</b>
4.2.1 An Raon Príobháideach.....	120
4.2.2 Mianta, Caidreamh, Trócaire .....	123
4.2.3 An Gníomh Teanga agus Forghairm.....	130
<b>4.3 An Teacht Amach, an Fhaoistin agus an Homaighnéasacht .....</b>	<b>135</b>
4.3.1 An Fhaoistin: An Fonn Scaoilte agus Maithiúnas.....	135
4.3.2 An (Ghael)t(e)acht Amach: Raonú Spáis agus Scaoileadh Rúin.....	143
4.3.3 Mise istigh: Corp, Collaíocht agus Gaeltacht .....	150
<b>4.4 Tatal.....</b>	<b>156</b>
<b>5. An Spás Amuigh: Pobal, Crúsáil agus Gnéas .....</b>	<b>158</b>
<b>5.1 An Heitreanormatacht, Mianta agus an Corp.....</b>	<b>158</b>
5.1.1 An Heitreanormatacht .....	158
5.1.2 An Soirbhíochas Cruálach agus Córas na nGaol .....	164
5.1.3 Mianta Collaí agus an Corp: The Field of Interpretive Possibilities.....	170
<b>5.2 An Mhaitrís Heitrihnéasach .....</b>	<b>176</b>
5.2.1 An Mhaitrís Heitrihnéasach: The Straight Mind agus an tAitiú .....	176
5.2.2 An Corp Socair agus Tinneas.....	182
<b>5.3 An Spás Amuigh: Poba(i)l na hAiteachta .....</b>	<b>176</b>
5.3.1 An Chollaíocht faoin Aer: Aitiú an Raoin Phoiblí agus Crúsáil.....	188
5.3.2 Na Queerannaí a Joineáil: Collaíocht faoin Aer .....	195
5.3.3 An Léiriú Inscne.....	202
<b>5.4 Tatal.....</b>	<b>210</b>
<b>6. Conclúid.....</b>	<b>211</b>
6.1 Súil Siar .....	211

6.2 Caibidlí an Tráchtais.....	211
6.3 Coimriú ar Phríomhthorthaí an Taighde.....	212
6.4 Impleachtaí do Thaighde .....	214
<b>Leabharliosta.....</b>	<b>215</b>
<b>Gluais Téarmaíochta .....</b>	<b>245</b>

## **Dearbhú**

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo agus go bhfuil tagairt cheart chuí déanta agam d'ábhar ar bith a d'úsáid mé as foinsí eile.

Ollscoil Mhá Nuad  
Meán Fómhair 2016

Jonathan William Richards

## Focal Buíochais

Ba mhaith liom, i dtosach báire, mo bhuíochas a ghabháil leis an Dr Tadhg Ó Dúshláine agus leis an Dr Tracey Ní Mhaonaigh as a gcomhairle agus as a bhfoighde le linn dom a bheith i mbun an tráchtais seo. Ba mhór liom i gcónaí a n-aiseolas, a spreagadh agus a dtuairimí. Nuair a cailleadh an misneach ionam bhí Tadhg agus Tracey in ann mé a chur ar bhóthar mo leasa. Spreag siad beirt spéis sa Ghaeilge ionam ó bhí mé i mo mhac léinn bunchéime, spreagadh suntasach a d'athraigh treo mo shaoil. Táim go mór faoi chomh maith ag an Dr Aisling Ní Dhonnchadha agus an Dr Pádraig de Paor chomh maith as a gcomhairle agus as an saothar seo a léamh. Ní fhéadfainn an saothar seo a chríochnú gan an misneach a thug siad ceathrar dom.

Chomh maith leis sin ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhscoláirí agus le foireann Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. Smaoiním go háirithe ar Alma Byrne, ar Laoise Ní Cheallaigh, ar an Dr Gráinne Ní Bhreithiún, ar an Dr Trevor Herbert, ar Rónan Doherty agus ar Amy Mitchell. Cairde atá ionaibh uile. Ba mhór liom bhur gcúnamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn chomh maith as a thacaíocht fhiúntach leanúnach. Tá buíochas tuillte ag an Ollamh Máire Ní Annracháin, UCD agus ag an Ollamh Máirín Nic Eoin, Coláiste Phádraig, chomh maith as spéis sa chritic liteartha a spreagadh ionam i gcomhthéacs na Gaeilge.

Gabhaim buíochas mór chomh maith leis na múinteoirí cumasacha tuisceanacha a bhí agam agus mé i mo dhalta scoile i nGaelscoil Éanna, An Uaimh, agus i gColáiste Pobail Ráth Chairn i gContae na Mí. Smaoiním go háirithe ar Orla Ní Cheallaigh a chothaigh spéis sa Ghaeilge ionam. Spreag sibh uilig spéis san oideachas agus sa Ghaeilge ionam ó shin i leith. Bhí an ceart agaibh: *Is fiú agus is féidir!*

I ndeireadh thiar, teastaíonn uaim mo bhuíochas a ghabháil le mo dheirfiúracha Kristin agus Cathy, le mo chairde, le AJ agus le mo thuismitheoirí Bernie agus Tom. Nuair a bhuaileadh aon deacracht liom bhí siad ann chun mé a spreagadh chun deiridh. Ní fhéadfainn an obair seo a chur i gcrích gan a dtacaíocht siúd.

Do mo neachtanna agus mo nianna.

## Giorrúcháin

### **Saothair liteartha Mhíchíl Uí Chonghaile**

<i>Mac an tSagairt</i>	MAS
<i>An Fear a Phléasc</i>	AFP
<i>Sna Fir</i>	SF
<i>Seachrán Jeaic Sheáin Johnny</i>	SJSJ
<i>An Fear nach nDéannan Gáire</i>	FNG
<i>Cúigear Chonamara</i>	CC
<i>Jude</i>	J
<i>Go dTaga do Ríocht</i>	GTR

### **Saothair liteartha Chathail Uí Shearcaigh**

<i>Miontragóid Chathrach</i>	MC
<i>Tuirlingt</i>	T
<i>Súile Suibhne</i>	SS
<i>Suibhne</i>	SE
<i>Na Buachaillí Bána</i>	NBB
<i>Out in the Open</i>	OO
<i>An Bealach 'na Bhaile</i>	ABB
<i>Gúrá i gClúidíní</i>	GC
<i>Ag Tnúth leis an tSolais</i>	ATS



## Coimriú

Tá borradh nach beag ag teacht ar an spéis a léirítear sna scríbhneoirí comhaimseartha Gaeilge Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh. D’eascair saothair liteartha na beirte úd as gluaiseacht fhrithchultúir na seascaidí agus na seachtóidí san fhichiú haois agus tá rian filí agus scríbhneoirí *Innti* le feiceáil ina gcuid saothar. Tháinig téamaí réabhlóideacha úrnua liteartha chun cinn ón ngluaiseacht seo; spásanna soch-chultúrtha inar tháinig an raon príobháideach (an iarracht liteartha) agus an raon poiblí (an chritic) le chéile. Tá oscailteacht ar leith i dtaobh théama na collaíochta le feiceáil cuid mhór in iarrachtaí na beirte. Is mar dheoraithe collaí iad carachtair shaothair na scríbhneoirí agus spás ait collaí á lorg acu. Cé gur as dhá cheantar Ghaeltachta ar leith iad, Gaeltacht Dhún na nGall agus Gaeltacht Chonamara, feictear go raibh tionchair idirnáisiúnta ar an mbeirt agus iad ar an bpeann.

Is í bunaidhm an tráchtais seo ná súil úr a chaitheamh ar iarrachtaí liteartha na scríbhneoirí úd trí leas tugnámhach a bhaint as cur chuige nua-aimseartha iarstruchtúrach critice a dtugtar teoiric na haiteachta air. Bainfear úsáid as cúlraí socheolaíocha theoiric na haiteachta chun fiúntas agus luach saothar na beirte seo a mheas go domhain. Tabharfaidh an cur chuige teoirice seo cothrom na Féinne do théamaí áirithe liteartha trínar féidir linn teacht ar spás nua anailiseach critice chun saothar na scríbhneoirí a ceadáíodh a scrúdú. Breathnófar, mar thoradh air sin, ar théamaí ar leith agus ar cheisteanna a eascraíonn as an bplé faoin gcollaíocht, faoin bhféiniúlacht agus faoin gcumhacht. Déanfar scagadh, cuir i gcás, ar an gerúsáil chollaí agus ar an teacht amach mar léiriú i saothair na beirte agus é seo curtha i gcomhthéacs chritic na haiteachta.

Beidh dhá chuid i gceist leis an tráchtas seo: iniúchadh ar fhiúntas chur chuige chritic na haiteachta agus ansin a cur i bhfeidhm ar théacsanna na beirte scríbhneoirí seo.

Déanfar seo a rianú ina dhá chuid: an spás istigh (an raon príobháideach) agus an spás amuigh (an raon poiblí). An rud is mó a eascraíonn as an taighde seo ná gur féidir leas a bhaint as tuiscintí theoiric na haiteachta chun léamha as an nua a fhorbairt i ngort litríocht na Nua-Ghaeilge. Dar leis an scríbhneoir seo, tugann sé seo cothrom na Féinne don bheirt scríbhneoirí comhaimseartha a mbeidh a saothar faoi chaibidil sa tráchtas seo.

## Réamhrá

Is gann iad na léamha a dhéantar ar chúrsaí collaí i gcritic na Gaeilge. Feictear seo ach go háirithe i gcomhthéacs scríbhneoireacht na scríbhneoirí Mhichíl Uí Chonghaile agus Chathail Uí Shearcaigh. Is éard atá i gceist sa chéad chaibidil ná iarracht chun teacht ar spás faoi leith critice ina mbeifear in ann scagadh a dhéanamh ar théacsanna éagsúla na scríbhneoirí ag baint leasa as uirlisí critice agus léitheoireachta a bheadh oiriúnach don ábhar. Moltar gur féidir úsáid a bhaint as scoil faoi leith chritice darb ainm *Queer Theory* nó mar a aistrítear go Gaeilge é, teoiric na haiteachta. Mar sin, déanfar an cineál seo teoirice a mheas sa chaibidil seo ionas go mbeifear in ann teacht ar na slite a bhfuil an teoiric seo oiriúnach do na scríbhneoirí a bhfuil saothair leo faoi scrúdú sa tráchtas seo. Breathnófar chomh maith ar shaol agus ar shaothar na scríbhneoirí a bheidh á meas sa tráchtas seo le blaiseadh a fháil ar stíl, ar fhorbairt chruthaitheach agus ar théamaí a n-iarrachtaí liteartha. Dá thoradh sin, soláthróidh an chaibidil seo bunús nó creatlach léitheoireachta a chuideoidh linn saothair na scríbhneoirí comhaimseartha a iniúchadh i dtéarmaí scoil na haiteachta.

Sa dara caibidil den tráchtas tabharfar comhthéacs na staire sóisialta faoin aiteacht agus an homaighnéasacht i stair na hÉireann. Déanfar scagadh ar an stair shóisialta agus féiniúlachtaí collaí go sóisialta agus an tionchar a bhí acu ar chultúr na hÉireann. Anuas air sin, breathnófar ar stair dhioscúrsach na homaighnéasachta agus a tábhacht i sochaí na tíre seo. Ceisteofar an fiú an tairbhe an trioblóid leis an gcineál seo ruda a chíoradh chomh maith. Pléann na scríbhneoirí a bheidh idir chamáin sa tráchtas seo an homaighnéasacht agus an aiteacht mar théamaí leanúnacha, agus dá thoradh sin feicfead ar an gcaoi ar tháinig an homaighnéasacht agus féiniúlachtaí neamhnormatacha chun cinn mar théamaí comhaimseartha liteartha. An rud atá i gceist leis an neamhnormatacht ná briseadh coinbhinsiúin sa *status quo*.

Déanfar iniúchadh sa tríú caibidil ar théama na homaighnéasachta agus na collaíochta neamhnormataí i litríocht na Gaeilge ó aimsir na Nua-Ghaeilge Clasaicí anuas go dtí an litríocht chomhaimseartha san fhichiú haois. Déanfar iniúchadh, ina dhiaidh sin, ar thraidisiún na critice liteartha sa Nua-Ghaeilge agus forbairt na critice sin ó ré na

hathbheochana i leith. Sa chomhthéacs Gaelach, is féidir smaointeoireacht stadach a fheiceáil i gcritic na Gaeilge agus an homaighnéasacht idir chamáin ag criticeoirí na Nua-Ghaeilge (Ó Laoire 1997: 222). Dar le Ó Laoire, is fiú téacsanna ina bpléitear ábhair dhúshlánacha iontu a scrúdú i gceart leis an míchompord maidir leis an ábhar a shárú agus a thuiscint mar fhadhb inti féin. Tá sé mar aidhm ag an gcaibidil, mar sin, criticeoirí a mheas agus an chaoi ar láimhseáil na criticeoirí ábhar na homaighnéasachta agus sinn ag breathnú go cruinn ar fhilíocht na mBard, critic na hAthbheochana agus scoil chritice Mhá Nuad, critic na hiar-athbheochana, critic *Innti*, agus an litríocht chomhaimseartha. Léirítear, mar thoradh air sin, céard iad cuid de na snáitheanna éagsúla tuisceana agus critice a bhí i gceist leis an gcritic.

Sa cheathrú caibidil den tráchtas féachfar le hiniúchadh a dhéanamh ar shaothair na beirte. Déanfar anailís ar an raon príobháideach agus an chaoi ina dtagann ceisteanna chun cinn i leith an raoin sin i saothair na scríbhneoirí a bheidh idir lámha. Breathnófar go príomha ar théamaí collaí agus cumhachta a thagann chun solais i saothair scríbhneoirí Gaeilge an tráchtais seo. Breathnaítear go háirithe ar cheisteanna a bhaineann leis an normatacht, an smacht agus an ghéillsineacht (*subjugation/subject*). Déanfar roinnt téacsanna de chuid na scríbhneoirí a mheas bunaithe go téamach ar na ceanteidil sin agus déanfar iad a mheas go criticiúil ag baint leasa as tuiscintí a d'eascair as scoil na haiteachta. Is í príomhaidhm na caibidle seo ná an raon príobháideach agus roinnt téamaí a thagann chun cinn ina thaobh a scrúdú agus a rianadh i saothair na beirte scríbhneoirí atá i gceist sa tráchtas. Pléifear na téamaí seo i gcomhthéacs téamach agus uileghabhálach ina mbeidh an ghrinnléitheoireacht agus cur chuige sintéiseach teoirice mar bhun leis.

Tabharfar aghaidh sa chúigiú caibidil den tráchtas seo ar an raon poiblí agus ar théamaí a bhaineann le pobail agus leis an aiteacht chomh maith. Ceistofar agus scagfar go téamach agus go criticiúil ceisteanna a bhaineann leis an heitreanormatacht (*heteronormativity*), mianta collaí, cumhacht na heitreagnéasachta agus an chollaíocht/an inscne curtha i gcomhthéacs an phobail chomh maith. Déanfar téacsanna liteartha ó phinn na scríbhneoirí Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh a mheas agus iad curtha i gcomhthéacs na dtéamaí sin. Breathnófar go háirithe ar theoiricí Judith Butler, Lauren Berlant agus Michael Warner le linn na hanailíse seo. Is éard a bhainfear amach, ar deireadh, ná léamha nua atá bunaithe go hiomlán ar na téacsanna atá i gceist.

Sa chonclúid ag deireadh an tráchtais seo déanfar na príomhchonclúidí, na príomhthorthaí agus na príomhargóintí a tharraingt le chéile agus spreagfar ceisteanna ábhartha don taighde amach anseo. Trí ghnéithe de theoiric na haiteachta a chur i bhfeidhm ar shaothair áirithe i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, léireofar a thábhachtaí atá sé fáiltiú i gcónaí roimh léamha nua ar an litríocht chruthaitheach trí chéile

## 1. Léann na hAiteachta: Coincheapa, Teoircí agus Dúshlám Teanga

### 1.1 Céard é *Queer*?: Sainmhíniú agus Staireolaíocht an Téarma

Modh critice liteartha atá i gceist le critic na haiteachta (*queer criticism*) a tháinig chun cinn ó scoil theorice darb ainm teoiric na haiteachta. Sainmhínítear critic na haiteachta mar chur chuige ar leith fealsúnach ina dtugann a gcleachtóirí aghaidh ar mhodheolaíochtaí idirdhisciplíneacha (Giffney agus O'Rourke 2009: 2). Is mar fhéiniúlacht agus mar mhodheolaíocht a ghlactar leis an aiteacht a cheistíonn mianta an duine dhaonna agus socracht mhianta collaí (ibid.). Is féidir teoiric na haiteachta a chur i bhfeidhm ar théacsanna litríochta ionas gur féidir léamha as an nua a dhéanamh ar éagsúlacht litríochta agus éagsúlacht dhaonna na scríbhneoirí. Anuas air sin, is féidir an teoiric seo a cheistiú agus iarracht a dhéanamh ar fhiúntas na teorice a cheistiú ó bhonn. Tá sé mar aidhm ag an mír seo sainmhíniú a sholáthar don léitheoir ionas go dtuigfear an chaoi ar fhorbair an teoiric agus an téarma féin *aiteacht*.

Is coincheap critice agus teorice áirithe í an aiteacht a théann go hiomlán i gcoinne an tsainmhíneithe faoi mar a phléann Giffney é (ibid.). Is é sin le rá nach bhfuil teoiriceoirí na haiteachta sásta iad féin a chatagóiriú go néata in aonad ar leith tuisceana nó mínithe. Mar sin féin, caithfear an cheist a chur: an féidir leas éifeachtach a bhaint as scoil faoi leith chritice má théann an scoil sin ina coinne féin lena sainmhíniú débhríoch? Cé nach bhfuil teoiriceoirí na haiteachta sásta iad féin a chur i gcatagóirí ar leith, is léir go bhfuil teoiriceoirí na haiteachta contrárthach toisc go bhfuil na teoiriceoirí féin ag iarraidh iad a chur faoi scáth téarma na haiteachta. Bheadh sé ina chabhair, anuas air sin, an chaoi ar tháinig an téarma chun cinn ar dtús mar aidiacht, mar ainmfhocal agus mar choincheap agus ansin mar theoric nó mar scoil chritice a scrúdú. Teastaíonn léiriú ar chúlra an téarma ar dtús chun a fhiúntas a chur i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge. Pléifear thíos, mar sin, staireolaíocht an téarma agus a chúlra.

Téann teoiric na haiteachta i gcoinne struchtúr soch-chultúrtha. Is féidir castachtaí ar leith teorice na haiteachta a fheiceáil go cruinn i staireolaíocht an téarma. Téarma is ea an aiteacht atá tar éis teacht chun cinn le fiche bliain anuas agus atá anois ar cheann de

na téarmaí is seasmhaí i léann na litríochta. Coincheap nó seasamh teorice atá inti a úsáidtear go minic sna healaíona agus sna dána chomh maith agus baintear úsáid aisti go hidirdhisciplíneach (Richardson 2006: 19). Toisc go bhfeidhmíonn an focal ar bhealaí coincheapúla éagsúla, ceistítear an féidir teacht ar shainmhíniú áirithe deifnídeach di nó an dtitfidh an scoil go hiomlán isteach ar a chéile gan chiall agus gan mhaitheas (Giffney 2009: 1)? Is féidir an aidacht ait nó an t-ainmfhocal aiteacht a láimhseáil i gcomhthéacsanna éagsúla agus go hilghnéitheach, "...to make strange, to frustrate, to constract, to deligitimise, to camp up..." (Sullivan 2003: v). Os a choinne sin, is léir go n-úsáidtear *queer* mar lipéad maslach, mar chomhartha sóirt den laigeacht nó de dhuine nach bhfuil "...in the normal condition, out of sorts, drunk..." nó *homosexual* (ibid., 52). Fiú ag tús na nóchaidí sa téacs *The Encyclopaedia of Homosexuality*, mínítear *queer* mar théarma seanchaite maslach don homaighnéasacht, téarma a bhí ag titim i léig (Jagose 1996: 74) agus mar a deir Lee Edelman, "...queerness can never define an identity; it can only ever disturb one..." (Giffney 2009: 6). Léiríonn Thomas (2009: 18) gur eascair an téarma seo, téarma atá nasctha go dlúth lena ghort teoriciúil, as gluaiseacht chearta na homaighnéasachta sna seachtóidí. Cheistigh gluaiseacht chearta phobal na homaighnéasach stádas na collaíochta agus cé nach bhfuil an aiteacht sásta glacadh le féiniúlacht ar leith, bhí tuiscintí nua anois i leith na collaíochta agus a háit sa tsochaí. Ba sna hochtóidí a tháinig cur chuige iarstruchtúrach na haiteachta chun cinn mar fhoréimse de chuid léann na homaighnéasachta agus na lespiachta agus a bhí go mór faoi chomaoin chritic na féiniúlachta agus an fheimineachais. Is ón mbriathar *torque* nó *twist* a thagann *queer* sa Bhéarla go sanasaíoch, agus is ar an gcuma chéanna a bhreathnaítear ar na slite ar tháinig an scoil áirithe teorice seo chun cinn; mar shlí leanúnach chasta (ibid.).

An féiniúlacht ar leith í an aiteacht? Agus más ea céard a chiallaíonn sé sin? Is mar fhéiniúlacht agus mar mhodheolaíocht a luíonn cuid mhaith de bhunús na haiteachta agus is mar bhriathar a shamhlaítear an t-aitiú (*to queer*) (Giffney 2007: 207). Glactar leis go ndéanann teoiric na haiteachta iarrachtaí chun "...describe those gestures or analytical models which dramatise incoherencies in the allegedly stable relations between chromosomal sex, gender and sexual desire..." (Jagose 1996: 3) i dtaobh na féiniúlachta de. Toisc go nglactar leis an aiteacht agus an homaighnéasacht mar

ghnéithe den chollaíocht, an féidir leas a bhaint as na téarmaí go malartach? An ionann an homaighnéasacht agus an aiteacht? Síleann O’Drioscail (1996: 32) gurb shin mar atá, “...lesbian and gay sexualities can be seen as transgressive, as running counter to a normative heterosexuality, and therefore it could be argued that homosexuality is queer” Is é sin le rá, mar sin, go nglactar leis anois go bhfuil aon ghníomh collaí atá neamhnormatach (*non-normative*) mar chuid den téarma agus nach gá an homaighnéasacht amháin a shamhlú mar chuid de. Speictream collaí atá i gceist leis an aiteacht agus is féidir gach uile chlaonadh a chur san áireamh inti, an homaighnéasacht ina measc.

Tháinig an téarma chun cinn den chéad uair sa chomhthéacs criticiúil nuair a bhain Teresa de Lauretis leas as san iris *differences* in 1991. Eagrán speisialta a bhí ann faoin homaighnéasacht agus an léann a bhaineann léi, den teideal 'Queer Theory: Lesbian and Gay Sexualities' (Beemyn agus Eliason 1996: 164). Míníonn de Lauretis ina réamhrá leis an eagrán, gur iarracht í teoiric na haiteachta focail éagsúla cosúil leis an homaighnéasacht, aerach (*gay*), agus leispiach (*lesbian*) a sheachaint agus chun teacht ar théarma amháin a chuirfeadh gach claonadh san áireamh. Anuas air sin, d’fhéadfadh teoiric na haiteachta lipéid chollaí a cheistiú ón mbonn aníos (de Lauretis 1991: v). Curtha i gcomparáid le léann na homaighnéasachta agus na leispiachta, míníonn de Lauretis go bhfuil teoiric na haiteachta ag iarraidh spás nua a chruthú di féin agus raon critice a bhunú idir scoil na homaighnéasachta agus scoil na leispiachta (ibid., iv). Rinne de Lauretis iarracht laigí i léann na leispiachta agus na homaighnéasachta a mheas agus a scrúdú trí mheán na haiteachta toisc gurbh eol di go raibh cuid mhór teorann leis i gcomparáid leis an aiteacht (Jagose 2009: 157). Rinne an cineál seo smaointeoireachta tógáil ar thuiscintí a bhain le hinscne agus bhí “...[a] new self-reflexivity” (ibid.) i gceist. Cuireadh scoil nua chritice ar bun nach raibh faoi réir léann na homaighnéasachta agus na leispiachta (Jagose 1996: 128). Bhí an téarma “...promoted from slur to affirmation, productively reworked into a transitive, transformative verb, and the infinitive phrase “...to queer emerges...” (Thomas 2009: 18). Dar le Halerpin (2003) go raibh sé i gceist ag de Lauretis léann na homaighnéasachta agus na leispiachta a cheistiú trí úsáid a bhaint as téarma úrnua a thabharfadh deis do chriticeoirí léamha difriúla a dhéanamh ar théacsanna cultúrtha. Bheadh criticeoirí de chuid an chlaonta teoirice seo in ann “...escape from the hegemony of white, male, middle-class models



of analysis” (ibid., 34) nó mar a mhíníonn Berlant agus Freeman (1992) “...queer is ‘grass roots’ because we know that everyone of us, every body, every cunt, every head and ass and dick is a world of pleasure waiting to be explored” (ibid., 160).

Níl sé beartaithe ag teoiriceoirí na haiteachta rialacha modheolaíochta faoi leith a leagan síos mar chur chuige aontaithe amháin (Sullivan 2005: 46). Mar a rianaíonn Halperin, arna aithris in Sullivan (2003: 49), *A Critical Introduction to Queer Theory*, is seasamh áirithe modheolaíochta é teoiric na haiteachta agus féiniúlacht neamhnormatach shainiúil á maíomh. Is é sin le rá, go bhfuil féiniúlacht agus teanga ag obair as láimh a chéile; díreach mar a mhíníonn Roland Barthes in *Mythologies* (1978), go dtuigeann an duine é féin trí mheán na teanga (Jagose 1996: 78). Ní chuardaíonn teoiriceoirí na scoile féiniúlachtaí uilíocha le cruth a chur ar phobal na homaighnéasach ach le go mbeidh na féiniúlachtaí seo “...to be navigated, revisited, revised and eleded on a moment-to-moment basis” (Giffney and O’Rourke 2009: 7). Mar sin, is cur chuige faoi leith é teoiric na haiteachta, teoiric áirithe nach féidir a shainmhíniú go docht. Ach is féidir teacht ar phátrúin éagsúla smaointeoireachta a chuireann cruth ar an gcineál seo critice. Mar is léir do Beemyn agus Eliason (1996) go ndéantar an chollaíocht agus an claonadh collaí a thógáil mar chonstráid agus nach féidir an teoiric a chúngú mar scoil áirithe amháin ach gurb í ilghnéitheacht na scoile an rud is tábhachtaí ina taobh (ibid., 5).

Mar sin féin, tá laigí ar fáil i dtaobh na teoirice seo, agus is minic a cháintear iarrachtaí na scoile freisin. Ó thaobh na teanga de, ní féidir sainmhíniú a sheachaint nuair a chumtar téarma, agus bhí sé sin ar cheann de na deacrachtaí ba mhó a bhí le sárú ag an scoil nuair a bunaíodh í (Goldman 1996: 170). Is é sin le rá, gur féidir glacadh leis an téarma mar “...a theoretical perspective from which to challenge the normative; another term for lesbian and gay studies... a theory about queerness and queers ...intentionally vague; another way that queer academics waste their time and taxpayers' money...” (ibid.). Ach tá an téarma agus an teoiric fós ag cuardach sainmhínithe ó bhúnú an ghoirt i leith, agus é ag teacht salach air féin, toisc go bhfuil sainmhínithe á gcruthú ag an téarma trína úsáid, “...a category in the process of formation... its indeterminacy, its elasticity, is one of its constituent characteristics” (Jagose 1996: 1). Tá doiléireacht mhór le feiceáil anseo ag criticeoirí na haiteachta agus iad ag iarraidh ciall a dhéanamh as a bhfuil ar siúl acu. Ach, is tríd an úsáid dhoiléir seo a fheictear na slite a dtugann an

teoiric aghaidh ar an sainmhíniú agus ar an gclaonadh acadúil le struchtúr a leagan ar gach aon teoiric nó peirspictíocht. Is léir, anuas air sin, go bhfuil éagsúlacht na seasamh ar cheann de phríomhchuspóirí na teoirice seo nuair a dhéantar trácht ar an aiteacht - tá go leor i gceist léi seachas plean oibre néata amháin. Pléann Watson (2005) an chaoi a dtéann an teoiric ina coinne féin toisc go bhfuil “The title of the theory itself is misleading and encompasses many varying forms of theory rather than ‘gay’ theory but a multitude of perspectives” (ibid., 68). Dar léi go mbaintear leas as an téarma díreach ar mhaithe le coimpléasc na tuisceana seanbhunaithe (féiniúlacht, sochaí, cumhacht) a cheistiú (ibid.). Míníonn sí go bhfuil an fhéiniúlacht seo ar nós othar síceolaíoch agus é i mbun teiripe cainte, “...a person in flux, contesting boundaries, eliding definition and exhibiting the constructedness of categorization” (ibid., 75). Dá bharr sin, is féidir glacadh leis go bhfuil teoiric na haiteachta ag dul i gcoinne an tsainmhíneithe tríd an sainmhíniú agus an gá atá ann chun an sainmhíniú a cheistiú, go bhféadfaí “Sexual identity... has the potential to be redefined as more than sexual acts...” (ibid.). Is é tús agus deireadh an tionscnaimh theoiriciúil seo ná “...refusal to specify its project intrinsically...” (Jagose 2009: 159). Mar atá léirithe ag Judith Butler, duine de phríomhtheoiriceoirí na scoile, is féidir leas a bhaint as na teoiricí seo le *regulatory regimes* sóisialta a cheistiú go cultúrtha (Hawley 2001: 6). Ina dhiaidh sin, is pointe imeachta é an téarma, dar le Butler, trína mbeidh a cuid smaointeoírí in ann ábhair éagsúla a cheistiú. Mar sin féin, ní féidir sainmhíniú docht a leagan uirthi riamh agus is é seo príomhlaige nó príomhbhua na teoirice, b'fhéidir (Jagose 2009: 163). Beagnach fiche bliain i ndiaidh di an téarma a chur os comhair an tsaoil, déanann de Laetis athcheistiú ar an téarma agus ar scoil na haiteachta. Téarma uileghabhálach a bhí i gceist aici ina gcuirtear san áireamh féiniúlachtaí lespiachta, homaighnéasachta, agus claontaí eile nach iad. An bhunaidhm a bhí aici ná mianta, féiniúlachtaí agus samhlaíocht an phobail a cheistiú trí chéile agus chun na teorainneacha dioscúrsacha seo a thabhairt chun solais (ibid., 257).

Is mar sin a tháinig an téarma chun cinn agus a shíolraigh spéis mhór sa scoil ó na nóchaidí ar aghaidh in acadaimh léannta agus go sóisialta. Tugann de Laetis faoi deara go bhfuil an téarma anois *en vogue* agus é le feiceáil sa chritic liteartha go háirithe (ibid., 258). Faoi dheireadh, níor bhac de Laetis, an duine a chum an téarma, leis dá thoradh (Jagose 1996: 127). Ní féidir smacht a choinneáil ar úinéireacht aon téarma,

agus de réir a chéile, feicimid go bhfuil an téarma in úsáid le “... normative knowledge and identities” (Sullivan 2003: 44) a cheistiú. Mar sin, is féidir leis an gcriticeoir leas a bhaint as an téarma le modheolaíocht a chruthú dó féin, gan a bheith inníoch faoi bhunús nó díshainmhíniú an téarma. An cheist is mó atá le cur againn le linn an tráchtais seo ná oiriúnacht an téarma agus na teorice i ngort chritic liteartha na Nua-Ghaeilge

Tá teannas ann maidir le húsáid chomhaimseartha an téarma. Mar a mheasann Warner in Goldman (1996), is éard atá i gceist le húsáid chomhaimseartha an téarma ná iarracht chun é a chur i gcoinne na normatachta. Is é sin le rá nach gcuirtear an heitrihnéasacht i gcomparáid leis an aiteacht cé gur féidir an heitrihnéasacht a shuíomh laistigh den aiteacht nó aitiú a dhéanamh uirthise chomh maith. Maíonn Anzaldúa arna aithris in Goldman (ibid.), “Queer is used as a false unifying umbrella which all “queers” of all races, ethnicities and classes are shoved under” (ibid., 170). Is léir, mar sin, go bhféadfaí aon duine neamhnormatach a shuí laistigh de choincheapa na haiteachta, agus go bhfuil níos mó i gceist leis seachas díreach an homaighnéasacht cé gur eascair an téarma as gluaiseacht chearta na collaíochta sin. Feictear, mar sin, go bhfuil féidearthachtaí móra ann maidir le modheolaíochtaí éagsúla a bhunú timpeall ar theoiric na haiteachta. Tugann teoiric na haiteachta guth nua dóibh siúd ar an imeall, “...a commonality between people which does not disallow their fundamental difference” (Jagose 1996: 111). Míniúnn Jagose, ina dhiaidh sin, gur cáineadh an téarma toisc go dtéann sé i gcoinne iarrachtaí a ghlac pobal na homaighnéasachta agus na leispiachta ó na seascaidí ar aghaidh (ibid., 114). Éiríonn le Halperin (2003) an téarma a fhí isteach i stair na homaighnéasachta agus an dóigh ar tháinig sé chun cinn i stair na smaointeoireachta a rianú:

“Queer” is such a simple, unassuming little word. Who ever could have guessed that we would come to saddle it with so much pretentious baggage – so many grandiose theories, political agendas, philosophical projects, apocalyptic meanings?... Even to define queer, we now think, is to limit its potential, its magical power to usher in a new age of sexual radicalism and fluid gender possibilities. How did a word with such humble origins, a word that until quite lately many decent people were reluctant even to utter, come to acquire so many portentous – weighty yet vaporous – significations? (Halperin 2003: 339)

Déanann teoiric na haiteachta iarrachtaí móra i dtaca le “...debunking of stable sexes, genders and sexualities...” (Jagose 1996: 3) agus is féidir an cur chuige áirithe seo a chur i bhfeidhm ar an litríocht. Tá doiléireacht shuntasach maidir leis an teoiric, mar sin féin, ach tuigtear gurb é sin sprioc na critice áirithe sin. Is díol spéise é nach nglacann cumadóir an téarma, de Lauretis, le téarma na teoirice féin a thuilleadh. Feictear thuas, áfach, go bhfeidhmíonn an cur chuige teoirice seo go hilghnéitheach. Tá go leor i gceist leis agus d'fhéadfaí é a chur i bhfeidhm i go leor bealaí. Mar a phléitear thuas, d'eascair an aiteacht as gluaiseacht cheart phobal na homaighnéasach agus tá nascanna móra ann idir an dá choincheap. Cé nach réitíonn an aiteacht le téarma normatach ar nós “homaighnéasach”, feictear gur eascair an teoiric as pobal ar leith aiteachta. Ní mór ceist a chur faoin áit as ar eascair an teoiric go stairiúil. D'fhorbair an teoiric de réir a chéile mar a fheicfeadh thíos. Glactar leis gur tháinig an teoiric chun cinn as gluaiseachtaí homaighnéasachta agus leispíachta ó na nóchaidí ar aghaidh. Déanfar iarracht sa chéad aonad eile, mar sin, teacht ar staireolaíocht na teoirice, an chaoi ar tháinig sí chun cinn agus teacht ar an gcaoi ar tháinig cruth ar an gcineál seo teoirice de réir a chéile.

## **1.2 Forbairt na hAiteachta mar Scoil Theoiriciúil**

Cur chuige a théann i gcoinne teoiric na haiteachta, b'fhéidir, atá sna hiarrachtaí chun an teoiric seo a mhapáil agus a fréamhacha staire, critice, agus sóisialta a scrúdú. Toisc go bhfuil teoiric na haiteachta ag iarraidh sainmhínte a sheachaint níl aon mhaitheas leis an gcineál seo iniúchta ó thaobh spriocanna na teoirice seo de i gcoitinne. An dearcadh faoi leith polaitíochta (le fréamhacha i ngluaiseacht na gceart sibhialta, go háirithe i ngluaiseacht cheart phobal na homaighnéasach) í teoiric na haiteachta nó sruth áirithe smaointeoireachta? Feictear go n-eascraíonn teoiric na haiteachta as coincheapa éagsúla teoirice agus sóisialta (Sullivan 2003: 43). Bheadh sé ina chabhair, dá bharr, coinbhinsiúin agus forbairt choincheapúil na critice seo a mheas. Tá nasc dlúth ag baint leis an gcur chuige teoirice seo agus gluaiseachtaí sóisialta. Cé gur féidir a áiteamh go dtéann an cineál sin cur chuige ina choinne féin, dá bharr, meastar go n-éiríonn leis an aiteacht an éagsúlacht a chothú agus léamh eile a dhéanamh ar théacsanna cultúrtha. Tháinig teoiric agus critic na haiteachta chun cinn le hais na gluaiseachta iarstruchtúrtha. Glacann an cur chuige seo go bhfuil gach aon ní sa réadúlacht mar ní cultúrtha agus go dtógtar an réadúlacht go hiomlán trí mheán na teanga. Cé gur féidir glacadh leis go dtéann teoiric na haiteachta ina coinne féintoisc go dtógtar an teoiric

sin freisin, feictear go bhfuil an teoiric mar chur chuige critice. Agus an cur chuige critice seo idir lámha againn, feictear gur eascair sé as gluaiseachtaí sóisialta. Chothaigh gluaiseachtaí na mban agus an phaindéim SEIF (Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte) sna hochtóidí pobal na homaighnéasach agus na leispiach ó ghluaiseacht na gceart sóisialta ar aghaidh (Garber 2006: 79). Tháinig teoiric na haiteachta chun cinn de bharr smaointeoireachtaí an fhrithchultúir a bhí ag dul i gcoinne cheisteanna na normatachta agus na cumhachta. Bhí polaitíocht na féiniúlachta ag dul i léig de dheasca an iar-nua-aoiseachais, agus dar le Beemyn agus Eliason (1996), gur eascair teoiric na haiteachta as easaontais maidir le féiniúlachtaí na homaighnéasachta agus na leispiachta (ibid., 6). Déanfar thíos, mar sin, an teoiric seo atá i gceist againn a shuíomh go cultúrtha agus go sóisialta. Ceistofar an chaoi a bhfógraíonn an teoiric gur constráid ar leith é an homaighnéasacht agus gur tháinig an aiteacht agus a mbaineann léi chun cinn as constráidí sóisialta. Déanfar iniúchadh ar an gcaoi ar tháinig teoiric na haiteachta chun cinn mar scoil chritice, mar sin, trí leas a bhaint as na mórthéamaí seo a leanas: an feimineachas leispiach, an phaindéim SEIF agus léann na homaighnéasachta agus na leispiachta.

Cé go bhfuil léann na homaighnéasachta agus na leispiachta mar ghné amháin de speictream na haiteachta tá difríochtaí suntasacha le feiceáil idir an dá chineál seo réimse critice. Bíonn léann na n-aerach ag cuardach spás normatach mar sprioc, agus is é an normalú (*normalization*) rud a théann i gcoinne na haiteachta (O'Driscoll 1996: 31). San acadamh, déanann léann na n-aerach iarracht spás áirithe acadúil a chur ar leataobh do théamaí a bhaineann leis an ngrá agus leis an gcaoi a gcuirtear an homaighnéasacht in iúl i dtéacsanna cultúrtha. Cé go n-aithníonn léann na homaighnéasachta difríochtaí collaí, ceiliúrann an aiteacht na difríochtaí seo níos mó. Mar sin, tá an aiteacht ann mar spás níos oscailte, mar spás a cheiliúrann scagadh iarstruchtúrach agus collaí ar théacs cultúrtha. Síleann Giffney agus O'Rourke (2009) go bhfuil teoiric na haiteachta ag iarraidh a bheith *anti-assimilationist* ina cur chuige, sainmhínithe a dhiúltú agus cluas bhodhar a thabhairt do rialacha éagsúla normatacha sa tsochaí (ibid., 3). Ach mar sin féin, ní mór a chur san áireamh go bhfuil an aiteacht, fiú agus í ag iarraidh an sainmhíniú a dhiúltú, fós ag teacht salach uirthi féin ina cur chuige agus ina modh. Mar sin féin, áfach, feictear go gcuireann an aiteacht go leor

ceisteanna i leith na normatachta. Maíonn léann na homaighnéasachta cothromaíocht san acadamh dá chúspóirí acadúla ach ceistíonn an aiteacht an bunús leis an gcothromaíocht seo. I spás áirithe an acadaimh, déanann an aiteacht aitiú ar cheisteanna cigilteachta den sórt seo.

Déantar difríochtaí collaíochta a rianú go sóisialta agus go cultúrtha dar le Adrienne Rich (1983) ina haiste ‘Compulsory Heterosexuality and Lesbian Existence’. Míníonn sí go mbíonn sé mar chlaonadh ag an saol mór glacadh leis go mbíonn dúil *nádúrtha* (seachas sóisialta) ag mná sna fir (ibid., 178). Glacann Sedgwick (1990) le cur chuige Rich agus pléann sí an contanam leispiach (*lesbian continuum*) mar mhúnla teoirice. Sa chontanam seo bíonn baill de ghluaiseacht na mban ag iarraidh naisc chultúrtha agus pholaitiúla a chothú idir mná heitrighnéasacha agus mná leispiacha (ibid., 89). Bhí an feimineachas leispiach mar ghluaiseacht intleachtúil agus teoirice mar fhreagra ar an gcollaíocht fhireann, mar ghlanmhalairt ar an gcóras patrarcach; ba ghluaiseacht í a mhol mná agus a mianta collaí (Jagose 1996: 65). Mar sin, is féidir a áiteamh gur eascair gnéithe ar leith de thionscnamh na haiteachta as an bhfeimineachas leispiachta. Mar a phléann O’Drioscail (1996), bhíodh teoiric na leispiachta an-tógtha ar fad leis an leispiach féin agus a sainmhíniú docht. Ach le teacht theoiric na haiteachta, atá mar speictream collaí, ceiliúrtar éagsúlacht na collaíochta (ibid., 47). Fágann sin gur féidir le teoiriceoirí na haiteachta mianta an duine a scrúdú seachas díreach iad a shainmhíniú go docht trí mhodh na comparáide. Ach mar sin féin, nach bhfuil an sainmhíniú féin mar ghné ar leith den scrúdú seo? Ní hé sprioc na míre seo ceisteanna den sórt seo a ardú ach an stair a bhaineann le forbairt na scoile mar spás acadúil a chur chun tosaigh. Cé go bhfuil laigí móra le brath ina cur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm anseo an cur chuige a rianú siar agus chun déanamh amach a cúlra agus a comhthéacs.

Is léir go bhfuil “...overlap and continuum in ideas...” (Watson 2005: 71) idir an feimineachas mar thionscnamh polaitiúil agus teoiric na haiteachta mar chur chuige critice, cé nach féidir claonadh na polaitíochta a fheiceáil sa teoiric seo. Tá Jagose (1996) den tuairim go raibh méid áirithe ban gníomhach i ngluaiseacht shaoradh phobal na homaighnéasach agus na leispiacha ó tháinig gluaiseacht na mban chun cinn sna seascaidí agus sna seachtóidí (ibid., 44). Glactar leis, ó shin i leith, go bhfuil stair éagsúil ag an leispiacht i gcomparáid leis an homaighnéasacht fhireann toisc go ndearna

tíortha ar nós na Breataine coiriúlú ar an homaighéasacht fhireann amháin agus gur tugadh droim láimhe don lespiacht (ibid., 13). Léirigh sé seo go han-soiléir an chaoi ar cuireadh an lespiacht ina tost agus go ndeachaich sé a bheag nó a mhór as amharc go dleathach. Mar a mhaíonn Rich (1983), cuirtear an lespiacht agus an homaighnéasacht fhireann sa raon céanna collaíochta ach tá difríochtaí as cuimse le tabhairt faoi deara idir eatarthu go cultúrtha agus go teoiriciúil (ibid., 182). Tá cás sainiúil ag stair an fheimineachais lespigh i gcomparáid leis an homaighnéasacht. Bhí sé i bhfad níos éasca ar fhir homaighnéasacha teacht ar shaoirse chollaí agus ar neamhspleáchas de bharr áit na bhfear sa tsochaí (Jagose 1996: 45). Bheadh an contanam lespiach le tuiscint mar chuid de chatagóiriú insneach na mban agus iad ag cuardach spáis dá gcuid féin ó ghluaiseacht phobal na homaighnéasach. I dtús báire, ní raibh gluaiseacht na mban sásta go ndéanfaí comparáid eatarthu agus an lespiacht toisc go raibh aidhmeanna difriúla ag an dá ghrúpa. De réir a chéile tháinig gluaiseacht na mban agus gluaiseacht na lespiachta le chéile, áfach (ibid.). Díreach ar nós teoriceoirí an fheimineachais, bhí an feimineachas lespiachta ag cuardach sainmhínithe ar céard is lespiach ann agus a áit go cultúrtha sa tsochaí (O'Driscoll 1996: 47). Bhí teorainn bainteach leis an gcineál seo cur chuige agus ní raibh gach aon teoriceoir nó gníomhaí polaitiúil sásta leis toisc go raibh coincheapa casta á simpliú acu (Jagose 1996: 69). Ní raibh an feimineachas lespiachta ag iarraidh a bheith go hiomlán i dtiúin le gluaiseacht na homaighnéasachta firinne toisc go raibh fir, a raibh stádas sóisialta níos airde acu, mar bhunchloch an chlaonta sin (ibid., 51). Bhí gluaiseacht an fheimineachais lespigh i bhfad níos dírithe ar na mná mar inscne (ibid.). Chuige seo, feictear an caidreamh casta idir inscne agus an claonadh collaí agus an chaoi a dtógtar an dá choincheap le chéile go sóisialta (ibid., 120). Thabharfadh teoric na haiteachta, áfach, réiteach ar an bhfadhb agus bheadh smaointeoireacht an fheimineachais lespigh in ann oibriú leis an homaighnéasacht fhireann as láimh a chéile. Is as an homaighnéasacht fhireann agus an galar aerach (SEIF) a thiocfadh leigheas ar an scéal. Áitíodh SEIF mar “gay disease” (ibid., 19-20) agus tarraingíodh an-aird ar an ngalar nuair a bhí sé le feiceáil sa ghnáthphobal seachas i bpobal na homaighnéasachta amháin. Bhí gníomhairí polaitiúla i Meiriceá Thuaidh, Harvey Milk agus Cleve Jones ina measc, feargach toisc gur glacadh le pobal na homaighnéasach agus SEIF sa tslí chéanna, amhail is nach raibh difear ar bith idir an dá choincheap (ibid.). Rinneadh iarrachtaí móra an bhéim a chur ar

ghrúpaí a bhí i mbaol an ghalair (striapaigh agus mí-úsáideoirí drugaí infhéitheacha) seachas pobal amháin collaí. Is léir, dá thoradh sin, go raibh claonadh ag teacht chun cinn ina raibh an gníomh collaí níos lárnaí ná an fhéiniúlacht chollaí. Ionas go mbeadh gníomhairí homaighnéasacha in ann teacht ar spás dá gcuid féin sa tsochaí agus go mbeidís in ann a gcuid aidhmeanna teorice a bhaint amach, bheadh athsmaoineamh le déanamh ar an gcaoi a samhlaíodh an homaighnéasacht. Bhí an gníomh collaí go háirithe le hathshamlú nuair a tháinig an phaindéim SEIF chun cinn. Tugann Jagose aghaidh ar an gcaoi a raibh aird le tarraingt ar an ngníomh collaí seachas ar an bhféiniúlacht chollaí de dheasca na paraidíme seo (ibid., 20). De réir a chéile, leagadh níos mó béime ar ghrúpaí heitrihgnéasacha mar chuid den ghrúpa neamhchontúirteach collaí i gcomparáid le grúpaí homaighnéasacha (Bersani 2010: 8). Áitíonn Bersani (ibid.) ina aiste ‘Is the Rectum a Grave?’ gur tháinig cuid de theoiric na haiteachta ó fhreagra homafóbach na sochaí i Meiriceá Thuaidh i leith SEIF, nuair a tháinig “...the advent of the AIDS epidemic and the birth of queer theory...” le chéile (ibid., ix). Pléann Jagose an chaoi a raibh tionchar ag an bpaindéim SEIF ar theoiric na haiteachta agus an chaoi ar tháinig sé chun cinn toisc gur ceistíodh cuid mhaith maidir le féiniúlachtaí, leis an duine agus leis an bpolaitíocht:

A similar recognition of the ‘collapse of identity and difference’ prompts Lee Edelman ... to argue that queer and AIDS are interconnected, because each is articulated through a post-modernist understanding of the death of the subject, and both understand identity as a curiously ambivalent site: “AIDS”, then, can be figured as a crisis in – and hence an opportunity for – the social shaping or articulation of subjectivities. In so far as AIDS enables – and at times, demands – a radical rethinking of the cultural and psychic constitution of subjectivity itself, Edelman finds in it the promise of a refashioned subjectivity, which might rearticulate current notions not only of identity but also of politics, community and agency. (Jagose 1996: 95)

Thángthas ar theoiric na haiteachta mar phointe aontaithe na teorice neamhnormataí, mar sin, nuair a bhí an galar SEIF ag méadú agus ag tarraingt an homafóbachais ar phobal na homaighnéasach firinne i Meiriceá Thuaidh agus i dtíortha eile. Bhí teoriceoirí agus scoileanna critice ann ó na seachtóidí ar aghaidh a bhí dírithe ar an leispiacht agus ar an homaighnéasacht. Is mar fhreagairt ar an homafóbachas seo a tháinig an aiteacht chun cinn mar scoil agus mar chur chuige critice. Cothaíodh spás nua critice dá bharr, spás nua a bhí le haitiú ag a criticeoirí. I gcaibidil a dó pléifear SEIF i dtéarmaí na hÉireann agus tionchar theacht an ghalair i gcomhthéacs na tíre sin.



Ach ag an bpointe seo, is gá aghaidh a dhíriú ar na snáitheanna smaointeoireachta a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na haiteachta. Déanfar iniúchadh anois ar na seasaimh acadúla agus chritice a d'eascair as pobal na homaighnéasach agus na leispiachta agus na nascanna a cruthaíodh le teoiric na haiteachta.

Má thugann an aiteacht fráma tagartha uilíoch inar féidir tagairt a dhéanamh do raon iomlán na collaíochta agus é a chur faoi aon scáth amháin (Jagose 1996: 97), ceistítear an fáth a n-úsáidtear téarmaí ar nós homaighnéasach, leispiach, déghnéasach nó trasghnéasach go sóisialta agus go coitianta. An bhfuil maitheas ar bith iontu mar théarmaí nó an féidir an aiteacht a úsáid ina n-áit? Dar le Sullivan (2003) go raibh léann na homaighnéasachta ag breathnú go cruinn ar an gcaoi gur féidir an homaighnéasacht a normalú agus é a chur ar chomhchéim na heitrighnéasachta (ibid., 45). Is ag iarraidh an pobal a dhéanamh heitreanormatach (*heteronormative*) nó ar nós an ghnáthphobail heitrighnéasaigh a bhíodar (ibid.). Faoi mar a phléifear ar ball i gcaibidil a dó, is féidir seasamh na homaighnéasachta a fheiceáil mar ghalar ón naoú haois déag ar aghaidh, nuair a tiontaíodh an homaighnéasacht ina fadhb (meabhar)shláinte. Mar thoradh air sin, bhí aistriú dioscúrsach ann ó mhúnla na sodamachta go dtí an homaighnéasacht mar fhéiniúlacht chollaí (Mulhall 2007: 212). Ba i ngluaiseachtaí shaoirse na homaighnéasachta sna hochtóidí agus sna nóchaidí a tháinig an téarma LGBT (*Lesbian, Gay, Bisexual, Transgender*) chun cinn le haontacht faoi leith a bhuanú idir dreamanna éagsúla (Watson 2005: 69). Mar sin féin, tá an teannas idir an dá chineál cur chuige (teoiric na haiteachta agus léann na homaighnéasachta agus na leispiachta) le brath go fóill. Pléann O'Dioscall (1996) an chaoi a mbíonn teannas ann idir léann na n-aerach agus léann na haiteachta toisc nach bhfuil an homaighnéasacht nó an leispiacht chomh feiceálach má chuirtear faoi aon díon amháin iad (ibid., 30). Déantar na difríochtaí comparáide seo a ísliú dá bharr agus feictear an tslí nach mbíonn an leispiacht chomh docht céanna nuair a chuirtear in aonad í leis an homaighnéasacht. Agus is é seo an cineál catagóirithe seo a dhiúltaíonn an aiteacht, cé gur féidir a rá gur catagóir í an aiteacht féin ach gur catagóir í a shnámhann i gcoinne shruth na normatachta. Catagóir í an aiteacht a chuireann a lámh láidir in iúl, a throidéann i gcoinne struchtúir na catagóire féin.

Dar le roinnt gníomhairí polaitiúla de chuid an phobail LGBT go mbíonn sé de nós ag teoiriceoirí a bhaineann leas as teoiric na haiteachta, scoilt a chothú idir an acadúlacht agus an pobal féin (Giffney agus O'Rourke 2009: 3). Ní mó ná sásta atá cuid acu leis an gcaoi a mbaintear úsáid as teanga chasta an iarstruchtúrachais chun a dtuairimí a chosaint ó cháineadh (ibid.). Measann Jagose (1996), áfach, go bhfuil sé mar aidhm ag teoiriceoirí is criticeoirí léann na homaighnéasachta an chollaíocht a normalú (ibid., 84) i gcomparáid le teoiric na haiteachta, mar a mhíníonn Butler (ibid.), is féidir malairt an scéil a fheiceáil. Ceistítear an neamhnormatacht i dteoiric na haiteachta seachas a bheith dírithe ar "...erotic or affectional relationship between women that is represented in the text" (O'Driscoll 1996: 44). Mar thoradh air sin, is féidir a rá go bhfuil teoiric na haiteachta i bhfad Éireann níos casta ná díreach collaíochtaí a aithint nó an homaighnéasacht a cheistiú i dtéacs cultúrtha. Toisc go n-osclaíonn réimse na féiniúlachta agus claontaí collaíochta de thoradh teoiric na haiteachta, is minic a fheictear tuilleadh inní maidir leis na slite ar chóir an chollaíocht neamhnormatach a láimhseáil (ibid., 101 agus 103).

Bhí cultúr eitneach le cur i dtoll a chéile ag gluaiseacht phobail na homaighnéasach. Bheadh na homaighnéasaigh ag baint leasa as múnla eitneach ina mbeadh difríochtaí cultúrtha idir pobal na homaighnéasach agus na heitrihgnéasachta le ceiliúradh. Bhí an pobal ag iarraidh a rá gur aicme eitneach ann féin é an chollaíocht agus gur féidir seo a fheiceáil go cultúrtha agus go sóisialta. Léiríodh gur grúpa ar leith cultúrtha é pobal na homaighnéasach a bhí in ann cultúr aontaithe, cultúr ar leith, a bhunú. Mar sin, is féidir glacadh leis gur eascair teoiric na haiteachta as léann agus gluaiseacht phobal na homaighnéasach ach go raibh iolrachas an chultúir níos tábhachtaí ná aon ní eile. Ní raibh an dá chineál smaointeoireachta iomlán sásta lena chéile, ach glactar leis an dá chur chuige mar mhodhanna iontu féin atá scartha ach ina roinntear coincheapa agus stair lena chéile. Dar le Jagose (1996) gur tháinig teoiric na haiteachta faoi bhláth toisc go ndéanann sí iarracht an homafóbachas a cheistiú (ibid., 4). Mar sin féin, d'fhéadfaí a áiteamh, gur cuireadh tús le tionscnamh teoiric na haiteachta níos faide siar ó ré an fhrithchultúir sna seascaidí agus sna seachtóidí in iarthar na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh.

Ba as gluaiseacht áirithe chritice agus pholaitiúil a tháinig teoiric na haiteachta chun cinn. Tá sé soiléir gur tháinig an teoiric ar an bhfód i ngeall ar chúiseanna áirithe sóisialta, acadúla agus cultúrtha; dúshláin an fheimineachais leispigh, an homafóbachas a d'fhás as an ngalar SEIF agus chomh maith leis sin, na laigí a bhí le brath i léann na homaighnéasachta ó na seachtóidí i leith. Mar sin, is féidir mapáil a dhéanamh ar an bhforbairt choincheapúil ó ghluaiseacht na mban go teoiricí an lae inniu. Is féidir hibridiú, nó cros-síolracht, an réimse a fheiceáil mar rud nach seasann go hiomlán ar a chonlán féin ach a thugann aghaidh ar staidéar na homaighnéasachta agus an fheimineachais go hidirdhisciplíneach (Giffney 2007: 202). Feictear an chaoi a ndéantar aitiú ar an spás áirithe seo agus go dtagann léamha nua acadúla chun cinn. Cé gur iarrachtaí acadúla iad a chuireann cruth ar thraidisiún smaointeoireachta, traidisiún, mar a deir a chuid teoiriceoirí, nach n-éilíonn sainmhínthe, is féidir fós pátrúin thuisceana ar leith a chur san áireamh (Watson 2005: 73). Teoiric dírithe ar phobal na haiteachta atá ann dar le Giffney agus O'Rourke (2009) a mhaíonn go bhfuil teoiriceoirí na haiteachta dírithe orthu siúd a thrasnaíonn coinbhinsiúin chollaí agus insneacha (ibid., 5). I ndeireadh thiar thall, míníonn Watson (2005) go gcuireann teoiric na haiteachta ceisteanna tábhachtacha chun tosaigh maidir le litríocht, le cumhacht agus maidir leis an tsochaí (ibid., 67) agus go bhfuil sé seo mar chuid de thionscnamh leanúnach na haiteachta (ibid., 74) Mar sin féin, ní mór an cheist a ardú: céard iad na féidearthachtaí a bhaineann le húsáid theoiric na haiteachta ag leibheál praiticiúil sa chritic liteartha? Sa chéad aonad eile, déanfar scagadh ar na pointí éagsúla staidéir a chuireann an aiteacht roimpi agus na hábhair imní, na laigí agus na himpleachtaí a bhaineann leis an gcineál seo scrúdaithe.

### **1.3 Ag Aitiú Linn: Teoiric na hAiteachta i bhFeidhm - Impleachtaí agus Laigí**

Níl sa teoiric nó sa chritic seo ach cur chuige amháin i measc cuid mhór peirspictíochtaí critice gur féidir leis an scríbhneoir seo a chur i bhfeidhm. Mar is eol do Kimball (2008) in *Tenured Radicals: How Politics Has Corrupted Our Higher Education*, feictear go bhfuil an pholaitíocht i gcroí an acadaimh chomhaimseartha agus go bhfuil acadóirí ar leith tar éis dul thar fóir ina dtuiscintí i leith theoiric na critice ar nós theoiric na haiteachta nuair a deir sé "...things have never been worse..." (ibid., 7). Dar leis go

bhfuil glúin ghluaiseacht an fhritichultúir ó na seascaidí agus na seachtóidí anois tar éis teacht ar an bhfód agus ag obair leo in institiúidí ardoideachais. Maíonn sé go bhfuil cuid mhór acadóirí Meiriceánacha ag brú tuairimí polaitiúla ar léamh na litríochta nó ar chritic eile a bhaineann le cultúr. Tá spás nua polaitíochta á bhunú acu gan tuiscint acu ar nóisean an chirt. Ach ní hé sin le rá gur féidir leis an acadóir aon cheo a ritheann leis a dhéanamh. Mar sin féin, tá Diggins (1991) den tuairim go mbunaíonn Kimball a thuairimí agus a thuiscintí faoi chultúr an ardoideachais ar chás-staidéir laga agus ar thagairtí fánacha (ibid., 415). Mar sin féin, míníonn Kimball thíos gur gá do gach uile iarracht acadúil a bheith fréamhaithe go dlúth i dtaighde córasach, modheolaíoch:

Academic freedom is the freedom of university teachers to perform their academic obligations of teaching and research. These are obligations to seek and communicate the truth according to “their best lights.” Academic freedom is not the freedom of academic individuals to do just anything, to follow any impulse or desire, or to say anything that occurs to them. It is the freedom to do academic things: to teach the truth as they see it on the basis of prolonged and intensive study, to discuss their ideas freely with their colleagues, to publish the truth as they have arrived at it by systematic methodical research and assiduous research. (ibid., 11)

Ní mór ceisteanna a chur faoi na slite a mbeadh teoiric na haiteachta úsáideach ina cur i bhfeidhm. Cé go bhfuil Kimball den tuairim go bhfuil cur chuige ar leith chritice bunaithe ar chogadh cultúrtha atá mar thoradh ar ghluaiseacht an fhritichultúir sna seascaidí/seachtóidí (ibid., 12), deir sé féin go húdarásach gur chóir don acadóir a iarrachtaí féin a chur i gcomhthéacs agus i dtiúin le taighde atá déanta aige. An ionann sin is a rá nach bhfuil taighde chriticeoirí na haiteachta sásúil nó bunaithe ar staidéar dioscúrsach ar inscne, ar fhéiniúlacht agus ar chollaíocht? Is amhlaidh go bhfuil tuiscintí na haiteachta fréamhaithe go dlúth i staidéir idirdhisciplíneacha staire, socheolaíochta agus cultúrtha. San aonad seo déanfar plé ar na príomhchoincheapa atá le feiceáil i réimse theoiric na haiteachta agus na slite a mbeidís feiliúnach don chritic liteartha. Ceistefar, dá bhrí sin, an chaoi a mbeifí in ann an cineál seo staidéir a chur i bhfeidhm ar an litríocht, a fhiúntas agus a laigí chomh maith. An bhfuil sé i gceist ag teoiric na haiteachta a bheith mar chuid de *Fashionable Nonsense* Sokal agus Bricmont (1998) nó mar a deir siad, briseadh síos na cumhachta i leith na heolaíochta trí leas a bhaint as critic na haiteachta agus an fheimineachais (ibid., 242)? Feicfear thíos go

gceistíonn teoiric na haiteachta na ceisteanna lárnacha seo agus cuirtear lón machnaimh ar fáil ina leith.

Tá Beemyn agus Eliason (1996) den tuairim go gcaithfear teoiric na haiteachta a chur ar fáil ar bhealach sothuigte neamhchasta má tá aon fhiúntas ann mar chur chuige critice (ibid., 163). Más suíomh í teoiric na haiteachta a bhfuil fáil ar “...potential as a necessarily unfixed site of engagement and contestation” (Jagose 1996: 129) ann, agus tuigtear gur teoiric í a théann i gcoinne “...all norms for the way they define, solidify, and defend their shaky self-identities...” (Giffney 2004: 75), ní mór súil a chaitheamh ar na slite ar féidir an teoiric seo a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Toisc nach tráchtas fealúnachta é seo ach saothar critice, is gá a mheabhrú go bhfuil sé níos tábhachtaí an teoiric seo a chur i dtiúin leis an litríocht, mar mhodh chritic liteartha, seachas mar sheasamh pearsanta nó tionscnamh polaitíochta an taighdeora. Mar thoradh air sin, tá sé beartaithe an teoiric seo a rianú i dtaca le láimhseáil na féiniúlachta; ceisteofar céard is féiniúlacht ann agus céard í feidhm na féiniúlachta i dtaca le teoiric na haiteachta, an taibhiú inscne (*gender performance*) agus collaíochta agus ina dhiaidh sin an heitreanormatacht agus an claonadh collaíochta.

I dtéarmaí an teoiriceora Jacques Lacan is féidir teoiric ar bith a bhualadh ar théacs liteartha no cultúrtha le léamha as an nua a chur i dtoll a chéile (Thomas 2009: 28). Sa mhullach air sin, tugann teoiric na haiteachta léargas ar shuíomh ait an duine dhaonna (m.sh. féiniúlacht chollaí) agus tugann sé teoiric atá ait inti féin agus ina feidhmiú (Colebrook 2009: 11). Is é sin le rá go bhfuil modheolaíocht chritic na haiteachta casta, éiginnte, débhríoch ach ilghnéitheach ag an am céanna. Feictear anseo cuid de na hargóintí is mó atá le brath sa ghort agus an chaoi a mbeidís oiriúnach d’ábhair liteartha agus chultúrtha sa Ghaeilge. Is féidir teoiric na haiteachta a chur i gcomhthéacs cultúrtha toisc go bhfuil sé mar aidhm aici teacht ar théacsanna cultúrtha (leabhair, forógraí polaitiúla, paimfléid srl.) le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar chollaíocht, ar chumhacht agus ar an tsuibíachtúlacht (Sullivan 2003: 190). Cé go bhfuil an teoiric seo fíorbhródúil aisti féin as a bheith doiléir nó ag iarraidh sainmhíniú a sheachaint, is léir go bhfuil patrúin théamacha ann atá feiliúnach don léamh liteartha. Maíonn Giffney (2007) príomhaidhmeanna teoiric na haiteachta i

gcomhthéacs na scoile. Ceistíonn teoriceoirí na haiteachta catagóiriú mianta, is é sin le rá conas a thagann féiniúlachtaí chun cinn de bharr mianta collaí (ibid., 200). Léiríonn Giffney go bhfuil féiniúlachtaí áirithe inghlactha go sóisialta agus nach nglactar le claontaí eile (ibid.). Moltar, mar sin, go gceistítear sa teoiric seo na slite a gcruthaítear noirm ar leith. Mar sin, is féidir a rá go ndéanann an teoiric seo iarrachtaí noirm ar leith a thuiscint, iad a scrúdú, agus an spás timpeall orthu a aitiú. An phríomhaidhm, mar sin, atá ag an teoiric seo na féiniúlachtaí a thiteann taobh amuigh de phairméadair na normatachta a cheistiú ó bhonn. Mar sin féin, is féidir a áiteamh go bhfuil sainmhíniú na normatachta fréamhaithe cuid mhór san acadamh a d'aithin í, a scrúdaigh í agus a chur i bhfeidhm í.

Tá sé soiléir go bhfuil an fhéiniúlacht mar chuid thábhachtach de theoiric na haiteachta. Pléann Giffney an tsuibíacht (an duine áirithe atá faoi scrúdú), ó thaobh a chuid mianta collaí de, mar ghné shuntasach i dteoiric na haiteachta (ibid.). Míníonn Giffney, agus í ag labhairt fúithi féin, conas a théann an teacht amach mar acadóir i bhfeidhm ar iarrachtaí éagsúla an acadóra nó an scríbhneora (ibid., 206). Tá an teacht amach mar acadóir, a bhfuil suim aige i léann na haiteachta, ag cur leis an teacht amach – teacht amach mar acadóir agus mar dhuine ait (ibid.). Tá an chatagóir seo, go hoinnteolaíoch agus go sintéiseach, ag sárú na dteorainneacha teamparalántach agus cultúrtha, agus é gan bhaint aici le ham ar leith nó le spás ar leith (Tuhkanen 2009: 98). Baintear úsáid as an léamh ait ar fhéiniúlacht mar bhuthal bróid agus teagmhála, go bhfuil an léamh ait den fhéiniúlacht mar stráitéis neamh-homafóbach a éiríonn leis luach séimeantach a bhaint amach (Jagose 1996: 104). Is trí mheán na bhféiniúlachtaí, agus scagadh na bhféiniúlachtaí sin, a thagann ceistiú na collaíochta go téamach chun solais (O'Driscoll 1996: 38). Cé gur féidir glacadh leis na tuiscintí atá ag Giffney (2007), Jagose (1996), agus O'Driscoll (1996), nach bhfuil níos mó i gceist le féiniúlacht ná mianta? I dtógáil féiniúlachta, is féidir a rá go bhfuil cuid mhór i gceist leis an tógáil shóisialta, chultúrtha, shíceolaíoch seo, agus nach ann ach gné amháin sa tógáil seo. Cé go bhfuil bród ar Jagose (1996) mar shampla, as an léamh ait a dhéanann sí ar chultúr, nach ionann sin is a rá gur rud ann féin é, gur féiniúlacht shainmhínithe í an aiteacht mar sin?

Pléann Watson (2005) an tslí ar léigh Michel Foucault, duine de phríomhréamhtheachtaithe theoiric na haiteachta, an fhéiniúlacht i gcomhthéacs staire agus sóisialta (ibid., 70). Más constráid í an fhéiniúlacht a d’eascair as téacsanna den chuma seo, is féidir teacht ar spás ina mbeidh léamha de chuid na haiteachta feiliúnach dar léi. Mar sin féin, is féidir an fhéiniúlacht a shuíomh i gcónaí i dtaobh an chaidrimh idir an duine agus a mhianta collaíochta, glactar leis nach bhfuil guth ait ag catagóirí mionlacha eile sa ghort (de Lauretis 1991: v). Mar shampla, níl mórán scríofa faoin bhforluí atá ann idir cine agus collaíocht agus an chaoi a bhfuil cine mar chuid lárnach i dtógáil fhéiniúlachta. Toisc gur catagóir í fhéiniúlacht na haiteachta, fhéiniúlacht nach bhfuil sásta cloí le rialacha dochta na sochaí, is féidir teoiric na haiteachta a oscailt do chatagóirí eile neamhnormatacha cosúil leis an gcine gorm nó eile (Jagose 1996: 131). Is féidir glacadh leis go dtreisítear an fhéiniúlacht trí mheán na minicíochta (.i. cé chomh minic a chuirtear gné den fhéiniúlacht in iúl) agus tríd an athdhéanamh (Colebrook 2009: 15). Cáinteann teoiric na haiteachta as a bheith ag iarraidh an t-ábhar seo a sheachaint agus an chaoi a dtiteann náisiúnachas agus inscne taobh amuigh de pharaiméadair na haiteachta i gcoitinne (Giffney 2007: 201). Tugann Giffney (2004) míniú níos soiléire in ‘Denormalizing Queer Theory: More than (Simply) Lesbian and Gay Studies’ nuair a deir sí “Those who employ queer theory for anything other than the location of non-heteronormative – yet non-gay or lesbian – identities risk charges of mis-appropriation...” (ibid., 73). Mar sin, ní ionadh é go gcáinteann an chaoi nach bhfuil tuilleadh forbartha déanta ar an réimse seo agus an chaoi nach gcuireann sé fáilte roimh chlaontaí nua smaointeoireachta ó thaobh an chine de (Giffney agus O’Rourke 2009: 8). Mar a mhíníonn Sedgwick (1990), i mblianta tosaigh theoiric na haiteachta, bhí eispéireas sainiúil ag ciní áirithe nó ag daoine faoi mhíchumas toisc go raibh siad feiceálach agus nach mbaineann an teacht amach le hinscne nó dath craicinn (ibid., 75). Níl cuid mhaith de theoriceoirí na haiteachta sásta leis an tost atá le sonrú anseo. Pléann Goldman (1996), cuir i gcás, go mbíonn sé de chlaonadh ag acadóirí an dioscúrsa seo a thógáil gan chine a chur san áireamh nó gan pheirspictíochtaí eile a chur san áireamh ach oiread (ibid., 173). Maíonn Bloom (1987) in *The Closing of the American Mind: How Higher Education has failed Democracy and Impoverished the Souls of Today's Students*, go dtagann ceisteanna den sórt seo chun cinn sa oideachas agus go bhfuil stádas ard ar leith acu. Ceisteanna ar nós “Cé mé?” agus “Céard is fear ann?”, a

chuireann daoine orthu féin (ibid., 21). Cuireann Bloom sa saothar féin milleán ar fhealsúnachtaí ar nós teoríic na haiteacht as laigí atá le feiceáil go ginearálta san acadamh. Cé go bhfuil iolrachas agus gnéithe éagsúla ar fáil i bhféiniúlacht na haiteachta, tá go leor i gceist le féiniúlacht seachas mianta amháin.

Mar sin, agus an mhinicíocht agus an t-athdhéanamh i gceist, tagann roinnt tuiscintí chun cinn maidir leis an gcollaíocht i dtaca leis an bhféiniúlacht. Má thagann dinimic faoi leith chun cinn a mholann an heitrihnéasacht go hard (Sullivan 2003: 84), ceistítear an chaoi agus an fáth a dtugtar tús áite d'fhéiniúlachtaí collaíochta áirithe. Beidh sé mar aidhm, mar sin, ina dhiaidh seo, súil chruinn a chaitheamh ar an tslí a mbíonn an heitreanormatacht mar phointe tagartha tábhachtach ag an gcriticeoir agus teoríic na haiteachta idir lámha aige.

Dar le teoriceoirí iarstruchtúrachais go bhfuil an duine aonair curtha le chéile mar thoradh na cumhachta (Sullivan 2003: 81). Is é sin, go mbaineann an duine aonair, agus a fhéiniúlacht, leas as tuiscintí sóisialta agus staire lena fhéiniúlacht a chur i dtoll a chéile. De réir dealraimh, is próiseas nádúrtha déanamh insneach na féiniúlachta; glactar leis más fear nó más bean é an duine. Mar sin féin ní luíonn tuiscintí feimineacha leis an gcineál seo tuairime agus titeann an tóin as an gcineál seo tuairimíochta dá thoradh (ibid.). Ar aon dul le Sullivan, míníonn Judith Butler, go háirithe ina téacs *Gender Trouble*, go dtógtar inscne an duine mar chonstráid shóisialta agus, dar léi, nach bhfuil an fhéiniúlacht sin ag luí de réir nádúir nó nach bhfuil sé inbheirthe (ibid., 82). Más rud é gurb í an inscne “...the performative effect of reiterative acts...” (ibid.), is léir go bhfuiltear in ann an chollaíocht a cheistiú ón mbonn aníos. Glactar leis an heitrihnéasacht mar bhunchlaonadh collaí atá ar comhchéim le hinscne, agus trína léiriú nó a thaibhiú leanúnach is féidir teacht ar an bhforluí idir claonadh collaíochta (Jagose 1996: 85) agus an inscne mar “... reiteration of discursive norms and through which identity is constituted...” (Sullivan 2003: 89). Mar thoradh air sin, tá sé mar aidhm ag teoríic na haiteachta tuiscintí den saghas seo a chur bunoscionn agus iad a scagadh trí mheán na critice; chun ceisteanna coincheapúla a chur maidir le cumadh na hinscne agus an chaoi a dtéann an claonadh collaíochta i bhfeidhm air sin (Jagose 1996: 98). Níl Judith Butler, nó cuid eile de theoriceoirí na haiteachta, sásta glacadh leis gur rogha í an inscne; gur féidir leat inscne a chaitheamh ar nós athrú éadaí, ach go bhfuil



srianta sóisialta curtha ar dhéanamh na féiniúlachta (ibid., 87). Mar sin, is féidir leas a bhaint as an gcoincheap seo le léamha éagsúla a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseáiltear an chollaíocht i dtéacsanna cultúrtha (Colebrook 2009: 14). Tá an chaoi a léirítear *drag*, mar shampla, feiliúnach de thaibhiú na hinscne (Jagose 1996: 85). Le húsáid sampla *drag*, ciorann Butler na slite a gcuirtear an inscne in iúl agus go bhfuil *regulatory fiction* i bhfeidhm ar an inscne trí chéile. Pléann Sullivan (2003) an chaoi a ndéanann Butler aitiú ar an bhféiniúlacht heitrenormatach agus an aoir. Tugann Butler faoi deara nach bhfuil nasc ar leith ann mar gheall ar chollaíocht, inscne agus claonadh collaí agus nach iontu ach constráidí sóisialta (ibid., 86). Is gá, mar sin féin, na tuiscintí a shuíomh go stairiúil agus sa chomhthéacs pribhléide as a thagann siad. Pléann na hacadóirí thuas go lánmhuiníneach céard is inscne ann agus an bunús cultúrtha atá aige. Ach ní sin le rá go bhfuil an ceart iomlán ach ach léamh amháin anailíseach ar thógáil na féiniúlachta. Mar sin féin, is féidir an cur chuige critice seo a úsáid chun aon téacs cultúrtha a cheistiú agus a scrúdú.

Dá thoradh sin, is féidir an inscne, agus tuiscintí maidir leis an gcollaíocht, a fhí isteach i léamha cultúrtha agus liteartha chun teacht ar spás áirithe aiteachta. Más coincheap í teoiric na haiteachta, a cheistíonn catagóirí collaíochta mar mhodheolaíocht (O'Driscoll 1996: 34), an féidir an homaighnéasacht agus an heitrihgnéasacht a chur i gcomparáid lena chéile? Is féidir an chollaíocht a chur i gcomhthéacs na haiteachta agus an chollaíocht (an gníomh, d'fhéadfaí a rá) a úsáid mar fhráma tagartha nó mar chur chuige léitheoireachta faoi leith don litríocht. Pléann Thomas (2009) na teoiriceoirí Michael Warner agus Lauren Berlant (1998) agus a n-aiste 'Sex in Public' ina gceistítear an chollaíocht phoiblí. Mínítear an heitrenormatacht san aiste mar "...the institution, structures of understanding, and practical orientations that make heterosexuality not only coherent – that is, organised as a sexuality – but also privileged" (Thomas 2009: 21). Ach nach bhfuil an phribhléid áirithe seo le feiceáil san acadamaíocht chomh maith - gur féidir acadóirí na smaointe seo a chruthú agus chun sainmhíniú ar leith a bhronnadh ar fheiniméan ar leith na heitrenormatachta.

Mar sin, feidhmíonn an heitrenormatacht mar uirlis shóisialta le cois a choinneáil ar an gcollaíocht neamhnormatach a mholann an heitrihgnéasacht mar fhéiniúlacht nó

gníomh inghlactha. Ina dhiaidh sin, míníonn Thomas go bhfuil sé de thuairim ag Warner gur cheart an cineál seo cur chuige a chur i bhfeidhm mar "...resistance to the regimes of the normal..." (ibid.). Má tá an heitreanormatacht ar fáil go huilíoch, is féidir an coincheap seo a bhualadh ar théacsanna cultúrtha agus sóisialta. Mar a phléann Sullivan (2003), is féidir lorg na teoirice seo a scrúdú fiú i dtéacsanna nach bpléitear an homaighnéasacht iontu. Dar léi go bhfuil an heitreanormatacht le feiceáil i mbeagnach gach uile théacs cultúrtha bíodh sé liteartha nó ná bíodh (ibid., 191). Caitheann an heitreanormatacht solas ar "...kinds of practices, institutions, conceptual systems, and social structures" (ibid., 132). Mar sin féin, is féidir an chollaíocht a ghlacadh mar chuid de *repressive hypothesis* Michel Foucault agus an chaoi ar eascair an heitreanormatacht as rialú na collaíochta go sóisialta, go háirithe sa tréimhse Vichteoiriach (ibid., 40). Nuair a tháinig an scoilt idir an homaighnéasacht agus an heitrighnéasacht chun cinn i ndioscúrsaí an iarthair ag tús an chéid seo caite, tugadh spás don dithógáil (*deconstruction*) fheimineach ó thaobh na collaíochta de go teoiriciúil (Sedgwick 1990: 34). Is éard atá i gceist le dithógáil ná "...the critical operation by which such oppositions can be partly undermined, or by which they can be shown partly to undermine each other in the process of textual meaning" (Eagleton 1983: 115). Dar le Sedgwick, áfach, go dtugann an dá théarma, homaighnéasach agus heitrighnéasach, cumhacht don heitreanormatacht toisc go gcuireann siad srian ar chatagóirí féiniúlachta (Sullivan 2003: 38). Mar a deir Sullivan "...a deconstructive reading of heterosexuality as something that has been represented as natural and/or original, discrete, and essential, would show that heterosexuality is dependent on its so-called opposite (homosexuality) for its identity" (ibid., 51). Ach tá sé mar aidhm ag teoiric na haiteachta an catagóiriú seo a sheachaint agus an teoiric a chur i bhfeidhm ar bhealach *anti-assimilationist* (Jagose 1996: 99). Is as sin a eascraíonn príomhfheidhmeanna theoiric na haiteachta:

As we have seen, the denaturalisation or queering of heterosexuality can take many forms, can lead to different and often contradictory outcomes, and can produce as many questions as it does answers. Since queer need not be simply equated with same-sex relations, and sex between men and women need not necessarily be heteronormative, then queering what we usually think of as 'straight' sex can allow the possibility of moving away from stabilized notions of gender and sexuality as the assumed foundations of identity and social relations. (Sullivan 2003: 134)

Is léir mar sin, go bhfuil téamaí áirithe coitianta i gceist le teoiric na haiteachta ó thaobh shannadh na féiniúlachta, ó thaobh na hinscne agus ó thaobh tuiscintí i leith na

heitreanormatachta. Is i bhfoirm na teanga a chuireann na teoiriceoirí thuas a dtioncsnaimh ar fáil. Feictear éagsúlacht argóintí iontu ach laigí iontu chomh maith. Trína n-iarrachtaí gan catagóirí a dhéanamh, gan sainmhínte a churthú, tagann na teoiriceoirí salach orthu féin ó am go chéile. Is ó thraidisiún na hacadúlachta a thagann siad, iad ag breathnú go cruinn ó pheirspictíocht ar leith. Ach mar sin féin, is féidir na smaointe seo a leagan ar aon téacs liteartha agus téacs ait a dhéanamh de le tuiscintí as an nua a ionramháil agus a chruthú (de Lauretis 2011: 244). Is tríd an aitiú spáis seo a thagann an léitheoir ar léamha nua bunaithe ar an téacs idir lámha. Nuair a bhuailtear an cineál seo teoirice, áfach, ar ghort agus ar léann na Gaeilge, tagann ceisteanna faoi leith chun cinn. Mar sin, is mithid na ceisteanna seo a chur maidir le cé chomh nádúrtha is atá sé teoiric den chuma seo a chur i bhfeidhm ar théacsanna cultúrtha agus liteartha Gaeilge. Chuige seo, déanfar scagadh sa chéad chuid eile den chaibidil seo ar an gcaoi a mbeadh an Ghaeilge in ann leas a bhaint as téarmaíocht nua na haiteachta chun tuiscintí i leith na nualitríochta a scrúdú.

#### **1.4 The Love that Dare Not Speak Its Name: Teanga agus Téarmaíocht**

Is feiniméan agus téarma é an homaighnéasacht a tháinig chun cinn ó naoú haois déag an chéid seo caite i leith. Chum an Dr Karoly Maria Kenkert an téarma “homaighnéasacht” in 1869 ach nach raibh úsáid fhorleathan den téarma le feiceáil go dtí céad bliain ina dhiaidh sin (Sullivan 2003: 4). Mar sin féin, más coincheap eile é an aiteacht a d’eascair as an smaointeoireacht chultúrtha, ceisteofar san aonad seo an chaoi ar chóir téarmaíocht a bhaineann le critic na haiteachta a chur i gcomhthéacs na Gaeilge. Faoi mar a léireofar sa tráchtas seo, is féidir leas a bhaint as teoiric na haiteachta mar threalamh critice chun téamaí áirithe i litríocht na Gaeilge a mheas agus a scrúdú. Mar thoradh air sin, déanfar tuilleadh forbartha ar an gcaoi a dtéann téarmaíocht na haiteachta chun cinn ó thaobh na teangeolaíochta de, ar céard atá i gceist le teanga na haiteachta, ar an taibhiú teanga agus ina dhiaidh sin déanfar moltaí ó thaobh na téarmaíochta de. Dá mbeadh an criticeoir liteartha ag iarraidh go n-úsáidfí go coitianta í, bheifí ag súil le húsáid nádúrtha na teanga seachas téarmaíocht an Bhéarla a bhrú go saorga ar ghort na Gaeilge.

Déanann Giffney (2007) scagadh ar an gcaoi gur féidir cur chuige na haiteachta a chothú sa léann Éireannach agus mar sin, is léir, sa Ghaeilge. Is féidir seo a fheiceáil mar ghné den *Quare Theory*, modheolaíocht ar leith a mholann sí. Tá cuid mhór i gceist leis an gcur chuige seo. Is é atá i gceist le *Quare Theory* ná an aiteacht á cur i gcomhthéacs na hÉireann. Tá an t-ainmniú le feiceáil i ngluaiseachtaí áirithe mionlacha mar a mhíniú Hayes (1976) a deir “...feminist and black movements have worded out a new set of values for the terms *woman* and *black*, the task of definition occupies a central position in gay liberation theory” (ibid., 262). Feictear anseo iarracht bhrú an tsainmhíneithe a chur chun tosaigh i ngort na haiteachta. Bíodh sin mar atá, tá an teanga in úsáid anseo chun an sainmhíniú féin a cheistiú, rud nach n-éiríonn le Giffney thuas a chur in iúl go sonrach. An rud is príomha atá i gceist ag Giffney, mar sin féin, ná gur féidir an dá ghort, an dá spás seo, a cheangal le chéile: teoiric na haiteachta agus tuiscintí a bhaineann le léann na hÉireann. Mar thoradh air sin, feictear gur féidir le *Quare Theory* modhanna nua a chur i bhfeidhm agus a úsáid go hidirdhisciplíneach. Tagann téarmaíocht nó réim teanga nua chun cinn nuair a dhéantar iarracht ráiteas atá go hiomlán as an nua a chur i dtoll a chéile. Pléann Flotwo (2007) an chaoi a bhfuil an t-aistriúchán agus teoiricí a bhaineann leis thar a bheith tábhachtach do ghluaiseachtaí soch-chultúrtha áirithe (ibid., 92). Léiríonn Flotwo go gcuireann an t-aistriúchán téarmaíochta le smaointe nua in aon dioscúrsa. Sin croí an tráchtais seo: an ceistiú a dhéantar ar spás agus an forluí atá ann le teanga, le féiniúlacht agus le téamaí na litríochta atá á scagadh. Mar is eol do Flotwo (ibid.) bhí cineálacha áirithe staidéar, a bunaíodh ar inscne, ag réiteach go maith le paraidímí éagsúla, nó le patrúin éagsúla smaointeoireachta, a ghlac go hiomlán leis an bpatrarcacht (ibid., 93). Ní raibh mórán taighde bunaithe ar staidéir chuimsitheacha theangeolaíocha agus an chollaíocht faoi chaibidil roimh na seachtóidí agus na seascaidí (Livia agus Hall 1997: 3).

Is díol spéise é cúlra agus stair theanga na haiteachta i dtéarmaí níos ginearálta. Bhí formhór na ngluaiseanna léacsacha bunaithe ar bhéarlagar homaighnéasach, go háirithe ó thaobh gníomhaíochtaí collaíochta de (ibid.). Sular tháinig saoradh phobal na homaighnéasach chun cinn sna seascaidí, bhí úsáid teanga thar a bheith tábhachtach don phobal ionas go mbeidís in ann a mianta collaí a shásamh ach go rúnda (Blake 2010: 226). Níor scríobhadh mórán maidir le teanga na homaighnéasachta nó na haiteachta seachas faoin mbéarlagar a úsáideadh sa phobal sin (Doyle 1982: 74).

Míníonn Blake (2010) gur tháinig teanga ar leith chun cinn i Sasana, teanga rúnda na homaighnéasach darb ainm *Polari*, cód a d'úsáid na homaighnéasaigh mar theanga phobail a chuir níos mó san áireamh ná díreach an gníomh collaí (ibid.). Tháinig deireadh leis an gcineál seo canúna den Bhéarla nuair a rinneadh an claonadh collaí a dhíchoiriúlú sa bhliain 1967. Roimhe sin, bhí an teanga in úsáid chun srian a choinneáil ar an rúndacht ar eagla go gcúiseofaí baill an phobail de bharr a ngníomhaíochtaí collaí (ibid.). Mar sin féin, tá teanga eile homofóibe in úsáid le fada a léiríonn an t-atmaisféar míthuisceanach a cuireadh roimh an homaighnéasacht sna seachtóidí (Armstrong 1997: 327). Bhí *queer* ar cheann de na téarmaí maslacha is mó a d'eascair as an mbéarlagar homafóbachas (Higgs 1999: 4). Pléann Armstrong an chaoi a mbaineann fir éagsúla leas as teanga le smacht ceannasach a choinneáil chun tosaigh ar mhná agus ar homaighnéasaigh (ibid.). Dar le Liang (1997) go ndéantar tógáil ar fhéiniúlachtaí le húsáid na teanga ar phróiseas sóisialta teangeolaíoch é, agus go n-eascaíonn sé seo as an scéalaíocht; “In order for one individual to express herself to another, not only must she be able to tell a life story which is intelligible, but both she and the audience must reach more or less the same understanding of the point of the story” (ibid., 288).

Anuas air sin, ceistítear go minic an chaoi a ndéantar teanga a chumadh seachas í a ghlacadh mar mhodh “...in order to grasp the truth of the matter at hand...” (Sullivan 2002: 47). Má tá forbairt as cuimse déanta ar léann na collaíochta go hacadúil, is cinnte nach bhfuil mórán spéise curtha ann i gcomhthéacs na hÉireann (Bucholtz 2004: 469). Mar sin féin, glactar leis go bhfuil srian curtha leis an mBéarla ó thaobh na haiteachta de, agus go bhfuil an claonadh seo mar chuid den fhreagra agus de chuspóir phobal na heitrighnéasachta agus mar chuid den *straight mind*. Maíonn Wittig (1990) go bhfuil an *straight mind* seo bunaithe ar an gclaonadh atá ann chun pobail ar leith a chur as an áireamh agus chun difríochtaí a cháineadh (ibid., 55). Dar le Witting go gcaithfidh an duine a bheith ceannasach go sóisialta chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol. Déantar bainistiú ar an bpobal trí dhaoine áirithe a chur as an áireamh agus chun smacht a choinneáil orthu.

De réir a chéile tháinig tuiscintí chun cinn maidir leis an gcineál teanga a bhí in úsáid ag daoine homaighnéasacha. Tuigeadh go raibh cóid dhifriúla ar mhaithe leis an

rúndacht (Hayes 1976: 257) ionas go mbeidís in ann gnéithe sainiúla dá bhféiniúlachtaí a chur in iúl. Bhí an chuid is mó den taighde teangeolaíoch ag breathnú go príomha ar an heitrihnéasacht roimh na hóchtóidí, ach le buanú theoiric na haiteachta a tháinig an réimse chun cinn le cúig bliana déag anuas (Bucholtz 2004: 470). Bhí an dioscúrsa homafóbach taobh thiar de na hiarrachtaí seo, fiú leis na téarma *homo*, *fag* nó *queer* a bhí faoi scáth na fearúlachta agus nár dhírigh go hiomlán ar an gelaonadh homaighnéasach (Armstrong 1997: 331), agus a bhí *inevitably derogatory* (ibid., 328).

Tá insint an teachta amach (*coming out*), ina scaoileann an homaighnéasach uaidh a rún maidir lena mhianta collaíochta, ar cheann de na hinsintí is suntasaí atá ar fáil ó thaobh na teangeolaíochta homaighnéasaí de (Liang 1997: 292). Is trí insint an scéil agus an rúin a thagann an tsuibhacht ar thuiscint phearsanta maidir lena mhianta maille leis an bhfaoiseamh síceolaíoch a ghabhann leis (ibid.). Tá an insint seo lárnach agus thar a bheith seasmhach i ndéanamh na féiniúlachta agus sa chaoi a nglacann an tsuibhacht lena mhianta (ibid., 294). Feidhmíonn an teacht amach mar mheafar a oibríonn céim ar chéim; agus a bhfuil éagsúlacht ann de cé chomh hoscailte is atá duine (ibid., 291). Sáraíonn an homaighnéasach constaicí teangeolaíocha agus ceistítear, go hointeolaíoch, an caidreamh teangeolaíoch idir an heitrihnéasach agus an homaighnéasach (Wittig 1990: 55). Mar fhreagra ar an homafóbachas a tháinig *Gayspeak* chun cinn mar chineál canúna nó béarlagair de chuid an phobail (Hayes 1976: 263):

Although mindful of those objections, we find it ethnographically and linguistically justified to refer to the global circulation of a gay men's English that originates in the United States. Doing so allows us to investigate what happens when this code interacts with already-existing ways of talking about same-sex desire outside of and within the North Atlantic domain. (Boellstorff agus Leap 2004: 2)

Is léir, mar sin, go bhfuilimid in ann teacht, go teangeolaíoch, ar chineál réime homaighnéasaí agus go bhfuil stór focal áirithe ann a théann leis an réim sin. Is féidir, ina dhiaidh sin, leas a bhaint as coinbhinsiúin theoiric na haiteachta le scagadh a dhéanamh ar an gcineál teanga a úsáidtear le heispéireas an homaighnéasaigh a shoiléiriú (Livia agus Hall 1997: 6). Tá teoiric an taibhithe (*performance theory*) ar cheann de na slite chun an teanga a chur i gcomhthéacs theoiric na haiteachta. Mar a phléann Bucholtz agus Hall (2004) cuirtear an inscne agus an chollaíocht in iúl trí mheán teangeolaíoch agus séimeolaíoch, agus cuireann an tsochaí rialacha i bhfeidhm

ar an gcineál sin claonta go cultúrtha (ibid., 491). Tríd an athdhéanamh, tagann an normatacht chun cinn, agus ní bheadh aon aontacht maidir leis an taibhiú gan an t-athdhéanamh. Mar sin, is léir go dtugann an teanga agus úsáid na teanga sin, fráma do rialacha a thugann ciall don inscne agus don chollaíocht. Ní hé sin le rá go dtógann nó go gceapann an teanga an inscne, ach go n-atáirgeann an teanga rialacha na sochaí (Livia agus Hall 1997: 12). Mar a mhíononn Butler, agus mar a phléann Livia agus Hall, cuireann an dioscúrsa an cainteoir le chéile (an teanga cothrom leis an réadúlacht) agus níl rogha ag an gcainteoir ach cloí leis na rialacha sin. Níl an dioscúrsa in ann fáil réidh leis an gclaonadh diúltach, a bhaineann le téarmaí ar nós *queer*, dá thoradh, agus is tríd an luacháil dhiúltach mhothúcháinach seo a ndéantar athghabháil orthu (ibid., 12). Mar sin, is féidir glacadh leis gur taibhiú de shaghas éigin é an cumadh téarma nó an t-aistriúchán téarmaíochta.

Is féidir modheolaíochtaí *Quare Theory* Noreen Giffney (2007) a chur in oiriúint don Ghaeilge. Is féidir, dá bharr, teacht ar spás áirithe teoirice agus critice le téacsanna cultúrtha Gaeilge a léamh agus a scagadh. Is féidir linn an spás a aitiú, a spás a cheistiú agus an spás a chaitheamh bunoscionn. Is teagmháil áirithe idir an dá chód é an t-aistriúchán, mar sin (Brisset 2000: 344). De réir mar atá *écriture féminine* ann, atá ina réim teanga atá feiliúnach do chriticeoirí agus do scríbhneoirí bainneanna, is féidir teacht ar theanga nó dioscúrsa atá feiliúnach do láimhseáil collaíochtaí neamhnormatacha sa Ghaeilge mar atá i dteangacha eile an domhain mhóir. Dar le Hermans (2007) go mbíonn gach uile dhioscúrsa ag cur le tógáil féiniúlachtaí agus pobal (ibid., 90).

Dá mba rud é go mbainfeadh an tráchtas seo leas as téarmaí Béarla nó téarmaí a tháinig ó ghort chritic na Fraincise, ba mhithid ceisteanna a ardú maidir leis an gcaoi a gcuirfear iad in oiriúint don Ghaeilge. Tá Flotwo (2007) den tuairim go gcuireann an t-aistriúchán seo leis an dioscúrsa agus go n-eascraítear léamha nua as dá bharr (ibid., 95). Mar sin, is féidir teacht ar úsáid chuí teanga le cur síos a dhéanamh ar an aiteacht (Hayes 1981: 20). Mar a phléann Johnston (2010) teanga dhúchais na Nua-Shéalainne, is féidir an aiteacht a chur in oiriúint do theangacha éagsúla is chuma cén teanga atá i gceist (ibid., 16). Glactar le moltaí an Choiste Téarmaíochta agus [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) (Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge) le húsáid an téarma *teoiric na haiteachta* mar

leagan Gaeilge agus síltear go gcuirfidh stair an fhocail sin leis an *Quare Theory* mar a moladh ar ball.

É sin uile curtha san áireamh, beidh dúshlán teanga le sárú ag an tráchtas seo ionas go dtiocfar ar theanga le smaointe na haiteachta a chur i bhfeidhm. Beidh cruthú téarmaíochta i gceist leis, seachas úsáid a bhaint go hiomlán as an aistriúchán focal ar fhocal, modh “...in which translation has indeed created languages” (Brisset 2000: 344). Is léir, de réir Wittig (1990), ina halt 'The Straight Mind', go n-eascraíonn sé seo as tuiscintí Roland Barthes agus an chaoi a mbíonn teanga agus dioscúrsa in ann feidhmiú as lámh a chéile (ibid., 51). Ní féidir a shéanadh go dtéann sé seo i gcoinne thuiscintí teoriciúla na haiteachta, teoríc nach bhfuil sásta sainmhíniú docht a ghlacadh (Bucholtz agus Hall 2004: 490). Mar thoradh air sin, tá tionchar nach beag ag an aistriúchán ar theoríc na haiteachta (Flotwo 2007: 92). Díreach ar nós théarma na homaighnéasachta, tagann coincheapa áirithe chun cinn nuair a bhaintear leas as na téarmaí ait/aiteacht/aitiú (Hayes 1981: 29). Mar sin, tá sé i gceist cur le tuiscintí bunaithe ar theoríc na haiteachta trí mheán an aistriúcháin mar atá molta ag Flotwo (2007: 97). Ach tá an chontúirt ann go gcuirfeadh teanga an iarstruchtúrachais agus na haiteachta isteach ar an léamh liteartha féin. Pléann Nussbaum (1999) an spás critice a ghlacann an feimineachas san acadamh. Maíonn Nussbaum thíos (ibid., 10) go bhfuil polaitíocht an fheimineachais dírithe go hiomlán ar an Eoraip agus ar na Stáit Aontaithe. Cé go bhfuil smaointeoireacht den sórt seo á leathnú agus ag cur tuiscintí nua san áireamh, deir sí go bhfuil an iomarca den pholaitíocht shiombalach le brath i dtéarmaí na hacadúlachta:

In the United States, however, things have been changing. One observes a new, disquieting trend. It is not only that feminist theory pays relatively little attention to the struggles of women outside the United States. (This was always a dispiriting feature even of much of the best work of the earlier period.) Something more insidious than provincialism has come to prominence in the American academy. It is the virtually complete turning from the material side of life, toward a type of verbal and symbolic politics that makes only the flimsiest of connections with the real situation of real women. (ibid.)

Mar sin féin, ní éiríonn le Nussbaum aon leigheas a sholáthar don léitheoir, agus fágtar a hargóintí os a chomhair gan réiteach nó tuilleadh plé. Mar sin, is léir go bhfuilimid in ann teacht ar shlite le téarmaíocht uilíoch theoríc na haiteachta a chur in oiriúint do,



agus a chur i bhfeidhm, sa Ghaeilge. Má ghlacaimid leis go bhfuil féidearthachtaí *Quare Theory* de chuid Giffney (2007) ann, is féidir teanga faoi leith a úsáid agus a bhualadh ar théacsanna Gaeilge. Má tá teoiric na haiteachta dírithe ar chúrsaí heigeamaineacha agus dioscúrsacha (Livia agus Hall 1997: 6), agus toisc gur teanga mhionlach í an Ghaeilge, is féidir an dá ghort a chur le chéile gan mórán dua. Agus leas á bhaint as tuiscint an taibhithe agus na haiteachta, is féidir an teanga a cheistiú ón mbonn aníos agus iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann an téarmaíocht chun cinn. Is cinnte, mar sin, gur féidir na snáitheanna tuisceana seo a chur in oiriúint do scríbhneoireacht chomhaimseartha na Nua-Ghaeilge. Is gá anois díriú ar phríomhscríbhneoirí an tráchtas seo: Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh agus cén fáth ar roghnaíodh an bheirt úd don tráchtas seo.

### **1.5 Micheál Ó Conghaile: An Fear Aniar**

Is scríbhneoir conspóideach dásachtach é Micheál Ó Conghaile. Is follas go bhfuil cuspóir faoi leith aige ina chuid scríbhneoireachta nuair a dhéantar scagadh ar na saothair dhifriúla a scríobh sé idir dhrámaí, úrscéalta, agus ghearrscéalta. Is é sin tuiscint agus aird an léitheora a dhéiriú ar churcás mionlach sa tsochaí. Feicfead coimhlint go minic idir curacháchas carachtair amháin sna sceálta agus an tsochaí ina maireann na carachtair sin. (Ó Cofaigh 2004: 5)

Ina thráchtas MA sa Ghaeilge, pléann Pádraig Ó Cofaigh (2004) stíl Mhichíl Uí Chonghaile mar scríbhneoir agus déanann sé scagadh téamach ar scríbhneoireacht an údair. Ach cén fáth ar roghnaíodh mionscagadh a dhéanamh ar an scríbhneoir áirithe seo don taighde idir lámha? Pléifear anseo cúlra agus comhthéacs Uí Chonghaile agus na slite ar tháinig sé chun cinn mar scríbhneoir i ngort liteartha na Gaeilge. Is mar scríbhneoir nua-aimseartha Gaeilge is mó a shamhlaítear Micheál Ó Conghaile agus mar stiúrthóir an chomhlachta foilsitheoireachta Cló Iar-Chonnacht/CIC. Rugadh Ó Conghaile in Inis Treabhair, oileán atá tréigthe anois, i gContae na Gaillimhe sa bhliain 1962. D'fhás an Conghaileach aníos i gceantar iargúlta seachas sealanna nuair a théadh sé amach go dtí an mhíntír uair sa tseachtain don aifreann agus don tsiopadóireacht (Ó Siadhail 2005: 54). Níor thaitin saol an oileáin leis an gConghaileach agus é óg toisc go raibh obair dhian le déanamh ann agus gurbh í an aimsir máistir an tsaoil (Mac Con Iomaire 2000: 31). Saol a bhí róchiúin don bhuachaill óg agus dá bhrí sin dhírigh sé

isteach ar dhomhan na samhlaíochta i gcaitheamh a óige (Ó Siadhail 2005: 55). Ní iontas é, mar sin, go raibh spéis ar leith aige sa scríbhneoireacht agus sa léitheoireacht toisc gur thug siad deis dó éalú ó shaol an oileáin chun domhan nua a thógáil dó féin.

Agus é ag fás aníos, bhí spéis ag an gConghaileach sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus de réir a chéile a chuir sé peann le pár agus saol an oileáin ba chúis leis sin (Mac Con Iomaire 2000: 31). Ba sa bhunscoil a thosaigh an Conghaileach ag scríobh blúirí anseo is ansiúd, dánta san áireamh, agus ba i nGaeilge agus i mBéarla a bhídís (ibid., 55). Fuair sé spreagadh sa bhaile chomh maith aige. Ba mhinic a léadh máthair Uí Chonghaile síscéalta a d'fhoilsigh An Gúm dá gasúr a thug léiriú don Chonghaileach ar litríocht na Gaeilge agus féidearthachtaí a bhí ann chun a theanga dhúchais a úsáid go cruthaitheach (Ó Siadhail 2005: 54). Is í an Ghaeilge an fhoirm is dúchasaí dó agus is gaire dá chroí, dar leis, agus is é sin an chúis a roghnaigh sé an Ghaeilge mar uirlis scéalaíochta nuair a chuir sé tús leis an scríbhneoireacht (Ní Chatháin 1998: 6). D'fhás agus d'fhorbair bua na scríbhneoireachta ann agus dhírigh sé ar an bhfoilsitheoireacht chomh maith. In agallamh le *Books Ireland* (2003) dearbhaíonn an Conghaileach go raibh sé ar an bpeann go cruthaitheach ó bhí sé ina ghasúr scoile (ibid., 229). Léiríonn an Conghaileach go bhfuair sé cuid mhór taithí ar an bhfoilsitheoireacht nuair a d'oibrigh sé leis an iris ollscoile *Macalla* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Thug Micheál faoi deara nach raibh scríbhneoirí maithe Gaeilge le feiceáil i saol na foilsitheoireachta agus bhí sé ag iarraidh ardán a thabhairt dóibh (ibid.).

Le bunú an chomhlachta CIC sa bhliain 1985, tugadh deis don Chonghaileach a aghaidh a thabhairt ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge (Ó Siadhail 2010: 147). Ba í aidhm an Chonghailigh acmhainní gnó agus ardán a thabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge (Titley 1995: 329). Ní hamháin gur chruthaigh Ó Conghaile deiseanna do scríbhneoirí eile Gaeilge fud fad na hÉireann ach dó féin chomh maith (Bord na Gaeilge 1990: 4). An stair shóisialta agus an litríocht chruthaitheach a bhíodh mar shainspéiseanna an scríbhneora. Mar eagarthóir is mó a bhíodh sé ag feidhmiú sa chomhlacht, scil na shealbhaigh sé go maith agus é mar eagarthóir na hirise *Macalla* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (ibid., 5). Thug an taithí seo na scileanna cuí dó a bhí ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar thionscadal na foilsitheoireachta; rud a bheadh dúshlánach go maith dó os rud é gur thionscal é tionscal na foilsitheoireachta a bhí ag dul i léig. In

ainneoin na gconstaicí a bhí le sárú aige, d'éirigh go maith leis an gcomhlacht (Ó Gormaile 1997: 32):

As both publisher and writer, Ó Conghaile has witnessed, and indeed contributed to, significant changes in Irish language publishing over the past twenty years. "There have been real improvements in editorial and production standards," he says, "and the range and number of titles being published has increased dramatically. There are now around 120 new Irish language books published every year, and about 4,000 titles in print." (*Books Ireland* 2003: 229)

Is léir, mar sin, gur thug Ó Conghaile deis fhiúntach dó féin agus do scríbhneoirí agus scoláirí eile Gaeilge a gcuid saothar a chur i gcló agus droichead á thógáil aige idir pobail éagsúla na Gaeilge, idir phobal na hacadúlachta agus phobal na litríochta. Tá stíl shuaithinseach sho-aitheanta ag an scríbhneoir, rud a chuireann go mór leis an léamh a eascraíonn as a shaothair liteartha (Nic Eoin 2005: 363).

Is in 1986 a céadfoilsíodh Ó Conghaile *Mac an tSagairt*, cnuasach gearrscéalta a d'fhoilgigh sé é féin in CIC. Cé gur moladh stíl an Chonghailigh, agus gur pléadh go leor téamaí conspóideacha ar nós féinmhárú, ginmhilleadh agus colscaradh, is léir go raibh inniúlachtaí eile léannta ag an gConghaileach. Agus an-spéis aige san amhránaíocht dhúchais, d'fhoilsigh Ó Conghaile *Croch Suas É* in 1986 atá ina bhailiúchán amhrán. D'fhill sé ina dhiaidh sin ar an bhfilíocht agus ba léir nach raibh an scríbhneoir compórdach nó sásta sa seánra áirithe seo. Is de thoradh air seo a dhírigh an Conghaileach ar a chúlra sa stair nuair a scríobh sé leabhar i leith na staire sóisialta i gConamara agus Árainn in 1988. Ach, agus cúpla saothar eile amhránaíochta curtha i dtoll a chéile aige, dhírigh an Conghaileach ar an ngearrscéalaíocht atá mar an seánra is treise atá aige óna pheann. Foilsíodh *An Fear a Phléasc* in 1997. Is sa chnuasach seo a dhíríonn an scríbhneoir ar dhomhan ait comhaimseartha na linne agus é ag díriú ar ábhair a bhaineann leis an gcrúsáil chollaí, leis an éigniú agus an teacht amach. Tagann an Conghaileach sna fir i gcaitheamh an chnuasaigh seo mar scríbhneoir le guth ildaite cumasach. Tugann cleachtadh an ghearrscéil an-chúnamh don Chonghaileach ansin in *Sna Fir*, saothar úrscéalaíochta leis agus foilsíodh é in 1999. Ag deireadh na mílaoise seo caite, díríonn an t-úrscéal ar ógfhear Gaeltachta agus é ag iarraidh a shaol ait a bhainistiú. Agus é ag iarraidh ceird eile a chleachtadh, téann stíl osréalaíoch Uí Chonghaile i dtreis in *Seachrán Jeaic Sheáin Johnn* in 2001, áit a bpléann an

Conghaileach collaíocht seanfhir agus a dhomhan samhlaíoch féin. Fileann Ó Conghaile, ina dhiaidh sin, ar an ngearrscéalaíocht in 2003 le foilsiú *An Fear nach nDéanann Gáire*, cnuasach a phléann arís leis an gcrúsáil chollaí, leis an osréalachas agus leis an meabharshláinte. Is cinnte go dtugann an léitheoir faoi deara go n-éiríonn an Conghaileach corrthónach lena stíl phearsanta féin toisc go dtiontaíonn sé chomh minic sin ar shaothair eile agus ar sheánraí eile liteartha. Le cúpla bliain anuas tá an scríbhneoir ag bainte úsáide as seánra na drámaíochta ina iarrachtaí liteartha agus *Cúigear Chonamara* (2007), *Jude* (2007), agus *Go dtaga do Ríocht* (2009) scríofa aige. Pléann a chuid drámaíochta le cúrsaí collaí, inscne agus cumhachta cuid mhór. Tá an Conghaileach tar éis filleadh ar an ngearrscéalaíocht le deireanas, lena chnuasach gearrscéalta *Diabhláocht Dé* (2015) curtha i gcló aige.

Cé go raibh an Conghaileach breá sásta glór nua a chuaigh i gcoinne an *status quo* a úsáid ina luathshaothair, feictear muinín nua ina shathaoir ó 1997 i leith. Is léir gur tháinig an Conghaileach ar ghuth nua muiníneach.

## 1.6 Cathal Ó Searcaigh: An Fear Glas

Cathal Ó Searcaigh an file Gaeltachta agus an file tuaisceartach is fearr dá bhfuin ann sa lá atá inniu ann. Ní beag sin. Fágann an dá cháilíocht sin gur deacair ag go leor léitheoirí teacht isteach ar cheol a chuid vearsaíochta, ceol a bhíonn mar bhunaidhm aige mar fhriotal don tsimplíocht... Is ar éigin nach gcanann an Seacach a chuid ábhar. Is é sin traidisiún na Gaeilge, gur bearna bhídeach dhoshainmhínte atá idir an fhilíocht bhéil agus gabhail an cheoil. (Ó Dúill 1991: 27)

Ardmholadh a thugann Ó Dúill don fhile iomráiteach Gaeilge Cathal Ó Searcaigh, ardmholadh atá tuillte go maith aige. Tá sé i gceist ag an aonad seo cíoradh a dhéanamh ar chúlra agus ar chomhthéacs Chathail Uí Shearcaigh, agus an chaoi ar tháinig seo chun cinn i dtraidisiún liteartha na Gaeilge. Rugadh Cathal Ó Searcaigh i gCloch Cheannfhaola i nGaeltacht Dhún na nGall sa bhliain 1956. D'fhreastail an Seacach ar Ollscoil Luimnigh, áit a ndearna sé staidéar ar theangacha. Thug an staidéar seo tuiscint dhomhanda ar an litríocht agus ar an bhfilíocht. Anuas air sin, rinne sé staidéar ar an Léann Ceilteach i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad agus tá an-cháil air mar fhile Gaeilge. Is file homaighnéasach é an Seacach a scríobhann go hoscailte faoina mhianta

collaíochta príobháideacha. Tuigeann sé chomh maith an tábhacht atá ann na téamaí seo a phlé i gcomhthéacs na Gaeltachta (Ó Laoire 1997: 223). Ceiliúrtar é as téama na homaighnéasachta a ionramháil agus í á léiriú trí mheán na filíochta:

The collection that gets most attention is *Na Buachaillí Bána* (Cló Iar-Chonnacht, 1996), the volume in which Ó Searcaigh ‘came out’... emphasizes the struggle toward expressing love for a man in terms of social constraints rather than in terms of a struggle with recalcitrant verbal means, the struggle with words themselves. (Fitzsimons 2003: 134)

Glactar leis, dá bharr, go bhfuil na cúinsí sóisialta seo le sárú ag an Searcach ós rud é go bhfuil sé ag iarraidh an grá neamhnormatach, an homaighnéasacht, a áiteamh ina chuid filíochta. Tháinig conspóid mhór chun cinn ina leith leis an gelár faisnéise *The Fairytale of Kathmandu* (2007). Ba í Neasa Ní Chianáin stiúrthóir agus láithreoir an chláir. Scannán a bhreathnaigh go cruinn ar an bhfile agus ar deireadh ar “...[the] exploitation of poor and vulnerable teenagers” (Guidera 2008). Ní raibh an pobal i gcoitinne sásta leis an gelár agus tháinig cuid mhaith conspóide chun cinn maidir leis na slite a gcaitheadh an Searcach le déagóirí óga Nepal.

Mar a phléann Ohno (2002), ghin iarrachtaí fileata an tSearcaigh cuid mhaith plé toisc gur thug sé aghaidh ar ábhair agus ar théamaí a bhí neamhchoitianta sa Ghaeilge (ibid., 39). Is as an ngréasán den ghrá heitrighnéasach traidisiúnta a thagann an Searcach ar mhóitífeanna agus ar théamaí éagsúla leis an gcineál claonta seo a léiriú (Doan 2002: 89). Is í ceist na teanga is mó a chiorann Ó Conchubhair (2002) a mholann go raibh deacrachtaí as cuimse le sárú ag an Searcach a bhí ag baint leasa as traidisiún a bhí “... exclusively heterosexual” (ibid., 189) Mar sin féin, baineann an Searcach leas éifeachtach as traidisiún an amhráin ghrá sa Ghaeilge le creatlach cruthaitheach oibre a bhunú leis an ngrá homaighnéasach a léiriú (Doan 2002: 89). Is tríd an gcros-síolrú seo a thagann an Searcach ar réim teanga; an grá homaighnéasach agus an grá heitrighnéasach:

The juxtaposition of English and Irish vocabularies and idioms interrogates the distance between the ‘peripheral’ and ‘central’ sites of identity and investigates the responses of each cultural space within the other. His landscape of same-sex love exemplifies the hybridization of Gaelic-speaking culture in the contact zone of modernity. (Kennedy 2002: 113)

Agus é ag breathnú go cruinn ar fhilíocht an tSearcaigh, tá de Paor (2005) den tuairim gur féidir linn leas a bhaint as traidisún na Sean-Ghréige le léamh a dhéanamh ar fhilíocht Uí Shearcaigh. Breathnaíonn de Paor ar an gcaoi a raibh caidreamh collaíochta idir fir aosta agus déagóirí óga sa Ghréig. Bhí fir aosta mar oidí don aos óg ionas go mbeidís in ann cúrsaí an tsaoil a mhúineadh dóibh trí mheán na collaíochta (ibid., 30). Deir Harris (2008) go raibh an claonadh céanna gnéis ag Ó Searcaigh is a bhí ag na Gréigigh, agus baintear leas as cleachtas na Sean-Ghréige arís leis an bhfile a mholadh.

Is cinnte go ndeachaigh an Searcach i ngleic le téamaí úrnua ina iarrachtaí fileata ó thosaigh sé ag cur cnuasach i gcló. Agus é sásta luí isteach ar théamaí a bhain leis an gcollaíocht iú ina chéad saothar *Miontragóid Chathrach* (1975), is léir nach raibh an file féin sásta leis an iarracht sin. Cé nach raibh guth ceart fileata bainte amach aige dó féin ag an bpointe seo agus ina shaothar *Tuirlingt* (1978) (a scríobhadh in éineacht le Gabriel Rosenstock), ba léir gur bhain an Searcach úsáid as macallaí ó fhilí eile comhaimseartha chun téamaí úrnua a chur i dtoll a chéile. Feictear rian de shaothair Uí Ríordáin agus Uí Dhireáin ar fhilíocht Uí Shearcaigh go háirithe i luathshaothair an fhile. Cloistear macallaí na mbífhilí sna saothair seo toisc go raibh an oiread sin spéise á léiriú ag an scríbhneoir i ngluaiseacht an fhrithchultúir sna seascaidí agus sna seachtóidí. Foilsíodh, ina dhiaidh sin *An Bealach 'na Bhaile* (1991) i nGaeilge amháin ar dtús ach ina dhiaidh sin a cuireadh leagan dátheangach de ar fáil. Rogha dánta atá i gceist leis an gcnuasach óna shaothair *Súile Suibhne* (1983) agus *Suibhne* (1984). Ach ba in *Na Buachaillí Bána* (1996) a rinne an Searcach ceiliúradh ceart oscailte ar an ngrá homaighnéasach. Tagann sé ar ghuth nua fíorláidir agus é i dtiúin le Constatine Cavafy, file Gréagach homaighnéasach. Cé gur féidir leis an léitheoir blaiseadh na bolscaireachta a fháil ón saothar, go raibh tionscnamh ar leith pearsanta agus polaitiúil á shásamh aige, éiríonn leis an Searcach oscailteacht nua i leith an ghrá homaighnéasaigh a chur in iúl dá léitheoirí. Bailiúchán de dhánta neamhfhoilsithe atá le feiceáil in *Na hAingle ó Xanadú* (2002), áit a bhfuil guth óg an fhile le cloisteáil. Dialann taistil atá le feiceáil in *Seal i Neipeal* (2003) de chuid an fhile agus é ag tiontú ar sheánra nua. Is sa chuasach áirithe seo a fheictear stíl Uí Shearcaigh faoi bhláth agus é ag díriú ar an gciorrú coil. Is in *Gúrú i gClúidíní* (2005) a thugann an file aghaidh ar thaisteal agus ar staidéar comparáideach idir an t-oirthear agus a áit dhúchais. Tá an file ag druidim i dtreo sheánra na heipice ina shaothar agus 'Oileán na Marbh' le feiceáil

ann. In 2015, dhírigh an Searcach ar ais ar théama na polaitíochta in *An Bhé Ghlas* (2015) agus é lán go béal le téamaí a bhaineann le cúrsaí reatha agus cúrsaí timpeallachta. Feictear teacht an inmhe an tSearcaigh le feiceáil ina chuid dánta agus é ag teacht ar ghuth nua dá chuid féin.

Is féidir glacadh leis gur scríbhneoir agus file cumasach é an Searcach atá molta go láidir i gcritic agus i léirmheastóireacht na Gaeilge. Is file é an Searcach a thug droim láimhe do choinbhinsiúin sheanbhunaithe na filíochta Gaeilge agus a thug aghaidh ar théamaí agus ar ábhair a bhí ar an imeall. “Aicíd na heileafóibe...” (ibid.) a mholann an Paorach maidir leis an gcritic atá tagtha anuas chugainn faoin Searcach. Maíonn Ó Laoire (2002) gur ‘Subversion of normative assumptions...’ is ea bunchloch fhilíocht Uí Shearcaigh (ibid., 223). Cuireann de Paor (2005) leis an tuiscint sin ina shaothar *Na Buachaillí Dána*:

Tá glór tugtha ag Ó Searcaigh do mhionlaoch a bhí faoi tháir, deirtear; fuascailt sceitiminiúil á sholáthar ina shaothar don homoghneasach. Ceiliúradh na difreála comhartha sóirt na fuascailte seo, agus cúis bhróid dúinne gur i nGaeilge atá sé seo uilig á dhéanamh. (ibid., 15)

## 1.7 Tatal

Is léir, mar sin, go bhfuilimid in ann teacht ar thuiscintí, ar shainmhínithe agus ar choincheapa maidir le teoiric na haiteachta agus an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm í. Cé gur féidir a áiteamh gur cur chuige *en vogue* é a d’eascair as an acadamh Meiriceánach agus Francach, cuireann sé ar fáil dúinn pointí ar leith iniúchta don chritic liteartha. D’eascair an scoil chritice seo as gluaiseacht shaoradh phobal na homaighnéasach agus as frithchultúr an iarthair sna seachtóidí, mar a léiríodh, agus tháinig sé chun cinn san acadamh sna hochtóidí i leith. Is éard a tharla, dá bharr sin, ná gur tháinig spáis chritice chun tosaigh, cultúr liobrálach ó thaobh na collaíochta de, a d’eascair as saoradh na homaighnéasachta. Sa chéad chaibidil eile, déanfar iarracht láimhseáil théamach a dhéanamh ar an gcúlra critice is staire a suíonn litríocht na Gaeilge ann. Toisc go bpléann téacsanna liteartha an tráchtais seo le téamaí agus le hábhair nua, is gá iad a shuíomh go soch-chultúrtha agus an aiteacht, an homaighnéasacht agus an chollaíocht a chioradh. Ach an bhfuil an cineál seo critice feiliúnach nó úsáideach i dtéarmaí na

hÉireann? Sa chéad chaibidil eile breathnófar ar an gcomhthéacs critice agus cultúrtha. Mar a phléifear i gcaibidil a dó agus a trí, tháinig athruithe móra sochaíocha chun cinn in Éirinn ó aimsir na hathbheochana i leith. Thug an mheanma nua liobrálach seo deiseanna do scríbhneoirí na Gaeilge téamaí agus ábhair nua a phlé. Is sa chomhthéacs seo a chuir ár mbeirt scríbhneoirí, Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh, tús lena ngairm mar scríbhneoirí comhaimseartha Gaeilge.



## 2. An Comhthéacs Critice agus Staire

### 2.1 Féiniúlacht an Ghaelachais agus an Homaighnéasacht

Ó ré na hAthbheochana... Bhí rómánsachas an 19ú haois ann fós ach díbríodh é sin le teacht na réabhlóide gnéasaí ar an bhfód sna seascaidí. Tháinig aibiúlacht úr i saothrú na Gaeilge, go mór mhór i gcás an ghrá mar ábhar scéalaíochta. Agus na seachtóidí i réim feictear go raibh an litríocht ag druidim i dtreo na réaltachta sóisialta. (Uí Anluain 1994: 15)

Sa saothar seo, breathnaítear ar na hathruithe a tháinig ar litríocht na Gaeilge agus an chaoi ar tháinig compord nua i láimhseáil téamaí collaí. Déantar é seo a fhrámú i dtaca le beirt scríbhneoirí Gaeilge, Cathal Ó Searcaigh agus Micheál Ó Conghaile. Faoi mar a phléann Uí Anluain (ibid.) thuas é, is léir go ndeachaigh claochluithe móra sóisialta i bhfeidhm ar nualitríocht na Gaeilge. Mar a phléann Nic Eoin (2005) ina léirmheas ar *Languages of the Night: Minor Languages and the Literary Imagination in Twentieth-Century Ireland and Europe*, is fiú mionscagadh a dhéanamh ar ghluaiseacht na nualitríochta mar ghluaiseacht shóisialta agus an litríocht a phlé i gcomhthéacs pholaitíochta na teanga agus an duine trí chéile (ibid.). Mar sin, déanfar moladh Nic Eoin a chur i bhfeidhm agus i gcomhthéacs na staire san aonad seo. Faoi mar a phléann Conrad (2001), tá seasamh ciotach ag an homaighnéasacht i stair na hÉireann (ibid., 125). Le daoine ar nós Oscar Wilde, Roger Casement, Eva Gore-Booth agus Kate O'Brien le feiceáil i stair shóisialta agus pholaitiúil na tíre seo san fhichiú haois, measann Conrad go bhfuil míchompord ann i dtaobh na homaighnéasachta agus an ghaelachais nuair a chuirtear le chéile iad (ibid., 125). An rud atá i gceist leis an nGaelachas ná cultúr na hÉireann agus cultúr na Gaeilge san áireamh. Mar sin féin, má táthar chun *Quare Theory* a phlé i gcomhthéacs litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, ní mór súil a chaitheamh ar an aiteacht agus ar an gcollaíocht i stair na tíre seo. Is léir go bhfuil an homaighnéasacht, mar fhéiniúlacht chollaí, mar ghné an-spéisiúil i scéal na hÉireann ó thaobh na collaíochta de. Maíonn Lacey (2008) nach minic a dhéantar trácht ar Éirinn nó ar an nGaelachas i dtéacsanna staire na homaighnéasachta (ibid., 6). Stair chasta atá i gceist leis an homaighnéasacht in Éirinn; ó dhaoirse go saoirse, ó phríosún go pósadh, feictear go bhfuil seasamh ar leith ag an neamhnormatacht i sochaí na hÉireann. Ach cén fáth a bhfuil seasamh ciotach ag an gcineál seo collaíochta i

dtéarmaí na hÉireann? Cén fáth a mbeadh údar inmí ann i leith collaíochta ar an gcéad dul síos? Breathnófar anois ar chúlra na homaighnéasachta in Éirinn. Is léir gur de réir a chéile a rinneadh aitiú ar spás cultúrtha na collaíochta in Éirinn.

Maíonn Kieran Rose (1994) in *Diverse Communities: The Evolution of Lesbian and Gay Politics in Ireland* go raibh an homaighnéasacht faoi chois ag rialtas na Breataine in Éirinn (ibid., 2). Dá bharr, níl mórán scríofa ag mórán stairithe Éireannacha mar gheall ar stair na homaighnéasachta in Éirinn sular thug siad faoin ábhar sna seachtóidí, rud a léiríonn scéal na cinsireachta in Éirinn le linn an fhichiú haois i gcoitinne (ibid., 8). Pléann Ferriter in *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland* (2009) an chaoi a raibh an chollaíocht i gcónaí faoi chois na reachtaíochta agus na hEaglaise Caitlicí. Cíorann sé, ach go háirithe, ceisteanna a bhaineann leis an homaighnéasacht, an ginmhilleadh agus an colscaradh. Measann sé go seasann Éire amach mar thír a rinne a seacht ndícheall chun an chollaíocht a choinneáil réidh (ibid., 6). Rinneadh balbhú ar leith ar chollaíocht na homaighnéasachta firinne go háirithe trí mheán na reachtaíochta. I gcodarsnacht lom le stair na mban agus an chine ghoirm, fágadh an homaighnéasacht ar an trá fholamh gan rochtain aici ar stair nó ar fhéiniúlacht dhocht dá pobal (ibid.). Mar sin féin, is féidir teacht ar scéal áirithe den homaighnéasacht agus de phobal na haiteachta in Éirinn trí shúil a chaitheamh ar chlaochluithe sóisialta a tháinig chun cinn in Éirinn ó ré an fhrithchultúir i leith. Feictear gur tháinig athrú meoin i réim sna seachtóidí ar aghaidh ó thaobh saoirse collaíochta agus féiniúlachta de. Is léir, mar sin, go raibh sochaí na hÉireann ag glacadh le féiniúlachtaí iolracha seachas féiniúlacht Ghaelach amhin ina sochaí agus go raibh toradh na gluaiseachta sin le feiceáil go ginearálta. Mar chultúr ann féin, d'athraigh meon an phobail i leith an chultúir dhomhanda de, rud a bhí le feiceáil dar le O'Leary (2011) nuair a tháinig athrú suntasach ar céard is Gael ann (ibid., 46). Cé go sainmhínítear an aiteacht mar fhéiniúlacht gan sainmhíniú, feictear go ndearnadh cuid mhór iarrachtaí féiniúlacht homaighnéasach fhireann nó aerach a bhunú in Éirinn trí ghníomhaíochtaí áirithe sóisialta agus polaitiúla. D'eascair iarrachtaí chun an fhéiniúlacht seo a shárú as gluaiseacht phobal na homaighnéasach. Fiú i láimhseáil na haiteachta, glactar leis gur constráid shóisialta í an chollaíocht, agus go dtagann an aiteacht salach air féin trí dhéanamh an téarma sin, feictear fós gur chuir gluaiseacht shaoradh na homaighnéasach scoil theoriciúil na haiteachta chun cinn. Chuir an ghluaiseacht seo tuiscintí nua agus

ceisteanna nua os comhair an phobail. Pléifear thíos, mar sin, teacht in inmhe phobal na homaighnéasach in Éirinn sa ré comhaimseartha agus an spás nua cultúrtha inar tháinig an aiteacht chun cinn.

Athruithe socheacnamaíocha agus cultúrtha sna seascaidí ba chúis le hathrú mheon na hÉireann i ngeall ar chúrsaí éagsúla cultúrtha, eacnamaíocha agus cinsireachta (Rose 1994: 10). Bhí ceisteanna moráltachta, an homaighnéasacht agus an aiteacht ina measc, faoi chaibidil sna hochtóidí déanacha agus sna nóchaidí luatha timpeall na tíre. I measc gluaiseachtaí frithchultúir sóisialta eile sna seascaidí a bhí ar an bhfód (gluaiseacht na mban agus na gceart sibhialta ó thuaidh), is léir go raibh an tuairim pholaitiúil shóisialta ag dul i gcoinne an *status quo*, nó noirm ar leith a bhí inghlactha sa phobal mór. Feictear go rabhtas ag dul i gcoinne an choimeádachais shochpholaitiúil agus na homafóbachas a bhí le feiceáil i reachtaíocht an Stáit. Tar éis cás cúirte a chuaigh i gcoinne reachtaíochta seanbhunaithe, ba léir go raibh seasamh na hEaglaise mar fhórsa cinniúnach i bhfrámú na tíre mar náisiún piúratánach coimeádach (ibid., 36). Pléann Cronin (1998) an Eaglais Chaitliceach agus conas a rinneadh iarrachtaí an mhoráltacht a choinneáil slán ó fhórsaí gallda. Dar leo beirt go raibh sé mar aidhm ag an Eaglais Chaitliceach sochaí nua-aimseartha, le moráltachtaí Angla-Mheiriceánacha Protastúnacha a chothú (ibid., 89). Dá bharr sin, bhí an coimeádachas á mholadh go hoscailte ag an Eaglais i dtréimhse thar a bheith ciotach le linn luathbhlianta bhunú an Stáit (ibid.). Soiléiríonn Cronin go raibh Poblacht nuabhunaithe na hÉireann de chuid an fichiú haois i gcodarsnacht le cuspóirí cultúrtha na hEaglaise ón naoú haois déag, rud a phléann O’Leary (2011) chomh maith (ibid., 46). Chothaigh sé seo folús cultúrtha féiniúlachta nár réitigh go hiomlán compordach le meon na hÉireann faoi mar a phléann Ní Chualáin (2013) ina tráchtas dar teideal *Siocracha Peaca: Téamaí an Chaidrimh agus an Ghnéis i Saothar Phádhraic Óig Uí Chonaire agus Mháirtín Uí Chadhain*, na slite ina raibh tionchar ag an bhfolús cultúrtha seo ar léiriú na collaíochta mar ábhar liteartha:

Le fírinne, bhain an défhiús ní hamháin le cúrsaí litríochta ach le gnéithe eile de shaol na tíre. Ina shaothar *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland* (2009), léiríonn an stairí Diarmaid Ferriter an difríocht mhór a bhí idir an reitric a úsáideadh faoi chúrsaí gnéis in Éirinn san aois seo caite agus an cás mar a bhí i ndáiríre (2009: 6). Cíorann sé ceist an ghnéis in Éirinn

ag tús na haoise seo caite i gcomhthéacs an nua-aoiseachais, lenar samhlaíodh údar an uile oile, a bhí ag scaipeadh ar fud na hEorpa. Le linn bhlianta luatha an tSaorstáit bhí tuairim láidir ann go raibh an mhoráltacht ó thaobh chúrsaí gnéis sa tír agdul i léig agus go raibh gá dul i ngleic leis an bhfaillí sin. (ibid., 13)

Ceann de na hinstiúidí ba mhó a bhí laistigh de ghréasán smachta na hEaglaise ná an t-aonad teaghlaigh dar le Conrad (2011). Bhí an Eaglais, trí mheán na reachtaíochta agus trí mheán Bhunreacht 1937 (ibid., 125), ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an aonad teaghlaigh a mholadh mar uirlis a chinnteodh róil inscne agus caidrimh núicléacha na hÉireann (Tolson 2004: 72). Toisc go raibh cultúr an phá i réim seachas obair sa bhaile, bhí fir agus mná in ann maireachtáil taobh amuigh den teaghlach núicléach gan a bheith ag brath ar an aonad teaghlaigh (Kinsman 2004: 171). Mar thoradh air sin tháinig saoirse chun cinn, saoirse a thacódh le gluaiseacht phobal na homaighnéasach agus na haiteachta agus a n-iarrachtaí ar fad. Maíonn Conrad (2004) gur tháinig an t-aonad teaghlaigh le chéile i gcultúr na hÉireann chun smacht a choinneáil ar an heitrihgnéasacht agus an chollaíocht chomh maith anuas ar smacht na dteaghlach núicléach (ibid., 4). Chuir céimlathas (*hierarchy*) seo an chreidimh Chaitlicigh, anuas ar lámh in uachtar na Breataine sa séú agus sa seachtú haois déag, tús le stádas seasmhach an aonaid teaghlaigh i gcoitinne (ibid., 4-5). Mar thoradh air sin, ba léir go raibh an náisiúnachas tíre ag díriú ar an rófhireannú (*hypermasculinisation*) chun patrarcacht na tíre a chaomhnú. Anuas air sin bhí an ghluaiseacht ag iarraidh pobal na homaighnéasach agus na haiteachta a choinneáil i ndaoirse. Pléann Conrad (2001) seo i gcomhthéacs Rose (1994) agus í ag breathnú go cruinn ar an nasc idir an náisiúnachas cultúrtha agus polaitiúil, an teaghlach agus an homaighnéasacht:

Rose situates the nationalist response as part of the more general *zeitgeist* of homophobia without closely examining the interrelationship of homophobia, colonialism and nationalism... Keeping in mind the conflation of heterosexual maleness and “aggressive masculinity” as ideals were forming in this period, it is important to note the both the British colonial powers and the Irish nationalists were using the same language of “masculinity” and that both wrote homosexuality as a kind of foreign “pollution”... The concept of the homosexual as the foreign at home, the free-floating moral contaminant, reveals a profound anxiety both about national borders and about sexual identities. (Conrad 2001: 127)

Ba léir go raibh nasc idir an náisiúnachas agus an coimeádachas ag tús bhunú an Stáit. Le hais na hEaglaise Caitlicí, bhí dúsháin mhóra le sárú ag éinne a raibh mianta collaí

neamhnormatacha acu. An imní mhór a bhí ann ná go raibh bagairt dhíreach ar fhearúlacht na tíre. Rinneadh iarrachtaí, mar sin, an homaighnéasacht a thiontú ina galar leighis nó ina galar síciatrach. Ionas go bhféadfaí ciall a dhéanamh den homaighnéasacht agus den aiteacht, bhíothas ag iarraidh teacht ar shlí a mbeifí in ann an homaighnéasacht a bhainistiú go cultúrtha agus teorainn an spáis a choinneáil socair. Sa mhullach air sin, cuireadh pionóis mhóra orthu siúd a bhí náisiúnach, Gaelach agus ait. Sháraigh iad siúd rialacha na féiniúlachta. Déanfar anois scagadh sa chéad aonad eile ar an gcaoi ar caitheadh leo siúd a bhí homaighnéasach, ait agus Gaelach. Ina dhiaidh sin, breathnófar ar na bealaí a tiontaíodh an homaighnéasacht ó ghalar leighis go díoscúrsa eipidéimeach. Tagann ceisteanna móra chun solais i dtaca leis an spás cultúrtha agus an t-aitiú a rinneadh air i gcaitheamh na tréimhse seo.

## **2.2 From foreign hands: An Aiteacht, an Gaelachas agus SEIF**

Cuireadh tús le mionstaidéar síceolaíoch ar an homaighnéasacht go hidirnáisiúnta thart ar 1869 nuair a tháinig réimsí a bhí dírithe ar an gcollaíocht chun cinn agus dochtúirí ag cuardach leighis do ghalar na homaighnéasachta (Haggerty 2000: Alt 1). Pléann Lacey (2008) in *Terrible Queer Creatures* an chaoi ar cuireadh milleán ar thionchair ghallda nuair a bhí an homaighnéasacht ghaelach i gceist (ibid., 215). Rud a tháinig ó “foreign hands” a bhí ann (ibid). Feictear, dá thoradh, go raibh impleachtaí áirithe i gceist leis an gclaonadh collaíochta seo. Chun go ndéanfaí an fhadhb seo a chur ina ceart, is léir go raibh rialtais éagsúla ag iarraidh tacú le hiarrachtaí na ndochtúirí a bhí ag tabhairt aghaidh uirthi sa raon poiblí. Mar sin, ní mór súil a chaitheamh ar na cúiseanna a bhí taobh thiar de chosc dlí na homaighnéasachta ionas go bhféadfar iad a shuíomh i ngluaiseacht an náisiúnachais a bhí faoi bhláth timpeall na hEorpa le linn na tréimhse sin.

Beifear ag súil, ina dhiaidh sin, le tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcaoi a raibh seasamh rialtas na hÉireann á chinntiú aige i gcomhthéacs na homaighnéasachta trí mheán na reachtaíochta. Léiríonn cuid de na samplaí seo an chaoi a gcaití leis an homaighnéasacht agus leo siúd a bhí ag plé leis an aiteacht ina saol príobháideach. Dúshlán mór le sárú atá anseo don taighdeoir ós rud é nach bhfuil fáil cheart ar an gcineál seo staire ach i dtéarmaí an smachta (pionóis, dlí, reachtaíocht) nó i ndialanna

pearsanta éagsúla ar thángthas orthu i gcaitheamh na haimsire (Rose 1994: 9). Mar sin féin, is féidir creatlach scéil a fheiceáil i stair na haiteachta agus na homaighnéasachta ó aimsir bhunú an Stáit i leith agus an spás nua cultúrtha a bhí ag eascairt as roinnt chlaochluithe sóisialta.

Nuair a bunaíodh Poblacht na hÉireann mhol Ardeaspag Bhaile Átha Cliath gur “...disorder and an affliction...” é an homaighnéasacht (Rose 1994: 27). Bhí sé seo i gcodarsnacht leis an mBreatain Mhór, áit a raibh tuairim níos láidre ann trí phionós an bháis a chur i bhfeidhm orthu siúd a raibh caidrimh homaighnéasacha acu (Conrad 2004: 5). Chruthaigh an homaighnéasacht míchompord in Éirinn toisc go ndeachaigh sí i gcoinne chórais éagsúla shóisialta is phatrarcacha. Chothaigh an homaighnéasacht inní ghinearálta i measc na sochaí ar fad faoi mar a mhíníonn Rose (ibid., 7). Bheadh ar Éirinn conspóidí a bhainfeadh le cúrsaí homaighnéasachta a sheachtaint toisc go léireofaí “...further evidence of Irish “disorder” and depravity...” (ibid., 25). Iarracht a bhí ann chun gaelachas glan néata a chothú agus chun an míchompord a bhain leis an homaighnéasacht a sheachaint. Cinnteacht féiniúlachta a bhí ag teastáil go géar ó phobal na hÉireann ionas go mbeadh sí in ann í féin a chosaint. Maíonn Conrad (2004) go raibh an inní áirithe seo le feiceáil go háirithe sa chaoi ar caitheadh solas ar shodamach de chuid an Stáit:

...male homosexuality was seen to threaten not only the reproduction of bodies but the system of alliances between men, providing affective bonds and allegiances that might undermine ...[the] public sphere ...The social controls exercised upon sexuality were given further discursive support as the nineteenth century saw the rise of psychological discourse that described inappropriate female behaviours as “hysteria”. (Conrad 2004: 7)

Feictear an chaoi a ndearnadh iarrachtaí an homaighnéasacht a cháineadh ó thús an naoú haois déag agus an spás cultúrtha a bhain léi a cháineadh go trom. Bhí scéalta éagsúla i dtaobh na homaighnéasachta agus na haiteachta de le cloisteáil ó iriseoirí na hÉireann, go háirithe, agus dá thoradh ba léir gur forbraíodh an náisiúnachas cultúrtha agus polaitiúil le linn ré thar a bheith homaföbachach i stair na tíre (Rose 1994: 6). Feictear go raibh an claonnadh collaí seo ag cruthú deacrachtaí móra. Chruthaigh Roger Casement, gníomhaire agus polaiteoir, deacrachtaí áirithe do ghluaiseacht na saoirse toisc gurbh iad an aiteacht agus an homaighnéasacht cúis a chuid trioblóidí. Gael ab ea Casement a bhí sásta a shaol a chaitheamh agus a íobairt ar son chúis na saoirse, ach

níor caitheadh i gceart leis toisc gur cuireadh ina leith gur homaighnéasach é. Is díol spéise é Casement toic gur ghlac sé le spás cultúrtha an náisiúnachais ach ba spás é ar imigh sé uaidh de dheasca a chlaonta chollaí.

Pléann Brian Lacey, stairí sóisialta, scéal Casement in *Terrible Queer Creatures: A History of Homosexuality in Ireland* (2004). Is mar thírghráthóir den chuid is mó a chuimhnítear ar an duine seo de réabhlóidithe na hÉireann, ach le hais a iarrachtaí chun saoirse a bhaint amach d'Éirinn, cuimhnítear ar Casement mar homaighnéasach ar tarraingíodh conspóid mhór air. Rugadh Casement in 1864 i gCúige Uladh agus cé gur ag feidhmiú ar son na Breataine agus na hImpire a bhí sé ar dtús báire, de réir a chéile bhí sé go hiomlán i bhfábhar Éire a bheith neamhspleách (Foster 2014: 97). B'ábhar inní é do ghluaiseacht an náisiúnachais nuair a tháinig a chuid dialann pearsanta chun solais. Léiríodh iontu go raibh dúil ag Casement i ngníomhaíochtaí collaí homaighnéasacha. Phléigh Casement an chrúsáil (*cruising*) ina chuid dialann; an modh teagmhála collaí d'fhir homaighnéasacha faoin aer (Lacey 2004., 208). Gabhadh Casement as ardréas tíre ach ní de thoradh ar a thuairimí nó a ghníomhaíochtaí polaitiúla. Ba le linn na trialach a scaoil *Scotland Yard* na dialanna leis an bpobal le míchlú a tharraingt air (Aldrich agus Wotherspenn 2001: 269). Dá bharr sin, is féidir a áiteamh go raibh an aiteacht i gcónaí mar ghné dhiúltach i dtaobh an náisiúnachais agus cothaíodh deacrachtaí don ghluaiseacht sin dá bharr. Úsáideadh a mhianta colla príobháideacha go poiblí toisc nár chloígh sé le féiniúlacht cheart Ghaelach. Mar sin féin, is díol spéise é go raibh dúil chomh mór sin i mianta an pholaiteora. Pléadh a mhianta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar a léiríodh thuas, ag cur in iúl dúil an phobail i spás ait a ghlac an fear seo i scéal an náisiúin. Pléann Foster (2014) thíos an chaoi a ndeachaigh conspóid Casement i gcoinne cuid mhór d'aidhmeanna an tSaorstáit nua:

One reason why the question of Casement's homosexuality remained electric was that on at least two high-profile occasions previous homosexual scandals in Ireland had involved officials in Dublin Castle, in 1882 and 1907; the other famous case was of course that of Oscar Wilde's prosecution in 1895. The assumption could be made, in puritanical Irish nationalist circles, that homosexuality was a vice peculiar to imperial rulers, or to those corrupted by predatory aesthetes in decadent London. (Foster 2014: 94)

Chuir conspóid Casement go mór leis an inní agus an míchompord a bhí le brath faoin gcollaíocht homaighnéasach in Éirinn ag tús an chéid seo caite. Feictear gur glacadh leis an homaighnéasacht mar fhadhb Angla-Éireannach agus creideadh nach raibh an homaighnéasacht ina fadhb Ghaelach. Iarracht shoiléir a bhí i gceist anseo chun an gaelachas a choinneáil néata mar spás cultúrtha ann féin. Ní raibh réabhlóidithe eile na hÉireann sásta gur leis an réabhlóidí áirithe seo na dialanna a threisigh an tuairim dhiúltach a bhí ann faoi chollaíochtaí neamhnormatacha (Lacey 2002: 211). Ba léir nach raibh réabhlóidithe na tíre sásta glacadh le dialanna Casement toisc go dtiocfadh sin salach ar a gcuid aidhmeanna; tír Chaitliceach shaor a bhunú gan smál na Breataine, nó gan smál na homaighnéasachta, uirthi. Ní raibh áit ann don homaighnéasacht toisc nár luigh sí go néata le coinníollacha cráifeacha na hEaglaise, Eaglais a bhí mar ghné lárnach i ndéanamh an phobail Ghaelaigh. I ndeireadh thiar, cuireadh Casement chun báis agus é imeallaithe óna chomrádaithe, ón eaglais agus ó rialtas na Breataine, fiú. Dhíol Casement go daor as a mhianta príobháideacha. Dá nglacfaí le Casement mar dhuine homaighnéasach, chruthófaí fadhbanna don Bhreatain agus d'Éirinn agus shéan an dá thaobh é dá bharr. Pléann Conrad (2004) gur cuireadh Casement ar ais sa chófra agus gur mhol idir Shasanaigh agus Éireannaigh gur fadhb ghallda a bhí ina homaighnéasacht (ibid., 27).

Mar sin féin, ba léir go raibh claonadh áirithe ann chun an homaighnéasacht a chur i gcatagóirí faoi leith; mar choir, mar ghalar nó mar pheaca (Aldrich agus Wotherspenn 2001: 9). Léiríonn scéal Casement an chaoi ar caitheadh leis an homaighnéasacht ó bhunú an Stáit go dtí na nóchaidí nuair a rinneadh gníomhaíocht collaí idir beirt fhear dleathach den chéad uair. Ní raibh an tír sásta glacadh leis an homaighnéasacht mar chlaonadh inghlactha nádúrtha ach rinneadh é a shuíomh go trioblóideach agus go fadhbach. Go cultúrtha agus i gcomhthéacs an leighis, bheadh constaicí móra fós le sárú ag an aiteacht agus an homaighnéasacht nuair a nascfaí an chollaíocht leis an ngalar SEIF.

Eipidéim a bhí in SEIF (Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte) nó *AIDS* a aithníodh den chéad uair in Éirinn sna hochtóidí sa chéad seo caite. Víreas tógálach trí mheán fola agus sreabháin choirp atá in SEIF. Glactar leis gur féidir an víreas a fháil trí mheán gníomhaíochtaí áirithe collaí. Thrasnaigh an eipidéim catagóirí éagsúla inscne agus



féiniúlachta ach spreag sí inní mhóralta agus leighis i measc mhuintir na tíre i dtaobh na homaighnéasachta. Nuair a tháinig SEIF chun cinn sna hochtóidí mar víreas de chuid an phobail, cuireadh tús as an nua le feachtais phoiblí a chuir pobal na homaighnéasach ar an imeall (Rose 1994: 22). Galar síciatrach nó peaca a bhí sa homaighnéasacht roimh dheireadh an naoú haois déag, ach le linn na n-ochtóidí bhí galar ceart leighis ag an bpobal agus milleán á chur aige ar an aiteacht. Ba dheis í an eipidéim, chomh maith, chun pobal na homaighnéasach a thógáil trí mheán an oideachais agus na sláinte. Feictear gur tharraing víreas an pobal le chéile ar deireadh agus gur treisíodh líon a mball ó shin. Sa bhliain 1985 a bunaíodh *Gay Health Action* (GHA) in Éirinn le pobal na homaighnéasach sa tír a chur ar an eolas faoin víreas lena bhfeachtais oideachais agus chun úsáid coiscíní a mholadh. Pointe tábhachtach i ndéanamh an phobail a bhí ann a lig do dhaoine aite paimfléid agus eolas mar gheall ar ghníomhaíochtaí sábháilte collaí a fhógairt agus a scaipeadh ar fud na tíre. Den chéad dá bhliain den eipidéim in Éirinn, ba é an GHA an t-aon eagraíocht a bhí ann don ghalair SEIF (ibid., 24). Galar gallda a bhí ann, ach galar a bhí ann a chothaigh pobal na homaighnéasach. Feictear arís eile, spásanna cultúrtha ag athrú ó bhonn de bharr cúinsí polaitiúla agus sóisialta.

Feictear go follasach an chaoi ar ghlac an homaighnéasacht spás ciotach i stair agus i scéal na hÉireann roimh bhunú an Stáit. Go cultúrtha, go polaitiúil agus go náisiúnta, bhí an homaighnéasacht agus an aiteacht ina bhfadhbanna móraltachta sóisialta. Cruthaíodh spásanna nua cultúrtha ina raibh an t-aitiú mar chuid de, spásanna nár glacadh in aon chor leo. De réir a chéile a thuig muintir na hÉireann nach raibh cothrom na Féinne á thabhairt do phobal na homaighnéasach ach tháinig feabhas ar sheasamh an phobail áirithe sin de réir a chéile. Breathnófar sa chéad chuid eile den aonad seo ar shaoradh agus ar shaoirse phobal na homaighnéasach in Éirinn agus an ghluaiseacht a chonacthas sa tír.

### **2.3 Cearta Phobal na Homaighnéasach in Éirinn**

...the legal acceptance of gays and lesbians has increased at an impressive rate. In the Republic [of Ireland], the final step in the decriminalization of male homosexuality in June 1992 was, according to gay activist Kieran Rose, “enthusiastically welcomed in both Houses of the

Oireachtas"... This bill was the result of over twenty years of gay rights advocacy...(Conrad 2004: 23)

Chaith cás cúirte an scríbhneora Oscar Wilde solas ar an homaighnéasacht mar chollaíocht nuair a cúisíodh é in 1895 (Savoy 1995: 294). In áit an tsodamaigh, cuireadh homaighnéasaigh i gcatagóirí uilíocha agus bhí mianta seachas an gníomh collaí mar chuid den chatagóiriú sin. I gcaitheamh na mblianta, mar a áitíonn Conrad (2004), tháinig athrú ar áit na homaighnéasachta in Éirinn go sóisialta agus go cultúrtha. Faoi mar a míníodh cheana, chaití leis an homaighnéasacht mar ghalar agus mar choir. Ach tháinig deireadh le coiriúlú gníomhaíochtaí collaí na homaighnéasachta agus na haiteachta go hoifigiúil sna nóchaidí tar éis cuid mhaith oibre a bhí ar bun ag eagrais éagsúla agus polaiteoirí a throid ar son chearta daonna a bhain leis an tsaoirse chollaí. Rinneadh aitiú ar an spás collaí cultúrtha ó bhonn. Ach cén chaoi ar tháinig an t-athrú poirt seo i dtír ar scéal na homaighnéasachta? Déantar iarracht san aonad seo mapáil a dhéanamh ar ghluaiseacht na homaighnéasachta in Éirinn, go háirithe sa chomhthéacs comhaimseartha, agus an liobrálú a tháinig i réim lena linn. Feictear, dá bharr, an chaoi ar tháinig athrú suntasach ar stádas na homaighnéasachta in Éirinn ó ghníomh faoi chosc sa raon poiblí go dtí an raon príobháideach ina mbeadh meas ar phríobháideachas collaíochta beirte beag beann ar thuairim an phobail (Conrad 2004: 47). Feictear gur tháinig spás nua chun cinn, spás nua cultúrtha agus sóisialta, a chuir fáilte roimh chlaontaí difriúla collaí.

Tháinig athruithe móra soch-chultúrtha chun cinn ó na seascaidí i leith ar fud na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh. Ba as sin a d'eascair tuairimí agus athrú meoin faoin gcollaíocht agus faoin homaighnéasacht chomh maith. Spreag gluaiseachtaí na gceart sibhialta i Meiriceá gluaiseacht na homaighnéasachta in Éirinn agus i gcéin. Tháinig gluaiseachtaí áirithe faoi bhláth sna seascaidí, a d'fhógair go neamhbhalbh saoirse na collaíochta agus a rinne iarrachtaí féiniúlachtaí cultúrtha bunaithe ar an gcineál seo collaíochta a bhí neamhnormatach a bhuanú (Higgs 1999: 6). Ghríosaigh eachtraí áirithe sna Stáit Aontaithe gluaiseacht na homaighnéasachta agus na haiteachta ar aghaidh in Éirinn, go háirithe tar éis Chíríbeacha Stonewall (*Stonewall Riots*) sa bhliain 1969. Is ina dhiaidh sin a spreagadh misneach i ngluaiseacht na homaighnéasachta agus na haiteachta. Ach cén tábhacht a bhain leis na Círíbeacha agus céard go díreach a tharla lena linn? Céim amháin chun tosaigh a bhí iontu do

shaoirse na haiteachta in Éirinn agus beidh toradh na n-imeachtaí le sonrú amach anseo ar shaibhreas liteartha na Gaeilge.

Thit Círíbeacha Stonewall, Nua-Eabhrac, amach sa bhliain 1969 agus ba bhuaicphointe ghluaiseacht na homaighnéasachta agus na haiteachta ar fud Mheiriceá Thuaidh iad (Rose 1994: 4-5). Ba de thoradh an chuardaigh, a shocraigh póilíní na cathrach ag club aerach ar Shráid Christopher, a cuireadh tús le gluaiseacht idirnáisiúnta do chearta cothroma na homaighnéasachta agus na haiteachta. Le linn na gCíríbeacha, chonacthas bainrionacha draig ag troid go fisiciúil i gcoinne phóilíní na cathrach tar éis do na póilíní cuardach randamach a dhéanamh. Tar éis do na Círíbeacha cuid mhór clú a tharraingt ar phobal na homaighnéasach i Meiriceá Thuaidh, tháinig grúpa chun cinn leis an bpobal a eagrú agus a bhainistiú i gceart. Ba as Círíbeacha Stonewall a tháinig an GLF (*Gay Liberation Front*) ar an bhfód agus ba mhór an tionchar a bhí ag na gluaiseachtaí sin ar Éirinn.

Bheadh ar ghluaiseacht chearta na homaighnéasachta cuid mhór constaicí a shárú go fóill, áfach, le saoirse a bhaint amach. Is le linn an Chogaidh Fhuair, tréimhse ina raibh *McCarthyism* faoi bhláth, a tháinig coiméadachas sóisialta agus polaitiúil i réim (Aldrich agus Wotherspenn 2001: 10). Tháinig dlíthe éagsúla coiméadacha i bhfeidhm a chuir bac agus srian ar phobal na homaighnéasach; Airteagal 175 den chód coiriúil sa Ghearmáin; le linn ré Vichy sa Fhrainc; sa Bhreatain; agus in Éirinn chomh maith (ibid.). Mar sin, is léir gur dhearcadh an iarthair a bhí ar fáil ar fud na hEorpa le linn an ama. Mar gheall ar thionchar Chíríbeacha Stonewall tháinig iarrachtaí móra leis an homaighnéasacht a shaoradh chun tosaigh in Éirinn. Faoi mar a mhíníonn Conrad (2004), bhí Kieran Rose den tuairim go raibh tionchar na Breataine ar fáil i homafóbachas na hÉireann agus gur ghné faoi leith é den iarchóilíneachas (ibid., 24). Is é sin, go raibh an náisiúnachas, a bhí faoi bhláth in Éirinn go háirithe ag tús an chéid seo caite, ag baint leasa as tuairimí dochta na Breataine agus an homaighnéasacht i gceist (Conrad 2001: 126). De réir a chéile a tháinig feabhas nach beag ar an gceist go háirithe nuair a dhírigh ceannaire nua de chuid an phobail, David Norris, ar an gceist.

Ní raibh David Norris, léachtóir de chuid Choláiste na Tríonóide, sásta le seasamh dleathach agus sóisialta na homaighnéasachta in Éirinn agus é ag teacht i réim sna hochtóidí. Agus é mar iarchathaoirleach ar *The Irish Gay Rights Movement*, agus ball de chuid *The National Gay Federation*, chuir Norris a chuid scileanna intleachtúla agus acadúla in iúl don phobal. Shocraigh sé ar an Stát a thabhairt chun na cúirte as dlíthe Briotanacha (1861: *Offences Against the Persons Act* agus 1885: *Criminal Law Amendment Act*) a chur i bhfeidhm ar fhir homaighnéasacha a throid (Conrad 2004: 48). Dar leis go raibh na dlíthe seo míbhunreachtúil agus ag dul i gcoinne airteagal a daichead, cuid a haon agus cuid a trí de Bhunreacht na hÉireann a bhaineann le bunchearta an tsaoránaigh Éireannaigh. Díreach mar a léireofar, ba mhór iad na deacrachtaí a bheadh i ndán do phobal na homaighnéasach chun saoirse a bhaint amach mar ba cheart. Déanann Rose (1994) machnamh ar na príomhdhúshláin a bhí roimh ghníomhairí polaitiúla a bhí ag troid ar son chearta phobal na homaighnéasachta (ibid., 3). Ní raibh mórán acmhainní ag an bpobal agus bhí an pobal beag go leor. Theastódh cuid mhór tacaíochta ón bpobal dá mbeadh cearta pobail uathu.

Bhí sé mar phríomhaidhm ag an eagraíocht GLEN (*Gay and Lesbian Equality Network*), a bunaíodh in 1988, cothrom na Féinne a bhaint amach do phobal na homaighnéasach agus na haiteachta. Bhí sé mar aidhm ag an eagraíocht dearcadh na hÉireann a athrú ón mbonn aníos mar gheall ar fhéiniúlachtaí collaíochta a shuigh taobh amuigh de pharaiméadair na heitrihnéasachta. Bhí céadbhunaitheoirí GLEN, daoine a d'fhás aníos le linn na seascaidí a bhí faoi thionchar an fhrithchultúir, ag iarraidh deireadh a chur le seandlíthe a chuir cosc ar ghníomhaíochtaí collaíochta homaighnéasacha. Bhí sé mar chuspóir ag an eagraíocht chomh maith tacaíocht a thabhairt don obair a bhí ar siúl ag David Norris (ibid., 4). Faoi mar a pléadh in 'The "Unmarried Mother" and Moral Politics in the Free State: Developing a Political Narrative for the History of Sexuality in Ireland' (Cronin 1998), bheadh athruithe meoin de dhíth go géar ar shochaí na hÉireann dá mba mhaith léi páirt a ghlacadh i ré nua-aoiseach nua-aimseartha (ibid., 91). Bheadh an homaighnéasacht le ceiliúradh amach anseo mar chuid de stát liobrálach nua a bhí ilchultúrtha, ilghnéitheach agus comhaimseartha (Bowyer 2010: 802). Bhí an tír ag athrú, agus ag baint fhallaing na sean-laethanta di féin. De réir Inglis (2002), bhí an tír "...moving away from being a traditional Catholic... society, to becoming more secular... pluralist and cosmopolitan" (ibid., 5). Trína bhfeachtais phoiblí agus pholaitiúla, d'éirigh le GLEN cuid dá chuspóirí

a chur chun cinn i gcaitheamh na mblianta. Ba sna meáin, go háirithe, a bheadh ardán ar fáil don phobal na homaighnéasach.

Ba sna hochtóidí a tugadh cuirí do ghníomhairí homaighnéasacha páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ar an gclár teilifíse *The Late Late Show*. I ngeall air seo, dar le Rose (1994: 30), taispeánadh cé chomh himníoch agus cé chomh lag is a bhí argóintí lucht an choimeádachais a bhí i gcoinne na homaighnéasachta. Ó shin i leith, dar leis, tháinig athruithe móra chun cinn ar ghluaiseacht na homaighnéasachta toisc go raibh tuairim an ghnáthphobail ag athrú. Agus eagraíochtaí nua ag teacht ar an bhfód ar nós GLEN, polaiteoirí éifeachtacha ar nós David Norris, agus tionchar na meán cumarsáide, cuireadh tús ceart le plé oscailte maidir leis an homaighnéasacht agus an chollaíocht sna hochtóidí. Bhí an raon príobháideach i gceolár iarrachtaí David Norris (Kinsman 2004: 173):

... the campaign for [the] decriminalization [of homosexuality] in the Republic of Ireland took place over a longer period of time and sparked less concentrated public debate, the implications of which it was resolved are no less significant than those attending Northern Irish law reform. In particular, the majority decision of the Supreme Court suggested that the Irish Constitution's construction of the state and family defines the "common good" to the exclusion of the public and private freedom of gay men. Despite the many elements of his attack on the laws criminalizing male homosexuality, David Norris's eventual success ...rested solely on the extent to which the laws infringed upon his rights as a private person. (Conrad 2004: 47)

## 2.4 Dúshlán le Sárú Fós

Bhí deacrachtaí ag Poblacht na hÉireann stádas cothom na homaighnéasachta a chur ina cheart. Bunaíodh *The Lesbian and Gay Alliance* i mBaile Átha Cliath tar éis neart gearán a chloisteáil maidir le Gardaí an Stáit ag bagairt an dlí ar phobal na homaighnéasach (Rose 1994: 10-11). Bhí Gardaí Bhaile Átha Cliath i mbun fiosrúcháin maidir le dúnmharú Charles Self a bhásaigh agus é sa bhaile in 1982 (ibid., 19). Mar chuid de na fiosrúcháin, cuireadh tuairim is míle cúig chéad fear faoi agallamh, glacadh pictiúir díobh agus glacadh aithint ó mhéarloirg uathu. Sa mhullach air sin, cuireadh ceisteanna príobháideacha orthu maidir lena ngníomhaíochtaí collaí agus iarradh orthu

ainmneacha agus seoltaí baile homaighnéasach eile a thabhairt. Níor cúisíodh éinne i leith an dúnmharaithe riamh (ibid., 19).

Chuaigh cás na homaighnéasach in olcas an bhliain chéanna nuair a dúnmharaíodh fear óg a bhí amuigh ag siúl i bPáirc Fhionnradhairc (suíomh aitheanta crúsála i mBaile Átha Cliath). Chuaigh scuaine d'fhir óga sa tóir ar fhear óg darbh ainm Declan Flynn. Nuair a tháinig an dream ar Flynn, leadradh go dona é agus bhásaigh sé tamall ina dhiaidh sin. Cuireadh na pionóis ar fionraí don ghrúpa fear a d'eagraigh "...victory march in Fairview Park shouting "we are the champions"..." leis an gcás cúirte a cheiliúradh (ibid., 20). Is léir mar sin, go raibh tacaíocht institiúideach fós ar fáil dóibh siúd a bhí glan in aghaidh phobal na homaighnéasach. Léirigh toradh an cháis go raibh an Stát claonta agus nach rabhthas sásta glacadh le fianaise cheart.

Ní bhfuair David Norris an lámh in uachtar nuair a thug sé Poblacht na hÉireann chun na Cúirte Uachtaraí le seandlíthe na Breataine a throid. Bhí sé mar aidhm ag Norris cosaint bhunrechtúil a bhaint amach do homaighnéasaigh na tíre ag breathnú go háirithe ar an bpríobháideachas. Theip ar an gcás áirithe seo, toisc go raibh an caidreamh idir homaighnéasachas fireann agus an creideamh (.i. an Eaglais Chaitliceach) casta (Conrad 2004: 48-49). De réir mar a mhínigh an Tiarna Príomh-Bhreitheamh C.J. O'Higgins, "...on the grounds of the Christian nature of our state and on the grounds that the deliberate practice of homosexuality is morally wrong... It follows, in my view, that no right to privacy, as claimed by the plaintiff, can prevail against the operation of such criminal sanctions" (Conrad 2004: 49). Is léir nach mbeadh cúirteanna na hÉireann sásta géilleadh do Norris agus a chuid aidhmeanna. Mar thoradh air sin, dhírigh Norris agus a abhcóide, Mary Robinson, ar Éirinn a thabhairt go dtí an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) sa bhliain 1988 toisc go raibh an tír mar bhallstát de chuid Aontas na hEorpa (Haggerty 2000: 735). Dea-thoradh a bhí i ndán do Norris nuair a d'aontaigh an ECHR leis agus le Robinson nuair a mhaígh siad nach raibh de cheart ag Éirinn dlíthe den chuma sin a chur i bhfeidhm. Dar leis an gcúirt go raibh na dlíthe seo ag teacht salach ar Airteagal 8 den ECHR (Conrad 2004: 52). Dar le rialtas na hÉireann "...the moral fibre of a democratic nation is a matter for its own institutions and the Government should be allowed a degree of tolerance in their compliance" (Rose 1994: 39).

Is de réir a chéile a thug Poblacht na hÉireann aitheantas ceart do homaighnéasaigh na tíre. Ba i mí na Samhna, 1989 nuair a cuireadh leasuithe i bhfeidhm agus a scríobhadh an Bille um Chosc ar Ghríosaitheach Fuath (*The Prohibition of the Incitement of Hatred Bill*), a thug cosaint do homaighnéasaigh agus don lucht siúil i dtaobh an idirdhealaithe (ibid., 42). Léirigh an reachtaíocht seo go raibh cosaint de shaghas éigin le fáil in Éirinn agus go raibh tuairimí an phobail ag láidriú ina taobh.

Bhí iarrachtaí móra le brath timpeall an domhain mhóir i gcoitinne roimh dheireadh na haoise seo caite i leith na héagsúlachta agus na homaighnéasachta. Bhí gluaiseachtaí agus feachtais chultúrtha a bhí dírithe go hiomlán ar chothromaíocht insneach, an chine agus na collaíochta faoi bhláth agus ag treisiú ó bhliain go bliain. De dheasca choimeádachas na hEaglaise Caitlicí, agus rialtais éagsúla a bhí coimeádach, moillíodh iarrachtaí na ngluaiseachtaí frithchultúir in Éirinn agus thar sáile. Mar a pléadh cheana, ba mhinic a cuireadh bac ar ghluaiseachtaí den chuma seo mar chuid den náisiúnachas. Iarracht a bhí ann le cultúr na Breataine a sheachaint trí aithris a dhéanamh air. Le himeacht ama a d'athraigh dearcadh na hÉireann i leith na homaighnéasachta agus bhí an tír in ann a háit féin a bhaint amach seachas a bheith de shíor ag iarraidh í féin a chur i gcomparáid leis an gcoilíneoir (Sasana) nó leis an Eaglais. Pléann Bowyer (2010) an náisiúnachas coimeádach traidisiúnta a bhí aonchultúrtha go hiomlán agus áit na hEaglaise Caitlicí a bhí ann sa stát nua Éireannach (ibid., 803). Rianaíonn Bowyer go raibh coimeádachas cultúrtha go mór faoi bhláth in Éirinn agus go raibh inní ann mar gheall ar thuairimí Protustúnacha i leith an cholscartha, frithghiniúintí agus ghinmhille (ibid.).

Faoi dheireadh tháinig cothromaíocht iomlán i bhfeidhm idir homaighnéasaigh agus heitrihnéasaigh i dtaobh rialacha collaíochta. Ar an 23 Meitheamh 1993, mhínigh an tAire Dlí agus Cirt, Máire Geoghegan-Quinn, go raibh sé thar am difríochtaí áirithe collaíochta a cheiliúradh seachas iad a cháineadh (ibid., 57). Athrú poirt a ghlac an Stát i leith na collaíochta. Athrú suntasach ab ea é seo i leith na homaighnéasachta in Éirinn go sóisialta ó bhunú an Stáit go díchoiriúlú na collaíochta sa bhliain 1993 nuair a ritheadh an Bille um Chionta Gnéasacha (*the Criminal Act of Sexual Offences*) (ibid., 57). Is ríléir go raibh líon mór de thíortha na hEorpa agus an iarthair ag iarraidh smacht

a choinneáil ar an gcollaíocht ag tús an chéid seo caite, ach le himeacht aimsire tháinig feabhas ar an scéal trí reachtaíocht agus trí agóidí (Cronin 1998: 95). Le teacht an aonú haois is fiche a bhí cothromaíocht níos treise ag teastáil ó ghníomhairí na tíre.

## 2.5 Tabhair dom do Lámh: An Reifreann Pósta

The embrace of normal is also a prime example of antipolitical politics. The point of being normal is to blend, to have no visible difference and no conflict... If you are queer and don't want to enlist or get a marriage license, then politics is not for you. (Warner 2000: 60)

Cuireann Warner (ibid.) roimhe in *The Trouble With Normal*, go bhfuil an pósadh homaighnéasach agus iarrachtaí domhanda chun na cearta sin a bhaint amach, mar chuid den heitrenormatacht. Fiú sna míreanna thuas, pléitear staid na homaighnéasachta mar fheiniméan sóisialta ach cén bhaint atá aige leis an aiteacht. Feictear go raibh muintir na haiteachta dírithe ar an struchtúr cumhachta agus cearta daonna an phósta mar "... a foundational structure of sexual and family relations" (Boucai 2015: 4). Bhí gluaiseacht phobal na homaighnéasach i dtreo cearta pósta ag teacht salach ar an bhfrithchultúr réabhlóideach a bhí ar bun ag an bpobal sin i Meiriceá Thuaidh, pobal a d'fhógair go hoscailte, an tsaoirse chollaí agus sárú catagóirí inscne agus collaí (ibid., 5). Bíodh sin mar atá, agus fiú go sáraíonn an aiteacht catagóirí agus an chumhacht normatach, is spéisiúil an plé cultúrtha a d'eascair as reifreann pósta na hÉireann in 2015. Léiríonn reifreann pósta na hÉireann athrú poirt na tíre i leith na collaíochta agus i leith na tuairimíochta a bhí ann i leith na neamhnormatachta. Faoi mar a fheicfead ar ball, thug an cineál seo gluaiseachta deis do ghnáthmhuintir homaighnéasach na tíre a bpobal agus a scéalta féin a phlé agus a iniúchadh. Is éard a d'eascair as spás seo an reifrinn phósta, ná cinnteacht áirithe a bhaineann le hoscailteacht na hÉireann i leith na neamhnormatachta. Spás nua cultúrtha, mar sin a cuireadh ar bun, spás nua bhí cinntithe ag pobal na hÉireann.

Is léir gur tháinig athruithe suntasacha chun cinn i dtaobh cúrsaí collaíochta in Éirinn ó thús an chéid seo caite (Chrystel 1999:1). Tír a bhí in Éirinn inar tháinig *débats de société* chun cinn (ibid.). I gcomparáid leis na seachtóidí agus na hochtóidí, tréimhsí a bhí go hiomlán i gcoinne normalú d'aon chineál, thug na nóchaidí leo fonn normatachta is faoisimh do phobal homaighnéasach na hÉireann mar a mhíníonn Halperin in Howe (2005: 33), nóisean a théann i gcoinne na haiteachta go hiomlán. Cé gur éirigh le



ceannairí ghluaiseacht chearta na homaighnéasachta ag tús na nóchaidí cearta bunúsacha daonna a bhaint amach, ba léir gur caitheadh le pobal na homaighnéasach ar bhealach ar leith i gcomparáid le heitrihgnéasaigh na tíre. Thug De réir a chéile, tógadh go láidir ar athruithe sochaíocha cultúrtha le díospóireachtaí a bhain leis an bpósadh agus le háit na homaighnéasachta sa tír. Toisc gur bhain pobal na homaighnéasach cearta sibhialta den chuma seo i stáit áirithe i Meiriceá, sa Bheilg, i gCeanada, sa Ghearmáin agus i dtíortha eile nach iad, bhí pobal na homaighnéasach agus na haiteachta ag cuardach cearta sibhialta den chuma chéanna ionas gurbh fhéidir leo a bheith cothrom i bPoblacht na hÉireann (Adam 2003: 259). Bhí ród fada le siúl ag pobal na homaighnéasach is aiteachta in Éirinn ar chúiseanna éagsúla polaitiúla agus sóisialta a thug aghaidh ar cheisteanna a bhain le cearta daonna agus an creideamh. D’ainneoin sin, bhain pobal na haiteachta cothromaíocht amach céim ar chéim. Agus é ag breathnú ar bhuaicphointí stair na homaighnéasachta in Éirinn, díríonn Walsh, ar an Acht um Chearta Sibhialta a tháinig i bhfeidhm in Éirinn in 2010 (2015)

Cé gur éirigh le pobal na haiteachta cuid de chearta an phósta a thabhairt leo leis an Acht seo, is léir go rabhthas ag iarraidh cosaint níos coinceidí a fháil. Bhí an scéal céanna le cloisteáil sa Bhreatain Mhór nuair a ritheadh acht den chuma chéanna agus ar leigheas sealadach é (Glennon 2006: 244). Ba ghné lárnach d’athbhreithniú Bhunreacht na hÉireann é nuair a mhol an Coinbhinsiún ar an mBunreacht in Aibreán na bliana 2013 gur chóir go leathnófaí dlíthe i leith an phósta go lánúin chomhghnéis (Mac Cormaic 2005). Glacadh leis an toradh mar “...landmark on the road towards equality for gays...” (ibid.) a chuir brú ar an rialtas reifreann pósta a chur ar siúl. De réir Weiss (2013) in ‘On Marriage Equality’ is “... a form of Foucaudian neoliberal governance...” é an pósadh agus na slíte go mbronnann cearta pósta in ann “...”smooth” distribution of rights to property, assets and children” (ibid.). Cé go raibh cás Mheiriceá i gceist ag Weiss, is féidir glacadh leis go raibh an cineál seo spreagtha taobh thiar de mholtaí an Choinbhinsiúin a bhí ag iarraidh chothrom na Féinne a chur ar fáil do homaighnéasaigh na hÉireann. Ní féidir cás Mheiriceá (Oshior 2012: 162) a chur i gcomparáid le cás na hÉireann toisc go bhfuil ceisteanna ciníochais le feiceáil i ndíospóireachtaí Mheiriceá, ach is ríléir go raibh feachtas mothálach, macánta, soiléir de dhíth go géar ar dhá thaobh na hargóna (Wesling 2014: 171). Bhí *Yes Equality*, eagrais nuabhunaithe, ar son an reifrinn, agus ba í Institiúid Iona, institiúid Chaitliceach,

an príomhghrúpa a bhí ina choinne (Encarnación 2015). Leathnaigh argóintí is díospóireachtaí an dá thaobh ar na meáin thraidisiúnta agus ar na meáin nua-aimseartha ar líne. Bhí an taobh ar son an Reifrinn go háirithe ag iarraidh a chinntiú go mbeadh pobail éagsúla na hÉireann mar chuid den phlé ginearálta. Is mar chuid lárnach den fheachtas ar son an reifrinn a cuireadh tús le feachtas *Tá* a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a lárnú mar ghné sna hargóintí. Is de thoradh air sin a léiríodh scéalta pearsanta mhuintir na haiteachta i saol na Gaeilge; a gcúlraí, a scéalta agus a dteagmháil leis an saol mór:

Tá dlúthchairde aeracha agam a gcaithim an oiread ama agus is féidir ina dteannta agus atá mar a bheadh teaghlach eile dom féin. Bhí cad é plé ar bun againn le seachtain mar gheall ar an reifreann. Táimid ar fad suaite ag an ndíospóireacht phoiblí agus ag an gcaint chealgánta, fhealltúil atá déanta ag an bhfeachtas Níl inár gcoinne. Braithim go bhfuil mo shaol féin go dtí seo, mo chaidreamh le mo pháirtneir agus mo charadas le daoine aeracha eile á scrúdú go poiblí ar shlí ghéar, éagthrom agus is deacair é a sheasamh. (Walsh 2015)

Is ar an 22 Bealtaine 2015 a tugadh an deis do mhuintir na hÉireann a vótaí a chaitheamh ar son nó i gcoinne an chomhionannais phósta. Bhí cuma dhóchasach ag pobalbhreitheanna de chuid Red C Poll, a léirigh go raibh tuairim is 76% de mhuintir na hÉireann ar son an chomhionannais phósta (Red C Aibreán 2015). Glacadh, ar deireadh, le leasú ar Airteagal daichead a haon den bhunreacht go “[bh]Féadfaidh beirt, cibé acu is fir nó mná iad, conradh a dhéanamh i leith pósadh de réir dlí” Tharraing toradh an reifrinn an-chuid airde ar Éirinn as a bheith ar an gcéad tír ar domhan chun reachtaíocht den chineál seo a chur i bhfeidhm trí vóta náisiúnta. De réir an eagarthóra in ‘Ireland’s Gay Marriage Referendum’, ba chéim thar a bheith stairiúil é glacadh an leasaithe seo toisc gur tír Chaitliceach í Éire agus moladh go láidir an feachtas dearfach a chuir *Tá* le chéile. Chomh maith leis sin, tugann scéal Sarah Mac Donald (2015) ó *The Independent News Source* staitisticí thoradh an reifrinn a léiríonn cé chomh dearfach is a bhí an pobal i leith an reifrinn. Rianaíonn sí gurb í Éire an chéad tír go hidirnáisiúnta a bhí sásta glacadh le comhionannas pósta (ibid.).

Le cearta pósta anois aige an bhfuil spriocanna iomlána an phobail bainte amach aige? Tar éis don phobal cearta, stádas is seasamh níos fearr a bhaint amach an é sin deireadh leis an bpobal seo? De réir cuid mhór teoiriceoirí, ní hé sin bun nó barr scéal na haiteachta. Cé go bhfuil cuid de theoiriceoirí aiteacha i gcoinne an phósta go ginearálta toisc go nglacann siad leis mar uirlis smachta, is féidir glacadh leis go ndéanann an

aiteacht ceiliúradh ar ilghnéitheacht agus éagsúlacht chollaí an duine dhaonna. Is féidir glacadh leis fós go bhfuil spás cultúrtha ann inar féidir an taithe aiteachta a bhlaiseadh, a léamh agus a cheiliúradh (Howe 2004: 36). De réir Boellstorff (2007) in ‘When Marriage Falls: Queer Coincidences in Straight Time’ tá féidearthachtaí ann fós an normatacht, an smacht agus an tsochaí a cheistiú fiú má tá noirm den uile chineál á nglacadh ag pobal na haiteachta agus é ag breathnú go háirithe ar chúrsaí ama (ibid., 232). Feictear don scríbhneoir seo go gcuireann gluaiseachtaí soch-chultúrtha ar nós feachais *Tá* le plé agus le díospóireachtaí a bhaineann le collaíocht, le héagsúlacht na féiniúlachta agus le saoirse daonna. Cé gur féidir an argóint a dhéanamh go dtagann cuid mhór den chaibidil seo salach ar spriocanna na haiteachta, is éard atá i gceist ná léiriú a thabhairt ar na slite ar tháinig tuiscintí as an nua chun cinn in Éirinn i dtaca le collaíocht agus le féiniúlacht. Go cultúrtha agus go liteartha, tá léamh na haiteachta fós indéanta mar sprioc agus is cinnte gur thug an tsaoirse nua seo deiseanna móra dár scríbhneoirí luí isteach ar ábhair nua.

## 2.6 Tatal

Tháinig dhá raon le chéile ar deireadh i scéal na homaighnéasachta agus na haiteachta in Éirinn; an raon príobháideach agus an raon poiblí le collaíochtaí na tíre a bhainistiú i gceart agus go héifeachtach. Díríodh sa chaibidil seo ar láimhseáil na tíre i leith an raonaithe seo, ar an gcaoi ar eascair tuairimí as gluaiseachtaí agus reachtaíocht na tíre. San fhichiú haois ní raibh Éire sásta a bheith Gaelach agus *gay* ach faoi thús an chéid seo bhí sí toilteanach éagsúlacht a pobail a aithint agus a cheiliúradh. De thoradh air sin tháinig athruithe soch-chultúrtha ar Éirinn agus ar litríocht na Gaeilge chomh maith. Agus le himeacht aimsire agus le ritheadh reachtaíochtaí áirithe, bhí scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge sásta téamaí nua a iniúchadh. Ach cé go díreach a bhí ag scríobh leo sa chomhthéacs seo? Sa chéad chaibidil eile breathnófar ar na scríbhneoirí Gaeilge a bhí ag tabhairt aghaidh ar ábhair nua litríochta agus ar ábhar neamhnormatach.

### **3. An Homaighnéasacht i Nualitríocht na Gaeilge**

#### **3.1 An Chollaíocht Neamhnormatach i Litríocht na Nua-Ghaeilge**

##### *3.1.1 An Ghaeilge Chlasaiceach agus an Chaidreamh Homashóisialta*

Cén tábhacht a bhaineann le mionstaidéar ar an idé-eolaíocht inscne i dtraidisiún liteartha na Gaeilge mura bhfuil ann sa deireadh ach léiriú eile ar an bhfeiniméan domhanda sin a dtugtar an córas patrarcach air?...Is é mo thuairim féin go bhfuil cúiseanna iomadúla gur fíú agus gur mithid tabhairt faoina leithéid d'anailís i gcomhthéacs cultúrtha na gGaeilge. (Nic Eoin 1998: xxii)

Faoi mar a phléann Nic Eoin (ibid.), tá tábhacht ar leith ag baint le mionstaidéar dioscúrsach a bhaineann le hinscne i litríocht na Nua-Ghaeilge. I measc na n-aidhmeanna a léiríonn Nic Eoin, pléann an criticeoir an chaoi a n-eascaíonn ceisteanna móra as an gcineál seo cur chuige nó iniúchta. Deir sí gurb í tuairim na coitiantachta nár fhág mná rian mór ar litríocht na Gaeilge trí chéile. Tá an scríbhneoir áirithe seo den tuairim go bhfuil scéal den chuma chéanna le cloisteáil i leith na homaighnéasachta nó na collaíochta neamhnormataí. Tá sé mar aidhm ag an mír seo léirithe den chollaíocht neamhnormatach a phlé ag breathnú ar chás-staidéir éagsúla a léiríonn sin go soiléir.

Léiríonn McKibben (2010) in *Endangered Masculinities in Irish Poetry 1540-1780* an chaoi ar baineadh leas as an bhfilíocht chlasaiceach i ré na Nua-Ghaeilge Moiche (1200-1650) le coinníollacha áirithe inscne a léiriú agus a threisiú. Is éard a chuireann McKibben roimpi ina saothar ná léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndearnadh tír bhaineann d'Éirinn mar mhóitíf san fhilíocht (ibid., 5). Feictear di gur mhaighdean í an tír a bhí réidh le bheith smálaithe ag an bhfearúlacht (ibid., 2). De thoradh an choilíneachais Shasanaigh a bhí i réim le linn na tréimhse sin, bhí an talamh mar mhóitíf thar a bheith luachmhar san fhilíocht agus cosaint an talaimh mar phríomh-mhóitíf na filíochta clasaicí (ibid., 3). Pléann Lacey (2008), chomh maith, an chaoi a raibh na filí gairmiúla an-lárnach in oirniú na ríthe agus na dtiarnaí sa tréimhse sin. Ba le linn an oirnithe a *phósadh* an rí an talamh, agus bhíodh na filí mar mhná céile na dtiarnaí go siombalach sa tsochaí (ibid., 35). Sa chaidreamh homashóisialta seo, mar a mhíníonn McKibben (2010: 4), bhí sé mar aidhm ag an bhfile gairmiúil cultúr na hÉireann a

choinneáil slán agus an tír a chosaint ó chultúir Ghallda. Maíonn Ó Conchubhair (2002) gur tuairim choitianta go leor é seo agus “[that] some arguments suggest a homosexual relationship between the Irish chieftains and their bards... within the classical Irish tradition...” (ibid., 189). Ag baint leasa as teoiricí an choilíneachais, feicimid go raibh géarchéim inscneach in Éirinn le linn ré na Nua-Ghaeilge Moiche. An rud a bhí i gceist leis sin ná géarchéim “...in potent terms of emasculation, penetration and dissolution” (ibid.). Uirlis a bhí san fhilíocht a thabharfadh an fhearúlacht slán ó bhagairt ghallda an choilíneachais (McKibben 2010., 7). Míníonn McKibben gur tháinig sé seo chun cinn le feidhmiú an Achta um Ord, Nós agus Theanga Sasanach 1537 (*Act for the English Order, Habit and Language*), agus go raibh sé seo mar phríomhchéim ag an mBreatain coilíneacht cheart a dhéanamh d’Éirinn (ibid., 13). Ní mó ná sásta a bhí filí gairmiúla na hÉireann leis seo toisc go raibh sé ag cur isteach ar a stádas mar chaomhnóirí an chultúir in Éirinn agus mar mhná céile na ríthe. Dá mbeadh cultúr nua i réim, ní bheadh gá leo a thuilleadh (ibid., 17). Is mar sin a rinneadh iarrachtaí an rí a mholadh go hard na spéire leis an nasc a choinneáil idir an rí agus an bard (ibid., 171). Cé nach léiriú díreach soiléir é seo den homaighnéasacht atá le feiceáil i litríocht na Gaeilge, feictear go bpléitear caidreamh homashóisialta i litríocht na Gaeilge fiú ó aimsir na Nua-Ghaeilge Moiche.

Mar thoradh air sin, bhí an Bhreatain mar bhagairt thar a bheith contúirteach don chóras polaitíochta agus sóisialta a bhí i bhfeidhm ar phobal na hÉireann le linn an ama sin. Trí mheán na ndánta molta a ghlac na filí lena stádas agus leis an rí mar leannán, de réir McKibben (2013). Tá McKibben den tuairim, freisin, gur féidir glacadh le dánta molta na bhfilí gairmiúla mar fhianaise ar spéiseanna homa-earótacha a bhí ag filí dá ríthe; “...the patron's undeniable sexual potency an additional proxy for leadership confirming the poet's own homoeroticism as merely conventional in an institutionalized structure...” (ibid., 174). Dar léi go raibh “...rivalries, quarrels, political realignments...” (ibid., 172) i gceist leis na caidrimh. Labhraíonn sí faoin bhfile agus an *fear éinleabtha* nó leannáin leapa (ibid.). Cuireann sé seo leis an argóint go mb’fhéidir go mbíodh caidrimh collaí idir an rí agus an file. Mar a phléann McKibben, tá an fhéideartheacht ann, áfach, gur chonsaí fileata é an caidreamh agus nach cóir glacadh leis mar chomhartha sóirt den homaighnéasacht (ibid., 173). Mar sin

féin, ní raibh sé mar aidhm ag McKibben caidrimh na bhfear seo a chinntiú nó a chruthú ach gur caidreamh homa-earótach a bhíodh i gceist leis (ibid., 172). Consaeit liteartha atá i gceist leis seo dar le Carney (1973) agus Eochaidh Ó hEoghusa á phlé aige:

The popular romantic picture of a bard is that of a sell-abnegating and devoted slave who would willingly die for his master. Whether or not O hEoghusa would have died for Hugh Maguire we will never know, because he detested warfare, and kept himself as far as possible from the field of battle. He is interested in his personal status... and possessions. He acts towards Hugh like a shrewish wife who is not being maintained in the style she has every right to expect, and who, occasionally, has to tolerate rivals in the shape of other poets. His full assumption of a feminine role which affects almost all his verse is the strangest feature of his work. Yet since he is working in terms of an established conceit we must be wary of drawing hasty conclusions as to his psychology. (ibid., 246)

Bíodh sin mar atá, níl aon dul as ach gur blaiseadh homa-earótach atá le sonrú i ndánta ar nós ‘Brian Ó Ruairc mo rogha leannán’ de chuid Fhearghail Óig Mhic an Bhaird. Feictear fiú sa liric bheag seo grá an fhile:

Brian Ó Ruairc mo rogha leannán  
lór a bhuga ag bronnadh séad  
'sis lór a chruas i gcrú chaoilshleagh,  
an cnú do chnuas ghaoidheal nGréag. (Knott 1957: 20)

Is léir, mar sin, go raibh an caidreamh idir beirt fhear mar chuid de chanóin na Nua-Ghaeilge Moiche agus an fhilíocht ghairmiúil idir chamáin. Is léir go síleann roinnt scoláirí gur chaidreamh homa-earótach é, ar a laghad, nó gur pléadh téamaí den chuma sin ina gcuid iarrachtaí fileata. Níl aon dul as ach glacadh leis nach féidir a bheith cinnte an caidreamh collaíochta nó homaighnéasach é an caidreamh idir an rí agus an file gairmiúil. Mar a léiríonn Lacey agus McKibben, is féidir tuairim den sórt sin a leagan ar an bhfilíocht ghairmiúil de chuid ré na Nua-Ghaeilge Moiche cé nach féidir é a chruthú. Agus muid ag bogadh ar aghaidh go ré comhaimseartha na fichiú haoise, is féidir dul níos faide ar aghaidh agus súil a chaitheamh ar théama na homaighnéasachta mar ábhar litríochta ó aimsir na hathbheochana i leith.

### 3.1.2 An Homaighnéasacht i Saol na Gaeilge

Go minic, mar a phléann Colm Tóibín (2002) ina mhórshaothar *Love in a Dark Time*, glactar leis an litríocht homaighnéasach mar litríocht atá faoi rún. Díreach mar a léiríodh cheana, is léir go raibh cúiseanna sochpholaitiúla ag feidhmiú ar mheon is ar dhearcadh mhuintir na hÉireann ó thaobh na collaíochta de agus ó thaobh na homaighnéasachta de chomh maith. Tháinig liobrálú an dearcaidh shóisialta i leith na homaighnéasachta chun cinn tar éis shaoradh na homaighnéasachta in 1993. Taispeánadh gur tháinig tuairimí as an nua i dtaca le litríocht a bpléitear an homaighnéasacht agus an aiteacht iontu de thoradh air sin (Cronin 2004: 251). Le teacht na hathbheochana cultúrtha in Éirinn ag tús an chéid seo caite, bhí cuid mhaith castachtaí i gceist ó thaobh na homaighnéasachta de (Walshe 1997: 2). Dá mbeadh canóin liteartha ann a shíolraigh ó iarrachtaí fhéiniúlacht an náisiúin a athbheochan, ní bheadh an homaighnéasacht a bhí mar pheaca nó mar smál mar chuid de. Tugann Walshe (1997) *masculinist nationalism* ar an gcur chuige seo, tuairim choitianta a bhí ar fáil go háirithe i scríbhneoireacht na hÉireann ach i scríbhneoireacht na Gaeilge freisin (ibid., 3). Feictear mar sin, go raibh stádas nó míchompord ann i dtaca leis an gcollaíocht in Éirinn le linn athbheochan na Gaeilge agus gur eascair sé seo as cúlra coiméadach sochpholaitiúil.

I ndiaidh bhunú an tSaorstáit, tháinig caidreamh faoi leith chun cinn idir an Gaelachas agus an homaighnéasacht. Bhí dúshlán as cuimse le sárú ag muintir na hÉireann leis an aiteacht toisc go raibh sí ina luí taobh amuigh den fhearúlacht (ibid., 5). Mar sin féin, bhí an homaighnéasacht mar théarma Béarla ó thug an drámadóir liobrálach George Bernard Shaw chugainn é sa naoú haois déag (Lacey 2008: 2). Sa Ghaeilge is léir go raibh ciútaí cainte ar fáil agus cur amach ag muintir na Gaeltachta ar an homaighnéasacht agus ar an lespiacht. Luann Lacey foclóir Dhaithí Uí Luineacháin, *Ó ghliomáil go giniúint: foclóir na collaíochta*, a foilsíodh in 1997, inar léir an homaighnéasacht mar théarma sa Ghaeilge:

...beití, bleitheachán, bleitheog, blíog, buachaill baitín, bugaireacht, cábún, cadar, cairiún, cigire tónach, dul amú, fear tóna, gamhain, gealhata, gliodaí, hata bán, lúbacán, Muireann i mbríste, Neil, péileacán, piteachán, piteán, piteog, Síle, (peaca) Sodam, sodamach, sodamán, sodamacht. (Lacey 2008: 2)

Is cinnte go bhfuil coincheap na homaighnéasachta, agus an gníomh collaí a théann leis, ar fáil sa Ghaeilge bheo agus gur téarmaí buana iad sa teanga. Níl aon amhras ach go raibh tuiscint ag muintir na Gaeltachta ar fheiniméan na homaighnéasachta i gcoitinne. Léiríonn na téarmaí thuas ról na teanga i soiléiriú agus i sealbhú an fheiniméin seo i gcás an phobail Ghaeltachta. Tugann sé seo le fios gur feiniméan í an homaighnéasacht a bhí aitheanta go maith i ndiocúrsa na teanga sin. Bhí an Ghaeilge uirbeach chomh maith ar fáil in eagraíochtaí ar nós an GAA (Gaeilgeoirí Aeracha Aontaithe) a bunaíodh sna nóchaidí (ibid., 4), a léiríonn an chaoi ar tháinig an homaighnéasacht chun cinn i saol agus i bpobal na Gaeilge. Pléann Woods (1998) an t-eagras áirithe seo, eagras a áitíonn sí mar chuid de dhioscúrsa a threasraíonn na déantúis idé-eolaíochta a bhí i gceist leis an teanga ón naoú haois déag i leith (ibid., 41). Mar a pléadh cheana agus mar a phléann Woods é, bunaíodh féiniúlacht chinnte de chuid glaineacht mhórála le linn na athbheochana, agus go raibh an GAA mar chuid de pholarú den ghaelachas agus den homaighnéasacht mar fheiniméan idé-eolaíoch (ibid.: 49). Bíodh sin mar atá, is léir go ndeachaigh an GAA, grúpa a bhí gníomhach sna nóchaidí ach go háirithe, ag diúltú norm i gcomhthéacs na Gaeilge.

Faoi mar a phléann Ohno (2002), tháinig filí ar nós Nuala Ní Dhomhnaill chun cinn i litríocht na Gaeilge ach bhí leisce ar scríbhneoirí deiseanna agus athruithe meoin na hÉireann a úsáid chun téamaí a bhain leis an aiteacht nó leis an homaighnéasacht a phlé (ibid., 37). Leanann Kennedy (2002) dearcadh Ohno sa chaoi is go ndeir sé go bhfuil cosúlachtaí idir cás na Gaeilge agus cás na homaighnéasachta i stair agus i litríocht na hÉireann – dhá phobal a bhí imeallaithe i sochaí na hÉireann i gcoitinne (ibid., 110). Agus é ag labhairt faoi thaithí Chathail Uí Searcaigh, léiríonn Ó Conchubhair (2002) gur bhraith sé “...inability of his native language to verbalise and address issues of homosexuality, and the absence of a homosexual stand within his literary and cultural tradition” (ibid., 173). Áitíonn criticeoir Gaeilge amháin Ciarán Ó Coigligh nach bhfuil ach tuairim is 1% den chine daonna homaighnéasach agus gur iarracht bolscaireachta a rá gur líonmhaire é an figiúr sin (ibid. 1993: 24) a léiríonn an cineál míchompoird a bhí ar an gcriticeoir sin an homaighnéasacht a aithint mar fheiniméan cultúrtha. Mar sin, is mithid scagadh a dhéanamh ar na slite a gcaitheann criticeoirí na Gaeilge le scríbhneoirí a phléann leis an homaighnéasacht agus le scríbhneoirí a bhí homaighnéasach nó ait iad féin.



### 3.1.2a Pádraig Mac Piarais: ‘A Mhic Bhig na gCleas’

Maithim duit, a linbh  
An bhéil deirg bhoig:  
Ní daorfar liom neach  
Ar pheaca nár thuig.

Do cheann maiseach tóg  
Go bpógad do bhéal:  
Más fearrde aon dínn sin,  
Is fearrde mise é. (Mac Piarais 1909: línte 5-12)

Tar éis do Phádraig Mac Piarais cuid dá iarrachtaí liteartha a chur i gcló tháinig idir ábhar inní agus ghearáin chun cinn óna chomhghleacaithe. Mar a luann do Walshe (1997), eisíodh ceann dá dhánta ‘A Mhic Bhig na gCleas’, in 1909 ina bhunleagan Gaeilge san iris *An Macaomh*. Níor tugadh mórán aird air mar sin féin (ibid., 5). Ina dhiaidh sin, áfach, nuair a aistríodh an dán go Béarla in 1914 cáineadh an Piarsach go dona toisc go léiríonn an dán mianta collaí an fhile (ibid.) Ní ghlacann scoláirí áirithe le tuairim Walshe go gcuirtear an chollaíocht homa-earótach in iúl sa dán ‘A Mhic Bhig na gCleas’ agus síltear gur míléamh iomlán é (de Brún 1997: 25). Molann léirmheastóirí eile gur dán breá idéalach é, ina dtugtar soineantacht an pháiste chun solais (Ua Gallchobháir 1922: 120). Tá roinnt scoláirí eile den tuairim gur homaighnéasach é an Piarsach agus rinneadh iarrachtaí móra an homaighnéasacht seo a scrúdú trí mheáin éagsúla; gur *arrested development* é an homaighnéasacht dó (Boss 2000: 273), nach raibh sé sásta a bheith i gcomhlúadar daoine fásta (Moran 1994: 121) agus nár thuig an Piarsach fiú céard a bhí ar siúl aige (Edwards 2006: 52). Is cinnte gur cáineadh an Piarsach go mór as an moladh homa-earótach a bhí á léiriú aige do ghasúir sa dán, agus b’ionadh nár bheag é gur eascair an chonspóid as leagan Béarla seachas bunleagan Gaeilge an dáin. Mheas Tomás Mac Donncha, duine de chairde an Phiarsaigh, nach dtaitneodh na leaganacha Béarla seo le lucht léite na hÉireann de thoradh an ábhair bhí á phlé iontu, an chollaíocht ina phríomhcheann acu (Mac Uistín 2006: 86) agus dúirt “...[these poems] do not well bear translation...” (Ó Coigligh 1979: 13). Measann Kiberd (2009) go raibh an Piarsach á cháineadh toisc go raibh sé ina shiombail den náisiún agus mar sin, bhí air caighdeáin ar leith a shroicheadh (ibid., 67). Ní ghlacfaí le smál na homaighnéasachta ar dhuine d’athbheochanóirí na Gaeilge (Sisson 2009: 208).

Ina dhiaidh sin, lean agus threisigh an chonspóid le foilsiú an scéil ‘Lá faoin tuath’ sa *Claidheamh Soluis* sa bhliain 1902. Míníonn Ruth Dudley Edwards bunús an scéil i mbeathaisnéis Mhic Phiarais (2006) *Patrick Pearse: A Triumph of Failure*, a céadfoilsíodh in 1979, agus an chaoi a gcuirtear síos lena linn cur síos an-chuimsitheach i ngeall ar an óige agus an fhearúlacht. Déanann an Piarasach scagadh ar chorp bhuachaill óg agus d’fhéadfaí léamh homa-earótach a dhéanamh air mar a dhéanann Edwards (ibid., 52).

Bhí Moran (1994) den tuairim chéanna ina bheathaisnéis siúd ar an bPiarasach, *Patrick Pearse and the Politics of Redemption*. Dar le Moran nach raibh ardmholadh na tíre tuillte ag Mac Piarais agus go raibh sé mí-oiriúnach. Chaith sé solas ar na mianta collaí neamhghnácha a bhí aige (ibid., 121). Le linn an scéil *Lá fan tuath*, roinneann an príomhcharachtar, Mac Piarais féin, leaba le buachaill óg. Deir Moran ansin nach raibh an Piarasach comhfhiosach maidir leis na mianta seo agus gur “...claonadh [a bhí ann] nár thuig sé féin toisc é a bheith chomh soineanta sin” (Mac Uistín 2006: 48). Soiléiríonn Mac Uistín a sheasamh agus deir sé nach bhfuil aon fhianaise choincréideach ann gur homaighnéasach é Mac Piarais ach go bhfuil “...go leor fianaise ann áfach go raibh an Piarasach heitrighnéasach” (ibid., 48). Míníonn Moran (1994) gur scríobh Mac Piarais neart drámaí rómánsúla a bhí dírithe go hiomlán ar an ngrá heitrighnéasach agus é óg (ibid., 122). Pé scéal é, tháinig deireadh leis an téama leanúnach sin de réir a chéile.

Bhí éirí amach na tíre agus an ghluaiseacht i dtreo na saoirse iontach tábhachtach i saol Mhic Phiarais toisc go raibh an choimhlint seo ar nós na coimhlinte Éideapaí (*Oedipul*) a bhí aige lena fhéiniúlacht chollaí féin (Boss 2000: 280). Feictear, dar le Mac an tSaoir (1962), na constaicí agus na dúshláin ba mhó a bhí ag dul i gcoinne Mhic Phiarais agus an chriticeora araon go háirithe i gcomhthéacs an dáin áirithe seo idir lámha. Ceannaire ríthábhachtach ab ea Mac Piarais a bhfuil an-mheas ag muintir na tíre air as a ndearna sé ar son na saoirse (ibid., 1962). Léiríonn scagadh na gcriticeoirí nach raibh éinne sásta glacadh le dán Mhic Phiarais mar réabhlóidí a raibh mianta collaí neamhnormatacha aige. Cé nach féidir mianta Mhic Phiarais a shainmhíniú mar homaighnéasach ar chor ar bith toisc go raibh mianta ar leith aige i dtreo gasúr, is féidir a áiteamh go léiríonn criticeoirí Mhic Phiarais an míchompord a bhí ann i dtaca leis agus a mhianta.

### 3.1.2b Micheál Mac Liammóir

Aithnítear Micheál Mac Liammóir ar dhuine de na drámadóirí is mó le rá i gcanóin liteartha na Gaeilge (Mac Liammóir 1952: 32). Ba Shasanach é Mac Liammóir agus tugadh Alfred Willmore air nuair a rugadh é in Willesden, Londain sa bhliain 1899 (Sweeney 1991: 48). Teangeolaí agus dearthóir ab ea Alfred agus d'fhreastail sé ar an *Slade School* i Londain. Bhí an-suim ag Willmore i bhfilíocht Yeats agus thosaigh sé ag cuardach féiniúlacht Ghaelach a bheadh feiliúnach dá spéis nua i litríocht na hÉireann. D'aistrigh sé a ainm go Micheál Mac Uallmóir agus ó 1922 ghlac sé lena ainm nua Gaelach Micheál Mac Liammóir (Pine 1998: 372).

Rinne Mac Liammóir an-iarracht a fhéiniúlacht nua Ghaelach a mhúnlú. Bhí an Ghaeilge ar a thoil aige agus leag sé seo béim ar an bhféiniúlacht nua seo. Ba léir do mhuintir na drámaíochta in Éirinn go raibh sé ag aisteoireacht trína shaol ar fad, agus gur bhain sé leas as an nGaeilge leis an bhféiniúlacht seo a chothú agus a bhuanú (ibid., 375). Scríobh Mac Liammóir neart saothar i nGaeilge; dhá dhráma, dhá bhailiúchán gearrscéalta, dhá leabhar faoin aisteoireacht agus faoin amharclann maraon le leabhar filíochta (M.ÓR 1963: 21). Moladh iarrachtaí fileata agus liteartha an scríbhneora go hard na spéire i gcritic na Gaeilge (Ó Mórcháin 1953: 54). Lean Mac Liammóir lena thógáil ar an bhféiniúlacht Ghaelach seo nuair a mhínigh sé d'iriseoirí agus do chriticeoirí gur rugadh i gContae Chorcaí é, rud nach raibh fíor (Mac Con Ultaigh 1978: 375). Ba léir, áfach, nach raibh éinne sásta bréag an drámadóra a scaoileadh uathu. Sasanach a bhí in Mac Liammóir, fear ildánach a raibh a aghaidh tugtha aige ar athbheochan na drámaíochta agus na Gaeilge in Éirinn araon:

Thiontaigh an t-ealaíontóir seo go seod na foirfeachta gach rud ar leag sé a lámh dhraíochta air. Bhí sé ina aisteoir, ina dhrámadóir, ina fhile, ina scríbhneoir, ina phéintéir, agus ina dhearthóir. Bhunaigh sé amharclann do dhrámaí Gaeilge – *Taibhdhearc na Gaillimhe*. Bhunaigh sé amharclann do dhrámaí idirnáisiúnta – *the Gate Theatre*. ...shocraigh sé cónaí a dhéanamh anseo sa bhaile agus ar dhóigh aisteach eisceachtúil éigin *bhí* sé ina fháidh ina thír féin. Ní cliché a rá faoi go raibh bród ar leith air faoin nGaeilge – cé go raibh príomhtheangacha na hEorpa ar a thoil aige. (ibid., 2)

Taithí ar leith a bhí ag an drámadóir i gcomparáid leis an bPiarsach i dtaca lena chlaonadh collaí. Ba in Éirinn a chas Mac Liammóir ar Hilton Edwards, drámadóir eile

Sasanach, agus as sin amach bhí caidreamh homaighnéasach idir an bheirt acu (Keyes 1994: 48). Mar atá léirithe ag Mac Liammóir (1952) é féin, “...chraitheamar lámh agus dhearc ar a chéile...” (ibid., 32) agus b’in tús a gcaidrimh. Seasann scéal na beirte seo amach toisc gur ghlac sochaí na hÉireann lena gcairdeas agus nuair a bhásaigh an bheirt acu, ligeadh dóibh a bheith curtha in aon uaigh amháin. Caidreamh proifisiúnta agus rómánsúil a bhí idir an bheirt, caidreamh a lean ar aghaidh go dtí laethanta a mbáis (Sweeney 1991: 54). Rinne an Liammóireach (1973) iarrachtaí an homaighnéasacht a léiriú ina dhráma *Prelude in Kazbek Street* a mhol tuiscintí i leith na homaighnéasachta agus a bhí ag dul i méadaíocht ar fud na tíre. Chaith siad beirt a saol lena chéile ar shlí a bhí inghlactha go maith ag sochaí na hÉireann (Keyes 1994: 48).

Is léir, mar sin, gur ghlac criticeoirí agus léirmheastóirí na Gaeilge agus na hÉireann le Mac Liammóir mar chineál Gaeil agus mar dhrámadóir fíorchumasach. Mar sin féin, ní raibh féiniúlacht Mhic Liammóir go hiomlán Gaelach i gcomparáid leis an bPíarsach agus caitheadh leis mar Angla-Éireannach seachas mar fhíor-Ghael.

## **3.2 Athbheochan na Gaeilge (1890-1940): An Chritic sa Ghaeilge**

### *3.2.1 Athbheochan na Gaeilge agus an Chritic Liteartha*

Many of the leading writers of the Gaelic Revival never read a book in the Irish language in their formative years. Some had not even imagined that such a thing was possible. (O’Leary 1994: 1)

Dar le Máirín Nic Eoin ina saothar *An Litríocht Réigiúnach* (1982: 15) gurbh é an náisiúnachas cultúrtha an ghluaiseacht intleachtúil ba thábhachtaí in Éirinn agus san Eoraip sa naoú haois déag. Idéalú ar an gcultúr Gaelach ba phríomhaidhm don athbheochan cultúrtha in Éirinn. Rinneadh an gaelú seo trí mhéan na n-ealaíon agus na litríochta go príomha (ibid.). Faoi mar a phléann O’Leary (1994) in *The Prose of Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation*, tháinig athruithe móra chun cinn i dtaca le scríbhneoireacht, idé-eolaíocht agus meanma na hÉireann i leith phrós na Gaeilge le linn na hathbheochana. Mar a mhíníonn Nic Eoin (1998) ina haiste ‘An tÚdar, an Téacs agus an Criticeoir’ b’iarracht chomhfhiosach í an athbheochan thraidisiúnta bearnaí cultúrtha a athnuachan agus a athfhógairt (ibid.). Anuas air sin, bhí gluaiseacht na Gaeilge mar chuid lárnach den athbheochan,

gluaiseacht a bhí gafa leis an rómánsachas ó thaobh an chultúir de. Bhí athbheochanóirí ag iarraidh an teanga a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den litríocht chomh maith. Cothaíodh, dá réir, féiniúlacht dhocht Ghaelach ina raibh an heitreanormatacht agus an náisiúnachas thar a bheith lárnach agus tábhachtach.

Athnuachan ar chanóin litríochta a bhí i gceist leis an ngluaiseacht chultúrtha seo chomh maith. Chuirte canóin na Gaeilge i gcodarsnacht lom le canóin an Bhéarla le difríochtaí idir an dá thír a léiriú. Mar thoradh air sin, cuireadh nósanna agus traidisiúin Shasana i gcomparáid leis an nua-aimsearthacht agus faoi mar a mhíonn Nic Eoin (1998), bhí comparáidí áirithe i gcónaí á ndéanamh idir an dá thír ó thaobh an chultúir de (ibid., 18). Feictear an cineál seo tuairime ó Kelleher (1970) sa chaoi ar léirigh an ghluaiseacht spiorad agus meanma na tíre (ibid., 197). Toisc go raibh an Ghaeilge agus litríocht na teanga tábhachtach sa ghluaiseacht sin, is minic a chuirtear litríocht an Bhéarla i gcodarsnacht le litríocht na Gaeilge. Is é tuairim Matthew Arnold, mar a phléann Kelleher (ibid), nár chóir canónacha an dá theanga a chur i gcomparáid lena chéile.

Mar sin féin, bhí gá le hathmhúnlú a dhéanamh ar chanóin liteartha na Gaeilge, agus bhí scríbhneoirí comhaimseartha de dhíth go géar. Is ag trácht ar chanóin chomhaimseartha na Gaeilge ag tús an chéid seo caite a bhí Breandán Ó Doibhlin (1970) agus é ag scríobh an chéad alt riamh de chuid na sraithe *Léachtaí Cholm Cille*. San alt ‘Irish Literature in the Contemporary Situation’, pléann an criticeoir mórchlaochluithe na hathbheochana agus stádas litríochta na Gaeilge i gcomparáid le teangacha liteartha neamhfhorleathana eile ar fud na hEorpa. Is éard a chruthaigh athbheochan na Gaeilge ná lucht léite faoi leith don teanga a bhí scáinte go leor roimh an athbheochan. Mar a deir Ó Doibhlin feicimid gluaiseacht liteartha ag bláthú agus í ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn mar mheán liteartha. Bhí constaicí as cuimse le sárú aici toisc nach raibh ach “...fifty people in the country capable of reading, writing and speaking Irish...” (ibid., 5). Is é sin le rá nach raibh teacht ar chainteoirí Gaeilge le scríobh nó léamh, agus mar sin bheadh ar fhoghlaimoirí na teanga, a raibh sé ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt go leibhéal áirithe, litríocht na Gaeilge a athbheochan agus a athchruthú. Bhí foghlaimoirí na Gaeilge i mbun pinn agus de thoradh air seo bhí deacrachtaí le feiceáil sa chaighdeán scríbhneoireachta. Maíonn Nic Eoin (1982) ina halt ‘An Litríocht Réigiúnach agus Forbairt an Nuaphróis’ an chaoi ar chruthaigh

foghlaimoirí na Gaeilge deacrachtaí ach deiseanna do lucht léite na teanga. Is ag caint ar shruth amháin de chuid na litríochta atá sí an babhta seo, tuairim a d'eascair as dearcadh liteartha Mhic Phiarais agus Uí Chonaire:

Níl pobal taobh thiar de na scríbhneoirí cruthaitheacha agus dá bhrí sin is iarrachtaí aonaracha agus iarrachtaí réabhlóideacha iad ar go leor bealaí a gcuid saothar. Agus iad i mbun pinn is ar riachtanais na healaíne amháin a bhíonn siad ag freastal agus is ar dhúshraith an mhachnaimh agus na fealsúnachta atá scoth a gcuid saothar bunaithe. (ibid., 23)

Feictear don scríbhneoir seo go raibh buanú féiniúlachta a bhí aontaithe Gaelach i gceist leis an athbheochan. Bhí an litríocht in ann gréasán féiniúlachta a chruthú is a chothú. Mar atá luaite ag Ó Doibhlin (1974), ní mór ceisteanna an náisiúin a thuiscint agus muid ag déanamh iniúchta ar chúlra na hathbheochana litríochta in Éirinn (ibid., 11). Dar leis an Doibhlineach gurbh í an litríocht an chaoi is fearr atá ag pobal chun "...aithne a chur air féin, le sainmhíniú a dhéanamh air féin, trí mheán na ndaoine pribhléidithe sin, na scríbhneoirí" (ibid. 1974: 11). Dá mba rud é go mbeadh an litríocht in ann an gréasán seo a thógáil agus a chaomhnú mar chuid den Stát, bheadh tacaíocht an Stáit ag teastáil. Cé gur fhógair rialtas na Breataine Conradh na Gaeilge ina chumann neamhdhleathach ag rialtas na Breataine sa bhliain 1918, d'fheidhmigh an eagraíocht ar son na Gaeilge fós ach ar deireadh ghlac an Conradh páirt sa troid ar son na saoirse (Ó Cathasaigh 2005: 2). Bhí sé de chúram ar an gConradh an litríocht a chothú sa Ghaeilge mar uirlis náisiúnachais. De réir Nic Eoin (1982) ba é an Conradh a "... spreag spéis as an nua i dtraidisiúin agus i luacha na gnáthmhuintire..." (ibid., 21). Más amhlaidh go ndearnadh idéalú ar chultúr na tuaithe agus cultúr an Ghaelachais, ní mór súil a chaitheamh ar an eagraíocht ba mhó, b'fhéidir, a chuaigh i bhfeidhm ar litríocht agus ar chanóin na hathbheochana:

Gné shuntasach den réabhlóid [chultúrtha] sin, agus an ghné is buaine a mhair, b'fhéidir, ná an forás a tháinig ar litríocht na Gaeilge faoi choimirce an Chonartha. Ní foláir, áfach, bláthú seo na litríochta a shuíomh i gcomhthéacs. (Denvir 1997a: 32)

Nuair a ghlac Conradh na Gaeilge aidhm liteartha air féin le bunú fhéile an Oireachtais sa bhliain 1897, bhí sé ar intinn ag an eagraíocht an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann trí leas a bhaint as an litríocht (Nic Eoin 1982: 21). Bhí sé mar aidhm ag an gConradh an teanga a chur chun cinn sna ceantair Ghalltacha, an Ghaeltacht a chaomhnú agus litríocht nua-aoiseach na Gaeilge a chur chun cinn (ibid., 21). Is

follasach an rud é go raibh stádas na teanga níos tábhachtaí ná fiúntas na litríochta, mar bhí an eagraíocht “...róghafa ón tús le cruthú litríochta náisiúnta agus chuir an aidhm seo cosc cuid mhaith ar fhorbairt na nualitríochta cruthaithí” (ibid., 22). Dar le Nic Eoin go raibh sé mar aidhm ag Conradh na Gaeilge muintir na Gaeltachta a ghríosadh chun pinn, agus níos mó ná eagraíocht ar bith eile, cuireadh luach mór ar litríocht na gnáthmhuintire tuaithe, áit a raibh an Ghaeilge láidir (ibid., 25). Is léir go raibh béim an Chonartha á leagan ar chultúr na tuaithe ón mbonn aníos, díreach cosúil le náisiúntóirí cultúrtha eile, agus bhí na cainteoirí dúchasacha i gcroílár na hiarrachta sin a bheith fíor-Ghaelach, “...litríocht Ghaeilge a chur ar fáil a bhunú trí bhíthin na healaíne an Éire nua b’ansa leo féin” (Denvir 1997a: 35). Léiríonn líon na gcomórtas, fiú, an claonadh a bhí ann cainteoirí Gaeilge dúchasacha a chur chun tosaigh. Sa bhliain 1932, bhí ocht gcomórtas de chuid Fhéile nua an Oireachtais; ceithre cinn do shaothair liteartha agus ceithre cinn oscailte do chainteoirí dúchasacha amháin. Bhain an chuid is mó de na comórtas le seanscéalta, amhráin, dánta, seanfhocail nó beannachtaí. Ní nach ionadh gur moladh cainteoirí dúchasacha go hard na spéire agus féiniúlacht cheart Ghaelach acu (Nic Eoin 1982: 24). Bhí an litríocht tábhachtach, de réir an Chonartha, mar mheán chun an teanga a chur chun cinn seachas mar mhodh ealaíne. Áitíonn Ó Doibhlin (1974) gur dhearbhaigh an Conradh gurb é a bhí uathu “...leanúnacht stairiúil chultúr na hÉireann a athbhunú, rud nach bhféadfai a dhéanamh, dar leo, ach tríd an Ghaeilge a athbheochan...” (ibid., 202). Cáineadh litríocht na hathbheochana ó am go chéile as a bheith róthógtha le gluaiseacht an náisiúnachais seachas luach na litríochta a bhí le feiceáil ann. Cód atá i gceist leis an teanga mar “...m[h]eán teagmhála agus conbharsáide atá ag an chine daonna...” (ibid., 37). D’éirigh leis na Conraitheoirí ábhar faoi leith a chur ar fáil do lucht léite na Gaeilge; ábhar scolártha den chuid is mó agus leabhair scoile (Nic Eoin 1982: 27). Is léir, mar sin féin, nach raibh spás ar leith ann do théamaí a chuaigh i gcoinne an *status quo*, ach gurbh í aidhm na litríochta an Gaelachas féin a chothú agus a chaomhnú. Anuas air sin uilig, ba léir gur éirigh go héifeachtach le Conradh na Gaeilge feabhas a chur ar stádas ghnáthmhuintir na tuaithe mar a phléann Nic Eoin (ibid.), ach ba léir freisin, ar deireadh, nach raibh fiúntas litríocht na hathbheochana ag brath go hiomlán ar an ealaín ach ar theanga na healaíne sin. Tugadh tús áite don teanga seachas don ábhar liteartha féin.

Mar sin is léir gur baineadh leas as litríocht na Gaeilge le linn na hathbheochana chun bunchuspóir an náisiúnachais a bhaint amach. Féiniúlacht Ghaelach a bhí ag teastáil go polaitiúil le linn na hathbheochana, agus bhí litríocht na Gaeilge tagtha ar ais ó fhód a báis. Anois cuireadh brí ar ais ina cnámha, díreach le comharthaí sóirt an náisiúnachais a threisiú. Bhí an teanga mar chuid lárnach de mhisean na n-athbheochanóirí seachas ábhair agus téamaí na litríochta féin. Agus muid ag bogadh ar aghaidh go dtí an ré comhaimseartha is léir gur tháinig forbairt cheart ar thraidisiún liteartha na Gaeilge de bharr na smaointeoireachta nua-aimseartha a bhí ag fás ó na seascaidí i leith. Chonacthas an smaointeoireacht seo i ndíospóireachtaí faoin litríocht, go háirithe in irisí liteartha na teanga, áit ar tháinig spiorad nua turgnamhach i leith na critice agus na litríochta chun cinn. Pléifear, mar sin, dhá iris ar leith chun seo a léiriú: *Irisleabhar Mhá Nuad* agus *Comhar*. Feictear gur tháinig meon níos oscailte i leith na Gaeilge agus na litríochta chun cinn de réir a chéile.

### 3.2.2 *Irisí na Gaeilge: Irisleabhar Mhá Nuad agus Comhar*

Bhí réimse scolártha ag dul ó neart go neart ó aimsir na hathbheochana i leith, agus thug irisí agus foilseacháin liteartha deis iontach do scríbhneoirí úra na Gaeilge a n-áit a bhaint amach i gcanóin liteartha na Gaeilge. Anuas air sin, ba iad na hirisí a thug deis do chriticeoirí na Gaeilge a n-iarrachtaí a chur ar fáil (Ó Cathasaigh 2005: 2). Samhlaíodh gur chineál saotharlainne scríbhneoireachta a bhí san iris liteartha le linn na hathbheochana (Nic Eoin 1982: 46). Ba sna hirisí a bhí iarrachtaí liteartha scríbhneoirí an ama ar fáil taobh le léirmheasanna ar chuid de na hiarrachtaí sin. Ba iontu a bhí seánra na critice ag acadóirí na Gaeilge ar fáil agus iad ag déanamh anailise ar litríocht na hathbheochana agus ar shaol na Gaeilge le linn na tréimhse sin. Faoi mar a phléann O'Leary (1994), ba í *An Gaodhal* an chéad nuachtán a bhí dírithe ar an nGaeilge chomhaimseartha agus a litríocht (ibid., 7). Foilsíodh an nuachtán in Brooklyn, Nua-Eabhrac in 1881. Cé go raibh an nuachtán dátheangach, thug sé ardán liteartha dóibh siúd a bhí ar imirce i Meiriceá agus a thug leo a ndúchas agus a dteanga go dtí an tOileán Úr. Áitíonn Ó Cathasaigh (2005) gur foilsíodh irisí liteartha de chuid na Gaeilge le *Irisleabhar na Gaedhilg*, de chuid 'The Society for the Preservation of the Irish Language' a bhí dátheangach ar dtús mar a phléann O'Leary (1994: 8) ar dtús, inar soláthraíodh dánta, amhráin, scéalta agus aistí. Tháinig *Gadelica*, *An Stoc*, *An Lóchrann*, *Fáinne an Lae*, *An Claidheamh Soluis*, agus *Irisleabhar Mhá Nuad* (IMN)



chun cinn ina dhiaidh; irisí agus foilseacháin éagsúla le hábhair áirithe chomhaimseartha idir chamáin. Feictear tionchar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad agus muid ag trácht ar irisí agus ar fhoilseacháin na Gaeilge. Tagraíonn Nic Eoin (1982) don tslí ar chuidigh saothar critice an mhórscoláire Bhreandáin Uí Dhoibhlin le *bunús eolaíoch* a chur faoin léirmheastóireacht agus faoi chritic na Gaeilge mar a fheictear sna hirísí liteartha *Léachtaí Cholm Cille* agus *Irisleabhar Mhá Nuad*.

Rianaíonn Mag Shamhráin (1986) bunú agus tábhacht IMN i bhforbairt na critice liteartha ina shaothar *Litríocht, Léitheoireacht agus Critic*. Bunaíodh IMN in 1898 ach tugadh ‘The Record of the League of St. Columba’ air go dtí 1907. Foilsíodh scéalta, filíocht, aistí agus seantéacsanna san iris, agus bhí téamaí éagsúla liteartha agus critice le feiceáil inti. De réir a chéile, tháinig téama amháin chun cinn i lár na seascaidí a bhí ag teacht le comóradh Éirí Amach na Cásca, 1916. Casadh nua a bhí i gceist leis an iris a bhí curtha in eagar ag mic léinn Chuallacht Cholm Cille, cumann Gaelach an choláiste. Bhí sé mar aidhm ag lucht na hirise “...léirmheastóireacht thuisceanach ar shaothair liteartha a chothú” (Nic Eoin 1982: 53). Chothaigh an cineál seo léirmheastóireachta caighdeán níos airde litríochta. Míníonn Breandán Ó Doibhlin (1970) agus an chéad léacht riamh de chuid *Léachtaí Cholm Cille* á tabhairt aige “Only by applying the most rigorous standards do we pay writing in Irish the supreme compliment of taking it seriously. This, I feel quite honestly, is something that anyone with a care for our literary expression... must do today. And not, mind you, out of some ideological commitment to the pieties of the Irish Revival...” (ibid., 9). Tá sé soiléir go raibh laigí móra le sárú ag IMN áfach. Déanann Mag Shamhráin (1986) iniúchadh ar an gcaoi a raibh míchruinneas Gaeilge ann, easpa aontachta san ábhar agus caighdeán éagothroma le feiceáil. Dar leis an scríbhneoir seo gur tháinig feabhas ar IMN de réir a chéile agus bhí gluaiseacht nua smaointeoireachta agus critice ar bun ag lucht a scríofa. Feicimid in iris litearta eile, *Comhar*, léirmheas a léiríonn buanna IMN. Thug IMN cúram ar leith don nua-litríocht sa Ghaeilge agus is cinnte go raibh sé soléite suimiúil mar irisleabhar (Ó Beoláin 1969: 25).

Ina halt sonrath “Comhar le Seachtó Bliain Anuas”, pléann Áine Keegan (2012) stair na hirise agus an tábhacht a bhain léi. Tháinig *Comhar* ar an bhfód sa bhliain 1942 mar

iris a thug ardán nua do lucht a léite. Ag iarraidh litríocht nua-aimseartha a sholáthar agus ardán nua díospóireachta agus critice, leagadh síos aidhmeanna cinnte i dtaca leis an iris ó bunaíodh í (ibid., 13). Smaointeoireacht cheannródaíoch a bhí i gceist leis an iris (Ní Dhonnchadha agus Uí Chollatáin 2014: ii). Bhí scríbhneoirí éagsúla i gceist leis an iris, Máirtín Ó Direáin, Seán Ó Riordáin agus Breandán Ó hEithir ina measc. Agus Seán Ó Buachalla mar chéad eagarthóir na hirise, thuill an iris cáil agus meas ó dhaoine ar bheagán Gaeilge chun an teanga a fhoghlaim. Mar a phléann Keegan (2012), bhí blianta tosaigh na hirise thar a bheith rathúil agus díriodh go mórmhór ar nuacht agus ar ailt fhaisnéiseacha (ibid., 13). Thug na seascaidí, áfach, guth nua don iris agus bhí spriocanna difriúla á gcomhlíonadh aici (ibid., 14). Bhí dearadh agus cruth na hirise difriúil anois cé go raibh costas breise le díol as eagarthóirí na hirise. Is cinnte go raibh Máirtín Ó Cadhain ag iarraidh an iris a chur chun cinn:

Is léir gur éirigh le Máirtín Ó Cadhain, thar aon scríbhneoir eile, *Comhar* a chur i mbéal an phobail agus deich mbliana tar éis a bháis rinne a chomhscríbhneoirí ceiliúradh ar a shaol agus ar a shaothar in eagrán speisialta de *Comhar*. Léargas a bhí ann ar an bhfear féin, ar a chuid tuairimí agus ar a bhuanna scríbhneoireacht. (ibid., 15)

Ardán a bhí i gceist le hirísí liteartha na Gaeilge a chuir deiseanna nua ar fáil do scríbhneoirí, léirmheastóirí agus léitheoirí na teanga. Thug irisí ar nós *Comhar* agus IMN ardán nua do scríbhneoirí agus do chriticeoirí na Gaeilge chun spás nua a chruthú. Is fiú a rá, chomh maith leis sin, go raibh díospóireachtaí móra fós ann maidir le teanga na nua-litríochta ó thús an fichiú haois ar aghaidh. Léireofar ar ball an chaoi ar chuir argóintí maidir le húsáid na Gaeilge isteach ar fhorbairt na litríochta agus dá bhrí sin, ar fhorbairt na critice liteartha.

### 3.2.3 *Caint na nDaoine nó Gaeilge an Chéitinnigh?*

A literature suppressed as largely oral for two centuries could not simply be resumed by an act of patriotic will. There was a tradition to be resorted and the process by which that restoration would be achieved was at the heart of the most important, acrimonious, and lengthy debate of our period, extending from the 1880s through the decades of this century. The practical focus of this controversy was on whether the new prose of the Revival should attempt to pick up where the tradition had been ruptured in the seventeenth century or whether it should accept the fact of discontinuity and root itself in the spoken language as it had evolved for two hundred years. (O'Leary 1994: 9)

Bhí caint na ndaoine sin á moladh ag Conradh na Gaeilge ón tús sa litríocht faoi mar a phléann O'Leary (ibid.) thuas é. Bhí cineál agus caighdeán na Gaeilge mar ábhar diospóireachta rialta agus an cineál réime agus stíl a mbeifear ag súil leis (Nic Eoin 2005: 50). Ar shlite ar leith, bhí teanga na litríochta níos tábhachtaí ná fiúntas na litríochta a bhí faoi chaibidil ag na scríbhneoirí. Is cinnte go rabhthas ag iarraidh na foghlaimeoirí Gaeilge a spreagadh chun pinn. Maíonn Kiberd (2002) gur bheag nár thit Conradh na Gaeilge as a chéile de dheasca an easaontais a bhí ann i leith teanga: Gaeilge chlasaiceach a úsáid mar mheán ceapadóireachta nó caint na ndaoine (ibid., 23). Pléann Nic Eoin (2005) in *Trén bhFearann Breac* go raibh an tAthair Risteárd de Hindeberg ag iarraidh go mbainfí leas as an nGaeilge chlasaiceach, rud a chuaigh i gcion an Athar Peadar Ua Laoghaire, a bhí go hiomlán ar son úsáid caint na ndaoine (ibid., 51). Shíl an tAthair de Hindeberg go raibh caint na ndaoine faoi anáil an Bhéarla agus nach mbeadh an meán áirithe teanga sin maith go leor do litríocht na Gaeilge. Míníonn Williams agus Ní Mhuiríosa (2001) an chaoi ar tugadh an scoilt seo mar chuid de dhioscúrsa na Gaeltachta agus na Gaeilge in Éirinn i gcomhthéacs na tréimhse seo:

Mheas cuid acu [scríbhneoirí agus léirmheastóirí na Gaeilge] gur chóir Gaeilge an 17ú haois, mar a scríobh an Céitinneach í, a ghlacadh mar chaighdeán; cuid eile a d'fhéach le haithris a dhéanamh ar stíl fhoclach na Scéalta Fiannaíochta. Ach bhí dream amháin ann a dhearbhaigh gur chóir feidhm a bhaint as an nGaeilge mar a bhí sí á labhairt san am sa Ghaeltacht. 'Caint na nDaoine' a bhí mar rosc catha ag an dream seo agus i ndeireadh na dála is acu sin a bhí an bua... (ibid., 361)

Mhol nua-aoiseoirí, Pádraig Mac Piarais ina measc, go raibh caint bheo na Gaeltachta níos feiliúnaí le freastal a dhéanamh ar aos óg na Gaeilge sa litríocht chomhaimseartha (ibid., 363). Mhol Mac Piarais a "...bhfíor-mheon do nochtadh don tsaol..." agus go raibh an "...píosa Gaedhilge..." níos tábhachtaí ná an iarracht ealaíonta (Ó Rinn 1940: 65-66).. Mar sin féin, mheas Ó Cadhain go mbeadh an dearcadh muinteartha ag teacht le húsáid an chineáil teanga sin (O'Brien 1978: 7). Is dócha, anuas air sin, go raibh fadhbanna le sárú ag cuid mhór de chriticeoirí na Gaeilge as na hionchais a bhí acu i leith chritic na Gaeilge:

Is é bunfhadhb lárnach i gcritic liteartha na Gaeilge ná gurb annamh a tugadh aitheantas ceart don réaltacht theangeolaíoch ina raibh scríbhneoirí na Gaeilge ag feidhmiú. Bhíothas

ag súil le híonghlaineacht agus le cruthaitheacht teanga ón scríbhneoir Gaeltachta; bhíothas ag súil le cruthaitheacht teanga, chomh maith le cruinneas agus saibhreas – de réir chaighdeán Gaeltachta nárbh é caighdeán na comhaimsire i gcónaí é – ón scríbhneoir Galltachta. Ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas ná go rabhtas ag dréim le caighdeán nach raibh réalaíoch faoi na cúinsí inar mhair an teanga agus pobal a labhartha agus a scríofa. (Nic Eoin 2005: 67)

Déantar seo a shoiléiriú níos faide i léacht mhór le rá *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, de chuid Uí Chadhain (1969) a bhí den bharúil go bhfuil “...caint na ndaoine atá ag aon scríbhneoir Gaeilge, bíodh sé in a Ghaeilgeoir ná eile” (ibid., 21) níos tábhachtaí. Seans maith gurbh í aeistéitic na healaíne a bhí i gceist ag Ó Cadhain – nárbh í caint na ndaoine bun agus barr na hiarrachta ealaíonta agus nár chóir an cineál sin léamha a bheith lárnach i saothar litríochta. Ba é sin díreach an rud ba mhó a sheas amach in intinn léirmheastóirí na hathbheochana de réir Declan Kiberd (2002). Bhí caint na ndaoine neadaithe in intinn na léirmheastóirí, agus ní raibh cuid acu in ann an litríocht a phlé gan caint na ndaoine a tharraingt isteach sa scéal (ibid., 43). Bhí an léamh teangeolaíoch ar cheann de na príomhphointí plé le linn na hathbheochana. Díreach cosúil le teoricí an Athar Peadar Ó Laoghaire, bhí lucht na léirmheastóireachta faoi smacht ag lucht na teangeolaíochta sna comhthéacsanna céanna (ibid., 36). Tá sé sin ag teacht le tuairimí Nic Eoin (1982) a shíl nár “... ghá ach “caint na ndaoine” a bhreacadh síos ar pháipéar agus bhí litríocht agat” (ibid., 36). Bhí an meon céanna ag dul leis an léirmheastóireacht sna hirisí liteartha Gaeilge cosúil le *Branar* a scríobhadh “...i nGaedhilg an lae indiu ag cur síos ar chúrsaí an lae indiu” (Ó Cathasaigh 2005: 89).

Caint bheo na Gaeltachta anois ar fáil i nua-litríocht na Gaeilge agus í in úsáid ag príomhscríbhneoirí an tráchtais seo, Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh. Le húsáid na n-irisí liteartha agus anois treoir éigin ar fáil faoi fhoirm na teanga, bhí dream na hathbheochana in ann díriú ar thraidisiún láidir litríochta a fhorbairt. Ach céard iad na seánraí liteartha a bhíodh i gceist leis an athbheochan? Ar sheas seánra amháin chun tosaigh amach? Agus an féidir linn bua na seánraí sin a mheas agus a chur i gcomhthéacs ár scríbhneoirí Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh?

### 3.2.4 *Seánraí Liteartha na hAthbheochana*

Ón athbheochan i leith, bhí seánraí liteartha ar leith i bhfad chun tosaigh ar sheánraí eile. Ba iad an gearrscéal agus an fhilíocht na seánraí ba mhó a bhí faoi bhláth ó aimsir na hathbheochana. Ní raibh traidisiún láidir úrscéalaíochta sa Ghaeilge. De réir Uí Dhoibhlin "...[an] Irish writer sees himself as a recorder of experience rather than as an explorer of the human condition" (Nic Eoin 1982: 10) a léiríonn cén fáth a raibh an dírbheathaisnéis coitianta go leor i gcanóin na Gaeilge. Anuas air sin, bhí aistritheoirí Gaeilge, le bunú An Gúm, ag cur saothair liteartha de chuid an domhain mhóir ar fáil do lucht léite na Gaeilge. Cuireadh An Gúm ar bun sa bhliain 1926 faoi chúram na Roinne Oideachais (Nic Eoin 1982: 28). Le bunú An Ghúim a tháinig *galar an tsoláthrachais* le drochiarrachtaí scríbhneoirí cruthaitheacha agus aistriúcháin ar shaothair Eorpacha agus Béarla á soláthar seachas iarrachtaí ealaíonta Éireannacha. Faoi mar a phléann O'Leary (1994), bhí punt le gnóthú ag an scríbhneoir dá n-aistrefaí míle focal don Ghúm (ibid., 355). Bhí caighdeán na dtéacsanna roghnaithe ag An Gúm íseal go leor cé go raibh caighdeán na n-aistriúchán sásúil go leor le haistritheoirí ar nós Sheosaimh Mhic Ghrianna agus Shéamuis Uí Ghrianna (ibid.) Is cinnte nach mbeifí ag súil le forbairt na litríochta trí mheán an aistriúcháin mar a mhíníonn Ó Rinn (1940).

Dá mbeadh cion dleathach na Gaedhilge d'aistriúcháin ar siúl againn do bheith á dhéanamh. Níor chuala trácht riamh ar litríocht d'fhás de thoradh aistriúcháin amháin... Tuigeanann cách an méid sin ach tá taobh eile ar an scéal so ná cuimhnítear go ró-mhinic air. Ní fhásfaidh an Ghaedhilg féin, mar theangain, de bharr aistriúcháin is téarmaíochta amháin. (ibid., 9)

Maíonn Ó Rinn thuas gurbh í an fhilíocht an seánra ba láidre agus ab oiriúnaí i litríocht na Gaeilge. Is inti a bhí "... an Ghaedhilg is fearr agus is áille" (ibid., 80) Cuireann Ó Rinn an fhilíocht i gcodarsnacht leis an bprós, agus léiríonn sé go bhfuil bua na teanga le feiceáil níos mó san fhilíocht. Dar le Williams agus Ní Mhuiríosa (2001) go raibh an fhilíocht i gcónaí níos láidre sa Ghaeilge ná an próis. Ní dheachaigh an fhilíocht go hiomlán i ndisc go deireadh an naoú haois déag i gcomparáid leis an bprós nach raibh ar fáil ar chor ar bith le linn na tréimhse sin. Ní raibh iarrachtaí fhilí na hathbheochana á gceiliúradh ag Ó Cadhain (1969) agus cáineadh a n-iarrachtaí go hoscailte. Níor dhóigh leis go raibh iarrachtaí na bhfilí maith go leor, agus, dar leo, nach raibh caighdeán a saothar maith go leor:

Agus leis an bhfilíocht freisin sílim...Ní bheadh sé cneasta gan é a rá. Staid bhagrach, drochthuar é, an iomarca tóir a bheith ar fhilíocht a chuma le hais an phróis. Seo mar tá sé i mionteangachaí eile ar nós Gaidhlig na hAlban, a bhfuil triúr nó ceathrar filí den chéad scoth inti freisin...Na cúpla file maith atá againn níl siad ag cuma a ndóthain. Is fusa go fada lyric dheas neamhurchóideach ocht líne a chuma... Seo í an éascaíocht agus an leisce ar ais aríst! Cho fada is is léar dhomsa is mó go mór a bhfuil d'fhilíocht dhá scríobh sa nGaeilge ná sa mBéarla in Éirinn. Go leor de na daoine seo a scríobhas ocht líne an Sprid Naomh gach Cincís tá siad in acmhainn leabhar a chur ar fáil. Is cuid d'athbheochan na Gaeilge freisin í an scríbhneoireacht, earra a mbíonn muid síoraí ag déanamh gaisce chlúiteach aisti. Sé an próis tathán, coincread, clocha saoirsinne an tsaoil, agus é cho garbh míthaitheamhach leis an saol féin. (ibid., 36-37)

Is léir, mar sin, go raibh cúiseanna ann le filíocht na Gaeilge a bheith chun tosaigh le linn aimsir na hathbheochana ach go raibh sí á cáineadh ag léirmheastóirí áirithe. Mar sin féin, bhí áit faoi leith bainte amach ag an bhfilíocht mar sheánra náisiúnta don teanga taobh leis an ngearrscéal, seánra liteartha eile a ghnóthaigh stádas maith in athbheochan na Gaeilge. Is léir go raibh an gearrscéal i réim in Éirinn i gcomparáid le Sasana nó Meiriceá agus díreach mar a áitíonn Kiberd (2002), bhí cúiseanna taobh thiar de seo go háirithe nuair a chuirtear an gearrscéal i gcomparáid leis an úrscéal. Díríonn an gearrscéal, a bheag nó a mhór, ar chás an duine aonair seachas ar aicmí na tíre nó an pobal a chruthaíonn seánra an úrscéil. Mar a phléann Ní Dhonnchadha in *An Gearrscéal sa Ghaeilge: 1898-1940* (1981) bhí foirm an ghearrscéil á moladh ag Mac Piarais do nua-scríbhneoirí na Gaeilge "...óir chonacthas dó gurbh í seo foirm próis an fichiú haois agus an fhoirm ab oiriúnaí do nuaphrós na Gaeilge" (ibid., 51). Mar a mhíníonn O'Connor in *The Lonely Voice* (2004), a céadfoilsíodh in 1962, is léir go bhfuil *submerged population group* i gcroílár an ghearrscéil i gcomparáid leis na laochra san úrscéal, "It may be Gogol's officials, Turgenev's serf, Maupassant's prostitutes, Chekhov's doctors and teachers, Sherwood Anderson's provincials, always dreaming of escape" (ibid., 17). Áitíonn Kiberd (2002) gur tháinig an gearrscéal chun cinn in Éirinn toisc go raibh traidisiún maith béaloidis sa tír agus go mbíonn an cineál sin seánra faoi bhláth in áiteanna ina bhfuil an traidisiún sin coitianta. Bhí an fhoirm seo níos oiriúnaí don tír le linn na hathbheochana toisc nach raibh "...pobal socair síochánta" (ibid., 110) ann, rud a bhaineann le tír ina bhfuil traidisiún láidir úrscéalaíochta.

Is díol spéise é an fáth a raibh an lámh in uachtar ag seánraí an ghearrscéil agus na filíochta i dtraidisiún na Gaeilge le linn na hathbheochana. Cé go raibh deacrachtaí

móra le sárú ag lucht na hathbheochana leis an aistriúchán mar mhodh ealaíne, faoi mar a phléann O'Learly (1994), de réir a chéile ní raibh scríbhneoirí na hathbheochana ag dul i muinín an aistriúcháin a thuilleadh (ibid., 398). Toisc go raibh an fhéiniúlacht Ghaelach mar ghné lárnach den pholaitíocht náisiúnach i rith na hathbheochana, bhí seánraí éagsúla liteartha níos oiriúnaí ná a chéile. Beartaíonn an tráchtas seo scagadh a dhéanamh ar bheirt scríbhneoirí a chleachtann an dá sheánra sin go gairmiúil (an ghearrscéalaíocht agus an fhilíocht) agus ní iontas ar bith é go bhfuil an seánra sin fós ag dul i dtreis i gcorpas na Nua-Ghaeilge. Cé go raibh cruth níos cinnte ag teacht ar thraidisiún liteartha nua-aimseartha na Gaeilge bhí ceisteanna le freagairt go fóill, go háirithe ó thaobh na téarmaíochta de.

### 3.2.5 *Téarmaíocht na Critice*

Bhí deacrachtaí móra le sárú ag criticeoirí liteartha na Gaeilge go háirithe ón athbheochan i leith toisc nach raibh téarmaíocht chritice le fáil i dtraidisiún liteartha na Gaeilge. Ba léir ó eagarthóirí IMN, Seán Mac Giolla Riabhaigh, Tadhg Furlong agus Pádraig Ó Fiannachta ina measc, go raibh fadhbanna móra ag criticeoirí an ama toisc nach raibh traidisiún láidir léirmheastóireachta sa Ghaeilge a chuirfeadh téarmaí ar fáil. Bhain deacrachtaí leis an bhfocal *léirmheastóir* féin fiú. Níor ghlac gach duine leis an téarma léirmheastóir ar chúiseanna éagsúla. Léirigh na heagarthóirí go raibh an focal thar a bheith liopasta. Dar leis na heagarthóirí gur cheart filleadh ar ais ar an bhfocal *critic* atá le feiceáil i dteangacha eile na hEorpa mar fhréamh (*Kritik, critique, criticism*). Ní raibh na heagarthóirí, sa bhliain 1967, sásta glacadh le *-eachas* mar fhoirceann ach oiread agus é aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge. Faoi dheireadh socraíodh ar na téarmaí *critic* agus *criticeoir* leis an dá théarma a roinnt óna chéile (ibid., 90). Bhí Ó Doibhlin (1974) ar aon intinn leis na heagarthóirí toisc gur aithin na difríochtaí idir an focal *critic* agus léirmheas (ibid., 11). Níl meastóireacht á déanamh ag lucht critice ach léitheoireacht. Is léir go dtagann sé seo le tuairimíocht Uí Rinn (1940) gur chóir go mbeadh “... téarmaí dúthchasacha teangan” (ibid., 10) sa léirmheastóireacht agus sa Ghaeilge. Bíonn an stampa dúchais chomh daingean sin ar théarmaíocht gur chóir téarmaí gearra do Ghaeilge na Gaeltachta a úsáid seachas iad a aistriú díreach ó theanga amháin go dtí an sprioctheanga (ibid.). Dar leis go bhfuiltear in ann téarmaíocht a bhrú isteach sa Ghaeilge, ach nár chóir a leithéid a bheith ann ar an gcéad dul síos agus gur

“...dhearmadar gur le fás is le saothrú, diaidh ar ndiaidh, a thagann a leithéid...” (ibid., 83). Mar sin féin, bhí lucht IMN ag iarraidh téarmaí ón bhFraincis agus ó chritic liteartha na Fraincise a aistriú go Gaeilge agus ceapadh nach raibh na téarmaí nua ag “...luí go nádúrtha leis an teanga Ghaeilge...” (Mag Shamhráin 1986: 27). I léirmheas de chuid Dhaithí Uí Choileáin (1974) ar iarrachtaí Bhreandáin Uí Dhoibhlin téarmaíocht Ghaeilge a thabhairt isteach sa teanga, áitíonn sé go bhfuil sé “...ró-cheanúil ar théarmaí teicniúla. Is d’fhonn an chruinnis a úsáideann sé iad, ar ndóigh, ach faighimse blas mínádúrtha ar chuid mhór acu” (1974: 24).

Cruthaíodh deacrachtaí le téarmaíocht na critice toisc gur tháinig cuid mhór de na téarmaí sin ó theangacha eachtracha. Dá mbeadh criticeoirí na Gaeilge ag iarraidh traidisiún láidir critice a chur i dtoll a chéile, níor mhór go n-oirfeadh an téarmaíocht a bheadh in úsáid acu don teanga. Feictear deacrachtaí den chuma chéanna sa tráchtas seo agus an scríbhneoir ag iarraidh critic iomlán nua a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

### 3.2.6 *Ceisteanna an Traidisiúin*

Bhí cuspóirí polaitiúla na hathbheochana soiléir ó chineál na dtéacsanna a bhí á bhfoilsíú le linn na tréimhse. Mar a léiríodh cheana, bhí constaicí agus coinníollacha áirithe le sárú ag an scríbhneoir cruthaitheach Gaeilge chun áit a ghlacadh sa traidisiún liteartha. Ceist thar a bheith spéisiúil is ea ceist an traidisiúin agus an chaoi a raibh an traidisiún ag dul i bhfeidhm ar chéadscríbhneoirí an fichiú haois. “Rud beo bisiúil is ea traidisiún...” (Denvir 1997a: 56) agus faightear sainiúlacht an phobail, nó an phobail liteartha, laistigh den traidisiún. Bhí ceisteanna an traidisiúin fíorthábhachtach do scríbhneoirí an chéid seo caite. Ina dhiaidh sin, míníonn Ó Doibhlin (1974) in *Aistí Critice agus Cultúir* go mbunaítear traidisiún trí phróiseas ina ngintear féiniúlacht (ibid., 254). Mar a pléadh cheana féin, ba é an gréasán samhlaíoch seo ar labhair Bríona Nic Dhiarmada (1998) faoi in ‘An Bhean agus an Bhaineann: Gnéithe Den Chritic Fheimineach’ toradh an phróisis. Ach céard atá i gceist le traidisiún? Míníonn Nic Dhiarmada an gréasán samhlaíoch seo a leanas i dtéarmaí chumadh na filíochta agus an traidisiúin go mbíonn an cumasc sin de théamaí, d’iomhánna, de shamhlaoidí, de mhiotais agus de phointí tagartha (ibid., 165)



Déantar iarrachtaí an Ghaeilge agus a traidisiún a chungú agus a bhrú isteach i gcatagóir ar mhaithe na simplíochta. Leanann Nic Dhiarmada ar aghaidh ag míniú nach “...dioscúrsa monailteach amháin é traidisiún na Gaeilge ach go bhfuil sruthanna faoi leith agus dioscúrsaí éagsúla le cloisteáil laistigh de” (ibid., 172). Mar sin féin, bhí an traidisiún tábhachtach do scríbhneoirí na Gaeilge. Díreach cosúil leis an gcineál teanga a d’úsáidfí i dtéacs faoi leith, bheadh tábhacht le leanúnachas an traidisiúin laistigh den phársa liteartha. Mar a mhíniú Ó Rinn (1940), ba léir go raibh scríbhneoirí na tréimhse ag iarraidh coinníollacha áirithe litríochta a shásamh trí chaighdeánú agus trí leas a bhaint as an traidisiún mar fhráma oibre:

Ar nós seana-bhós leanann siad go dlúth den chomhairle sin “ná dein nós agus ná bris nós”. Bíonn sé de bhéas ag ár gcomharsain a leithéid seo nó siúd de chuma agus bímid-ne ar aon dul leo i gcomhnaí ar eagla go dtabharfaí fé ndeara sinn is go ndéarfaí go bhfuilimid “go hait”, sé sin, éagsamhail leis an gcuid eile. (ibid., 48)

Bhí sé mar chuspóir ag athbheochanóirí na Gaeilge féiniúlacht chinnte chultúrtha Ghaelach a thógáil agus bhí traidisiún liteartha na Gaeilge ina cheist thábhachtach le linn na hathbheochana. Cuireadh luach faoi leith ar théacsanna a raibh múnla traidisiúnta orthu, téacsanna a ghlac le heilimintí an ghréasáin shamhlaíoch a bhí go mór faoi bhrú ag an ngluaiseacht náisiúnach. Sa chéad rannóg eile, mar sin, breathnófar ar thraidisiún na critice agus na léirmheastóireachta i ngort na Gaeilge.

### **3.3 Modhanna Léitheoireachta**

#### *3.3.1 Ceisteanna Léirmheastóireachta*

Le forbairt na litríochta Gaeilge, tháinig forbairt ar an gcritic liteartha chomh maith. Míniú Ó Gormghaile (1984) gurbh í aidhm an chriticeora léamh *ceart* a dhéanamh ar théacsanna na hathbheochana (ibid., 40). Tagraíonn sé (ibid.) don chriticeoir Francise Brunetière a dúirt go n-eagraíonn an chritic coinsias aestéitiúil na litríochta agus nach bac nó bagairt í an chritic ach go soláthraíonn sí “...bealaí oibre... a chuidíonn leis an léitheoir (proifisiúnta nó a mhalairt) tuiscint níos doimhne a fháil ar luach an tsaothair idir lámha aige...” (ibid., 40). Téann smaointeoireacht Uí Ghormghaile go maith leis an tuairim go n-athraíonn an chritic liteartha ionad na spéise ón téacs féin agus go dtugtar tús áite don litríocht mar ghluaiseacht “...ón údar i dtreo an téacs...”

(ibid.). Ina dhiaidh sin, is é gnó an chriticeora an téacs a iniúchadh agus tuiscint áirithe ar an téacs a mhúnlú trí fhráma tagartha leagtha síos ag an gcriticeoir féin. Níl sé mar aidhm ag an gcriticeoir brí an téacs a sholáthar don léitheoir ach díreach slí léitheoireachta amháin a chur ar fáil (Riggs 1998: 24). Léiríonn Ó Floinn (1971) leis an gcineál sin cur chuige sna seachtóidí a shainmhíníonn ceird an léirmheastóra (seachas an criticeoir a dhéanann léitheoireacht ar an bpíosa seachas é a mholadh/a cháineadh) mar chleachtadh a thugann “...treoir do idir scríbhneoirí is léitheoirí... a chuidíonn le forbairt na litríochta mar gheall ar an slat tomhais a imrítear ar gach iarracht ar fiú slat tomhais a imirt uirthi...” (ibid., 6). Mar sin, níl údarás faoi leith ag an gcriticeoir litríochta ach ba chóir dó a bheith ina chabhair ag an léitheoir litríochta. Dúirt Ó Móráin (1984), agus é ag caint ar an mBíobla, “Ar feadh i bhfad ní raibh cead ag aon duine an Bíobla ná téacsanna reiligiúnacha a léirmhíniú ach acu siúd a raibh an t-údarás acu” (ibid., 31). Mar sin, bíonn mionscrúdú i bhfeidhm ag an léirmheastóir litríochta agus téacs idir lámha aige (O’Brien 1978: vii) agus déanann an léirmheastóir luach an tsaothair a scagadh. Déanann sé an litríocht a chiallú de réir Alan Titley (1997) agus a mheas faoi cháilíochtaí foirme, staire, cúlra agus eile (Titley 1997: 11). Ní hé sin le rá gur breitheamh é an léirmheastóir nó an criticeoir. Míníonn Ó Doibhlin (1967) feidhm an chriticeora i leith na litríochta:

Is mó i bhfad is mínitheoir é, ná breitheamh. Ní gá go mbeadh sé ag iarraidh na ‘mórscribhneoirí’ a dhealú ó na ‘mionscribhneoirí’; déanfaidh imeacht na haimsire sin dó. Ní gá dó ‘go maith’ ná ‘go dona’ ná ‘go measarta’ bheith i gcónaí ar bharr a theanga aige... Is é an cheist atá romhainn feasta mar chriticeoirí: an bhfuil muid in ann, ní amháin ciall na saothar liteartha a léiriú (mar is obair é sin do lucht taighde ar stair, ar shanasaíocht, ar shiceolaíocht), ach an bhrí agus éifeacht na céille sin ar léitheoirí na haimsire seo a bheachtú agus a cheangal lena dtaithí féin. (ibid., 8)

Feidhmíonn critic liteartha na Gaeilge ag leibhéal iolrach agus bhíodh sí i gcónaí “...ar oscailt do na gaotha isteach...” (ibid., 12-13). Más sa tóir ar fhírinne atáthar sa litríocht, agus má ghlactar leis gur cuid den *data* daonna é an léitheoir, an féidir úsáid a bhaint as foinsí eile critice chun anailís a dhéanamh ar phársa liteartha (De Paor 2006: i)? Mar a deir Ó Móráin (1984) is féidir le duine a thraidisiún liteartha féin a chumadh (is é sin na saothair atá léite aige) agus mar sin níl aon chontúirt ann tuairimí pearsanta faoin bpíosa a chur san áireamh sa chritic. Tá an staid inmíoch seo faoin smaointeoireacht sheachtrach ar fáil i saothar Mháire Ní Annracháin agus Bhríona Nic Dhiarmada

(1998), *Téacs agus Comhthéacs*, ina bpléitear gnéithe de chritic na Gaeilge. Is dóigh nach féidir iarrachtaí na n-eagarthóirí a cháineadh (seachas moltaí Phádraigín Riggs ina léirmheas ar an leabhar in ‘Ar a gConlán Féin’, 1998) as a bheith chomh leathan sin sa leabhar. Mar sin féin, tá an staid inníoch seo faoi theoricí léirmheastóireachta agus liteartha le tabhairt faoi deara i réamhrá an tsaothair nuair a deir na heagarthóirí: “Níl sé cóir nó cothrom go dtiocfadh mic léinn na Gaeilge chuig an ábhar [an chritic litheartha] seo trí mheán lámhleabhair an Bhéarla” (Ní Annracháin agus Nic Dhiarmada 1998: 1). Chomh maith leis sin, brúitear an smaointeoireacht sheachtrach seo amach as comhthéacs an leabhair agus cuirtear béim ar úsáid an Bhéarla agus tionchar an Bhéarla ar chritic na Gaeilge. Mar sin féin deirtear nach litríocht *sui generis* í an Ghaeilge agus go “...[n]diúltaimid don dearcadh cúng a mhaífeadh nach cóir aon bhaint a bheith againn leis an machnamh idirnáisiúnta...” (ibid., 2). Ba léir, mar sin, go raibh (agus go bhfuil) an chritic faoi thionchar litríochtaí agus smaointeoireachtaí idirnáisiúnta eile, ach ag an am céanna tháinig traidisiún láidir dúchasach critice chun cinn ón athbheochan i leith, go háirithe trí mhodhanna critice Dhónaill Uí Chorca, a dtagrófar dó sa chéad alt eile, agus Bhreandáin Uí Dhoibhlin.

Faoi mar a pléadh cheana, bhí an fhéiniúlacht Ghaelach mar chuid lárnach den athbheochan agus, taobh thiar de ghníomhaíochtaí eagraíochtaí ar nós Chonradh na Gaeilge, bhí tuairimíocht nua ag teacht chun cinn. Duine de na nuasmaointeoirí é Dónall Ó Corcora. Ollamh le Béarla i gColáiste na hOllscoile Corcaigh a bhí ann, agus cáil air mar údar Béarla. Chreid Ó Corcora i gcoincheap na cúisíochta agus an chaoi a raibh slí Ghaelach ann chun leabhar a scríobh. Chonacthas dó go raibh trí mhórtionchar i gcró na tíre; creideamh na ndaoine, náisiúnachas agus an talamh (Mag Shamhráin 1986: 86) agus go raibh gach saothar liteartha bunaithe, a bheag nó a mhór, ar na téamaí sin. Bhí Ó Corcora den tuairim go raibh an téacs liteartha mar cháipéis shóisialta (Nic Eoin 1998: 76) agus bhí cuid mhaith tionchair ag smaointeoireacht Uí Chorca ar scoláirí eile i gCorcaigh, Seán Ó Tuama go háirithe. Mar thoradh air sin, ba léir go raibh an cháipéis shóisialta seo níos tábhachtaí, b’fhéidir, ná fiúntas an tsaothair liteartha féin. Cuirtear cáipéis shóisialta den chuma seo le chéile tríd an ábhar a roghnaítear sa phíosa nó ar shuíomh an phíosa chomh maith (O’Brien 1968: 53). Bheifí ábalta cáipéis shóisialta a chur le chéile dá mbeadh an píosa ag teacht le stair na tíre nó dá mba scáthán

é ar shaol na linne inar scríobhadh é (ibid., 53). Bhí an cháipéis shóisialta ag teacht chun cinn trí chomhoibriú leis an bpobal agus bhí sé de dhualgas ar an scríbhneoir, dá bharr, labhairt ar son an phobail ina shaothar (ibid., 75). Bhí sé de chuspóir ag an teoiric seo scríbhneoirí a ghríosú ar mhaithe le gluaiseacht na hathbheochana agus chun iarrachtaí na gluaiseachta sin a chur chun cinn. Ina dhiaidh sin, bhí Ó Corcora den tuairim gur fhás agus gur fhorbair litríocht na Gaeilge go nádúrtha “...neamhspleách ar litríochtaí eile...” (ibid., 76-77). Ba dheacair a shéanadh go raibh cuid de thionchar na hEorpa le feiceáil ar litríocht na Gaeilge ó cuireadh an chéadpheann Gaeilge le pár, agus go raibh an Corcorach é féin faoi thionchar smaointeoirí na Fraince, Ferdinand Brunetiere go príomha. I ndeireadh na dála, b’iarracht luath teacht i dtiúin le modhanna léitheoireachta í léirmheastóireacht Uí Chorca.

Ba i Maigh Nuad ó 1966 i leith a cuireadh scoil chritice ar bun faoi stiúir Bhreandáin Uí Dhoibhlin, go háirithe. Bunaíodh iris na scoile, IMN, mar a pléadh cheana féin, in 1898 agus tugadh ‘The Record of the League of St. Columba’ air anuas go dtí 1907 (Mag Shamhráin 1986: xx). Bhí ábhair éagsúla á bplé san iris ach rinneadh cinneadh téama an oideachais a ghlacadh mar ghné leanúnach i ngach eagrán. Ba léir nach raibh foireann na hirise sásta ar chor ar bith leis an gcaoi ar láimhseáladh litríocht na hathbheochana agus nualitríocht na Gaeilge trí chéile. Mar a phléann Mag Shamhráin ina shaothar ar an iris liteartha seo, *Litríocht, Léitheoireacht agus Critic* (1986), bhí faillí á déanamh i litríocht na Gaeilge, toisc go ndírítí ar theanga na litríochta mar chuid de pholaitíocht an náisiúnachais seachas glacadh leis an téacs mar iarracht liteartha ealaíonta (ibid.). I dtaca le lucht na hirise, bhí drochíde á tabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge gan scagadh ciallmhar a dhéanamh ar shaothair liteartha na Gaeilge (ibid.). Bhí léirmheastóirí éirimiúla de dhíth orthu a raibh tuiscint mhaith acu ar litríocht an domhain mhóir agus ar litríocht na Gaeilge (Mag Shamhráin 1986: 165). Bhí critic na Fraince chun tosaigh sa chritic liteartha agus ba mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí critice a cuireadh ceird nua léitheoireachta ar fáil do scríbhneoirí agus do lucht léite na Gaeilge (Ó Beoláin 1969: 26). Moladh in IMN an ghrinnléitheoireacht mar phointe tosaithe na critice agus go bhféadfadh an criticeoir bogadh ar aghaidh céim ar chéim ina dhiaidh sin. Ba í seo an cineál mionléitheoireachta a bhí á moladh go háirithe ag duine de cheannródaithe IMN, Breandán Ó Doibhlin (Titley 1997: 8). Ina chuid scríbhneoireachta, díríonn Ó Doibhlin ar an gcritic nua agus ceistíonn sé na rialacha nó

na patrúin léitheoireachta a bhí ag léitheoirí na Gaeilge (Ó Doibhlin 1967: 7). Foilsíonn an chritic “...cúinní dorcha na cumadóireachta...” agus ní leor rialacha a fhoghlaim de ghlanmheabhair leis na cúinní sin a aimsiú (Ó Doibhlin 1974: 12). Critic théamach a mhol Ó Doibhlin seachas úsáid a bhaint as seasaimh éagsúla fealsúnacha (ibid., 15). Maíonn Mag Shamhráin (1986) go dtugann an chritic théamach fócas don léitheoir - fócas a gcrúinníonn na “... sonraí thart air le struchtúr an tsaothair a chomhdhéanamh...” (ibid., 101). Is cinnte go raibh an cineál sin cur chuige á mholadh ag Ó Doibhlin a dúirt gur “...féidir, ar ndóighe, téama a roghnú de réir minicíochta, ach tá an mhinicíocht féin ag brath ar nóisean cruinn den téarma a bheith againn” (Ó Doibhlin 1974: 15). Mapálann an chritic na téamaí mar a “...leagtar eangach ar léarscáil...” (ibid., 16) agus déantar an téacs a scagadh trí fhráma na dtéamaí sin. Ina dhiaidh sin, leagadh béim ar mhodh na comparáide a chuireann dhá théacs i gcomparáid lena chéile chun léargas as an nua a aimsiú. Fógraíonn Ó Doibhlin (1974) contúirt na comparáide, áfach, agus deir nár cheart saothar liteartha na hEorpa a bhualadh anuas ar amhábhair na Gaeilge (ibid., 19). Bhí an-tionchar go deo ag critic Uí Dhoibhlin ar léirmheastóirí eile na tréimhse. Bhí laigí le feiceáil i modheolaíochtaí Uí Dhoibhlin agus cáintear a chuid critice as a bheith rótheicniúil agus rómheicniúil, áfach:

Bhí an mhionanailis théacsúil á moladh mar mhodh léitheoireachta ag Breandán Ó Doibhlin ag tús na seachtóidí agus é ag iarraidh ‘critic úr’ a chothú a shaoradh téacsanna liteartha ón léamh stairiúil agus socheolaíoch a bhí chomh coitianta sin ag an am. Mar sin féin, bhí an cur chuige bunaithe ar thuiscint an-mheicniúil ar chuspóirí cinnte údair... (Nic Eoin 1998: 78)

Is léir, mar sin, gur cuireadh fearas na critice liteartha ar fáil do chriticeoirí na Gaeilge ón bpointe seo ar aghaidh agus iad ag tarraingt ar smaointeoireacht Uí Dhoibhlin dá bharr. Ba le forbairt na critice liteartha a tháinig snáitheanna éagsúla teoiriciúla chun cinn inar baineadh úsáid as seasaimh éagsúla tuisceana. Bhí misneach agus oscailteacht i gceist anois le critic na Gaeilge agus iad ag cur fáilte roimh smaointeoireacht idirnáisiúnta. Agus an chritic fréamhaithe go dlúth san fhealsúnacht chomh maith, feictear gur tháinig scoileanna ar leith chun cinn i ngort na Gaeilge.

### 3.3.2 Scoileanna na dTeoiricí Liteartha agus an Chritic Liteartha

Le tamall de bhlianta anuas is iomaí cor atá curtha sa léirmheastóireacht liteartha. Is minic an chritic chomhaimseartha a bheith ag dul thar teorainneacha na litríochta amach agus í faoi anáil réimsí nua eolais ár linne. Is minic di ag tarraingt ar thobar na teangeolaíochta, na síceolaíochta, agus an Mharxachais *inter alia*. (Nic Dhiarmada 1998: 152).

Le forbairt na critice tagtha chun cinn i réimse na litríochta Gaeilge, bhí spás nua ann don chritic liteartha. Mar a mhíníonn Ó Moráin (1984), bíonn gach uile théacs sa Ghaeilge dírithe ar léitheoir faoi leith, ach ní sa chriticeoir ach léitheoir amháin. Dar leis siúd gur féidir léitheoirí a chur ar a n-airdeall “...roimh dhrochléitheoireacht nó mhíléitheoireacht, áfach” (ibid., 30). Is é sin, go mbíonn dearcadh amháin ag criticeoir ar an téacs agus go ndéanfar iarracht an tuairim nó an smaoineamh sin a chur in iúl trí chleachtadh na critice. Is as an seasamh sin a tháinig criticeoirí éagsúla na Gaeilge chun tosaigh. Is féidir samplaí difriúla critice a scaradh óna chéile agus iad a phlé ceann ar cheann. Taispeánann sé sin éagsúlacht na critice a tháinig isteach sa Ghaeilge agus an chaoi ar chóir na cineálacha sin critice a cheistiú. Bíonn trasnaíl agus idirthéacsúlacht le feiceáil i ngach uile chineál critice agus bíonn gach uile dhioscúrsa critice fréamhaithe i réamhthuisctí na critice a tháinig roimhe. Agus é ag caint ar phríomhdhúshláin na léitheoireachta sna hochtóidí (fadhbanna atá fós linn sa lá atá inniu ann) cuireann Ó Móráin (ibid.) an cheist an raibh fadhb ar bith leis na scoileanna teoiriciúla taobh thiar den chritic nó an raibh fadhb faoi leith leis na modhanna léitheoireachta a chuireadh an léitheoir i bhfeidhm.

Céard iad príomhsmaointe na scoileanna teoiriciúla seo? Breathnófar anois ar scoileanna áirithe teoiriciúla atá tagtha chun cinn sa Ghaeilge agus feictear an tionchar idirnáisiúnta a bhí le brath ar na scoileanna sin cuid mhór.

#### 3.3.2a An (Di)Struchtúrachas

Déanann an cineál seo critice, an struchtúrachas agus an dístruchtúrachas, téacs a chatagóiriú de réir seánra. Ina dhiaidh sin cuirtear gnéithe éagsúla den téacs i gcomparáid lena chéile trí leas a bhaint as dénártháin (*binaries*). Mar a mhíníonn Alan Titley (1997), is minic a chuirtear constráidí áirithe de chultúr na hÉireann i gcatagóirí contrártha “...Gaeltacht v Galltacht, traidisiún v nua-aoiseachas, an pobal v an duine

aonair...” (Titley 1997: 12). Ní hé go raibh sé mar aidhm Titley criticeoirí a chatagóiriú de réir teorice, agus nach é go raibh “...lipéad teorice a ghairm chugat...” i gceist aige ina thuairim (ibid., 12). Mar sin féin, cuireann Titley ceann de príomhsmaointe an struchtúrachais in iúl – is é sin tuiscint a fháil ar théacs trí léamh struchtúrtha; coinbhinsiúin an tseánra faoi leith a scrúdú, naisc idirthéacsúlachta a thabhairt chun solais agus an tslí a gcuirtear an téacs i gcomhthéacs meitireacaireachta (*metanarrative*) a mheas (Barry 2002: 48). Ina dhiaidh sin, tá an struchtúrachas mar scoil teorice inti féin pléite ag de Paor chomh maith (1998). Áitíonn de Paor gur lean scoil an struchtúrachais cur chuige na bhFoirmiúlaithe Rúiseacha agus gur eascair an struchtúrachas as tuiscintí faoin litríocht mar dhéantús teanga. Coinbhinsiúin cheapadóireachta a bhí mar phointe tosaithe do na struchtúraithe chun “... domhan samhlaíthe a chur i gcéill i bhfoirm scéil agus ar na nósmaireachtaí a chur ar chumas an léitheora brí a bhaint as téacs agus ...domhan de réir a chéile a aithint i bhfocal an scríbhneora” (ibid., 10). I gcodarsnacht leis na struchtúraithe, níor ghlac na dístruchtúraithe leis an gcineál sin modha. Bhí criticeoirí den chuma seo níos tógtha le ceisteanna teangeolaíochta agus bhí an tuairim ann go raibh “...bearna nach féidir a thrasnú idir focail agus an saol” (ibid.) a chiallaíonn nach féidir an litríocht a roinnt ón domhan nithiúil.

### 3.3.2b An tSíocanailís

Is é Liam Mac Cóil an t-aon chriticeoir Gaeilge a sheasann amach i scoil na síocanailíse. Rinne Mac Cóil (1998) iarracht nach beag príomhthuiscintí an smaointeachais seo a thógáil ina alt ‘An Chritic Shíocanailíseach’. Déanann sé cúlra agus comhthéacs na critice seo a chur i bhfoirm sholáite san alt. Ag breathnú ar léirmheas Riggs (1998) ar an alt, shílfi nach bhfuil aon rud as an nua á dhéanamh ag an gcriticeoir (ibid., 24). D’ainneoin sin, glactar leis gur treoir de shaghas éigin é alt an chriticeora chun an chritic seo a chur i láthair scoláirí Gaeilge ar an gcéad dul síos, seachas forbairt théagartha a dhéanamh ar an réimse san alt féin.

Áitíonn sé gur féidir úsáid a bhaint as an tsíocanailís chun téacs a thuiscint ar leibhéal na síocanailíse trí theoiricí Lacan nó Freud (ibid.). Staidéar faoi leith atá sa tsíocanailís ar intinn an duine i dtéarmaí an téacs agus i dtéarmaí na teiripe síceolaíochta. Oibríonn

an tsíocanailís le dénárthán struchtúrtha – an chodarsnacht idir an rud atá le feiceáil agus an rud atá faoi cheilt. Sa mhullach air sin, dar leis an smaointeachas Freudach, treoraíonn coimpléasc Éideapach an fhantasaíocht naíonda; áit a mbrúnn an buachaill óg mianta collaí faoina mháthair siar go dtí an fho-chomhfhios. Glacann criticeoirí na síocanailíse leis an téacs mar chuid de phearsantacht an údair nó mar anailís ar an údar trí mheán a chuid scríbhinní. (ibid., 97). Rinne Ruth Dudley Edwards (1969) é seo agus í ag díriú ar fhilíocht Mhic Phiarais ina raibh téamaí péidearastachta ar fáil ina fhilíocht (ibid., 97). Chonaic Ó Cadhain, chomh maith, an chaoi a raibh an cineál seo critice ag teastáil i gcritic na Gaeilge nuair a dúirt sé go raibh *an aigneolaíocht* de dhíth ar litríocht na Gaeilge (1969: 31).

### 3.3.2c *An Feimineachas*

Is iondúil gur mar fhíric lom a bhfuil fórsa stáiriúil léi a thagraíonn údair d'easnamh nó d'ionad imeallach na mban i dtraidisiún liteartha na Gaeilge. “Is beag rian a d'fhág na mná ar litríocht na Gaeilge”, mar shampla, nó “Is suntasach an n í nach bhfuil rian againn d'oiread agus bean amháin i meas na bhfilí liteartha i dtraidisiún na Gaeilge le míle bliain anuas”.... Is í an phríomhthéis atá á cur chun cinn ann ná nach bhfuil rud ar bith “nádúrtha” faoin tuiscint gur “eisceacht ón ngáthriail is ea an file mná”. Ní hamháin go léireofar gur cruthúntais shóisialta iad na rialacha a mhíníonn is a mhúnlaíonn gníomhaíochtaí cultúrtha ach léireofar freisin gur cruthúntais iad ar ghá don aicm liteartha, agus do na hinstiúidí cultúrtha a mhúnlaigh iad... (Nic Eoin 1998: xiii)

Faoi mar a phléann Nic Eoin thuas é, tá tuairim ann nár imir banfhilí mórán tionchar ar thraidisiún liteartha na Gaeilge. Is féidir an cás a dhéanamh go dtugann tuiscintí femineachais aghaidh air seo agus an chaoi a mbíonn instiúidí cultúrtha ag cur ban ina dtost. Sa lá atá inniu ann, tá an feimineachas ar cheann de na scoileanna teoirice is forbartha i gcritic na Gaeilge. Ba iad Máire Ní Annracháin, Máirín Nic Eoin agus Bríona Nic Dhiarmada, go príomha, a chuir an feimineachas chun cinn sa Ghaeilge. D'fhógair Ní Annracháin (1982), “Ní hí an bhean á cruthú trí pheann fir is ábhar dom ach an bhean i mbun an ghnímh chruthaithí í féin agus a peann féin, nó an peann a ghoid sí...” (ibid., 143). Spreagann tuairimí Ní Annracháin ceisteanna praiticiúla faoi chritic an fheimineachais, go háirithe faoin easpa fianaise atá le scrúdú i gcanóin liteartha na Gaeilge. Faoi mar a áitíonn sí, níl ach liosta beag banúdar sa Ghaeilge, ach is í an easpa fianaise sin a spreagann na ceisteanna is mó i dtéarmaí an fheimineachais (ibid.). Ba í an inscne an cheist ba mhó taobh thiar den easpa fianaise seo, agus ba iad na criticeoirí



feimineacha a bhí taobh thiar d'ionsaí mór ar chonstráid na canóna liteartha (Nic Dhiarmada 1998: 153). Tháinig an chritic fheimineach chun cinn sa Ghaeilge díreach ar an gcuma chéanna le bunú scoil chritice Mhá Nuad: ó theoiricí liteartha na Fraincise agus an Bhéarla (Ní Annracháin 1982: 144). Cuireadh tús leis an bhfeimineachas mar ghluaiseacht pholaitiúil ach de réir a chéile tháinig deireadh leis an nasc sin agus bhí aidhm ealaíonta agus scolártha ag an gcritic seachas aidhm pholaitiúil (ibid., 153). Bhí an *écriture féminine* ar cheann de na rudaí ba thábhachtaí don chineál critice seo, beart de réir briathair a bhí i gceist leis sin. Iarracht a bhí san *écriture féminine* an teanga a iompú bunoscionn agus urlabhra bhaineann a dhéanamh as an teanga. Déanann Ní Fhrighil (2008) plé suntasach ar an *écriture féminine* ina saothar *Briathra, Béithe agus Banfhilí*. Déantar scagadh, mar sin, ar mhodhanna scríbhneoireachta na mban agus a n-áit i gcorpas na Gaeilge.

### 3.3.2d An Fhrith-Theoiric

D'fhógair Alan Titley cogadh i gcoinne teoiricí liteartha i gcritic na Gaeilge agus glaonn sé 'súmaí' orthu siúd a bhí ag gabháil don chritic liteartha (Titley 1994: 3). Ina alt a gcáintear criticeoirí go láidir ann, sainmhíneann sé na difríochtaí idir teoiriceoirí, léirmheastóirí agus criticeoirí: léirmheastóir is ea scríbhneoir a chuireann ailt bheaga le chéile do nuachtán anois agus arís, criticeoir is ea duine a bhfuil réim níos fairsinge agus eolas níos seasta aige ar theoiricí an teoiriceora (an duine is tábhachtaí, dar leis, i ngrádlathas na smaointeoirí liteartha) agus is é an teoiriceoir an duine atá ag cogar i gcluais an chriticeora (ibid., 3). Síleann Titley nach mbíonn ach teoiric aontaithe amháin ag an gcriticeoir liteartha agus ní bhíonn an criticeoir sin sásta tuiscintí ar leith a threascart. Breathnaíonn Titley ar theoiricí liteartha cosúil le faisean na n-éadaí, agus an chaoi a bhfuil claonadh ag criticeoirí a bheith iontach *Francbháchach* ina gcuid tuiscintí liteartha, seachas seasamh pearsanta a thógáil i mbun léitheoireachta. Míneann Titley nach bhfuil spéis dá laghad ag criticeoirí na linne seo i dteoiricí réamh-Bheatles toisc go bhfuil na teoiricí sin seanchaite faoin am seo agus nach bhfeileann siad don litríocht nua-aimseartha. Déanann Titley iarracht a chogadh a mhíniú mar chogadh i gcoinne na bréige – agus dar leis, gurb í an bhréag ná go measann teoiric faoi leith gurb í an t-aon teoiric thábhachtach atá ann. Séanann cur chuige Titley údarás úsáid na dteoiricí liteartha sa chritic mar go gcreideann sé le smaointeoirí a dtuiscintí pearsanta

féin a thógáil agus iad i mbun na léitheoireachta. Mar sin, is léir go bhfuil Titley ag teacht go maith le tuiscint na frith-theoirice – is é sin le rá nár chóir rialacha a leagan síos ar an litríocht agus gur chóir an litríocht a léamh gan teoiric faoi leith a bheith ar intinn ag an léitheoir. Mar a deir Titley faoin gcogadh seo, “...táimse ar son ainriail na litríochta” (ibid., 15).

### 3.3.3 *Filí Innti: Dúshlán ó Ghuth Nua - An Comhthéacs Staire*

Maíonn Caitríona Ní Chléirchín (2008), gur thug guthanna fhilí *Innti* dúshlán don údarás agus gur eascair féinmhuinín nua i scríbhneoireacht na Gaeilge as an ngluaiseacht áirithe sin (ibid., 10). Guthanna ildaite, réabhlóideacha a chuir cruth nua ar an teanga go minic, a mholann Ní Chléirchín. D’eascair an iris as an réabhlóid chultúrtha. Míníonn Ó Ruairc (1990) ina alt “*Innti*: Fiche bliain faoi bhláth”, gurbh fheinimeán cultúrtha é *Innti*, iris liteartha nua de chuid Choláiste na hOllscoile Corcaigh, a céadfoilsíodh in 1970. Bhí na hirísí *Motus*, *Aire* agus *Comhar* mar réamhtheachtaithe ar *Innti* (Ní Chléirchín 2008: 13). Ba iad Michael Davitt, Gabriel Rosenstock and Con Ó Drisceoil eagarthóirí an chéadeagráin (Ní Chléirchín 2008: 10). Iris liteartha a bhí in *Innti* a bhí sásta glacadh le téamaí úrnua a phlé go hoscailte. Eisíodh céadeagrán na hirise díreach i ndiaidh *The Year that Rocked the World* (1968) mar a phléigh Ó Dúshláine (2001: 7). Faoi mar a phléann Ní Chléirchín (2008), bhí lucht na hirise óg go leor, agus an chuid is mó acu faoi bhun tríocha bliain d'aois (ibid., 12) Is léir óna bhfuil pléite ag Ó Dúshláine gur tugadh aghaidh ar an sean-ord agus gur tháinig guth nua chun cinn i dtraidisiún fileata na Gaeilge. Cé go ndearnadh iris *An Síol* iarracht gluaiseacht chultúrtha na seachtóidí a phlé, níor tugadh cothrom na Féinne don fhilíocht, faoi mar a mhaíonn Ó Dúshláine (ibid.). Níl aon amhras ann gur thug dream *Innti* leo cur chuige iomlán as an nua agus spiroad nua-aoiseach agus gur cuireadh, ar ndóigh, tús le ré na filíochta comhaimseartha. Bhí filí ar nós Gabriel Rosenstock, Liam Uí Mhuirthile, Nuala Ní Dhomhnaill agus Michael Davitt ar a bpeann (Ní Chléirchín 2008: 10), ag iarraidh foirmeacha nua filíochta a thastáil agus tionscnaimh nua a chur faoi lán seol. Ach céard a spreag filí *Innti*? Bhí Máirtín Ó Cadhain – duine de na scríbhneoirí is mó le rá san fhichiú haois – den tuairim nach raibh sé de cheart ag scríbhneoirí Gaeilge an fhilíocht a roghnú mar sheánra. Ina léacht cháiliúil, a thug sé ag Scoil Merriman i dtús na bliana 1969, sular tháinig *Innti* ar an bhfód, chuir sé a

thuairim i leith na filíochta in iúl go sonrach. Droim láimhe, b'fhéidir, a thug scríbhneoirí *Innti* don Chadhnach agus a spreag iad chun a gcás a chur chun cinn:

Staid bhagarach, drochthuar é, an iomarca tóir a bheith ar fhilíocht a chuma le hais an phróis. Seo mar tá sé i mionteangachaí eile ar nós Gaidhlig na hAlban, a bhfuil triúr nó ceathrar filí den chéad scoth inti freisin... Na cúpla file maith atá againn níl siad ag cuma a ndóthain. Is fusa go fada lirc dheas neamhúrchóideach ocht líne a chuma anois agus aríst ná aiste a scríobh, úrscéal ná fiú gearrscéal a scríobh. Seo í an éascaíocht agus an leisce ar ais aríst! Cho fada is is léar dhomsa is mó go mór a bhfuil d'fhilíocht dhá scríobh sa nGaeilge ná sa mBéarla in Éirinn. Go leor de na daoine seo a scríobhas ocht líne an Sprid Naomh tá siad in acmhainn leabhar a chur ar fáil. Is cuid d'athbheochan na Gaeilge friesin í an scríbhneoireacht, earra a mbíonn muid síoraí ag déanamh gasice chúiteach aisti. (Ó Cadhain 1969: 36-37)

Pléann Ní Chléirchín (2008) an tionchar nach beag a bhí ag caint Uí Chadhain ar fhilí *Innti*. D'fhreastail an chuid is mó acu ar an ócáid san Óstán Ormande ar an Aonach in 1969. Bhí Nuala Ní Dhomhnaill, ar dhuine de na filí is óige nuair a shamhlaítear filí *Innti*, ar saoire óna scoil chónaitheach agus í ag freastal ar an gcaint chomh maith. Thuig siad ar fad an tábhacht a bhain le Gaeilge na Gaeltachta a fhoghlaim agus chun an chánúint féin a fhoghlaim i gceart. Le ceannaireacht agus treoir an Ollaimh Seán Ó Tuama agus an scríbhneora chónaithe Seán Ó Riordáin, bhí idir thacaíocht acadúil agus thacaíocht chruthaitheach ar fáil in Ollscoil Chorcaí. Is spéisiúil, anuas air sin, faoi mar a mhíníonn Bríona Nic Dhiarmada (2006) ina halt “Irish language literature in the new millenium” in *Cambridge History of Irish Literature* go raibh córas na bhfear i gceist ag an gCadhach agus ag na hacadóirí chomh maith. Cuireann Nic Dhiarmada caint Uí Chadhain i dtéarmaí an fheimineachais agus conas is féidir an chaint úd deacrachtaí a chruthú do chás na mban trí chéile, rud a spreag Ní Dhomhnaill b'fhéidir:

It is interesting to find this distrust of poetry, and a refusal to accept it as a literary form on a par with prose, in a writer such as Ó Cadhain, or indeed his modern-day disciples, since this rests on an acceptance, at least on the conceptual level, of binary oppositions which flourish in theoretical paradigms of logocentric thought... Prose therefore is, to continue Ó Cadhain's analogy, real man's work, getting one's hands dirty as opposed to the implied effeminate and dilettante nature of poetry, particularly that of the dreaded 'short lyric' (ibid., 602)

Is mó an tábhacht a bhaineann le filí *Innti* agus an ghluaiseacht a bhain leis an iris agus forbairt traidisiún chomhaimseartha na filíochta Gaeilge. Foilsíodh an iris mar pháipéar mac léinn in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh ó na seachtóidí ar aghaidh agus cuireadh clabhsúr léi in 1996. Thug an iris deis do scríbhneoirí úra na Gaeilge a gcuid filíochta a chur os comhair lucht léitheoireachta na teanga. Bhí an iris ar chaighdeán iontach ard idir litríocht agus dearadh agus bhí léirmheastóirí á moladh ón tús. Ba léir gur speag gluaiseachtaí cultúrtha na tréimhse na mic léinn, agus gur thosaigh borradh nach beag i dtaobh chultúr na Gaeilge agus na hÉireann de. Mar a léiríonn Ríona Ní Fhrighil (2010) ina réamhfhocal leis an gnuasach aistí *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge* “Fáisceadh [filíocht *Innti*] as gleic agus urlár na linne; as gluaiseacht na saoirse agus na gceart sibhialta a bhí ar fud na cruinne ag an am; as rithim agus cruinneshamhail an cheoil agus na filíochta a bhí faoi rath i gcultúr na n-óg ar fud an domhain ag an am, na Beatles, na Rolling Stones, Leonard Cohen, Bob Dylan, na Beat poets agus a leithéidí” (ibid., 23). Thug cultúr domhanda an fhrithchultúir smaointe nua chun cinn i dtaobh na n-ealaíon de, go háirithe ó thaobh an cheoil agus na litríochta de. Bhí na filí seo in ann smaointeoireacht iomlán as an nua a bhunú ar bhealach oideachasúil agus mar sin bhí meas ag na léirmheastóirí ar a gcuid smaointí. Mar thoradh air sin, is filíocht cheisteach í an fhilíocht seo, atá fréamhaithe go dlúth i ngluaiseachtaí comhaimseartha na linne. Bhí na filí seo ag plé le téamaí a bhain leis an uirbeachas, leis an meánaicme a bhí radacach agus ag breathnú go hidirnáisiúnta ar an tír (Ní Chléirchín 2008: 14)

Nuair a tháinig iris *Innti* chun cinn sna hochtóidí arís eile mar phríomhfhóram na filíochta Gaeilge, agus b’fhéidir mar phríomhiris litríochta na hÉireann, bhí cnuasaigh ábalta curtha i gcló ag Davitt, de Paor, Ní Dhomhnaill, Ó Muirtille agus Ó Searcaigh cheana féin. Bhí buanna na bhfilí sin le feiceáil go cruinn. Le linn na n-ochtóidí agus na nóchaidí, tig linn dul chun cinn na filíochta a fheiceáil agus éagsúlachtaí na bhfoirmeacha fileata sin a shuíomh i leathanaigh na hirise, feictear an haiku Gaelach, caointe, dánta polaitiúla, aislingí agus seánraí eile nach iad. Bhí na filí áirithe seo breá sásta Gaeltacht Chorca Dhuibhne agus a canúint a chur in oiriúint dá riachtanais féin. Faoi mar a phléann Uí Anluain (1997) ina tráchtas ar théama na collaíochta i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, ní raibh oscailteacht i leith théama na collaíochta le feiceáil i litríocht na Gaeilge go dtí na seachtóidí i leith. Ní téama tábhachtach a bhí ann dóibh

(ibid., 15) ach le himeacht aimsire bhí oscailteacht aigne ann i gcúrsaí litríochta, oscailteacht a d'eascair as gluaiseacht Innti agus an fhrithcultúir (ibid., 16)

### **3.4 Tátal**

Is léir, mar sin, cé gur traidisiún sách óg é traidisiún chritic na Gaeilge, go bhfuil féidearthachtaí as cuimse ann chun léamha nua a chur i dtoll a chéile bunaithe air. Mar a pléadh cheana, tháinig traidisiún na critice chun cinn de bharr na sáriarrachtaí a rinne teoiriceoirí, taighdeoirí agus scríbhneoirí na teanga ó aimsir na hathbheochana i leith. Mar sin féin, níl an oiread sin spáis tugtha don léamh homaighnéasach nó don aiteacht i litríocht na Gaeilge. Is móitíf leanúnach é an raonú spáis agus an t-aitiú i saothair scríbhneoirí úd na Gaeilge a phléifear sa chéad chaibidil eile.

## **4. An Spás Istigh: Noirm, Smacht agus an Teacht Amach**

### **4.1 An Normatacht, an Smacht, an Géillsineach**

#### *4.1.1 An (Bhith)chumhacht agus an Normatacht: Pionós agus Pléasc*

Mar a pléadh go mion sa dara agus sa tríú caibidil den tráchtas seo, cuireadh srian ar fhéiniúlachtaí áirithe go soch-chultúrtha i gcomhthéacs na collaíochta in Éirinn. Feictear i réimse chritic na Gaeilge nár tugadh cothrom na Féinne don homaighnéasacht nó don aiteacht go dtí seo. Agus é ag déanamh plé ar an gcaoi ar eascair tuiscintí faoin gcollaíocht ó laincisí stairiúla, cíorann Michel Foucault (1978: 7), fealsúnaí agus teoiriceoir Francach, na bealaí ar tháinig inní áirithe chun cinn faoin gcollaíocht. Míníonn sé an tslí ar cuireadh faoi smacht í trí rialacha deifínídeacha sóisialta. Dar leis go raibh an raon príobháideach faoi réir ag an raon poiblí. Bhí tionchar ag an inní shochaíoch ar an tsuibíocht ach go háirithe. Ba cheart, i dtosach báire, ceisteanna a chur maidir leis an normatacht agus an chumhacht mar choincheapa agus mar théarmaí sula ndéantar iad a phlé i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge. I rith an aonaid seo, mar sin, déanfar scagadh ar théamaí a bhaineann go háirithe le léiriú na normatachta agus na cumhachta sa stair shóisialta agus go staireolaíoch le greim ceart a fháil ar an gcaoi ar féidir na tuiscintí seo a fhrámú. Tar éis an cur chuige critice a phlé, déanfar plé ar théacsanna ar leith a thagann ó pheann na scríbhneoirí Micheál Ó Congaile agus Cathal Ó Searcaigh.

I dtosach báire, míníonn Foucault (1978) sa saothar *The History of Sexuality: Volume I*, go mbíonn sé de nós ag an bpobal an chollaíocht a phlé i gcomhthéacs an choisc agus an smachta. San aiste ‘Body/Power’ (1980), tagraíonn sé don chaoi ar tháinig athruithe chun cinn go háirithe le linn an naoú haois déag le bunú córais éagsúla smachta (mar shampla ospidéal shíciatracha agus príosúin) chun an tsochaí normatach a choinneáil slán uathu siúd a léirigh an neamhnormatacht (ibid., 61). Déanann Foucault stair an phríosúin agus an ospidéal shíciatraigh a rianú mar eiseamláirí cumhachtacha don srianú pobail. Scrúdaigh sé an tréimhse ama 1757-1837 go cultúrtha sa Fhrainc agus dhearbhaigh sé gur tháinig sruthanna tuairimíochta faoin gcumhacht mar fhórsa sóisialta chun cinn agus an smacht a cuireadh ar choirp (Heyes 2011: 161). Áitíonn Foucault (1980d), gur trí mheán gléasanna sóisialta agus sochaí atáthar in ann iompair

nó tuiscintí éagsúla a choinneáil socair agus normatach (ibid., 195). Leagtar an normatacht amach i dtéarmaí na neamhnormatachta agus an normatacht ag iarraidh an neamhnormatacht a chur faoi chois. Tá Foucault (1986) den tuairim gur féidir an normatacht a chur san áireamh in Réimeas na Mianta (*Regimes of Desire*). Is cinnte gur féidir a thuairimíocht a chur i gcomhthéacs na collaíochta agus na normatachta agus é a chur i bhfeidhm sa litríocht. Sriantha sóisialta agus cumhachta a bhí ann ar an gcéad dul síos leis an rialú seo. Is í an chumhacht croí an Réimis agus tá an chumhacht mar uirlis uileláithreach ilghnéitheach dar leis (Foucault 1978: 93). Ach céard a shamhlaítear le coincheap na cumhachta? Más rud é go bhfuil an chumhacht “...permanent, repetitive, inert, and self-reproducing...” (ibid.) is féidir glacadh leis go bhfuil greim na cumhachta mar ghréasán faoi leith smachta ag feidhmiú i gcroí mhianta na neamhnormatachta (ibid.). Tá Foucault den tuairim gur tháinig an chumhacht chun cinn mar uirlis normalaithe trí mheán na reachtaíochta stáit agus an ghaibhnithe (m.s an príosún), “Foucault’s [definition of]... power is the realm of freedom, the field of possibilities no one owns...” mar a mhíníonn MacCannell agus MacCannell (203: 2004). Ní hé go síleann Foucault go bhfuil dinimic na cumhachta fíorshoiléir ach gur fórsa i gcoinne sainmhínithe atá sa chumhacht. Mar is léir do Foucault, táthar in ann gnéithe den chumhacht a dhíthógáil (Ramzanoglu 2003: 5). Mar a chuirtear os ár gcomhair, is féidir glacadh leis an gcumhacht mar thuiscint “...[which] conceptualised people’s experiences of domination and subordination as ‘effects’ of power rather than as proceeding from a specific source of power” (ibid.). Dá bharr sin, is éard atá á chur in iúl aige ná go mbíonn cur i gcoinne na normatachta mar chuid den phróiseas scagtha; go dtagann an duine ar thuiscintí maidir leis féin i dtógáil na cumhachta trí aithne a chur ar an gcumhacht.

Léiríonn Oksala (2011) gur féidir an chumhacht a shárú trína haithint (ibid., 93) Nuair a thugtar faoi deara an caidreamh idir cumhacht agus mianta collaí, is féidir an normatacht a cheistiú ón mbonn aníos. Straitéis atá ann “...to get free of certain ways of thinking and doing by undergoing an encounter with historical difference and contingency” (Sawicki 2005: 380). Tá Foucault den tuairim go bhfuil an tsochaí chomhaimseartha bunaithe go príomha ar noirm ar leith atá fréamhaithe cuid mhaith i nóisin an leighis agus an dlí (O’Farrell 2005: 146). Tá an normatacht thar a bheith

cumhachtach mar uirlis inti féin agus í ábalta an corp (an fhisiciúlacht) agus an duine a mhúnlú i dtéarmaí na normatachta (Heyes 2007: 27). Tá an lámh láidir á choinneáil ar noirm, mar sin, ar cheann de mhórchuspóirí na cumhachta. Ach céard is normatacht ann (Sawicki 2005: 280) Ag an leibhéal praiticiúil seo, feictear go bhfuil sé mar sprioc ag Foucault an normatacht a shárú trína haithint agus í a shainmhíniú. Ach an é sin le rá gur féidir noirm ar leith a shárú fiú má aithnítear iad? An dtagann an aithint seo chun cinn mar norm ann féin fiú má 'sháraítear' í tríd an aithint féin? Dar le Heyes (2007) gur chuir Foucault an corp (.i. an corp ceart fisiciúil) i gcomparáid leis an gcumhacht agus go sainmhíniú noirm chumhachta trí leas a bhaint as an gcorp (ibid., 17). Díreach mar a mhíniú Foucault é féin, “The law always refers to the sword” (Foucault 1978: 144), is é sin, go sáinnítear cumhacht na normatachta i gcónaí laistigh den phionós agus go bhfuil caidreamh le feiceail idir an dá choincheap. Tá Foucault den tuairim go mbíonn an dlí agus an chumhacht i gcónaí ag feidhmiú mar ionstraimí smachta atá fréamhaithe, dar leis, sa seachtú haois déag (ibid.). Tugann Foucault bhithchumhacht (*biopower*) ar an gcaoi a gcuireann an tsochaí srian leis an duine i gcomhthéacs iompair (iompar collaí, síceolaíoch, insneach nó eile) agus tá sé seo bainteach go dlúth leis an bpionós. Is uirlis shóisialta í an pionós le srian a chur ar choirp (a bhfisiciúlacht) agus ar bhaill (a n-aighe) na sochaí (Lynch 2011: 13). Is féidir glacadh leis go raibh dhá shraith den bhithchumhacht ar intinn ag Foucault (1978) ina shaothar *The History of Sexuality: Volume 1* agus ina aiste ‘Docile Bodies’ *Discipline and Punish* (1984). Míniú Sawicki (2005) an dá shraith mar seo; pionós (scrúdú nó measúnú ar an duine) agus an chumhacht rialála (ibid., 382). Is iarracht í an chumhacht shóisialta seo, mar sin, chun smacht a chur i bhfeidhm agus chun duine múinte a chruthú, a chúngú agus a choinneáil faoi chois. Is cinnte gur féidir rian den bhithchumhacht a aimsiú i saothair liteartha na scríbhneoirí a phléifear thíos agus is féidir breathnú ar na slite a dtéann an bhithchumhacht, an chumhacht agus noirm áirithe i bhfeidhm ar théamaí na dtéacsanna. Ceistítear ar an mbealach sin, cuid lárnach den aiteacht: ceist na cumhachta agus coincheap na féiniúlachta. Tá an normatacht agus an chumhacht, mar sin, nasctha go dlúth lena chéile. Feidhmíonn an chumhacht agus an normatacht mar phointí lárnacha don aiteacht toisc gurb iad seo na hionstraimí a choinníonn smacht ar an duine ait.

I gcarachtar an ábhair sagairt in ‘Mac an tSagairt’[MAS], gearrscéal luath de chuid Mhichíl Uí Chonghaile, is féidir glacadh leis go raibh iallach ar an bpríomhcharachtar



a bheith ina shagart. Agus léamh Foucault á dhéanamh ag an léitheoir, d'fhéadfaí a rá go raibh iallach ar an mac a bheith ina shagart toisc gur rugadh é taobh amuigh de pharaiméadair inghlactha na sochaí. (Ó Conghaile 1986: 23). Tá tábhacht ar leith ag baint le rogha an scríbhneora an gearrscéal a scríobh sa tríú pearsa, rud a chuireann leis an oibiachtúlacht chun spás ar leith a chruthú idir an carachtar agus an léitheoir. Is féidir a áiteamh gur de thoradh na bithchumhachta é sa chaoi is go ndéantar iarracht institiúid (an Eaglais) ar leith smacht a choinneáil ar an bpríomhcharachtar de bharr noirm áirithe na sochaí. Tá úsáid an tríú pearsa lárnach sa chomhthéacs seo. Sa chuid seo ó bhéal an phríomhcharachtair, feictear an tslí a n-imríonn cumhacht ar charachtar Uí Chonghaile agus an brú as cuimse a chuirtear air, “Cén rogha a bheadh ag duine ach iad a fhágáil... saol nua a thosú... saol ar mhór idir é agus éadaí dubha sagart, ofráil Aifrinn agus ola dheireanach...” (ibid.). Ní mór don ábhar sagairt glacadh le pionóis a athar de bharr an smáil a tharraing sé siúd ar a theaghlach. Agus an t-ábhar sagairt ag tabhairt aghaidh ar shaol cráifeach na heaglaise, cuimhníonn sé ar a athair agus an chomhairle a chuireadh sé air toisc go raibh air freastal ar an dá shaol (saol na heaglaise agus saol mar thuata). Peaca agus pionós atá le haireachtáil anseo; mac an tsagairt ag dul leis an tsagartacht toisc gur thit a athair i gcathú. Bithchumhacht Foucault atá le feiceáil anseo agus an mac á bhrú isteach san eaglais le rialacha dochta na sochaí, agus na córais a bhaineann leis, a shásamh agus chun a corp a smachtú.

Feictear ionramháil ar an mbithchumhacht i luathdhán ‘Searmanas’ [SS] de chuid Chathail Uí Shearcaigh (1993), áit a mbíonn an leaba mar shuíomh collaí iompaithe ina altóir ionas go bhféadfadh an file a leannán a cheiliúradh go collaí “...ceiliúraim do chorpsa anocht, a ghile...” (ibid., 157, líne 2). Feictear go bhfuil an suíomh anseo beannaithe agus déantar iarrachtaí an corp a chur i dtiúin leis an gcollaíocht agus an chráifeacht. Baineann an file leas as an gcorp mar mhóitíf leanúnach dá mhianta agus dá chráifeacht. Feictear úsáid á baint ag an bhfile as ainmfhocail a bhaineann leis an spioradáltacht agus an corp; “...míorúilt... cailís.... s(h)acraimint...” (ibid.). I dteideal an dáin úd, feictear go ndéantar iarracht institiúidí nó struchtúr a chur ar an gcorp trí chéile le húsáid a bhaint as “...deasghnátha mo dhúile” (ibid., líne 3). Feictear chomh maith go bpléitear géaga an leannáin mar ghéaga maighdeanúla agus mar sin an chaoi a ndéantar an corp a chur i gcomhthéacs na cumhachta. Déanann an file iarracht anseo an

corp a chatagóiriú agus an chumhacht a cheistiú trí leas a bhaint as institiúidí caidrimh agus mianta - an corp mar altóir agus an chollaíocht mar dhia. Déantar tuilleadh iniúchta go céadfaíoch ar an gcorp agus cuirtear gearrscéal úd Uí Chonghaile i gcuimhne don scríbhneoir seo - cráifeacht an duine agus na hionsraimí institiúideacha a chuirtear i bhfeidhm ar an duine chun an corp a choinneáil faoi chois. Sa dán tugann reacaire an téacs “...paidreacha na bpóg...” (ibid., líne 6) dá leannán agus go mbeidh “...diamhrachtaí do ghnéis...” (ibid., líne 18) ann. Pléann de Paor (2005) ina leabhar *Na Buachaillí Bána* gurb é an rud atá i gceist leis an litríocht go ginearálta ná tóir ar fhírinne an duine dhaonna. Cé go n-éiríonn leis an bhfile an fhírinne chollaí a aibhsiú trí úsáid na móitífeanna ina dhán, is léir go n-éiríonn leis, anuas air sin, glór as an nua a chur ar fáil:

Tá glór tugtha ag Ó Searcaigh do mhionlach a bhí faoi tháir, deirtear; fuascailt sceitiminiúil á sholáthar ina shaothar don homaighnéasach. Ceiliúradh na difreála comhartha sóirt na fuascailte seo, agus cúis bhróid dúinne gur i nGaeilge atá sé seo uilig á dhéanamh. (ibid., 15)

Is minic a dhéantar an Searcach a shuíomh mar fhile aerach na Nua-Ghaeilge sa chaoi is go bhfuil sé sásta a chlaonadh homaighnéasach a admháil nó fiú maíomh as (Ó Briain 1997: 36). Mar atá luaite ag de Paor (2005), chuir an file téamaí agus teanga faoi leith ar fáil i ngort na Gaeilge atá feiliúnach don aiteacht agus dá mhianta. Anuas air sin, míníonn Ó Laoire (1997) go gcuireann an Searcach an homaighnéasacht in iúl ina chuid filíochta agus go bhfuil an pheirspictíocht áirithe seo ar cheann de na nithe is tábhachtaí agus filíocht an scríbhneora á scrúdú ag an léitheoir (ibid., 221). Dá thoradh air sin, is léir go bhfuil áit ar leith bainte amach aige mar fhile Gaeilge atá sásta an grá homaighnéasach a chíoradh go hoscailte agus go fuinniúil ina shaothair. Éiríonn leis an bhfile, sa dán seo, i gcodarsnacht lom le hiarracht Uí Chonghaile thuas, súil eile na bithchumhachta a chur os comhair an léitheora. Feictear, de thoradh air sin, gur féidir an corp agus institiúidí áirithe nósanna imeachta a bhriseadh.

Ní i gcatagóirí na collaíochta amháin atá an bhithchumhacht le feiceáil i saothair na scríbhneoirí seo. Cé gur féidir glacadh leis an mbithchumhacht chéanna mar fhórsa sonrath le feiceáil sa teach cúirte in ‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’ [FNG] (Ó Conghaile 2003). Cuirtear an príomhcharachtar os comhair na cúirte sa ghearrscéal seo chun a

chuid coireanna (dúnmhárú a thuismitheoirí) a mhíniú. Feictear ón mbonn aníos an chaoi a gcaitear leis an bhfear seo, fear a raibh cúiseanna aige lena thuismitheoirí a chur chun báis, agus an chaoi a mbíonn an bhithchumhacht lárnach chun greim a fháil agus a choinneáil ar an bpríomhcharachtar (ibid.). Córas cumhachta atá ar thóir céille is ea an teach cúirte seachas córas ag iarraidh pionós a ghearradh air. Míníonn an reacaire gur cóir é a chur chun báis, ach nach raibh an bhithchumhacht áirithe seo (breith an bháis) le fáil in Éirinn (ibid., 88). Míníonn an reacaire dúinn gur féidir leis an bhreith a sheachaint trí mheán an bháis. Mar a phléann Foucault é féin sa chaibidil “Right of Death and Power over Life” in *The History of Sexuality Volume* (1979), tá sé de cheart ag an Stát cinneadh a dhéanamh mar gheall ar bhás nó ar shaol an duine sa phobal. Mar sin féin, is léir gur féidir leis an tsuibíacht 'rogha rud a dhéanamh' agus bithchumhacht an stáit a chaitheamh bunoscionn. Nach féidir a áiteamh, cuir i gcás, go bhfuil féidearthachtaí ann go bhfuil bithchumhacht ag an duine go ginearálta agus gur féidir leis an saol a fhágáil trí lámh a chur ina bhás féin? Cé go bhfuil fiúntas ar leith ag baint le tuiscintí Foucault ar an gcumhacht, meastar chomh maith gur féidir an léamh a leathnú sa chaoi seo agus an fhéinchumhacht a chur san áireamh.

Is staidéar an-chuimsitheach agus spéisiúil é “An Buachaill Bán” [NBB] de chuid Uí Shearcaigh (31: 1996). Déanann an Searcach scagadh tuisceanach téagartha ar conas gur mhaith leis “...teangaidh a thabhairt don tost seo...” (ibid., líne 2) agus é ag déanamh trácht ar a chlaonadh collaí mar fhear homaighnéasach. D'fhéadfaí a áiteamh, chomh maith leis sin, go bhfuil sé i gceist ag an Searcach iarracht meon an duine aonair (an file) a chur os comhair an phobail. Cé nach bhfuil “...na focla agam go fóill lena insite, lena rá...” (ibid., línte 2-3). Arís eile, d'fhéadfaí a rá go dtiteann an tóin as teoiric Foucault i dtaca leis an mbithchumhacht. Cé gur ndéantar an corp agus a mhianta a smachtú, tá féinchumhacht ar leith i gceist. Míníonn de Paor (2005) go bhfuil téis ann gur ag aistriú ón leanbaíocht (Máthair) go dtí an fheaúlacht (Athair) atá i gceist leis an homaighnéasacht (ibid., 29-30) agus gur easnamhach é an t-aistriú sin ón dá choincheap nó staid. Mar sin féin, is féidir a áiteamh go gceiliúrann an file an t-easnamh (más ann dó) seo agus go bhfuil sé ag iarraidh ciall a bhaint as.

Léiríonn na saothair seo an chaoi a mbíonn tionchar na cumhachta mar chuid lárnach d'indibhidiúlacht na gcarachtar, tuiscint atá mar phríomhthéis Foucault (Rozmarin 2005: 2); an t-ábhar sagairt ag iarraidh tuiscint a fháil air féin i gcomhthéacs na cumhachta, an t-aitiú spáis a dhéantar ar leaba an fhile i ndán Uí Shearcaigh, an teach cúirte mar shiombail den chumhacht i saothair Uí Chonghaile, nó an buachaill bán ag iarraidh *teanga a thabhairt don tost*. Is cinnte go mbíonn tionchar ag gréasáin éagsúla chumhachta, is é sin, leibhéil éagsúla chumhachta, ag mianta príobháideacha an duine aonair agus na gcarachtar. Nach féidir an chumhacht a fheiceáil trína haithint agus trína glacadh? Féinchumhacht a bheadh i gceist anseo dar leis an scríbhneoir seo. Mar sin féin, is léir go bhfeidhmíonn an gaibhniú agus an scaoileadh rúin mar ghnéithe den normatacht agus mar ghnéithe den aiteacht araon. Tá brú as cuimse ar charachtair na saothar cruthaitheach thuas glacadh leis an scaoileadh rúin seo. Sa chéad aonad eile, caithfear súil ar an scaoileadh rúin agus an gaibhniú a chinntíonn nach sáraíonn an duine aonair rialacha na sochaí.

#### *4.1.2 An Gaibhniú agus an Scaoileadh Rúin*

Tugann Foucault faoi deara gur tháinig tábhacht áirithe maidir le scaoileadh rúin chun cinn mar uirlis shóisialta chumhachta ón ochtú haois déag ar aghaidh agus an Fhrainc mar chás-staidéar aige (Spargo 1999, 16). Más uirlis ar leith é an scaoileadh rúin leis an duine a smachtú, agus a mhianta príobháideacha collaí a bhainistiú, táimid in ann naisc shoiléire a fheiceáil trí mheán an ghaibhnithe a bhaineann leis an gcumhacht. Léirítear an chumhacht trí mheán an ghaibhnithe. Is féidir, feictear dom, rian na dtuiscintí a fheiceáil i ngnéithe ar leith de na saothair Ghaeilge. Tá na coincheapa seo lárnach i dteoiric úd Foucault (1978), an Hiptéis Smachtúil, áit a bpléann sé an chaoi a mbíodh an chollaíocht agus gach ar bhain léi ina tost agus go bhfuil fáil ar "...instances of muteness which, by dint of saying, imposed silence" (ibid., 17). Dar le Foucault go dtagann tost i bhfeidhm mar ghníomh féinchinsireachta. Is trí mheán an scaoilte rúin a éiríonn leis an duine a mhianta príobháideacha collaí a léiriú. Míníonn Foucault go mbíonn an fhéinchinsireacht seo mar stráitéis le gníomhaíochtaí agus leis an gcollaíocht a chur i bhfoirm teanga (ibid., 21). Tuairim choitianta de chuid Foucault is ea go bhfuil an chollaíocht smachtaithe agus faoi chois agus go bhfuil sí mar ghné lárnach de dhéantús an phobail. Cé gur hiptéis atá i gceist ag Foucault seachas fíric le glacadh gur féidir linn téamaí a bhaineann leis a fheiceáil i saothair Uí Chonghaile agus Uí

Shearcaigh go príomha. An rud a fheictear anseo ná sárú na hiptéise agus na carachtair ag iarraidh a gcuid mianta a chur i bhfoirm faoistine go hoscailte. Ní atá le feiceáil i saothair na scríbhneoirí Gaeilge atá á bplé anseo agus cuirfear an smaointeoireacht seo i bhfeidhm chun pointí áirithe iniúchta a cheistiú.

In ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ [AFP] de chuid Uí Chonghaile (1997), feicimid an príomhcharachtar, atá sásta an domhan mór a shéanadh agus é féin a chur faoi ghlas ina leithreas, ag iarraidh an chuid eile dá shaol a chaitheamh laistigh de spás pearsanta príobháideach an tseomra seo. Déanann Ó Cofaigh (2004) cur síos an-soiléir i dtaca leis an téacs:

Cothaítear an rí-rá agus ruaile buaille le linn an scéil toisc nach bhfuil an dream taobh amuigh den doras in ann glacadh le tuairimí an fhir taobh istigh. Is é an chodarsnacht seo a chabhraíonn go mór le dráma iontach a chruthú sa scéal. Tá an reacaire cinnte dearfa de nach bhfuil sé chun bás a fháil san áit ina bhfuil sé agus níl drogall dá laghad air é sin a chur in iúl dá dhlíodóir a thagann ar cuairt chuige. (ibid., 46)

Feictear an leithreas mar mheafar den bhosca faoistine, spás príobháideach ina mbíonn an reacaire in ann machnamh a dhéanamh ar a shaol agus ar cheisteanna móra an domhain. Taobh amuigh den spás áirithe seo, is féidir leis an reacaire smacht a choinneáil ar a rúin agus ar a shaol. Cé go nglacann sé leis go “[d]téann chuile dhuine chuig an leithreas ó thráth go chéile mar a bheifeá ag súil ó nádúr an duine...” (ibid., 77), is cinneadh níos leithne, níos fadtéarmaí é a shaol a chaitheamh sa leithreas. Is istigh sa leithreas gur féidir leis an reacaire droim láimhe a thabhairt don saol agus don ghaibhniú. Ceistítear, mar sin, an Hiptéis Smachtúil, toisc go ndearna an reacaire an rogha féin chun a shaol a chaitheamh sa leithreas. Le linn dó a bheith ag cur faoi istigh ina áit nua chónaithe sa leithreas, tagann sagart ar cuairt chuige ag iarraidh go dtiocfadh athrú poirt air agus go bhfágfadh sé an leithreas ar deireadh. Ní raibh sin uaidh, áfach. Ní dóigh le fear an leithris gur gá don sagart maithiúnas a thabhairt dó, toisc nach bhfuil sé tite i bpeaca. Ní dóigh leis go bhfuil an sagart uaidh leis an bhfaoistin a dhéanamh (ibid., 81). Dar leis nach féidir aon pheaca a dhéanamh san áit ina bhfuil sé “Ar ndóigh, ní áit pheacúil an leithreas, an ea? Tá an áit seo saor ó chathú mealltach an diabhair” (ibid.). Is pointe spéise é seo a chuireann raon an pheaca i dtéarmaí an ghnímh. Níl fear

an leithris sásta glacadh le tuiscintí a bhaineann leis an Hipitéis Smachtúil; sa chaoi is go dtiontaítear an leithreas go hiomlán ina raon collaí, scoite amach ó chumhacht na heaglaise. Cuirtear an sagart in iúl ar bhealach a sheasann sé do ghuth na cumhachta agus go bhfuil “...canonical law, the Christian pastoral, and civil law... the licit and illicit” i gceist leis (Foucault 1978: 37). Fiafraíonn an sagart den fhear an leithris maithiúnas a iarradh trí pholl na heochrach, go mbeidh sé in ann a anam a shábháil ó pheaca, ach ní ghlacann fear an leithris leis an tairsicint. Bagraíonn sé ar an sagart go gcuirfidh sé broim as poll a thóna trí pholl na heochrach isteach i gcluasa an tsagairt agus é ag cuardach maithiúnais uaidh (ibid., 81). Cuireann an reacaire i gcuimhne dúinn go bhfuil sé sásta rialacha nó coinbhinsiúin shóisialta a bhriseadh agus é sa raon faoistiniúil cumhachtach:

Tá na ballaí bána breac agam le graifítí. Bím ag scríobh go dtagann tálach i mo lámh. Bíonn cluas orm ag éisteacht leis an uisce ag sruthlú gach uair a tharraingim an slabhra. Bíonn a fhios agam cé mhéad braon a líonfas suas aríst é. (ibid., 78)

Aitiú a dhéanann Ó Conghaile ar an spás príobháideach seo, áit a gcaitear nóisin i leith na cumhachta bunoscionn. Toisc gur féidir leis an bpríomhcharachtar an spás seo a úsáid chun coinbhinsiúin áirithe normatachta a shárú, níor dhóigh leis gur ghá dó a rúin a inseacht don sagart. Gan aon dabht, mar sin, is féidir leis an duine an chumhacht a cheistiú gan a bheith ag géilleadh go hiomlán do thuiscintí Foucault.

Ar an gcuma chéanna a chuirtear cumhacht agus an fhaoistin in iúl le linn an ghearrscéil ‘As Láimh a Chéile’ [AFP] (Ó Conghaile 1997). Ráiteas láidir maidir le ceiliúradh na collaíochta atá le feiceáil i gcorp an pháosa ina bpléitear fear óg darb ainm John Paul agus é ag cuardach leannáin i gclub aerach i mBaile Átha Cliath. Tugann an reacaire fear óg faoi dear agus dúil as cuimse ann:

Strapaire ard d’fhear, téagartha gan a bheith ramhar, léine gheal lonrach air agus treahsar dorcha’ gruaig ghearr fhionn air, é thar a bheith dathúil, b’fhacthas dom, tríocha bliain d’aois b’fhéidir, má bhí ar éigean... Ní sicín óg as an mblaosc amach is amach b’fhéidir, ach bheul ní raibh sé róshean domsa le súp a bhaint as. (ibid., 39)

Buaileann an reacaire leis an bhfear ar deireadh tar éis an-chuid thall is anall ar siúl ach gan *move* a bheith déanta (ibid., 40). Nochtar an inní atá sa suíomh tríd an ainmniú -

an tarraingt siar agus an t-athainmniú a dhéanann John Paul air féin mar *Johnny* seachas John Paul:

Rugadh mé an lá ceannann céanna a dtáinig sé go hÉirinn, an diabhal bocht. Anois! Tá tú i gcomhluadar fir ainmnithe as fear naofa, fiú muna bhfuil sé féin rónaofa. Johnny mar sin, a dúirt sé, cuma mhagúil ar a aghaidh. Is féidir leat Johnny a thabhairt anocht orm. (ibid.)

Léirítear anseo tuairimí Foucault i leith na cumhachta agus i leith an scaoilte rúin. Rinneadh an carachtar a ainmniú i ndiaidh siombaile atá thar a bheith cumhachtach (an Pápa) ach ainmniú nár mhaith leis a chur san áireamh toisc go bhfuil sé i ngéibheann na mianta collaí atá aige. Mar sin de, is gá dó a ainm a sheachaint agus ainm eile 'collaí' a ghlacadh. Mar sin féin, is féidir leis an bhfear coinníollacha sóisialta a shásamh agus a mhianta pearsanta collaí féin a shásamh ag an am céanna. Tuigtear roimh dheireadh an ghearrscéil gur sagart é an fear úd agus é ag iarraidh an saol cráifeach a chaitheamh go rúnda mar fhear homaighnéasach. Nuair a bhuaileann siad beirt lena chéile ar dtús níl John Paul sásta a bheith oscailte maidir lena ainm toisc go bhfuil baint aige leis an gcráifeacht. Ní raibh sé sásta mórán a scaoileadh uaidh mar gheall ar an gceantar arb as dó nó a ainm fiú. Éiríonn leis an gConghaileach an raon príobháideach agus a aitiú le tuiscintí caolchúiseacha trína dtagann an chollaíocht phearsanta agus an fhaoistin le chéile. Is féidir an fhaoistin mar *essential force* (Foucault 1980e: 217) a fheiceáil anseo.

Anuas air sin, is féidir lorg na cumhachta céanna a fheiceáil in úrscéal Uí Chonghaile *Sna Fir* (1999), téacs ina dtagann príomhphearsa an úrscéil, John Paul, in inmhe go collaí agus é ag glacadh leis féin mar fhear aerach roimh dheireadh an scéil. Tá blas faoistiniúil le haireachtáil agus John Paul ag tabhairt faoina scrúduithe céime ollscoile. Tá an cheist scrúdaithe os a chomhair bunaithe ar ghearrscéalta Phádraig Mhic Phiarais, agus tá an-fhonn ar John Paul anailís chriticiúil a dhéanamh ar Shean-Mhaitias in 'Íosagán'. Léiríonn John Paul cé chomh ciotach is atá an gearrscéal sa chaoi nach dtabharfadh an sagart aspalóid dó as peaca éigin a rinne sé nuair a bhí sé óg (ibid., 84). Ní raibh Sean-Mhaitias, dar le John Paul, in ann maithiúnas a fháil ón sagart toisc gur dhuine homaighnéasach (seachas aerach) é, "B'fhearr an focal oifigiúil a úsáid sa bhfreagra" (ibid.). Tá ceann de na téamaí is lárnaí san úrscéal seo le feiceáil sa mhír thuas; an príomhcharachtar ag teacht in inmhe an tsaoil agus é ag iarraidh an domhan

mór a thuiscint i gceart. Ina fhreagra scrúdaithe léiríonn John Paul a mhíshástacht leis an gcaoi a gcaitear le Sean-Mhaitias. Aithníonn John Paul go bhfuil réimse na homaighnéasachta sa Ghaeilge fós le treabhadh i gceart agus go bhfuil an focal oifigiúil ag teastáil i réim oifigiúil ar nós scrúdaithe. Tá tuiscint mhaith ag John Paul ar áit na homaighnéasachta i litríocht na Gaeilge agus is sa scrúdú a dhéanann sé iarracht dul i gcoinne an *status quo*. D'fhéadfaí a rá gur cinneadh pearsanta cumhachtach é cinneadh John Paul seo a lua i bpáipéar scrúdaithe: go bhfuil sé ag iarraidh a léamh mothálach a dhéanamh ar théama an ghearrscéil agus dá bharr go scaoileann sé uaidh a rún. Is léir, mar sin, go bhfuil faoistin Foucault le feiceáil sa phíosa úd ina ndéantar iarracht an chollaíochta neamhnormatach a chur i gcomhthéacs na teanga (1978: 21). Is i bhfoirm teanga a dhéantar ciallú agus cáiliú ar pheaca Shean-Mhaitias, mar a shíleann John Paul, atá le feiceáil i dtuiscintí Foucault i leith na collaíochta neamhnormataí agus an fhaoistin toisc, “The Christian pastoral prescribed as a fundamental duty the task of passing everything having to do with sex through the endless mill of speech. The forbidding of certain words, the decency of expressions...” (ibid.).

Sa mhullach ar an bhfaoistin, ba léir do Foucault go raibh an gaibhniú thar a bheith tábhachtach mar choincheap i smachtú na collaíochta agus na neamhnormatachta:

Compared to the incessant dialogue of reason and madness during the Renaissance, classical internment had been a silencing. But it was not total: language was engaged in things rather than really suppressed. Confinement, prisons, dungeons, even tortures, engaged in a mute dialogue between reason and unreason—the dialogue of struggle. This dialogue itself was now disengaged; silence was absolute; there was no longer any common language between madness and reason... (Foucault 1984:152)

Thuig Foucault, ina dhiaidh sin, go raibh an gaibhniú mar chuid lárnach de rialú an duine dhaonna agus go raibh sé mar aidhm ag ospidéal shíciatracha agus príosúin ón seachtú haois déag ar aghaidh go háirithe an neamhnormatachta a choinneáil faoi chois. Tugann sé ré an *Great Confinement* (O’Farrell 2005: 36) nó mar a thugaim féin air an Gaibhniú Mór. Tá Foucault den tuairim gur tháinig fadhbanna síciatracha chun cinn mar ghalair chearta sláinte agus go raibh an catagóiriú sláinte seo tábhachtach i srianú an ghnáthphobail. Is féidir leas a bhaint as tuiscintí a d’eascair as an nGaibhniú Mór, is é sin, smachtú ar an neamhnormatachtríd an ngaibhniú a úsáid mar fhráma tagartha iniúchta. Mar a thuigtear do Foucault, is féidir an gaibhniú seo a roinnt idir gaibhniú



póilíneachta agus, ina dhiaidh sin, gaibhniú leighis (Foucault 1984: 128). Mar sin féin, síltear go bhfuil éagsúlacht an ghaibhnithe le feiceáil mar mhóitíf inti féin i saothair na scríbhneoirí atá faoi chaibidil.

Ag filleadh ar ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ [AFP] (1997), léirítear áit a mbíonn an féinghaibhniú ag feidhmiú mar bhuncheist agus mar bhunargóint an pháosa. Tríd an scéal, mar a luadh cheana, feictear an fear sáinnithe d’aon ghnó ina leithreas agus é ag iarraidh an saol mór a sheachaint. Léirítear fear an leithris mar shiombail den ghaibhniú agus é ag iarraidh a chinneadh chun fanacht sa leithreas a mhíniú dá bhean chéile. Dar lena bhean chéile go mbaineann gach mac máthar leas as an leithreas ó am go chéile nuair is gá ach go rud nádúrtha é sin (ibid., 77), rud a chinntíonn neamhnormatacht an fhir, ach níl fear an leithris sásta glacadh leis an róshimpliú a dhéantar ar an scéal. Dar leis an bhfear seo gurb é a rogha féin é bheith faoi ghlas sa leithreas, tá an leithreas ina raon príobháideach atá go hiomlán scoite amach ó pharaiméadair inghlactha na sochaí. Déanann sé aitiú ar an leithreas, áit nach mbeidh rialacha na sochaí ag dul ina choinne. Tar éis dó dul ar scor, breathnaíonn sé ar an leithreas mar raon príobháideach dó féin; é ag iompar ó ghaibhniú na hoibre go gaibhniú an tsaoil laistigh de bhallaí cosantacha an leithris - ní éireodh an reacaire sean agus coinbhinsiúin an ama curtha ar leataobh aige:

Ní áirítear aon am anseo. Níl clog ar an mballa os mo chomhair. Níl aláram. Níl angelus. Níl sprioclá. Níl féilire. Níl gealach. Níl taoille. An t-aon dáta is cuimhneach liom ná an lá ar chríochnaigh mé ag obair sa státseirbhís – an lá cinniúnach úd a ndeachaigh mé amach ar pinsean luath: agus isteach sa leithreas, d’aon truslóg fhada amplach amháin. (ibid.)

Díreach mar a chuireann Foucault (1984d) síos ar an tearmann san ochtú haois déag mar “...religious domain without religion, a domain of pure morality, of ethical uniformity...” (ibid., 148), tá fear an leithris sábháilte ó chontúirtí an tsaoil agus é sa leithreas. Feictear féinghaibhniú den chuma chéanna i luathdhán Uí Shearcaigh ‘Fios’ [SE] (1993) nuair a léirítear príobháideachas na leapa mar raon cosanta ó fhórsaí normatacha an domhain mhóir. Tuigeann sé, chomh maith, cé chomh tábhachtach is atá sé téamaí den chuma seo a phlé i gcomhthéacs na Gaeltachta agus na Gaeilge (Ó Laoire 1997: 223). Feictear don scríbhneoir seo go n-éiríonn leis an Searcach domhan Gaelach aerach a chur i dtoll a chéile, chun a mhianta collaí a léiriú agus a chur in iúl agus iad

curtha i gcomhthéacs an cheantair. Sa dán seo, tá sé mar aidhm ag Ó Searcaigh sceitse a chumadh den fhile agus dá leannán agus iad istigh i ngreim a chéile a léiriú le húsáid íomhánna éifeachtacha. Tá an cur síos ar an gcorp fíorchollaí agus fuinniúil:

Cnas le cnas, a chroí  
dhéanfadh salann ár gcuid allais  
sáile don leabaidh

Béal ar bhéal go docht  
Beidh bradán feasa do theanga  
Ag snámh ionam anocht. (línte: 1-6)

Trí úsáid a bhaint as macallaí ó thraidisiún na miotaseolaíochta, éiríonn leis an Searcach aitiú a dhéanamh ar an raon príobháideach agus an spás a léirítear ann. Úsáidtear íomha na leapan go héifeachtach le ceistanna a spreagadh sa léitheoir mar gheall ar an ngníomh collaí. Mar léiriú príobháideach de bhunachloch na méine, cuireann an Searcach inár láthair baill choirp agus léiriú céadfaíoch de féin agus den leannán. Feictear go bhfuil cumhacht ar leith ag baint le teanga an leannáin - go bhfuil cumas agus buanna le baint amach trí mheán na teanga agus trí mheán an ghnímh chollaí. Tá sé suimiúil go leor go gcoinneofar an duine ina thost má úsáidtear an teanga agus d'fhéadfaí a rá go gcuireann an teanga tábhacht na rún i bhfeidhm ar an duine dá bharr.

Ag filleadh ar John Paul in ‘As Láimh a Chéile’ [AFP] (1997) de chuid Uí Chonghaile, feictear an gaibhniú sóisialta a chuirtear ar charachtair an phíosá. Is léir nach bhfuil an bheirt fhear iomlán ar a gcompord maidir lena gclaonta collaí agus go bhfuil bunchúis chumachtach ann. Cé go bhfuil coinbhinsiúin áirithe na rún ag dul i gcoinne na beirte, tá siad fós in ann teagmháil chollaíoch a chothú. Tugann John Paul a uimhir ghutháin do Johnny ionas go bhféadfaidís caidreamh de shaghas éigin a chur ar bun, ach is cinnte go bhfuil rúndacht an chaidrimh sin thar a bheith tábhachtach dó (ibid., 48). Tugann tráchtairacht Foucault léiriú ar an gcaoi gurb iad “...instances of muteness... imposed silence...” (1978: 17) bun agus barr na collaíochta neamhnormataí agus go ndéantar iarrachtaí an chollaíocht sin a rianú trí leas a bhaint as spásanna áirithe príobháideacha. Rianaítear go mbíonn an balbhú seo ag teacht chun tosaigh i dtógáil an chaidrimh idir an bheirt fhear. Gaibhniú sóisialta mar ghréasán atá ann don bheirt nach bhfuil tagtha

amach ag tús an scéil. Tá féidearthachtaí caidreamh fisiciúil ina raon príobháideach istigh sa charr i gcarrchlós an tséipéil, ní amuigh faoin aer (Ó Conghaile 1997: 49).

Feictear, dá thoradh sin, go bhfuil an gaibhniú agus an cruthú spáis araon le feiceáil i saothair na scríbhneoirí seo. Feidhmíonn úsáid áirithe seo an spáis mar iarracht chun an neamhnormatacht a chleachtadh agus a bhlaiseadh. Cé go bhfeictear tionchar uirlisí na cumhachta ar na carachtair, feictear gur féidir leo iad a shárú. Is pointe spéisiúil leanúnach é seo atá le fáil i saothair na scríbhneoirí Gaeilge seo. Is cinnte go bhfuil caidreamh ar leith le feiceáil idir an duine sa raon príobháideach agus an chumhacht. Sa chéad aonad eile déanfar scrúdú ar an gcaidreamh áirithe seo i dtéarmaí shaothair na scríbhneoirí céanna.

#### *4.1.3 Máistir agus Máistrí: An Géillsineach agus an Smachtú*

San aiste ‘Doing Justice to Someone: Sex Reassignment and Allegories of Transsexuality’ (Butler 2001), rianaíonn Butler an chaoi a mbíonn fórsaí sóisialta cumhachta agus smachta i gcroí ceisteanna éagsúla i leith láimhseáil na sochaí trí thionscnaimh rialála phearsanta. Tugann siad ár ndúshlán orainn ceisteanna móra a chur orainn féin: céard is brí le bheith mar dhuine? Céard is brí le fíorinscne? Céard is saoránach ann agus cén fáth a bhfuil réaltacht chomh teoranta againn nach bhfuil le déanamh ach srianta a leagadh síos mar shainmhínte (ibid., 621). Trí leas a bhaint as na ceisteanna áirithe seo, feictear di go gcuirtear srian ar dhaoine neamhnormatacha toisc go bhfuil catagóiriú ar leith i gceist leis. Buailtear an duine daonna le rialacha dochta ina mbíonn an fhéiniúlacht sheasta bunaithe timpeall air, áit a gceistítear an raon príobháideach agus an chumhacht. De réir Butler (ibid.), agus í ag baint leasa as tuiscintí Foucault, tuigtear go mbíonn an t-ionracas mar ghné nó mar bhuthal na suibiachtúlachta. I ndinimic seo na cumhachta, glacann an géillsineach (*the subject*) ról géilliúil agus é ag iarraidh an ceannasaí a shásamh. Anuas air sin, cuireann Butler (1999) tuairimí mar gheall ar an gcumhacht in ‘Revisiting Bodies and Pleasures’ chun tosaigh. Dar léi go bhfuil sé dúshlánach, go hanailíseach, an fhéiniúlacht a cheistiú ón mbonn aníos toisc go mbíonn sé de chlaonadh ag criticeoirí an inscne a scaradh ón gclaonadh collaíochta (ibid., 13). Tá nascanna móra le feiceáil, dar léi, idir an Máistir agus an Géillsineach nuair atá collaíocht i gceist mar a phléifear: an bhfuil rian den

fhírinne le feiceáil i dtuairimí Butler, nó an féidir codanna de a chur i bhfeidhm? Nach féidir ilghnéitheacht a fheiceáil i gcaidrimh na máistrí – an bhféadfadh duine a bheith ina mháistir agus ina ghéillsineach ag an am céanna? San aonad seo, déanfar iniúchadh ar na slite a mbíonn tuiscintí i leith na cumhachta mar ghréasán ann féin, an dinimic a chruthaítear trí mheán an ghéilliúnaigh agus an chaoi a dtagann téamaí ar leith chun cinn i litríocht na scríbhneoirí atá faoi chaibidil.

Is féidir an chumhacht a fheiceáil agus a rianú ó thuiscintí den chuma sin in *Jude* (Ó Conghaile, 2007). Is féidir an chumhacht a léamh i dtaca leis an raon príobháideach idir Jude agus a hiníon Gráinne atá ina déagóir. Is féidir a áiteamh go bhfuil cosúlachtaí móra le feiceáil idir an bheirt; iad éirimiúil agus dírithe ar shaol gairmiúil a bhaint amach dóibh féin, sásta talamh nua a bhriseadh agus iad ceandána chuige. Feictear seo go háirithe sa chéad mhír nuair a mhíníonn Gráinne do Jude go bhfuil sí ag iarraidh dul leis an mbanaltracht, rud a chuireann iontas agus díomá ar a máthair go mór (ibid., 33). Mar a mhíníonn sí agus an bhanaltracht i gceist aici, “Le go bhféadfadh tú do shaol ar fad a chaitheamh ag iompú seandaoine ina gcuid leapachaí, ag glanadh tóineannaí sméadráilte brocacha is ag mapáil suas a gcuid fuail is a gcuid smaóisíl” (ibid.). Feictear mar sin, go ndéanann Jude láimhseáil ar chinneadh Jude mar chuid den dinimic idir an máistir agus an géillsineach. Déanann Jude léamh ar chinneadh Ghráinne mar bhealach ina ngéilleann sí don mháistir. Níl sí sásta lena cinneadh toisc nach bhfuil gairm an altra maith go leor do Jude a bhí sásta ród nua dúshlánach a shábháil. Mar sin féin, ní dócha gur féidir an léamh seo a dhéanamh ar Ghráinne toisc go bhfuil sí ag iarraidh talamh nua a bhriseadh í féin agus a rogha rud a dhéanamh. Drochmheas, go ginearálta, a léiríonn máthair Ghráinne ar an mbanaltracht mar ghairm, agus cothaítear dinimic rialála idir an bheirt ina mbíonn an inscne mar chuid lárnach de. Tá Jude tar éis a saol a chaitheamh go díograiseach agus go pointeáilte ag iarraidh go n-éireoidh léi mar thréidlia, post a d’fhéadfaí a áireamh mar phost ‘fireann’, agus mar sin, mar acmhainn thábhachtach sa tsochaí. Ní mar sin a áitíonn Jude an bhanaltracht. Téama leanúnach seasmhach is ea an choimhlint a chruthaítear idir an bheirt agus Gráinne chomh ceandána lena máthair ag iarraidh a ród féin a ghlacadh. Tuigeann Jude an caidreamh cumhachta atá idir an bheirt acu agus raon príobháideach an teaghlaigh i gceist aici.

Dán uafáis, faoi mar a mhíníonn Ó Laoire (2000) dúinn é, é ‘Gort na gCnámh’ [NBB] de chuid Uí Shearcaigh ina ndéantar cíoradh cúramach gránna ar an mí-úsaid ghnéis. Mar a phléann Ó Laoire go tuisceanach é, déanann an Searcach iarracht éifeachtach teanga a thabhairt don tost, go háirithe don iníon (ibid., 25). Má ghlactar le nóisean Butler i leith na dinmice idir an máistir agus an géillsineach, feictear léiriú foréigneach den chaidreamh go han-soiléir agus go han-téagartha sa dán seo. I seacht mír an dáin, pléitear go hoscailte an caidreamh idir reacaire an dáin agus a hathair. Is ansin i nGort na gCnámh “... a chaill mé mo bhláth...” (ibid 25: 39-40). Míníonn an reacaire go gcailleann sí a maighdeanas dá hathair a léiríonn an chumhacht a bhí ag an athair i leith a iníne. Cé go gcothaíonn an dán léamh míchompordach don léitheoir, déantar léiriú neamhleithscéalach ar ar tharla. Feictear go soiléir go bhfuil dinimic na cumhachta le feiceáil go tréan sa dán, ina mbeireann an reacaire páiste a hathar:

Thug mé a raibh agam dó  
mo chuid fola  
is mo chuid feola,...  
...Cha rabh mé ach trí bliana déag nuair a réab  
sé geasa  
an teaghlaigh (ibid., línte 44-46 agus 75-77)

D’fhéadfaí a rá go ligeann an géillsineach don chumhacht é féin a choinneáil slán toisc go nglacann sé lena áit i dtógáil an chaidrimh. Faoi mar a fheictear thuas, d’fhéadfadh go raibh faitíos ar an reacaire a fód a sheasamh agus troid ar a son féin, ach nach raibh sí in ann aige. An é sin le rá go réitíonn an géillsineach leis an gcaidreamh go pointe áirithe agus go bhfuil sé/sí sásta an dinimic chaidrimh seo a chur i bhfeidhm? Ní dócha é, ach gur féidir a áiteamh go mbíonn caidreamh mí-úsáideach i gceist leis an gcaidreamh agus go gcuirtear brú as cuimse ar an ngéillsineach dá bharr. Míníonn Carline (2006) in ‘Resignifications and Subversive Transformations: Judith Butler’s Queer Theory and Women to Kill’, go bhfuil an dinimic idir an dá choincheap theibí seo thar a bheith tábhachtach i dtéarmaí inscne agus cumhachta (ibid., 312). Síleann sí gurb í an chumhacht bunfhórsa an ghéillsinigh. Tá an dinimic na cumhachta seo le feiceáil in ‘An Chéad Duine Eile’ (Ó Conghaile 1997). Anseo, feictear go mbíonn an

Bás agus an Saol ag brath ar a chéile; “Is é an dá mhar a chéile acu é – Saol agus Bás – Bás agus Saol: iad chomh mór sin thíos i bpóca a chéile agus dá mba chúpla Siamach in aon bhroinn amháin iad...” (ibid., 113). Dá bharr, feictear go mbíonn caidreamh dlúth ag an gcumhacht leis an ngéillsineach, caidreamh nach bhfuil siombóiseach ach atá go hiomlán ag feidhmiú ar scáth a chéile. Tá an dinimic chumhachta le feiceáil idir an Bás agus an Saol le linn an ghearrscéil ó thaobh téama de agus éiríonn le Micheál Ó Conghaile é seo a chur in iúl go héifeachtach. Mar sin féin, tá rogha an ghéillsinigh mar bhuntéama an ghearrscéil. I gcodarsnacht lom le hiarracht Uí Shearcaigh (2000) thuas, feictear go bhfuil ciall ag baint le caidreamh géilliúil ar leith. Déanann an Conghaileach an cineál tuisceana os comhair an léitheora trí leaganacha saoil a ainmní; réamhshaol, idirshaol, iarshaol agus neamhshaol, ach laistigh d’achair na saolta sin, bíonn rogha an duine gan mórán tábhachta toisc go bhfuil ceannasaíocht ag an Saol ar an duine. Léirítear, mar sin, nach mbíonn an rogha ag gach uile chaidreamh, ach gur féidir le cineálacha ar leith caidreamh a bheith ag obair ar mhaithe lena chéile.

Léirítear an chaoi a mbíonn an chumhacht mar théama agus mar mhóitíf leanúnach i saothair eile de chuid Uí Chonghaile, ‘Leabhar na bPeacáí’ ón gnuasach *An Fear a Phléasc* (1997). Tá Ó Siadhail (2010) den tuairim go gcuireann Ó Conghaile an-chumas in iúl sa chnuasach seo a chruthaíonn domhan neamhréalaíoch ach sothuigthe ag an am céanna, ní atá le feiceáil go soiléir sa ghearrscéal áirithe seo (ibid., 148). Ceistíonn an scríbhneoir go hoscailte an Eaglais Chaitliceach agus é ag diúltú an chumhacht institiúideach atá ann ina leith (Ó Conchubhair 2012: 13). Éiríonn leis an gConghaileach seo a phlé go hoscailte agus go minic ina saothair. Sa ghearrscéal úd thuasluaite, feictear go bhfuil míthuiscint ar an moinsíneoir agus a shagart cunta i dtaobh na cumhachta agus iad cois leapa na seanmhná agus í ag fáil bháis (ibid., 66). Tagann corrhónacht agus mífhoighde ar an mbeirt sagart; iad ag iarraidh go gcaillfí an tseanbhean go luath chun go mbeidís in ann filleadh abhaile go dtí an teach paróiste. Tugann an moinsíneoir páipéar nuachta leis ar fhaitíos go mbeidh sé ag fanacht níos faide ná mar a cheapann sé – b’fhéidir nach bhfaigheadh sí bás go dtí an lá arna mhárach. Is léir don tseanbhean, agus í leath ina codladh, nár cheart don mhoinsíneoir a bheith ag caint faoi “...amárach...”, ach gur chóir dó bheith ag caint faoi “...inné...” amháin. Níl aon chumhacht ag an moinsíneoir ar amárach toisc “...nach bhfuil amárach ar bith sa saol, nach seasfaidh amárach istigh ar leic teallaigh an tsaoil seo inniu go deo...”

(ibid.). Síleann an bheirt sagart go bhfuil cumhacht agus stádas ar leith acu agus iad ag fanacht go dtiocfaidh an bás agus go scaoilfear leo abhaile, ach tuigeann an tseanbhean nach bhfuil aon neart ar theacht an bháis, go dtiocfaidh sé nuair is mian leis. Mar sin, i gcomórtas leis an ngearrscéal úd ‘An Chéad Duine Eile’ (Ó Conghaile 1997), treisítear arís eile go mbíonn caidreamh áirithe cumhachta ann a bhíonn dosheachanta agus nach féidir cuid acu a sheachaint. Anseo arís eile is é Bás máistir an tsaoil, agus ní féidir leis na sagairt pharóiste ach ról géilliúil a ghlacadh sa chomhthéacs sin.

Déanann Ó Searcaigh (2000) iarracht ceisteanna den chuma chéanna a phlé ina dhán úd ‘Dia: Nóta Anailíse’ [SS]. Arís eile an rud a fheictear sa dán seo ná scrúdú ar leith ar an gcaidreamh a bhíonn ag Dia leis an duine. Feidhmíonn Dia sa dán mar mháistir an tsaoil agus is ann a fhaightear ról feitheoireachta, a choinníonn súil ar mhuintir an domhain mhóir agus a choinníonn an duine ar an mbóthar ceart. Sa chéad rann ach go háirithe a chruthaíonn an file tuiscint mhór gur chóir go mbeadh an duine géilliúil dó agus go bhfuil sé sásta go “...[g]coinníonn sé súil ghéar ar ghairdín na n-úll...” (ibid., línte 1-3). Ar nós an reacaire in ‘Gort na gCnámh’ [NBB], tá caidreamh foréigneach idir an máistir agus an géillsineach arís eile. Tá Dia, i gcomhthéacs an dáin seo, sásta an géillsineach a dhíbirt agus a chlann a chur “... ar shiúl...” (ibid., líne 4). Tagairt bhíobalta atá le feiceáil ina dhiaidh sin d’Ádhamh agus d’Éabha iad caite ar leataobh de bharr alpadh na n-úll. Pléann an Searcach torthaí bhriseadh nósanna anseo agus na himpleachtaí a bhíonn i gceist nuair a bhrítear na rialacha. Mar sin féin, an féidir a áiteamh go gcruthaíonn an sárú rialacha seo saoirse an duine? Cé nach mbeadh Gáirdín Éidin ar fáil a thuilleadh ag Ádhamh nó Éabha, nach mbeadh saoirse acu? Ach, é sin uilig ráite, is mór an pionós a fhaigheann an bheirt thuas luaite agam nuair a sháraíonn siad rialacha Dé.

In *Bodies that Matter: On the Discursive Limits of Sex* (1993a), pléann Butler an chumhacht i dtéarmaí Foucault, agus í den tuairim go mbíonn an géillsineach agus an chumhacht ag brath ar a chéile go comhfhiosach agus gurb é an comhdhéanamh seo bunchloch na cumhachta san aiteacht. Mar a mhíníonn Butler in ‘Sexual politics, torture, and sexual time’ (2008), “...there is no one time, that the question of what time this is, already divides us, has to do with which histories have turned out to be

formative...” (ibid., 1). Tuigeann an tseanbhean i ngearrscéal Uí Chonghaile (1995) go maith an chaoi a bhfeidhmíonn an caidreamh, agus í sásta a bheith páirteach ann. Feictear, áfach, gur féidir teorainneacha an ghéillsinigh a shárú ó am go chéile. Sa chéad aonad eile caithfear súil ar shárú na dtorainneacha seo i gcomhthéacs na dtéacsanna atá faoi chaibidil.

#### 4.1.4 An Géillsineach: Ag Sárú Teorainneacha

Bhí Catherine MacKinnon (1993) ar dhuine de na réamhtheachtaithe ba mhó ag Butler. Is éard a chuireann MacKinnon os ár gcomhair in *Only Words* ná athshamhlú ar an dinimic idir an géillsineach agus an chumhacht. Feictear di go bhfuil an caidreamh idir an chumhacht agus an géillsineach thar a bheith foréigneach. Déanann MacKinnon scagadh ionraic ar thaithí den chiorru coil (*incest*) ag léiriú suíomh foréigneach dúinn a chuireann 'Gort na gCnámh' Uí Shearcaigh (2000) i gcuimhne dúinn (MacKinnon 1993: 3). Mar sin, bíonn an géillsineach comhfhiosach faoin gcaidreamh atá aige leis an gcumhacht. Tá Althusser den tuairim, go ndéantar cáiliú ar an gcaidreamh seo trína chatagóiriú (ibid., 173). Mar a mhaíonn Butler (1987), bíonn srianta ó thaobh na mianta collaí de le feiceáil san fhorghairm (*interpellation*). Tagraíonn Butler do réimsí áirithe rialála ina ndearnadh/ina ndéantar iarrachtaí mianta an duine a bhainistiú (go háirithe sa tsíceolaíocht, sa choireolaíocht agus sa leigheas féin) (ibid., 218). Más amhlaidh go gcruthaítear an géillsineach trí mheán na cumhachta, is féidir glacadh leis go bhfuil mianta an duine dhaonna mar ghné shuntasach sa ghaol idir an dlí agus an fhorghairm. Dar le Butler (1987) gur féidir é seo a fheiceáil i dtéarmaí *aufgeben* Hegel nó “...the developing sequence: consuming desire, desire for recognition, desire for another’s desire” (ibid., 43). Tá Butler (1993a) den tuairim nach mbeidh cumhacht ar bith ag an máistir muna mbeadh an géillsineach géilliúil dó. Ach Mar sin féin, is féidir go ndéanann an géillsineach teorainneacha éagsúla an chaidrimh seo a shárú mar is eol do Disch (1999: 550). Is léir gur aitiú é seo ar an gcaidreamh, go ndéantar catagóirithe a shárú. Caithfear súil anois ar thógail an ghéillsinigh agus ar an gcaoi a sáraíonn sé teorainneacha na cumhachta san aonad seo. Is sa raon príobháideach a dhéantar an sárú agus aitiú ar an gcaidreamh eatarthu.

Tá sé seo le feiceáil i ndrámá úd Uí Chonghaile *Jude* (2007), ina mbíonn an smacht collaí agus atáirgeach ag Jude go háirithe i leith a gasúir. Bhí tuilleadh gasúr óna fear



céile Peadar agus é den tuairim go raibh comhluadar de dhíth ar a iníon Gráinne (ibid., 71). Míníonn Peadar do Ghráinne go raibh Jude i “...ndrochchaoi...” [sic] agus nach raibh sí ag iarraidh páiste eile a thabhairt ar an saol dá thoradh. Feictear, ar bhealach soiléir, go bhfuil corp na mná céile faoina cúram féin agus gur léi an rogha iomlán páiste eile a iompar. Is féidir a fheiceáil, anuas air sin, go bhfuil caidreamh na beirte fréamhaithe go maith i ndinimic áirithe chumhachta atá curtha go hiomlán i gcomhthéacs na collaíochta trí chéile. Glactar leis nach de bharr an ghrá a phós Jude a fear céile, ach gur rogha phraiticiúil é (ibid., 75). Caitear nóisin thraidisiúnta i leith na mban bunoscionn toisc go n-aithníonn Jude gur léi a corp féin agus gur féidir léi an chumhacht a shárú. Mar sin, ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí leis an bpósadh. Is féidir a áiteamh sa chaidreamh pósta go ndéanfaí an bhean a áireamh mar an ngéillsineach go traidisiúnta, ach is féidir a mhalairt de scéal a fheiceáil anseo. Feictear go bhfuil smacht ag Jude ar a corp féin i gcodarsnacht mar a léirítear an bhean in aiste úd MacKinnon (1993). Tá sé seo le feiceáil chomh maith leis sin i gcarachtar Mary, máthair Jude, a deir go hoscailte nach mbeadh sí sásta Jude a iompar dá mbeadh a fhios aici cén sórt duine a bheadh inti:

An pill! Dá mbeadh a leitid a’inn. (Sos) Nach measa an príosún ina bhfuil mé ná ná fine ar bith. (Gáire bréige. Sos fada. Ga dáiríre) Agus is gearr eile é. Is gearr eile é anois. (Leagann sí a lámh ar a bolg. Téann sí i dtreo chúinne na cistine.) (Ó Conghaile 2007: 14)

Feictear, ina dhiaidh sin, go bhfuil Jude ag iarraidh an lámh in uachtar a choinneáil sa chaidreamh lena hiníon ó thaobh na gairme de (ibid., 74). Mar a léiríonn Gráinne “An bhfuil tú cinnte nach ar mhaithe le do stádas fhéin atá tú?” (ibid.). Tá Jude ag iarraidh an teaghlach a choinneáil go hiomlán faoina stiúir. Is é a stádas féin mar bhean an rud is mó a sheasann amach di agus dá réir, an rud is tábhachtaí di.

Is féidir toradh cumhacht an mháistir a fheiceáil go follasach i ndán de chuid Uí Shearcaigh dar teideal ‘An Ghualainn Ghortaithe’ [NBB] (17: 1996), ina bpléann sé an grá rómánsúil agus an foréigean le chéile. Spreagann an dán seo an léitheoir chun machnaimh, ag díriú ar an gcúis ar gortaíodh reacaire an pháosa. Tá sé mar chuspóir ag an bhfile ábhar an dáin a chur in iúl mar dhuine a thrasnaigh teorainneacha an ghéillsinigh agus go dtógtar suíomh collaíochta trí shraith íomhánna sa dán. Déanann

an tsuibíocht iarracht an dallamullóg a chur ar an bhfile ach tuigeann sé “...go raibh fáth éigin eile/leis an chneá ina ghualainn an brú dubh faoina shúil...” (ibid., línte 2-3). Tá a fhios ag reaire an dáin go raibh “...fáth éigin eile/ leis an chneá ina ghualainn...” (ibid., línte 2-3). Is fuarasta a thuiscint dá réir sin go bhfuil cúis náire ag an mbuachaill a gortaíodh. Is ina dhiaidh sin a thuigtear gur ag sárú teorainneacha atá an buachaill, agus cruthaítear suíomh rómánsúil grámhar idir an reaire agus é. Léirítear le sraith íomhánna cúramacha, an file ag breathnú i ndiaidh chréachtaí an bhuachalla:

Rinne mé suas go húr é, ag glacadh m'ama leis an ghlanadh,  
ag moilliú ar an chréacht, á cuimilt go cúramach le hungadh,  
baineadh cnead nó dhó as ach d'fhan sé faoi mo lámh gan  
bogadh.  
B'aoibhinn liom a bheith ag friotháladh air, ag féachaint a cholainn  
seang álainn, ag éisteacht le suaiththeadh agus suaimhniú a anála.  
Nuair a d'imigh sé, d'aimsigh mé os coinne na cathaoireach  
cuid den tseanchóiriú, bratóg bheag fhuilteach;  
ba chóir a chaitheamh sa tinidh láithreach:  
ach d'fháisc mé le mo bheola é le dúil agus le grá  
agus choinnigh ansin é ar feadh i bhfad; fuil an té a b'ansa liom thar chách ...  
(ibid., línte 11-21)

Níl sé go hiomlán soiléir an fáth nó an chaoi ar thrasnaigh (nó cinnte, má thrasnaigh) an buachaill teorainneacha áirithe sochaíocha. Mar sin féin, tá an chosúlacht ar an scéal go ngearrtar pionós an-mhór ar an mbuachaill agus gur faoin *persona* atá sé a chréachtaí a leigheas. Is díol spéise é an chaoi a ndéantar an chéad dá rann sa dán a roinnt le cúig líne an rainn agus go bpléitear an dara cuid den dán (an *persona* ag breathnú i ndiaidh an bhuachalla) in aon rann amháin. Déantar iarracht aird an léitheora a dhíriú ar thoradh an phionóis agus ar an ngrá gur féidir a léiriú nuair a chaitear go dona leis an ngéillsineach. Castar suíomh an dáin agus téama an dáin bunoscionn trí mhothúcháin ghrámhara an fhile a nochtadh “...fuil the a chroí ag deargadh mo bheola...”, (ibid., líne 21). Tá *persona* an dáin sásta créachtaí an bhuachalla a leigheas agus breathnú i ndiaidh an ghéillsinigh.

Tagann úrscéal Phádraig Standúin (1993), *Cion Mná*, chun cuimhne, ina bpléitear an chumhacht agus ceist na máistrí go héifeachtach. Léirítear san úrscéal gur féidir leis an

máistir féin a bheith faoi réir chumhacht mháistir eile. Anuas air sin, is féidir sárú na teorainneacha cumhachta a fheiceáil i gcarachtar John in *Cion Mná* (Standún 1993). Fear céile foréigneach mí-úsáideach atá in John a scrios a chaidreamh lena bhean chéile Therese. Tiontaíonn John ar an ól chun an réaltacht a sheachaint ach fós is léir go bhfuil sé tógtha go hiomlán leis an gcollaíocht fhoréigneach. Tar éis dó seal a chaitheamh i bpríosún, toisc gur ionsaigh sé Therese go dona, tá John ag iarraidh bóthar eile a ghabháil ina shaol agus é ag iarraidh cloí le noirm na sochaí. Is gá glacadh leis na teorainneacha agus é faoi réir na cumhachta. Tuigeann sé nach bhfuil noirm ar leith sa tsochaí, noirm rialála, a léiríonn go bhfuil máistrí ag na máistrí féin freisin:

An lá ar fhág John an príosún bhí a intinn socair aige nach bhfeicfidh sé an taobh istigh d'áit mar sin arís. D'fhanfadh sé glan ar an ól. Bhí an ceart ar fad ag Bridie, cé nár thug sé aon aird uirthi ag an am. An t-ól ba chúis leis an mbualadh agus an drochíde a thugadh sé di. Bhí fearg air ar feadh tamaill fhada nuair a cuireadh isteach i dtosach é, fearg nár tháinig sí ar cuairt chuige, ach de réir a chéile thuig sé a cas. Ba bhreá leis anois an rud uilig a chúisteamh léi, ach bhí tuairim mhaith aige nach mbeadh baint ná páirt aici leis. Cé a chuirfeadh an milleán uirthi? (ibid., 33)

Nuair a théann John go pictiúrlann phornagrafach trí thimpiste, feictear dó nach bhféadfadh sé breathnú ar an scannán. Coinníonn an t-údar air ag sárú teorainneacha na cumhachta trí leas a bhaint as an bpictiúrlann mar shuíomh a dtagann an géillsineach (John) agus an chumhacht le chéile, a léiríonn arís go bhfuil máistrí chomh maith faoi réir máistrí eile:

Ní fhéadfadh duine ar bith breathnú ar a leithéid i bhfad gan a bheith adharcach. Bhreathnaigh sé timpeall. Bhí súile chuile dhuine ar an bpictiúr. D'oscail sé a bhríste agus shásaigh sé é féin le steall in aghaidh an tsuíocháin os a chomhair amach. Cén rogha a bhí aige. Ní fhéadfá dhul amach ar an tsráid agus fliuchán ar do threabhsar. Shleamhnaigh sé trasna cúpla suíochán ansin, ar fhaitíos go gcuirfí ina leith gurb eisean a bhí ag truailliú na háite. (ibid., 70)

Rinneadh iarracht san aonad fórsaí áirithe cumhachta agus smachta a phlé. Is cinnte go bhfuil an caidreamh (idir an géillsineach agus an máistir), i dtéarmaí Hegel (1997), ag feidhmiú mar "...essential Being as an 'other'..." (ibid., 133) agus go maíonn Butler go bhfuil an caidreamh seo thar a tábhachtach i gcothú caidrimh cumhachta i leith an raoin phríobháidigh (ibid., 34). Ach tá dúshláin le sárú maidir leis an gcaidreamh seo.

Is sa dioscúrsa amháin a thógtar an géillsineach (Bell 1999: 164) agus is féidir na slite a dtagann sé chun cinn i saothair na scríbhneoirí Gaeilge atá á scrúdú a fheiceáil. Cuireann Butler (1990) ceisteanna cigiliteacha os ár gcomhair in *Gender Trouble: Feminism and the Subversion of Identity*. Má thrasnaítear teorainneacha na norm sa chaidreamh idir an chumhacht agus an géillsineach, an féidir catagóirí seanbhunaithe ar nós *bean*, *fear* nó *cumhacht* a iniúchadh, a shainmhíniú, a aitiú agus a úsáid mar chur chuige critice sa litríocht sa raon príobháideach?

## 4.2 Príobháideachas, Teanga, Féiniúlacht

### 4.2.1 An Raon Príobháideach

Pléann Michael Warner (2005) ina shaothar *Publics and Counterpublics* spásanna ar leith poiblí agus teanga (ibid., 24). Tá Warner den tuairim go bhfuil dhá chineál spáis chultúrtha ann: an raon príobháideach agus an raon poiblí. Is éard atá i gceist le raon, dar leis, ná spás sóisialta a mbíonn leibhéil éagsúla phríobháideachais ann. Is féidir gach uile ghné den saol a raonú i spás áirithe, dar leis. Is gá ceisteanna a ardú i ngeall ar mhaitheas agus i ngeall ar fhiúntas léamha den chuma seo, áfach. Tá Lauren Berlant agus Michael Warner (1995) in ‘What Does Queer Theory Teach Us About X?’ den tuairim gur féidir aitiú a dhéanamh ar shlite ina dtugann an dá raon aghaidh ar a chéile (ibid., 347). Is éard atá i gceist le haitiú, mar a míníodh cheana é, ná athcheistiú a dhéanamh ar chatagóirí atá in ainm is a bheith coincreiteach. Spreagtar ceisteanna maidir le hiompar an duine dhaonna go poiblí, dar leo, agus déantar scéal poiblí as micriscéal an duine dhaonna, “...questions of propriety and explicitness would no longer be burdened by the invisible normativity of heterosexual culture” (ibid.). Déanfar san aonad seo aitiú ar an raon príobháideach i gcomhthéacs na saothar atá faoi chaibidil.

Tá iniúchadh déanta ag Ó Conghaile ar an gcaoi a dtagann an raon príobháideach agus an raon poiblí le chéile in *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2001). Léirítear sa nóibhille seo an caidreamh idir Jeaic, fear atá tagtha in aois i gConamara, agus bailitheoir óg amhrán. Cuireann sé Niamh Chinn Óir go ceanúil agus go collaí ar an mbailitheoir amhrán agus is léir go bhfuil sé meallta chuici. Feictear ar an bpointe boise na codarasnachtaí carachtrachta atá le feiceáil agus é curtha i gcomparáid le gasúr an

bhaile. Sa raon poiblí déantar imeallú sóisialta go pointe áirithe ar Jeaic de dheasca a aoise. Braitheann Jeaic go bhfuil sé ar an imeall, nach bhféadfadh sé áit cheart lárnach sa tsochaí a bhaint amach ach é mar chaomhnóir oidhreachta. Go poiblí, níl doimhneacht le Jeaic, tá sé ar nós na seanfhear eile sa bhaile, ach faoi mar a leagtar amach i gcuid eile an scéil, tá mianta príobháideacha pearsanta le feiceáil go tréan sa phársa:

Ach ní nach ionadh, ba bheag aird a thugadh na daltaí scoile – an scór acu a bhí fágtha – ar Jeaic Sheáin Johnny ná ar a sheachrán má b’eol dóibh faoina leithéid. Seanfhear a bhí ann. Seanfhear eile a bhí ann chomh fada agus a chonaic siadsan é. (ibid., 13)

Tá úsáid bhrionglóidí an fhir agus an chaoi a mbíonn príobháideachas iomlán aige le linn na mbrionglóidí sin ar cheann de na nithe is suntasaí maidir leis an raon príobháideach sa chéad mhír (ibid., 28). Is trí mheán na mbrionglóidí a chuireann Jeaic aithne níos fearr air féin. Taganna a mhianta pearsanta chun solais agus go soiléir lena linn. Feictear an t-idealú a dhéantar ar Niamh Chinn Óir le linn na mbrionglóidí seo:

Bhíodh sé ag smaoineamh de shíor ina bhrionglóidí seachránacha agus i bhfinnscéalaíocht a intinne go mbeadh ainm croíúil le fuaim fhileata ar nós Niamh Chinn Óir go deas cóiriúil mar ainm di mar gheall ar a folt óir gruaige, a bhíodh na ghaoth a scuabadh go grámhar siar ó chúl a cinn le linn di a bheith ag sodar abhaile ón scoil... (ibid., 12)

Is é an t-uaigneas an rud is mó a chuireann isteach ar Jeaic nuair nach mbíonn sé ag seanchas nó ag amhránaíocht sa cheantar, agus fágann sé sin go mbíonn air comhlúadar a chruthú; comhlúadar príobháideach samhlaíoch (ibid., 26). Is féidir glacadh leis go bhfuil mianta inmheánacha Jeaic mar ghné den raon príobháideach, agus mar a shoiléiríonn Berlant agus Warner (1998) ina n-alt ‘Sex in Public’ (1998) “...the institutions of economic privilege and social reproduction informing its practices and organizing its ideal world are protected by the spectacular demonization of any represented sex” (ibid., 550). Tá institiúidí an raoin poiblí agus an raoin phríobháidigh le feiceáil go follasach sa téacs ó tharla go bhfuil an phríomhphearsa ag iarraidh ciall a bhaint as mianta neamhnormatacha. Áitítear nach cóir go mbeadh mianta den chuma seo ag seanfhear de shliocht na háite, agus go bhfuil stádas chaomhnóir na hoidhreachta

níos seasmhaí nó níos inghlactha sa phobal sin. Sa chaoi sin, tógtar raon príobháideach bunaithe go hiomlán ar na mianta collaí a bhíonn ag Jeaic ag tús na nóibhille.

Scrúdaítear tábhacht an raoin phríobháidigh chomh maith in ‘Níl Aon Ní’ [SS] le Cathal Ó Searcaigh (1993) dán ina bpléitear an raonú a dhéantar ar spásanna ar leith collaí. I gcosúlacht an scéil thuas, tá codsarnachtaí móra le haithint idir áit dhúchais an reaire agus na mianta príobháideacha a bhíonn aige. Tá príobháideachas le baint amach ag an bhfile ina cheantar dúchais agus é i gcodarsnacht lom leis an gceantar uirbeach cathrach atá le feiceáil sa chúigiú rann den dán. Tuigtear don léitheoir go bhfuil an grá faoi bhláth agus é faoin tuath ach é i gcontúirt sa raon príobháideach. Baineann an file leas as teicnící fileata (go háirithe i dtaobh fhuaimneanna na bhfocal) chun é seo a bhaint amach. Cuirtear séimhe na logainmneacha i gcodarsnacht leis na fuaimeanna atá le cloisteáil sa raon uirbeach in iúl. Mar sin, is dócha go bhfuil an file ag iarraidh an grá a chur go hiomlán i dtiúin leis an raon príobháideach faoin tuath:

Is dá dtiocfá liom, a ghrá  
bheadh briathra ag bláthú ar ghas mo ghutha  
mar shiolastracht Ghleann an Átha (línte: 7-9)

Tá sé seo i gcodarsnacht lom leis na ceantair uirbeacha atá le feiceáil thíos. Is díol suntais é nach dtugtar ach rann amháin don chathair i gcomórtas leis na rainn eile dírithe ar áilleacht na tuaithe:

Ach b'fhearr leatsa i bhfad  
Brúchbhailte balscóideacha i mBaile Átha Cliath  
lena ghleo tráchta gan stad (ibid., línte 14-15).

Mar sin, feictear i gcorp an dáin an chaoi a mbíonn an raon príobháideach agus an raon poiblí mar mhóitíf shoiléir ag an bhfile. Feictear séimhe na n-íomhánna atá á gcur in iúl ag an Searcach le linn an dáin agus é ag déanamh cur síos ar Chaiseal na gCorr. Trí mheán na bpictiúr a dhathaíonn an file, feictear an t-aitiú a dhéantar den ghrá homaighnéasach agus é curtha i gcomhthéacs na Gaeltachta. I gcodarsnacht leis an ngrá neamhnormatach atá le feiceáil thuas in iarracht Uí Chonghaile (2001), tá an grá homaighnéasach le ceiliúradh sa cheantar Gaeltachta agus é curtha sa raon poiblí. Forluí

atá le feiceáil anseo idir an raon príobháideach (mianta pearsanta) agus an raon poiblí (an Ghaeltacht):

Níl aon ní, aon ní, a stór,  
níos suaimhní ná clapsholas smólaigh  
i gCaiseal na gCorr,

ná radharc níos aoibhne  
ná buicéad stáin na spéire ag sileadh  
solais ar Inis Bó Finne.

Is dá dtiocfá liom, a ghrá,  
bheadh briathra ag bláthú ar ghas mo ghutha  
mar shiolastracht Ghleann an Átha... (ibid., línte 9)

Mar a mhíníonn Warner (2005) in *Publics and Counterpublics*, is féidir glacadh leis go dtéann an raon príobháideach agus an raon poiblí i gcoinne a chéile go mion is go minic. Tá tuiscintí i dtaobh na raon seo le feiceáil i gcuid mhór gnéithe den phobal agus i dtógáil an duine dhaonna. Ar ndóigh, is féidir leis an dá raon seo a bheith ag obair i dtiúin lena chéile nó a bheith ag dul i gcoinne a chéile faoi mar a fheictear sna téacsanna liteartha thuas (ibid., 28). Dar leis gur tháinig tuiscintí nua chun cinn ag brath ar ghluaiseachtaí áirithe sóisialta. Tá Warner den tuairim go mbíonn an inscne agus an fhéiniúlacht chollaí thar a bheith tábhachtach i dtógáil an raoin phríobháidigh (ibid., 23), agus dar leis “In the case of gender, public and private are not just formal rules about how men and women should behave” (ibid.). Más rud é go dtagann an dá raon sin le chéile, spreagtar ceisteanna i dtaobh na bhféiniúlachtaí agus é i gcomhthéacs na raon. Faoi mar a pléadh cheana, is féidir leis an raonú spáis tuiscintí áirithe seanbhunaithe mar gheall ar phobal, ar an ngrá agus ar an inscne mar théamaí na dtéacsanna, a cheistiú. Más rud é go bhfuil mianta mar chuid lárnach den raonú seo, ní mór ceisteanna a chur maidir leis an gcaoi a ndéanann na scríbhneoirí téamaí ar leith a láimhseáil mar gheall ar mhianta, mar gheall ar chaidrimh agus mar gheall ar thrócaireacht ina saothair.

#### 4.2.2 Mianta, Caidreamh, Trócaire

Le linn di a bheith ag iarraidh mianta an duine dhaonna a shainmhíniú in *Desire/Love* (2012), pléann an teoiriceoir Meiriceánach, Lauren Berlant, an chaoi a dtógtar mianta an duine go seachtrach. Maíonn sí gurb é an rud atá i gceist le mianta ná an chaoi a mbíonn nasc agat le duine nó oibiacht agus go bhfuil geallúintí i gceist le mianta (ibid., 6). Deir sí, mar sin, nach bhfuil an oibiachtúlacht i gceist le mianta toisc go bhfuil siad faoinár scáth féin (ibid.). Tuigtear di go bhfuil mianta collaí ann chun domhan sainsiúil a chur le chéile: "...prop... up your world..." (ibid.) agus mar sin, go bhfuil tuiscintí na mianta lochtach nuair a chuirtear i gcatagóirí simplí iad (m.sh. homaighnéasach, leispiach srl.). Mar sin féin, spreagtar ceisteanna maidir le mianta agus raonú na mianta sin i dtéarmaí an príobháideachais agus an phobail. Feictear go minic i saothair na scríbhneoirí atá idir lámha na bealaí éagsúla a gcuirtear mianta collaí as riocht. Sna saothair a phléifear, déantar mianta agus caidreamh a áiteamh mar theicnící liteartha a chuirtear i bhfeidhm trí mheáin na teagmhála fisiciúla. Léiríonn Love (2012) go bhfuil caidreamh nach beag le tabhairt faoi deara idir an raon poiblí agus an raon príobháideach, áit a mbíonn "...[a] divide between private and public in an unfamiliar and even a disorienting way" (ibid., 321). Tá Lee Edelman (2004) den tuairim go bhfuil gach aon chlaonadh collaí nó mar chuid den *sinthomosexuality*. Mar chuid den téis atá ag Edelman, níl aon chlaonadh concríteach collaí ann, ach gurb í gluaiseacht i dtreo an tsásaimh an bhunchloch, "...a drive toward the libido object..." (ibid., 162). Tá sé mar aidhm ag Berlant (1995) seo a phlé i gcomhthéacs an heitreanáisiúnachais (an heitregnéasacht i dtéarmaí an náisiúnachais) - "...ripping away the privacy protections of heteronational culture..." (ibid., 380). Is éard atá i gceist leis seo ná scagadh a dhéanamh ar an gcollaíocht agus a mianta i dtéarmaí caidrimh agus i dtéarmaí an chultúir heitreanáisiúnaigh. Feidhmíonn an cultúr heitreanáisiúnach ar bhealach príobháideach agus pearsanta amháin. Mar sin, is éard a chuirtear chun tosaigh anseo ná scrúdú a dhéanamh trí lionsa chultúr na collaíochta agus scagadh ceart ar an bhforluí atá ann idir mianta, caidreamh agus príobháideachas. Gan stró ar bith, is féidir glacadh leis go n-éiríonn leis an gceathrar seo ceisteanna maidir le caidrimh a ardú agus feictear cosúlachtaí idir sin agus an raon poiblí agus an raon príobháideach.

Is de réir a chéile a chuirtear an cineál seo léirithe chun cinn i ngearrscéal de chuid Uí Chonghaile dar teideal 'Gabhal na gCloch' [AFP] (1997). Is féidir an chaoi a mbíonn mianta príobháideacha an bhainisteora peile agus an pheileadóira óig, reacaire an scéil,



a gcuireann sé dúil ann, a fheiceáil go héifeachtach sa ghearrscéal. Is ar thóir an tsásaimh atá na carachtair ó thús go deireadh an phíosa seo. Is go pléascach a thosaíonn an scéal nuair a chéadghluaiseann an gearrscéal le gharbh de chuid an bhainisteora “An dtarraingeoidh tú mo bhod dhom?” (ibid., 101). Is le tuin lán le teannas a mhúsclaíonn an bainisteoir a chuid cainte i bpoll cluaise an reacaire, a anáil “...te agus tais...” (ibid.). Méadaíonn inní an reacaire de réir a chéile, é míchompordach lena bhfuil á rá ag an mbainisteoir peile. Go discréideach a chuireann an bainisteoir a mhianta collaí in iúl don fhear óg, ach cuireann raon poiblí an tí ósta srian ar a mhianta. Don dara babhta, iarrann an bainisteoir ar an bhfear óg a bhod a tharraingt dó, ach ligeann sé siúd air nach féidir leis é a chloisteáil. Fecitear go han-soiléir an chaoi a ndéanann Ó Conghaile iarracht aitiú a dhéanamh ar spás an tí tábhairne agus go ndéantar iarracht scagadh a dhéanamh ar mhianta an bhainisteora. Is léir, anuas air sin, nach bhfuil an peileadóir óg sásta ar chor ar bith leis an gcaoi a gcaitheann a bhainisteoir leis agus go n-éiríonn sé míchompordach inmíoch leis. Déanann an peileadóir óg machnamh siar ar an mbainisteoir agus an chaoi ar thrasnaigh sé teorainneacha áirithe pearsanta/príobháideacha lena linn. Tuigeann an peileadóir óg gur fear homaighnéasach é an bainisteoir nó “...duine acu siúd...” (ibid., 103). Treisítear an míchompord a thagann ar an bpeileadóir óg nuair a chuireann sé claonadh collaí an bhainisteora san áireamh:

Náireodh sé duine os comhair an tsaoil... ar leis mo theallaigh féin... Agus é ina duine acu siúd. Nár dhiabhaltaí aisteach... Caithfidh sé go raibh a fhios ag daoine eile thar anseo le fada, b'fhéidir... Caithfidh sé go mbíodh a shúile ag gobadh amach ag faire is ag fosaíocht orainn sna seomraí gléasta nuair a bhíodh muid ag tógáil amach is isteach... Ag siúl thart scaití agus a dhorn dúnta aige á spreagadh, ag tarraingt as duine eicint nach mbeadh ag imirt rómhaith... is an t-am go léir ag casadh súl orainn, seans, ag athrú ar gcuid éadaigh... is a liachtaí uair a chuaigh muid isteach faoin gcithfholcadh inár gcaiceann dearg agus an phleidhcíocht a bhíodh orainn ann scaití: chaithfeadh sé go mbíodh sé ansin ag faire orainn... (ibid., 103)

Míníonn Edelman (2004) an chaoi a mbíonn *sinthomosexual* Lacan ag díriú go hiomlán ar an bhfaoiseamh nó ar an sásamh collaí. Tá ról na trócaire sa chaidreamh le feiceáil mar thuiscintí sochaíocha chomh maith agus mar phointí díospóireachta ag Berlant (2004). Tá Berlant den tuairim nach bhfuil aon rud i gceist leis an trócaire seachas an t-idirghaol idir an té atá slán ó chontúirt nó ó phian agus an té atá thíos leis (ibid., 1). Is

tríd an gcaidreamh seo a chuireann Berlant pribhléid na sochaí in iúl “...the weight of ongoing debates about the ethics of privilege – in particular about the state as an economic, military, and moral actor...” (ibid.). Áiríonn Berlant gurb é an claonadh homaighnéasach, “...the love that dare not speak its name...” (ibid.).

Is féidir an chaoi a mbíonn an homaighnéasacht mar ghníomh agus mar fhéiniúlacht a fheiceáil i gcuid mhór d’fhillíocht Uí Shearcaigh go háirithe ina dhán ‘Laoi Cumainn’ (2001: 200), dán a bhfuil an trócaireacht le feiceáil go cruinn ann. Pléann Ó Laoire (2000) ina réamhrá ar *Ag Tnúth leis an tSolas* gur dán grá é ‘Laoi Cumainn’ a léiríonn gur file mór grá é an file:

Bheir Ó Searcaigh dúshlán na gclaonmhiotas sin (más ceadmhach an téarma a úsáid) ina dhánta grá, atá, is dóigh liom, ar chuid de na cinn is láidre ina shaothar. Luaim go háirithe anseo ‘Searmanas’, ‘Ceann Dubh Dílis’, ‘Laoi Cumainn’ agus ‘Ag Faire do Shuain’, dánta a bhfuil saibhreas agus críochnúlacht ar leith iontu, dar liomsa, agus a n-aithneoidh an léitheoir tuisceanach na tréithe céanna iontu. Is i ndánta dá chineál a léiríós sé gur file mór grá é seachas file mór homaighnéasach. (ibid., 19)

Is díol spéise é nach n-áitíonn Ó Laoire gur “... file mór homaighnéasach...” (ibid.) é an Searcach ach go bhfuil sé tógtha go mór le téama an ghrá. Glacann Longley (1993) leis an Searcach mar “... a convincing love poet; the natural laureate of his native Donegal's magnificent but threatened lanscape...” (ibid., 93) Ach más file é an Searcach ag iarraidh teanga a thabhairt don tost, ceistítear ansin cén tost atá i gceist aige. Is féidir an dán seo a áiteamh mar dhán ina bpléitear an homaighnéasacht agus an chollaíocht. Déanann an file iarracht glór fireann homaighnéasach a chur i mbéal reacaire an dáin. Sa dán seo, déantar mianta an reacaire a nochtadh go paiteanta dá leannán agus é ag iarraidh a ghrá a léiriú dó “...fríd pluid agus pilúr” (ibid., 26 – 27). Mar fhógra neamhbhalbh ag tús an dáin, pléann an file go bhfuil sé anois sábhailte ó chontúirt. I leagan amach an dáin, baintear leas as spásáil éagsúil chun sruth smaointe an fhile a leanacht. Thíos feictear go bhfuil béim áirithe á leagan ag an bhfile ar an gcaoi a bhfuil sé sábhailte :

Anocht agus tú sínte síos le mo thaobh  
a chaoin mhic an cheana, do chorp  
teann téagartha, aoibh na hóige ort,

anseo tá mé sábhailte  
cuachta go docht faoi scáth d'uchta:  
sleánna cosanta do sciathán  
mo chrioslú go dlúth  
óir is tusa mo laoch, an curadh caol cruaidh  
a sheasann idir mé agus uaigneas tíoránta na hoíche (ibid., línte 1-9)

Is éard a dhéantar anseo ná iarracht laoithe na Gaeilge clasaicí a thiontú ina laoi homaighnéasach agus ait le file fireann ag moladh a leannáin sa dán tríd síos. Baintear leas éifeachtach as téarmaí míleata chun treisiú a dhéanamh ar fhearúlacht leannán an fhile, rud a chuireann go mór leis an trócaireacht. Tá an leannán slán ó chontúirt as bheith láidir, fearúil agus seo curtha i gcomparáid leis an reacaire atá curtha i dtéarmaí cosanta. Déantar mianta an fhile a shamhlú agus a chur chun tosaigh sa dán. Deir sé go muiníneach gurb é an leannán “mo laoch, mo thréan agus mo neart...” (ibid., líne 10). Is iomaí sampla eile a tharraingíonn an file air le linn an dáin, ag iarraidh an leannán a mhealladh chuige agus é a choinneáil slán. Sa chaoi seo, déanann an Searcach iarracht an caidreamh trócaireachta seo a thiontú agus “...má tá cath le fearadh agat, a ghrá/bíodh sé anseo i measc na bpiliúr...” (ibid., línte 19-20). I “...gciorcaí draíochta an ghrá...” (ibid., líne 35), ní bheidh an bheirt acu i gcontúirt an tsaoil ach gur féidir leo fanacht ann go síochánta ar an leaba. Éiríonn leis an Searcach tuiscintí nó tuairimí na dteoiriceoirí atá ceadaithe i leith na trócaireachta a cheistiú. Cé go n-éiríonn leis dinimic a chruthú idir é féin agus an leannán, ina mbíonn an chumhacht fhisiciúil mar chuid de, tá cumhacht ar leith ag an bhfile fulangach - eisean a choinníonn domhan na leapan mar atá ionas gur féidir leis an tsábháilteacht a chur chun cinn. Is féidir a rá nach file é an Searcach atá an-tógtha go deo le téama an ghrá, ach is mithid aghaidh a thabhairt ar na bealaí a mbreathnaíonn sé go hiondúil ar an ngrá collaí idir é féin agus a leannáin. Faoiseamh chun sásaimh fhisiciúil agus faoiseamh spioradálta nó intinne atá i gceist leis an ngrá idir an bheirt sa dán thuas luaite.

Tá léiriú ar an sásamh homaighnéasach agus ar an gcaoi a dtagraítear don scaoileadh rúin i ndrámá Uí Chonghaile *Go dTaga do Ríocht* (2009), ina bhfeictear Keith agus Jimí ag iarraidh a gcuid mianta collaí a léiriú agus iad a chur i bhfeidhm. Lena linn, cuireann an bheirt acu a gcúlraí sóisialta in iúl agus an chaoi nach raibh aon teagmháil chollaí

acu le cailíní, fiú go samhlaíoch. Tagann an pointe spéise seo chun cinn nuair a fhiafraíonn Keith de Jimí an bhfuil sé aerach, rud a bhaineann geit as Jimí toisc nár chuala sé a leithéid de cheist cheana. Léiríonn sé seo na difríochtaí cultúrtha atá le brath idir fear óg Gaeltachta agus fear uirbeach cathrach. Cé go bhfuil mianta den chuma chéanna acu beirt, déanann siad na mianta seo a thuiscint i mbealaí difriúla. Díreach ina dhiaidh sin, tugann Keith póg do Jimí, rud a dhiúltaíonn Jimí dó ar dtús (ibid., 47). Níl Jimí iomlán compordach leis an gcineál seo féinléirithe de mhianta ach faoi mar a mhínítear i dtreoracha an dráma go bhfuil Jimí tógtha leis an léiriú grámhar seo:

*“Leagann JIMÍ a lámh ar a leiceann san áit ar pógadh é agus coinníonn ansin nóiméad. Osclaíonn sé a lámh ansin agus féachann ar a bhois. Suíonn sé síos ansin ag stánadh uaidh fad a shiúlann KEITH amach go tapa den stáitse gan oireadh agus sracfhéachaint a thabhairt ar ais. Leagann JIMÍ a lámh ar a leiceann san áit ar pógadh é agus coinníonn ansin i nóiméad. Osclaíonn sé a lámh ansin agus féachann ar a bhois. Tosaíonn na soilse ag íslíú go mall seachas spotsolas a fhanann ar JIMÍ. Tagann cuma shuaimhneach shásta ar a aghaidh is meangadh beag ar a bhéal” (ibid.).*

Is éard atá anseo ná léiriú na trócaireachta, suíomh ina mbíonn ar Jimí cinneadh a dhéanamh maidir lena ród collaí agus le haistriú meoin ó chultúr na heitrighnéasachta ina bhfeidhmíonn “...ethics of privilege...” (Berlant 2004: 1) go leibhéal eile sainiúil íobartach. Tá trócaireacht ar leith á cur in iúl ag Keith chomh maith. Cé go ndiúltaíonn Jimí dó ar dtús, is léir nach raibh sé i gceist aige a bheith feargach. Léirítear sa dráma an chaoi a nglacann Jimí ar deireadh lena mhianta homaighnéasacha fiú má tá sé i gcontúirt an bhrú shóisialta a ghabhann leis agus fiú muna bhfuil a chúlra ag réiteach go néata leis na mianta sin.

Is féidir léiriú ar an trócaireacht agus an homaighnéasacht bhaineann a fheiceáil chomh maith in *Cion Mná* (1993) de chuid Phádraic Standúin, áit a ndéantar plé ar an leispiacht agus é curtha i gcomhthéacs na sochaí. Déanann an bheirt phríomhcharachtar iarracht dul i ngleic leis an bhforéigean collaí, go háirithe roimh dhúnadh an úrscéil. Léirítear suíomh uafásach ach fíor-éifeachtach a chuireann an foréigean agus an cultúr heitreanáisiúnach in iúl. An rud a dhéantar a chioradh san úrscéal seo ná na slite ina gcuireann an chollaíocht fhoiréigneach leis an dearcadh i leith na collaíochta. Taispeántar na slite ina sáraítear an trócaireacht nuair nach ndéantar an heitrighnéasacht a aithint. Mar fhreagairt homafóbach, caitheann John seile le Bridie. Níl trócaireacht le

léiriú anseo aige toisc go bhfuil Bridie sásta ród eile collaí a ghlacadh. I gcodarsnacht le Keith *Go dTaga do Ríocht* (Ó Conghaile 2009) is léir nach léirítear an trócaireacht nuair a bhrístear coinbhinsiúin dhosheachanta na sochaí :

Luigh sí siar ar nós an chorpáin, na deora ina sruth óna súile nuair a bhí sé á bhrú féin idir a cosa. Ghortaigh sé í mar go raibh sí tirim, ach ba bheag an gortú sin i gcomparáid leis an ngortú intinne agus anama a bhain lena héigniú. Chaith sé smugairle san aghaidh uirthi sular imigh sé, nuair nach ndéarfadh sí *'I love you'* leis. Bhí Bridie fós ina luí ar an leaba, a cosa scartha nuair a thainig Therese ar ais. Is ar an *Rape Crisis Centre* a ghlaigh sise nuair nach ligfeadh Bridie di glaoch ar na gardaí, nach raibh sí ag iarraidh fear ar bith i ngar di. (Standún 1993: 219)

Anuas ar an ngrá homaighnéasach, nó na mianta homaighnéasacha, a phléann Ó Conghaile, Standún agus Ó Searcaigh, feictear tagairtí don ghrá homashóisialta i litríocht na Gaeilge chomh maith. An rud atá i gceist leis an ngrá homashóisialta ná ceangail rómánsúla bunaithe ar chairdeas. Tá an cineál seo caidrimh rianaithe ag Berlant (2012) in *Desire/Love* go háirithe i dtaobh inní an choillte (ibid., 33). Is í bunchloch an chairdis seo ná iarrachtaí fear an coilleadh a sheachaint agus cairdeas a bhunú go hiomlán ar an bhfoiréigean i gcoinne na mban. Tagann tráchtairacht Uí Chonghaile (1986), go príomha in 'Féincheist', i leith na trócaireachta chun solais. Tá Breathnach agus Ní Neachtain (2010) agus Ó Dúshláine (1987) den tuairim go ndéantar léiriú go héifeachtach ar fhadhbanna agus cúinsí pearsanta mhuintir na Gaeltachta comhaimseartha i scéalta an chnuasaigh seo, an scéal úd ina measc. Rianaíonn Ó Dúshláine go bhfuil "...éascaíocht, nádúrthacht, foirfeacht..." teanga le brath sa téacs tríd síos (1987: 4). Feictear cultúr is nádúr mhuintir na Gaeltachta sa chnuasach le linn an scéil agus na ceisteanna a eascraíonn as cultúr na Gaeltachta sna ceisteanna a chuirtear os ár gcomhair. Anuas air sin, glacann Titley (1987) leis an tuairim seo, agus é ag breathnú ar stíl Uí Chonghaile, leis an gcaoi ar chuir sé síos ar an saol a bhí timpeall air go hionraic agus go hoscailte (ibid., 41). Mar thoradh air sin, feictear léiriú ionraic ar an gcairdeas fireann a bhíonn ann de bharr inní an choillte, atá mar léamh amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh. Gluaiseann an caidreamh agus é bunaithe ar mhianta collaí (sa chomhthéacs seo, glactar leis go bhfuil an bheirt fhear heitrighnéasach agus iad ag cuardach ban). Agus na fir bailithe leo abhaile, spreagtar cuid mhaith ceisteanna maidir le paraiméadair an ghrá homashóisialta. Léiríonn cara an reacaire nach raibh sé ag cuardach mná an oíche úd, "Céard a chuir i do chloigeann gur bean a bhí uaimse

anocht!” (ibid., 13). Mar sin féin, tá cairdeas na beirte an-tábhachtach chun mianta collaí a shásamh; gan an comhluadar seo ní bheadh an bheirt in ann mná a aimsiú. Is ón bhfeitis a thagann an heitrihnéasacht seo, mar a rianaíonn Berlant (2012) nuair a luachálann an buachaill óg corp a mháthar i dtéarmaí an choillte (ibid., 34)

Ar thóir an tsásaimh atá na carachtair uile agus feictear go bhfuil tuiscintí bunaithe ann ina dtaobh a chuireann an léitheoir ag machnamh faoin gcaoi a luíonn siad le réasún. Is cinnte go bhfuil an cáiliú a dhéantar ar na coincheapa seo déanta go dioscúrsach agus ní mór na tuiscintí seo a shuíomh, dá bharr sin, ó thaobh na teanga de. Feictear, mar sin, go bhfuil modhanna ar leith iniúchta ag teastáil ionas gur féidir téamaí ar leith de chuid na scríbhneoirí a mheas agus a léamh go héifeachtach. Breathnófar sa chéad aonad eile, mar sin, ar an ngníomh teanga agus ar fhorghairm na cumhachta sa raon príobháideach.

#### 4.2.3 *An Gníomh Teanga agus Forghairm*

When we claim to have been injured by language, what kind of claim do we make? We ascribe an agency to language, a power to injure, and position ourselves as the objects of its injurious trajectory. We claim that language acts, and acts against us, and the claim we make is a further instance of language, one which seeks to arrest the force of the prior instance.

Is i réimse na teangeolaíochta is mó a rianaíonn Judith Butler (1997) an chaoi a mbíonn idirphlé le feiceáil idir an tsuibíacht agus an teanga sa saothar *Excitable Speech: A Politics of the Performative*. Is léir di, agus í ag breathnú go cruinn ar an ngníomh teanga, go bhfuil próisis shuntasacha ag teanga ar an duine. Glactar go forleathan le tuiscintí Jacques Derrida (1983) in ‘Signature Event Context’ go bhfuil “Every sign, linguistic or nonlinguistic, spoken or written... can be cited, put between quotation marks; thereby it can break with every given context, and engender infinitely new contexts in an absolutely nonsaturable fashion” (ibid.). Feictear dó nach ionann in aon teanga ach cód bréagach áirithe. Anuas air sin, is féidir tógáil ar thuiscintí Butler mar a phléigh Austin iad. Dar le Austin (Jagger 2008) gur féidir an ngníomh teanga a dheighilt ina dhá chuid; mar mhodh cumarsáide agus mar ghníomh teanga ann féin (ibid., 65).. Is as meán na teanga a thagann ciall faoi leith chun cinn i dtéarma na hinscne agus na collaíochta, mar a mhíníonn Butler i gcomhthéacs an fheimineachais “Femininity is thus not a product of choice, but the forcible citation of a norm...” (ibid. 1993: 23). Mar sin, is léir go bhfuil aithne ag an duine air féin trí mheán na teanga (Butler 1997b: 4), nó mar a deir Butler “...*the body is given through language*” (ibid.). Mar a mhíníonn

Butler (1997b) in *Excitable Speech*, is féidir glacadh le dhá leagan den ghníomh urlabhra nó teanga; gníomhaíochtaí *illocutionary* (an gníomh teanga fisiciúil) agus *perlocutionary* (toradh an ghnímh), agus go bhfuil an cheist mar bhunchloch na ngníomhaíochtaí sin (ibid., 2). Mar a mhíníonn Salih (2002), bíonn cumhacht faoi leith taibhithe ag an ngníomh urlabhra (ibid., 102). Breathnófar anois ar thábhacht na teanga atá le feiceáil i saothair na scríbhneoirí seo.

Muintir an Ghleanna atá gan fhreagraí an tsaoil atá in ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ (Ó Conghaile 1997), agus iad go hiomlán gafa le ceisteanna an tsaoil; ceisteanna éagsúla faoi dhroichid nár tógadh fós, cé a phéinteáil an spéir agus an fharraige agus ceisteanna eile nach iad. Is leis an gcur chuige neamhréalaíoch a chuardaíonn an Conghaileach creatlach áirithe léitheoireachta ina mbeifear in ann cúrsaí teanga sa raon príobháideach a léamh. Ina haiste ‘Ag Taisteal Gan Mhapaí: An Ficsean Neamhréalaíoch agus Gníomh na Léitheoireachta’ pléann Máirín Nic Eoin (2006) an néamhréaltacht agus an chaoi a dtógtar domhan nua don léitheoir ionas go mbeidh sé in ann a dhomhan féin a cheistiú go cruthaitheach. Ar cheann de na smaointe is mó atá ag Nic Eoin ná na slite a dtugann an ficsean neamhréalaíoch ar nós *An Fear a Phléasc* (1997) muid ar shiúlóid “...ón leadrán...” (ibid., 79) agus ón domhan laethúil. Is san alt céanna a phléann Nic Eoin tuairimí Denvir agus Ní Dhonnachadha agus conas a “...m[h]eallann a loighic uathúil agus a n-áibhéil ghreannmhar an léitheoir isteach i gcrúinne aduain fantaisíochta ina gcuirtear an gnáthshaol iarbhír trína chéile” (ibid., 84). Mar sin, dar le Nic Eoin, gur máistir de shaghas éigin é an Conghaileach atá fíorbálta agus cumasach iarrachtaí réalaiócha a chumadh agus a chruthú (ibid., 92). Céim chun tosaigh atá in *An Fear a Phléasc* (1997) agus *An Fear nach nDéanann Gáire* (2003) don Chonghaileach. Cuireann Breathnach agus Ní Neachtain (2010) an téacs i gcomparáid le scríbhneoireacht Uí Chadhain:

Má bhí na síolta ar fad sa chéad leabhar [*Mac an tSagairt*] is amhlaidh gur tháinig siad chun blátha sa cheann seo. Rud ar leith is ea an tsíorchaint, an comhrá buan, an gairdeall, an t-athrá in *An Fear a Phléasc* [1997]. Déarfá ar an gcéad fhéachaint gur rud Cadhnúil é seo, gurb é cabaireacht shíoraí charachtair an Chadhnaigh a bhí ar siúl. Ach is cabaireacht shíoraí Chonamara atá ann le fírinne, cabaireacht nach bhfuil bun ná barr ná tóin ná tosach ná tús ná tionscal ag baint léi, ach caint ar son na cainte, agus bladar ar son an bhéil. Go deimhin, cuireann sé muintir Chonamara mar atáid go beo beathach – agus go beo beithíoch freisin – os ár

gcomhair, daoine a dhéanann mórán cainte ach nach bhfuil litir faic le rá acu, fág go ndeir siad go hálainn é. (ibid., 65)

Éiríonn leis an gConghaileach domhan iomlán úr a chruthú sa téacs ina mbíonn an fhorghairm agus an gníomh teanga mar chuid lárnach de thógáil théamach an scéil. Mar a phléitear thuas, tá an osréaltacht áirithe seo le tuiscint trí mheán na teanga agus ceistítear na noirm a eascraíonn as dá bharr. Glacann muintir an Ghleanna sa ghearrscéal seo lena gceisteanna faoin saol go fisiciúil – iompraíonn siad timpeall an bhaile iad, gach éinne acu seachas an tOifigeach Ceisteanna atá saor ón ualach oibre (ibid., 90). Cuireann ceisteanna mhuintir an Ghleanna isteach orthu go fisiciúil – ní féidir leo na ceisteanna a chaitheamh chun srutha, ach go mbíonn siad thíos leis go hiomlán leo ag iarraidh na ceisteanna a iompar (ibid.). Is léir, mar sin, go bhfeidhmíonn an pobal, trí chuing na gceisteanna, mar chuid lárnach d'iarrachtaí an duine aonair – nó mar a mhíníonn McNay (1999), “...the necessarily social-historical character of language permits the creation of the new in and through language...” (ibid., 186). Ina dhiaidh sin, is féidir glacadh le ceisteanna an bhaile i dtéarmaí Austin. Is féidir glacadh leis, mar sin, go bhfuil ceisteanna an phobail mar chuid lárnach den ghníomh teanga – ar bhealach thar a bheith pearsanta, titeann ceisteanna gach uile charachtar anuas orthu agus bíonn na ceisteanna seo mar chuid lárnach de shaol laethúil mhuintir an Ghleanna.

Téama na forghairme agus an gníomh teanga atá ar intinn ag Ó Searcaigh in ‘Cainteoir Dúchais’ (2001: 255) ina mbíonn an fhéiniúlacht agus an teanga ag teacht le chéile i dtuiscintí a shamhlaítear leis an raon príobháideach. Pléann Nic Eoin é seo chun sonrach in *Trén bhFearann Breac: An Diláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge* (2005). Déanann Nic Eoin plé éifeachtach ar chódmheascadh an fhile le linn an dáin, rud a chuireann saothair liteartha Mhichíl Uí Chonghaile i gcuimhne di (ibid., 368). Téama na teanga agus tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge atá i gceist ag Ó Searcaigh ina dhán úd, rud a chaitheann nóisean i leith na collaíocht bunoscíonn, faoi mar a phléann Nic Eoin (ibid.). Pléann an Searcach na slite ina mbíonn brú an Bhéarla le feiceáil ar Ghaeilge nádúrtha an chainteora dúchais agus imríonn sé go cruthaitheach leis an dá theanga. Feictear arís eile trí mheán na teanga gur féidir noirm a cheistiú. Baintear leas as earraí an tí go háirithe chun an domhan mór a cheistiú. Ar nós an mála freagradí a goideadh ó théacs Uí Chonghaile, spreagtar ceisteanna ionainn mar léitheoirí i leith sainmhínte. Cén chaoi a ndéantar sainmhíniú ar chainteoir teanga



agus ar chineál teanga chomh maith? Cumadh téarmaíochta atá i gceist ag an gcainteoir sa dán seo agus é ag aitiú, nó ag caitheamh noirm i leith teanga, bunoscionn:

Bhí sé *flat-out*, a dúirt sé  
i gcaitheamh na maidine.  
Rinne sé an t-árasán a *hoovereáil*,  
na boscaí bruscair a *jeyes-fluideáil*,  
an *loo* a *harpiceáil*, an *bath* a *vimeáil*.  
Ansin rinne sé an t-urlár a *flasháil*  
na fuinneoga a *windoleneáil*  
agus na leapacha a *eau-de-cologneáil*. (ibid., línte 1-8)

Cé go bpléann an Searcach catagóir an chainteora dúchais agus an idirtheanga atá le cloisteáil óna bhéal, déantar cíoradh chomh maith ar an ngrá homaighnéasach. Curtha i gcomhthéacs theang na Gaeilge, déanann an reaire cur síos ar an gcainteoir ag dul amach ag crúsáil agus é fós ag cumadh téarmaí:

Bhí sé *shagáilte*, a dúirt sé  
ach ina dhiaidh sin agus uile  
rachadh sé amach a *chruseáil*;  
b'fhéidir, a dúirt sé, go mbuailfeadh sé  
le boc inteacht  
a mbeadh Gaeilge aige (ibid., línte 9-14)

Tagann domhan na Gaeilge agus domhan na haiteachta le chéile anseo - áit a ndéantar iarracht an gníomh collaíochta homaighnéasach a cháiliú trí mheán na teanga sin. Ní féidir féiniúlacht a bhunú taobh amuigh den dioscúrsa nó taobh amuigh den teanga ach is mar sin a dhéantar é i ndán Uí Shearcaigh. An rud a n-éiríonn leis an Searcach a dhéanamh anseo ná idirphlé a dhéanamh idir an teanga agus an aiteacht. Ach an bhfuil cumhacht ar leith ag baint leis an teanga, cé go gceistíonn an gníomh teanga noirm (nó, cinnte, go dtagann siad chun solais), céard iad na tuiscintí eile atá i gceist leis an bhforghairm.

Eascraíonn tuairim Butler (1997a) as fealsúnacht Althusser i leith na forghairme chun cinn go háirithe i dtaobh an chaidrimh idir an duine agus an chumhacht (ibid., 106). Is

éard atá i gceist ag Althusser ná an chaoi a nglacann an duine le glaoch an mháistir agus go mbíonn an duine comhfhiosach ar choinníollacha agus ar rialacha an chaidrimh sin (ibid.). Dar le Salih (2002) gur féidir glacadh leis go bhfuil cúrsaí inscne agus collaíochta mar chuid d’fhorghairm Althusser – go nglacann mná, mar shampla, leis an inscne, agus go ndéantar cailín den pháiste (ibid., 80), nó mar a léiríonn sí “A girl is not born a girl, but she is “girled”...at or before birth on the basis of whether she possesses a penis or a vagina” (ibid.). Léiríonn Jagger (2008) an tuairim chéanna nuair a mhíníonn sí go dtagann cineálacha éagsúla inscne agus claontaí gnéis chun solais trí mhodh na teanga nó “...it is through being interpellated through linguistic categories that bodies/subjects come into social existence” (ibid., 93). Fiú leis an téarma *queer* féin, d’fhéadfaí a rá gur forghairm atá á himirt i dtógáil na téarmaíochta sin – go dtagann ceisteanna chun cinn maidir le déanamh téarma agus an chaoi a n-eascraíonn tuiscintí as (Butler 1993: 18).

Ar an mbealach céanna, is í an fhorghairm is mó a fheictear in ‘An Fear Gorm’ (Ó Conghaile 2003), áit a mbíonn caidreamh na forghairme le feiceáil idir na carachtair. Meafar agus pearsantú ar an ngalar dubh atá san fhear gorm i ngearrscéal úd Uí Chonghaile. Trí úsáid a bhaint as an gcéad phearsa uatha den chuid is mó, éiríonn leis an gConghaileach an Fear Gorm a mhíniú dúinn go pearsanta agus go soiléir. Tuigtear go raibh aithne ag an reacaire ar an bhFear Gorm sular cailleadh a bhean ach “...smearaithne...” (ibid., 79) a bhí ann ní aithne cheart. Bhuail sé leis an bhFear Gorm tar éis dá dheartháir “...greadadh leis go Sasana...” agus “... an lár ar ghlan mé féin an leathchéad” (ibid.) Is tríd an bhforghairm a fhreagraíonn an reacaire don Fhear Gorm. Feictear, de thoradh air sin, an chumhacht atá i gceist nuair a bhíonn sé sin i gceist.

Is é an t-uaigneas is mó atá le brath ag reacaire an ghearrscéil agus is san fholús seo a ghlacann an Fear Gorm cruth agus spás pearsanta an reacaire (ibid., 82). Mar a mhíníonn Ó Conghaile don léitheoir, “Ba é an Fear Gorm a thug le chéile mé. A thiomsaigh is a d’fháisc le chéile na siomagair ionam” (ibid.). Tríd an bhforghairm, agus an t-ainmniú a dhéantar ar an ngalar dubh i dtús báire, a thagann an reacaire agus an galar le chéile in aon aonad amháin i ndinimic chumhachta:

Is nach féidir linn ar gcionn a roinnt lena chéile ar an gcaoi seo óir beidh sé ansin i gcónaí a smaoinímse. Nach mbeidh... mar a bheadh aghaidh chomnach nach dtréigfeadh cianta. (ibid., 84)

Is tríd an ngníomh teanga seo a chuirtear cruth ar an ngalar ar dtús agus ar an teagmháil a dhéanann an reacaire leis. Nuair a thagann an reacaire in aon chruth leis an bhFear Gorm, tiontaíonn sé ina aonarán go háirithe ó bhásaigh a bhean chéile Mairéad (ibid., 83). Anuas ar aithint an reacaire ar fhorghairmiú an ghalair, déantar iarrachtaí an galar nó an mothúchán pearsanta seo a thiomáint go galar leighis, galar ar féidir leis an othar "...cúpla taibléad a thógáil..." (ibid.) agus go dtiocfaidh biseach air dá bharr. Cáilíonn an leigheas seo, agus an t-athrá forghairme seo, an Fear Gorm sa chiall bhriathartha, agus is céim eile chun tosaigh í ar an bhforghairmiú a dhéantar air sa scéal.

Mar sin, is féidir a áiteamh go spreagann na téacsanna a ceadaíodh thuas, ceisteanna a bhaineann leis an bhforghairm agus leis an ngníomh teanga i saothair na scríbhneoirí seo. Feictear na slite difriúla a gcíorann siad an gníomh teanga ina n-iarrachtaí próis agus fileata agus an tionchar a bhíonn aige ar charachtracht nó ar phríomhthéama an téacs. Cé go gceistítear an gníomh teanga go ginearálta sna téacsanna seo, ní mór a chur san áireamh gur féidir linn aitiú a dhéanamh ar an gcur chuige seo agus iad a chur in oiriúint do shainchás na Gaeilge. Mar sin féin, nuair a bhuaileann an tsuibíacht le foinse na forghairme, bíonn faoistin nó scaoileadh rúin i gcónaí mar chuid den phróiseas tuisceana. Dá bharr sin, ní mór breathnú ar an gcaoi a mbíonn an fonn scaoilte mar chuid lárnach in iarrachtaí na scríbhneoirí agus an chaoi a mbíonn tionchar ar a mianta agus ar an raonú príobháideach iontu a mheas.

### **4.3 An Teacht Amach, An Fhaoistin agus an Homaighnéasacht**

#### *4.3.1 An Fhaoistin: An Fonn Scaoilte agus Maithiúnas*

De réir thuairimí Foucault, bíonn fonn mór ar dhaoine a rúin a scaoileadh agus go bhfuil sé seo i gcroí na sochaí (1978: 59). Scaoileann an duine uaidh eolas mar gheall ar a choireanna, a pheacaí, a smaointe agus a mhianta (ibid.). Tá an fonn scaoilte seo ar fáil go dlúth sa tsochaí go cultúrtha, dar leis, agus is mó a dhírítear ar an bhfonn seo le faoiseamh a fháil ó chuing an rúin atá mar ghné de chuid an raoin phríobháidigh. Tá an fonn seo, mar mhian inmheánach pearsanta agus príobháideach, *ingrained in us*, agus

tá Foucault den tuairim gurb é seo buntéis a thuiscintí ar an gcollaíocht (ibid., 63). Imríonn an fhaoistin páirt mhór i scéal agus i stair na collaíochta dar leis an teoiriceoir (ibid.). Ní hé go raibh insint dhíreach i dtaobh na collaíochta i gceist leis an bhfaoistin, nó athinsint faoin ngníomh collaíochta, ach go raibh i bhfad níos mó i gceist léi, "...the thoughts that recapitulated it, the obsessions that accompanied it, the images, desires, modulations, and quality of pleasure that animated it" (ibid.). Cé go raibh níos mó i gceist leis an scaoileadh rúin, thug Foucault faoi deara go raibh an chollaíocht i gcroí na faoistine. Ach cé a rinne bainistiú ar na rúin seo? Bhí fórsaí sochaíocha (dochtúirí, múinteoirí, sagairt, srl.) go hiomlán gafa le ceisteanna collaíochta ag tús an ochtú haois déag de réir Foucault agus iad curtha i gcomhthéacs an raoin phríobháidigh (ibid.). Bhí Foucault in ann seo a fheiceáil trí shampla an athar faoistine. Bhí caidreamh cumhachta idir an t-athair faoistine agus an peacach – thabharfaí maithiúnas don pheacach trí mheán na faoistine má bhí sé sásta a rúin a chur in iúl (ibid., 67). Bhí iallach ar an bpeacach a chuid scéalta a aithris ar mhaithe leis an maithiúnas agus dá bharr sin cothaíonn an t-iallach seo an rún féin (Downing 2008: 91). De thoradh na dtuiscintí a d'eascair as seasamh Foucault i leith an scaoilte a tháinig *scientia sexualis* chun cinn in Iarthar na hEorpa – áit, i dtéarmaí an teoiriceora, a raibh an fhaoistin agus an chollaíocht go hiomlán nasctha le chéile (ibid.). Bhí Foucault den tuairim gurbh é seo tús leis an droch-chaoi a gcaitheadh le homaighnéasaigh, leis an aiteacht agus le chollaíochtaí neamhnormatacha, agus go raibh an fhaoistin ina modh cumhachtach le greim a choinneáil orthu mar fhadhbanna (Foucault 1994b: 171). Is féidir an scaoileadh rúin agus iallach an scaoilte seo a fheiceáil i saothair na scríbhneoirí atá á scrúdú sa tráchtas seo.

Ar an gcéad dul síos, tá an fonn scaoilte le feiceáil san úrscéal *Sna Fir* (Ó Conghaile 1999). Léirítear brú an scaoilte sa raon príobháideach go háirithe i gcás an phríomhcharachtair John Paul agus é ag cuimhneamh ar a chlaonadh gnéis agus a thuismitheoirí. Níl fonn air a rún (gur duine aerach é) a nochtadh go fóill mar "B'in mar ab fhearr liom é" (ibid., 131), ach mar sin féin is féidir glacadh leis go bhfuil brú de shaghas éigin air sa mhéid is go gcuireann sé in iúl nach bhfuil fonn air é a scaoileadh uaidh *fós*. De réir an scríbhneora seo, ní shíltear go bhfuil fonn ar John Paul a rún a ligean. Mar sin féin, déanann an Conghaileach tochailt ar an scaoileadh rúin agus na

slite a mbíonn na carachtair ar imeall na sochaí nó mar chuid de *submerged populations* O'Connor:

I roinnt mhaith scéalta de chuid an Chonghailigh feictear carachtair nach bhfuil in ann cloí le gnáthnósanna na sochaí ina maireann siad. Bíonn na carachtair seo beagáinín difriúil leis na daoine eile sna scéalta. Feictear nach ábhar mór buartha dóibh a bheith difriúil agus gheobhfar cur síos íogair maoithneach atá lán le teannas nuair a bhíonn na carachtair siúd ag iarraidh teacht amach leis an bhfirinne chun iad féin a fhuascailt chun saoirse éigin a fháil dóibh féin. (Ó Cofaigh 2004: 7)

Is cinnte, mar sin, go ndéanann an Conghaileach an fonn scaoilte seo a rianú go sonrach tar éis do John Paul bualadh le duine a bhí i mbun cúrsála sa pháirc, Seán. Fiafraíonn Seán de John Paul an gceapann sé go bhfuil Dia feargach leo as a bheith ag cuardach collaíochta sa pháirc. Is léir go bhfuil Seán trína chéile faoina chlaonadh collaí agus deir sé go ndeachaigh sé chuig an bhfaoistin chun cabhrú leis “... a intinn a chíoradh....” (ibid., 127). Breathnaíonn John Paul i ndiaidh Sheáin agus ansin déanann sé machnamh ar an scaoileadh rúin go háirithe:

Thuig mé ansin gur bhuntáiste mór dom a bheith glúin níos óige ná Seán. Ach ba luachmhaire ná sin mo chúlra féin dom, a smaoinigh mé. Deaid agus Mam. Deaid agus Mam nach raibh suim dá laghad i gcreideamh acu féin, is nár bhrúigh siar inár scórnach ariamh é ag tabhairt chead ár gcinn dúinn den chuid is mó...Ní dúirt me leo go raibh mé aerach. Ná ní dhéarfainn, go ceann fada fós. B’in mar ab fhearr liom é. An rud nach mbeadh ar eolas acu ní chuirfeadh aon imní orthu. (Ó Conghaile 1999: 131)

Is ríléir go bhfuil brú ar John Paul a rún a choinneáil slán agus gan é a nochtadh dá thuismitheoirí. B’fhéidir nach bhfuil fonn air a rún a chur os comhair a theaghlaigh faoi láthair ach tuigeann sé cumhacht an rúin agus an chaoi a mbeidh air a rún a chur os a gcomhair am éigin amach anseo. Ní dóigh leis go bhfuil an chollaíocht, mar a shamhlaítear go minic í, ina geis rúnda chontúirteach (ibid., 26). Tá collaíocht John Paul, mar sin, le feiceáil trí mheán na faoistine – muna mbeadh rún le scaoileadh aige, níorbh fhiú plé a dhéanamh ar an gcollaíocht ar an gcéad dul síos. Tugann rún na collaíochta sprioc de shaghas éigin don tsuibíacht le ciall a dhéanamh as a eispéireas collaí. Sa chaoi chéanna, mar a léiríonn Foucault, is é seo bun agus barr na collaíochta

– go bhfeidhmíonn sí go hiomlán i gcomhthéacs na faoistine agus na rúndachta (Foucault 1978: 76). Feictear an chaoi a dtéann cumhacht na rún i bhfeidhm ar an duine agus Seán ag iarraidh lámh a chur ina bhás féin as a chlaonadh a choinneáil ciúin. Ionas gur féidir leis tacú leis an rún seo, téann John Paul go Baile Átha Cliath chun a mhianta a chur i bhfeidhm. Pléann Nic Eoin (2008) an tslí a dtéann carachtair Uí Chonghaile anonn is anall, ón nGaeltacht go dtí an Ghalltacht agus ar ais arís le deiseanna áirithe collaíochta a thapú (ibid., 190). Déantar seo i mbealach rúnda chun a chúinsí pearsanta a choinneáil faoi chois. Feictear John Paul *Sna Fir* agus é ar cuairt ar an gcathair; déanann sé freastal ar thithe tábhairne aeracha, clubanna gnéis; agus é amuigh ag crúsáil; rudaí a léiríonn féinmhuinín John Paul chun a mhianta a shásamh (Ó Siadhail 2010: 149). Ní dóigh le John Paul gur féidir leis a bheith ar a chompord i gConamara. Tugann cathair Bhaile Átha Cliath saoirse don charachtar a mhianta collaí a bhlaiseadh agus an saol aerach san ardchathair a fheiceáil mar is ceart (ibid., 152). Cuirtear an bhéim, mar sin, ar an idirdhealú idir an raon príobháideach agus an raon poiblí trí shaoirse na collaíochta sa chathair a chur in iúl. Cé nach bhfuil John Paul sásta a rún a chur os comhair a thuismitheoirí, tá sé breá sásta saol na haiteachta a chaitheamh.

Anuas air sin, is féidir an rúndacht agus an fonn scaoilte a fheiceáil mar léiriú ar an raon príobháideach i ndán úd Uí Shearcaigh (1996: 106) ‘Piccadilly: Teach na hÓiche’ [SE]. Múnlaítear léamh áirithe ar theideal an dáin; go mbeidh an file ag breathnú agus ag déanamh plé ar an dorchadas atá mar shiombail den raon príobháideach. Faoi scáth na hoíche, is féidir leis an bhfile a mhianta collaí rúnda a chur i bhfeidhm agus a léiriú i mbealach príobháideach ach go poiblí. Osclaítear an dán agus an file ag iarraidh teannas a chothú sa léitheoir “Tá mé ag fanacht ar dhuine inteacht/ le teacht na hoíche” (ibid., línte 1-2). Ceistítear ansin cén fáth go gcaithfear fanacht go teacht na hoíche chun go mbuailfidh an file leis an duine seo. Tá rúndacht áirithe á chruthú ag an bhfile ar an bpointe boise. Cé gur féidir a rá go bhfuil an fhaoistin agus an rúndacht i gcónaí ag obair as láimh a chéile, d’fhéadfaí a mhaíomh gur féidir leis an duine an rúndacht a choinneáil ar an mbóthar slán trí straitéisí den chuma seo a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, dathaíonn an file teannas nach beag chomh maith nuair a deir sé go bhfuil sé ag fanacht “...fá bhéal bagrach an fhostáisiúin” (ibid., líne 4). Déantar an pearsantú seo a léiriú go héifeachtach agus cruthaítear fiosracht sa léitheoir dá bharr - cén fáth a bhfuil an áit áirithe seo “...bagrach...” (ibid.). Treisítear seo go céadfaíoch agus an file ag cur

síos ar “...ochlán an ocrais i mo phutóga/ is na néaróga luaile as tiúin...” (ibid., línte 7-8). Mar sin féin, agus an file ag fanacht ar leannán collaí, briseann an dúchas trí shúile an chait. Agus é ag éirí níos corrrhónaí, déanann an file machnamh siar ar chomhairle a cuireadh air sular fhág sé a cheantar dúchais:

Is smaointím anois  
ar Joe Beag i bProchlais  
a chomhairligh domh lá amháin  
sular fhág mé m’áit dhúchais:  
‘Más lámh chuidithe atá uait, a stócaigh,  
gheobhaidh tú an ceann is úsáidí  
sáite ar cheann do sciatháin.’ (ibid., línte 21-27)

Cé go bhfuil an file amuigh faoin aer, beidh ar a mhianta pearsanta a shásamh go príobháideach, ach, cinnte tá an rúndacht i gcroí na mianta sin. Deir an file gurb é seo “...ré... na mBréag” (ibid., líne 59) agus é ag breathnú ar striapaigh agus iad ag siúl na sráide. Músclaíonn an ráiteas seo ceisteanna móra mar gheall ar an bhfaoistin agus an rúndacht chollaí. Ar nós na striapach ina thimpeall, tá an file curtha sa chomhthéacs céanna - é i ré na mBréag - agus é ag fanacht ar leannán collaí. Is trí mheán na filíochta, a scaoileann an file uaidh a rún faoi phríobháideachas an raoin agus an tsuímh a léirítear sa dán seo, agus tá sé seo ag teacht le tuiscintí Foucault ar an gcaoi a dtagann an chollaíocht agus an rúndacht le chéile.

Is féidir ceist na faoistine a fheiceáil chomh maith in ‘Leabhar na bPeacaí’ de chuid Uí Chonghaile [AFP] (1997). Sa ghearrscéal seo, éiríonn leis an ngearrscéalaí cumhacht na hEaglaise i leith na faoistine a chur os comhair an léitheora. Agus an tseanbhean ag fáil bháis le beirt sagart ag colbha a leapa, pléann an moinsíneoir páiste neamhdhlisteanach a bhí ag an tseanbhean, agus é ag iarraidh an nimh a fháisceadh as an bhfocal. Fiafraíonn an sagart cúnata den mhóinsíneoir an féidir leo an peaca collaí sin a ghlanadh ón tseanbhean ar leaba a báis (ibid., 71). Tosaíonn an sagart cúnata ag labhairt isteach i gcluais na seanmhná ag iarraidh í a “...ghlanadh...” tríd an aithrí. Is díol spéise é go gcuirtear brú ar an tseanbhean a gníomhaíochtaí collaí a bhí ag dul i gcoinne

rialacha dochta na hEaglaise a phlé ag deireadh a saoil. Déanann an Congahile scagadh cuimsitheach anseo ar an bhfaoistin agus ar pheacaí an duine:

“Anonn leat taobh thall den leaba agus leabhair isteach ina cluais i mo dhiaidh-sa. Clúdóidh mise an chluas seo ón taobh seo... ar fhaitíos nach dtiocfadh aon dé ar ais inti níos mó. Ar fhaitíos nach mbeadh deis aithrí aici féin choíche” (ibid.)

Tagann sé seo le tuairimí Foucault faoin rúndacht a bhaineann le gníomhaíochtaí collaí neamhnormatacha nó peacúla na seanmhná. Is trí mheán na faoistine agus an mhaithiúnais a ghabhann léi a dhéantar iarracht an gníomh a smachtú agus a chur ina cheart. Glactar leis, mar sin, go bhfuil gníomhaíochtaí ar leith níos normataí ná a chéil agus go bhfuil ar an tseanbhean seo a chur os comhair an phobail (na sagairt) trí mheán na faoistine. D'fhéadfaí é seo a léamh i dtéarmaí Foucault (1978), a deir go bhfuil an cineál seo smachta fréamhaithe i dtuiscintí a bhain go hiomlán leis an ngeis (*taboo*) agus an chaoi a mbíonn smacht ó fhoinsí éagsúla in ann collaíochtaí nó gníomhaíochtaí faoi leith a ionramháil (ibid., 44). Tugtar faoi deara an chaoi a bhfuil na sagairt ag iarraidh an chollaíocht a smachtú agus an fonn scaoilte a mholadh trí mheán na faoistine. Mar sin féin, ní chuireann Foucault san áireamh go bhfuil cumhacht áirithe fiú ag an bpeacach - léiríonn an tseanbhean aineolas na sagart ar an mbás agus ar an saol chomh maith:

“Ní thuigeann an saol seo an bás. Ní thuigeann sibhse an bás. Ná habair liom go dtuigeann sibhse an bás – a dhá bhreagadóir bhradacha, a dhá scaibhtéarra shearúsacha, a dhá bhligeard sráide...” D’oscail béil na beirte. Ansin deir sí “... Cén chaoi a dtuigfeadh agus gan cead ag an mbás teacht isteach sa saol seo. Níl scáile an bháis ar a theitheadh fiú ceadaithe anseo. I bhfad uaidh. Ach beidh a lá féin ag an mbás, le cúnaimh Dé, a bhuaicphointe caithréimeach féin, nuair a thiocfas an saol loite seo go dtí a lánstad.” (ibid., 73)

Tagann *Cion Mná* (Standún 1993) chun cuimhne chomh maith nuair a dhéantar trácht ar an bhfaoistin agus ar an rúndacht chollaí. Feictear John, carachtar trioblóideach atá ina alcólaí, ag iarraidh a mhianta a léiriú i bpictiúrlann. Músclaítear suíomh collaí sa phictiúrlann ina sásaíonn John é féin agus é ag breathnú ar scannán pornagrafaíochta. Is léir go gcuireann sé a mhianta príobháideacha i bhfeidhm i gcomhthéacs na pictiúrlainne. Léirítear chomh maith náire na gníomhaíochta agus John sásta an suíochán os a chomhair amach a loit seachas é féin a loit lena shíol:



Ní fhéadfadh duine ar bith breathnú ar a leithéid i bhfad gan a bheith adharcach. Bhreathnaigh sé timpeall. Bhí súile chuile dhuine ar an bpictiúr. D’oscail sé a bhríste agus shásaigh sé é féin le steall in aghaidh an tsuíocháin os a chomhair amach. Cén rogha a bhí aige. Ní fhéadfá dhul amach ar an tsráid agus fliuchán ar do threabhsar. Shleamhnaigh sé trasna cúpla suíochán ansin, ar fhaitíos go gcuirfí ina leith gurb eisean a bhí ag truailliú na háite. (ibid., 70)

Is trí thimpiste a thagann John ar shéipéal Protastúnach agus é ag iarraidh cathuithe collaí Londan a sheachaint go hiomlán. Is go héifeachtach agus go fíorchúramach a chíorann an Standúnach an fhaoistin agus a ceangal leis an gcollaíocht. Mar a fheictear sa ghiota beag a leanas, tuigeann sé tábhacht na faoistine agus nach bhfuil fáil uirthi i séipéal na bProtastúnach. Tá nasc mór á dhéanamh ag an Standúnach anseo idir mianta collaí agus an fhaoistin:

Nach fear a bheith ansin [sa séipéal] ná bheith amuigh ag cuartú craicinn, fear pósta mar é. Ní raibh uaidh ach Bridie. Ní bhreathnódh sé ar aon bhean eile go deo. Ghabhfadh sé ag faoistin ag an nóiméad sin dá mbeadh faoistin acu, ach sin rud nach raibh ag na Protastúnaigh. Ní raibh an ceart ar fad ag an sagart beag sa bpríosún, a cheap sé. Bhí difríochtaí suntasacha idir an dá chreideamh. Ba mhór an rud é faoistin, a cheap John. (ibid., 72)

Sonraítear an ceangal idir an fhaoistin agus collaíocht na haiteachta in ‘As Láimh a Chéile’ [AFP] (Ó Conghaile 1997), áit a mbíonn an fhaoistin le feiceáil i gcomhthéacs na crúsála. Agus an reacaire ag cuardach leannáin i gclub aerach i lár Bhaile Átha Cliath, buaileann sé le fear a bhfuil dúil aige ann (ibid., 41). Roimh dheireadh an scéil tagann sé chun solais gur sagart é leannán an reacaire. Is féidir glacadh leis an gcuidreamh idir an bheirt i dtéarmaí na faoistine. Léiríonn John Paul, reacaire an scéil, gur rugadh é ar an lá ar tháinig an Pápa Eoin Pól II go hÉirinn agus go bhfuil sé i gcomhluadar fir “...ainmnithe as fear naofa...” (ibid., 41). Beidh ar an bhfear roinnt oibre a dhéanamh an lá dar gcionn. Déanann John Paul iarracht ansin peacaí a phlé agus rialacha Dé á n-ionramháil aige. Díol spéise é seo ina ndéanann an Conghaileach iarracht an fhaoistin agus cumhacht na bpeacaí a phlé go soiléir:

Ag obair Dé Domhnaigh a deir mé féin ag spochadh as. Údar mí-áidh. B’in peaca freisin. Ag briseadh dlí Dé agus dlí na hEaglaise. Bhí na heaspaig féin ag labhairt amach go mór ina choinne le deireanas. Ba cheart géilleadh d’easpaig! Chas ár súile ar a chéile... Bíonn ar chuid againn dul ag obair Dé Domhnaigh, a dúirt sé, easpaig nó gan easpaig agus sin sin. (ibid., 41)

Tá peacaí eile fós le déanamh ag an mbeirt acu i gcarchlós an tséipéil roimh dheireadh na hoíche, agus tá blaiseadh na faoistine le feiceáil anseo chomh maith. Tá John Paul ag iarraidh maithiúnas a thabhairt don fhear seo agus treisítear arís an dinimic agus an caidreamh idir an fhaoistin agus an chollaíocht. Déantar spás an charchlóis a aitiú ón mbonn aníos agus pléitear rúndacht na hoíche, peacaí na gníomhaíochta agus naofacht na faoistine go hoscailte. Is maith a thuigeann an Conghaileach na coinbhinsiúin atá á sárú ag carachtair an ghearrscéil go ginearálta agus an plé neamhbhalbh oscailte atá á chothú aige ní amháin i leith na faoistine ach i leith na rúndachta. Is léir, mar sin féin, go bhfuil uaigneas ar an reacaire agus nach bhfuil sé go hiomlán ar a chompond leis na babhtaí seo craicinn (Ó Cofaigh 2004: 32). Mar a fheictear thíos, déantar aitiú fiú ar sheirbhís aifrinne mar sheirbhís 'rúnda' ag cur na gníomhaíochta collaí i dtiúin leis an bhfaoistin:

Níor cheart drochbhail mar sin a chur ar shagairt naofa, go háirithe ar sheansagairt. Gháir an bheirt againn le chéile. Níorbh aon dochar a súile a oscailt beagán – múineadh dóibh faoin saol mórthimpeall. B'fhéidir nár ghá. Cá bhfios fiú nár mhaith leo féin seribhís rúnda oíche a fháil. (Ó Conghaile 1997: 44)

Is léir go bhfuil dinimic áirithe le feiceáil idir collaíocht na haiteachta agus an fhaoistin sna saothair faoi chaibidil. Mar a mhíníonn Foucault, agus an fhaoistin á plé aige i dtaca leis an homaighnéasacht, go bhfuil sé "...written immodestly on his face and body because it was a secret that always gave itself away" (ibid., 43) Is féidir glacadh leis go bhfuil an chollaíocht mar chuid de phróiseas na faoistine agus an scaoilte; ní mór rúin a scaoileadh toisc go mbíonn an chumhacht i gcroí na faoistine. Mar sin féin, glactar leis go bhfuil ról fulangach ag an bpeacach agus go bhfuil air a rúin a chur os comhair an athar fhaoistine. É sin uilig ráite, áfach, d'fhéadfaí a rá go bhfuil cumhacht áirithe na rúndachta á choinneáil ag an bpeacach. Chonacthas na bealaí áirithe ina bhféadfaí léamh ar leith a dhéanamh ar théacsanna Gaeilge sa chomhthéacs seo ach tuairimí Foucault a shíniú agus a threisiú. Is féidir an fhaoistin agus an fonn scaoilte a fheiceáil go háirithe i gcollaíochtaí neamhnormatacha agus ábhair eile na haiteachta sa raon príobháideach. Más rud é go bhfuil an raonú spáis mar chuid lárnach den cheangal idir an chollaíocht agus an fhaoistin, an féidir é seo a chur i gcomhthéacs eile na haiteachta?

Déanfar iarracht anois tuiscintí áirithe i leith na collaíochta a chur i gcomhthéacs an teachta amach.

#### 4.3.2 *An (Ghael)t(e)acht Amach: Raonú Spáis agus Scaoileadh Rúin*

Ar nós na faoistine, baineann Miceál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh leas éifeachtach as modh na scéalaíochta agus na reacaireachta chun an aiteacht a ionramháil. Tagann léitheoirí na scríbhneoirí ar thuiscintí éagsúla maidir leis na carachtair trí mheán na scéalaíochta agus na filíochta. Déanfar scagadh san aonad seo ar an gcaoi a dtagann carachtair agus téamaí na scríbhneoirí in inmhe agus go nglacann siad leo féin i gcúinsí áirithe collaí agus eile. Scaoileann siad lena gcuid rún ar son an fhaoisimh mothálaí. Is téama thar a bheith coitianta é an teacht amach, nó an saoilleadh rúin, i litríocht na homaighnéasachta agus na haiteachta go hidirnáisiúnta (Jolly 2001: 476). Feidhmíonn an teacht amach mar ghné thar a bheith tábhachtach don phobal homaighnéasach, go háirithe san iarthar, agus é léirithe in iarrachtaí éagsúla ealaíne (Davies 1992: 75). De ghnáth is minic a scagtar an scéal seo i bhfoirm na dírbheathaisnéise agus i gcomhthéacs an fhicsin chomh maith. Is minic a ghactar leis an teacht amach mar mhalairt ar an ansmacht agus go mbíonn saoirse as an nua ag an té a thagann amach le hinsint a rúin (Beck 2013: 254). Oibríonn an *cófra* mar shiombail den raon príobháideach agus den rún; áit a mbíonn an homaighnéasach i bhfolach taobh istigh den chófra agus go mbíonn náire i gceoí na rogha a bheith ann. Pléann na scríbhneoirí faoi chaibidil anseo an teacht amach ar bhealaí éagsúla; go bhfuil an aiteacht fós le feiceáil i ndiminsin chollaí éagsúla agus go bhfuil an teacht amach mar chuid de. Mar a mhíníonn Bacon (1998), bíonn gluaiseacht faoi leith le brath ag an duine agus é ag iompú ón raon príobháideach (an *cófra*) go dtí an raon poiblí (an teacht amach) (ibid., 251). Díol spéise is ea an chaoi a mbíonn an tiontú seo le feiceáil i saothair na scríbhneoirí Gaeilge seo.

Mar a léiríonn Bacon (ibid.), is trí mheán na teanga a thagann an duine ar thuiscintí faoi féin agus faoina chaidreamh leis an saol mór. Is féidir leid de phróiseas an teachta amach a fheiceáil i gcarachtar Jimí in *Go dTaga do Ríocht* le (Ó Conghaile 2009). Glactar leis go bhfuil cara Jimí, Keith, ógfhear cathrach, i bhfad chun tosaigh sa chomhthéacs seo ar Jimí, déagóir Gaeltachta. Is léir go bhfuil Jimí fós ag streachailt

lena mhianta collaí ag pointí áirithe le linn an dráma. Is féidir le Keith an streachailt seo a thuscint agus a aithneachtáil gan mórán deacrachta go luath sa dráma nuair a deir sé, “Tá rud eicint ag cur isteach ort. Le... le bliain nó dhó anuas, gné eicint de do shaol. (Sos) Cuireann tú go leor ceisteannaí ort fhéin... ceisteannaí fút fhéin. Sensitive” (ibid., 33). Tagann an teacht amach chun tosaigh níos déanaí sa dráma nuair a chuirtear brú ar Jimí a rún a scaoileadh lena athair, Patrickín:

“Céard sa deabhal nach dtuigeann tú? Ag dúineadh do shúile atá tú aríst. Nó an é nach bhfuil tú ag iarraidh tuiscint mar is gnáth ná do shúile a oscailt! (Sos) Tá mé aerach. Gay, mura dtuigeann tú. Tá do mhac aerach agus má tá sé le bheith ina dhuine daonna níl mórán áite dhó i do shoiscéalsa, ná i do Bhioblasa, fiú áit na leathphingine...Gay, ab ea? Ná habair an focal dá laghad é faitíos go dtachtódh sé thú! Go salódh sé do bhéal nó do chuid briathra!” (ibid., 56)

Go feargach, leanann Jimí ar aghaidh lena theacht amach, ag fiafraí dá athair an ligfidh sé do dhochtúirí aistriú fola a thabhairt dó má chuireann sé scian thar a riostaí. Cé go bpléann teoiriceoirí ar nós Bacon (1998) go bhfuil faoiseamh i gceist leis an teacht amach, is féidir léiriú an-difriúil a fheiceáil sa chaoi a scaoileann Jimí a rún uaidh. Is léir go bhfuil brú áirithe ar chaidreamh na beirte ó thús an dráma, go háirithe toisc go bhfuil Patrickín an-tógtha lena chreideamh agus an chaoi go ndéanann sé iarracht an creideamh a scaipeadh i measc mhuintir na háite. Le linn an ghnímh seo, tagann Jimí amach ar bhealach feargach foréigneach, agus é ag maslú chráifeacht a athar ag an am céanna. Feictear go han-soiléir, chomh maith, go bhfuil laincisé áirithe saoil ar Jimí lena mhianta toisc gur tógadh sa Ghaeltacht é agus nach bhfuil sé in ann an raon príobháideach a shárú dá bharr. Tá codarsnacht lom le feiceáil anseo ar an tuiscint atá ag Keith ar an nGaeltacht, fiú nuair a deir sé amhrán le Johnny Bán roimh dhúnadh an dráma. D'fhéadfaí a áiteamh gur teacht amach é seo ar bhealach do Keith agus iad ag rá 'Dónall Óg' lena chéile. Nuair a thagann Jimí amach, áfach, pléascann sé, go mothálach, is deir “An bhfuil tusa chomh huaibhreach is a bhí tú ariamh nó an ligfidh tú dhomsa bás a fháil freisin?” (Ó Conghaile 2009: 59). Mar a mhíníonn Davies (1992) in ‘The Role of Disclosure in Coming Out Among Gay Men’, tá próiseas an teachta amach lán le castachtaí - go sainmhínítear an duine é féin trí mheán an teachta amach agus go ndéantar forbairt ar an bhféiniúlacht trí phróiseas an scaoilte (ibid., 76). Ach ní i gcónaí a bhíonn an teacht amach seo ina ghné fhiúntach dhearfach don té a thagann amach, ach go bhfuil éagsúlacht i gceist leis.

Is ina chnuasach *Na Buachaillí Bána* (1996) a phléann an Searcach mianta collaí príobháideacha go hoscailte. In 'A Chavafy, a Chroí' (ibid., 185), déanann an Searcach cíoradh ar dhuine dá réamhtheachtaithe idirnáisiúnta, Constantine P. Chavafy, a phléigh ina shaothair téamaí a bhaineann leis an homaighnéasacht. Is léir go bhfuil iarracht mhór á déanamh ag an Searcach glór Chavafy a chur in oiriúint dó féin. Is mar theacht amach a chuireann an Searcach an dán seo le chéile agus a phléann sé téama an ghrá ann. Molann an Searcach Chavafy go hard na spéire as an ngrá a cheiliúradh "... gan eagla..." (ibid., líne 2). Ceistíonn an léitheoir ina dhiaidh sin an raibh eagla de shaghas éigin ar Ó Searcaigh roimhe seo. Má mholann sé Chavafy as a bheith oscailte neamhleithscéalach i ngeall ar a mhianta pearsanta agus iad a chur os comhair an phobail ina fhilíocht, an raibh leisce nó imní ar an Searcach roimhe sin an ghné seo a threabhadh ina chuid filíochta féin? Déanann an file ionramháil éifeachtach ansin ar an gcaoi a gcuireann Chavafy síos ar an mbuachaill bán (teideal an chnuasaigh):

*Cheiliúraigh tú bogstócaigh do shamhlaíochta  
I do chuid filíochta: buachaillí bána an cheana  
Lena ngéaga téagartha is a mbeola maotha meala  
Ag imirt a báire baoise ar léana do leapa (ibid., línte 3-6)*

I gcomórtas le háilleacht an choirp agus na suímh áirithe chollaí, tá codarsnacht mhór le feiceáil sna línte a thagann ina dhiaidh. I lár abairte, athraítear an port go hiomlán:

*Go háthasach. Ach anseo i gCloich Cheann Fhaola  
Agus an mbeifeá ag súil lena athrach –  
Tá an Grá Géagach mináireach, minádúrtha:  
I nDuibhlinn, i nDroim na Tineadh, i Máigh Ratha  
I gCaoldroim, i gCollchéim agus i mBaile an Átha  
Níl ann ach ábhar magaidh agus masla. (ibid., línte 7-12)*

Ina léirmheas ar úrscéalta a bpléitear an homaighnéasacht agus na haiteachta iontu, admhaíonn Beck (2013) nach mbíonn gach uile charachtar ag streachailt lena chlaonta nó a mhianta collaíochta, agus nach scéal simplí é an teacht amach i litríocht chomhaimseartha an Bhéarla (ibid., 251). Mar an gcéanna i gcomhthéacs na Gaeilge.

Áiríonn an file anseo go ndéantar magadh ar an ngrá homaighnéasach ach tá sé sásta aghaidh a thabhairt ar an inní agus fiafraíonn sé de Chavafy é a neartú agus a chuid focal a neartú chomh maith (Ó Searcaigh 185: 13). I ndúnadh an dáin, iarrann sé ar an bhfile a dhánta a bhuanú agus an oscailteacht sin a léiriú go misniúil agus go cróga ina dhánta féin. Teacht amach faoi ualach na himní atá i gceist anseo sa dán úd ina n-iarrann sé ar an bhfile lámh chúnta a thabhairt dó, an spreagadh a thabhairt dó agus fiú na focail a thabhairt dó. Cé go bhfuil míchompord go pointe áirithe le feiceáil anseo, éiríonn leis an bhfile ród nua a threabhadh agus a mhianta a chur os comhair lucht léite na Gaeilge.

Feictear léiriú an-spéisiúil den teacht amach in ‘Athair’ Uí Chonghaile [AFP] (1997) agus é ag streachailt lena mhianta collaí chomh maith. Scéal is ea é a thuill moltaí agus gradam. Scéal faoi theacht amach an phríomhcharachtair atá i gceist le hiarracht Uí Chonghaile. Scéal íogair, dar le Breathnach agus Ní Neachtain (2010), atá ann a deir cuid mhaith laistigh de bheagán focal (ibid., 66). Tá an stíl áirithe seo an-chliste go deo agus cuireann sé go mór le teannas an tsuímh agus leis an míchompord atá le feiceáil ann (Ó Cofaigh 2004: 10). Scéal tostach atá ann, dar leo, a phléann an teacht amach go cruthaitheach agus go néata. Déanann an reacaire iarracht a mhianta collaí a mhíniú dá athair atá ina fhear traidisiúnta Gaeltachta. Is go foighneach, agus de réir a chéile, a dhéanann an reacaire iarracht cúlra an chlaonta ghnéis a mhíniú agus an chaoi ar tháinig sé ar an bhféintuiscint seo. Nuair a osclaíonn an gearrscéal, is léir go bhfuil an reacaire tar éis teacht amach. Léirítear teannas agus mothúcháin an pháosa go han-soiléir sa pháosa. Is geall le dealbh é an reacaire, mar dhuine gan mhothúchán:

Shuigh mise ansin i mo dhealbh – gan fanta ionam ach teas mo choirp. Níor fhan smid aige: ag ceachtar againn. Is ansin a thuig mé gurbh fhearr an tseitreach de chaoineadh féin ach breith i gceart air, ná an tost... “Agus tá tú...” a deir sé, ag stopadh mar a dhéanfadh an focal staic stobarnáilte ina scornach, at nó stad mar a bheadh an focal ag breathnú roimhse, féachaint an mbeadh sábháilte teach amach – nó agus súil b’fhéidir go ndéarfainnse aríst é – an focal sin a rinne fuaim ghlugarnach ina chluasa tamaillín roimhe sin, focal nach móide a múnlaíodh as a scornach tuaithe féin ariamh. Focal strainséartha... Focal nach raibh fiú nath measúil Gaeilge ann dó nó má bhí, ní in aice láimhe... (Ó Conghaile 1997: 148)

Faoi mar a fheictear thuas, tá athair an reacaire ag cuardach céille, ag iarraidh an scéal a thuiscint mar is ceart agus ag cur ceisteanna ar a mhac le ciall a bhaint as a chuid cainte (ibid., 151). Le linn an chomhrá idir an bheirt a fheictear an chaoi a mbíonn

tábhacht faoi leith ag an gcardáil i leith na homaighnéasachta idir daoine óga agus tuismitheoirí. Bhí an t-athair iomlán cinnte go raibh bean éigin i mBaile Átha Cliath aige agus go raibh seo ar siúl aige go príobháideach taobh amuigh d’fhiosracht a bhaile. I ndeireadh thiar, bíonn an reacaire foighneach agus tuisceanach lena athair, ag iarraidh é féin a mhíniú le hígóaireacht agus le cineáltas. Glacann an t-athair leis an scaoileadh rúin ar deireadh (Nic Dhiarmada 2006: 619). Mar sin féin, míníonn Schubotz agus McNamee (2009) go bhfuil bagairt an imeallaithe ann don té a thagann amach (ibid., 193).

Is féidir an scaoileadh rúin trí mheán na filíochta a fheiceáil i ndán úd Uí Shearcaigh (2001: 192) ‘An Buachaill Bán’, dán ina ndéantar plé ar an teacht amach ealaíonta. Osclaíonn Ó Searcaigh an dán go borb agus go cróga, agus a scagann sé in aon rann amháin na deacrachtaí pearsanta príobháideacha a chothaíonn an homaighnéasacht don fhile. Maíonn an Searcach nach bhfuil na “... focla agam go fóill...” (ibid., líne 2). Mar sin féin, nach dócha go bhfuil na focail ag an bhfile toisc go bhfuil an dán seo á scríobh aige? Is mar theacht amach pearsanta atá i gceist ag an bhfile agus é ag cur eolais i leith a ghrá os comhair an phobail. Is féidir leis an bhfile teannas an tosta a mhothú agus a chur san áireamh. Tá an file ag iarraidh “teangaidh a thabhairt don tost seo/ a thachtann mé;/ a phlúchann mé achan lá” (ibid., 5-8). Is mar fhaoiseamh mothálach a chuireann an file a mhothúcháin in iúl. Sa chaoi chéanna in ‘Athair’ (Ó Conghaile 1997), déantar an teacht amach seo a shuíomh go príobháideach i suíomh an tí (Ó Searcaigh 2001: 192). Sa chomhthéacs seo, déantar cíoradh ar an gcaoi a ndéantar aitiú ar an raon príobháideach.

Bíonn an t-urlár ina chac ...  
a chuid brístí ar crochadh leis  
is é ag sciorradh thart gan bhac.  
Chan amháin go mbodharaíonn an citeal mé,  
cuireann sé bior go beo ionam  
nuair a thosaíonn sé ag cnagaireacht  
amach go fuarchaoiteach  
a chruacheol miotalach. (ibid., 17-24)

Is é atá i gceist ag an Searcach anseo ná léiriú an fhile ag iarraidh an tost a bhriseadh agus glór nó teanga a thabhairt dó. Dá bharr sin, is teacht amach áirithe é seo a chuireann Ó Searcaigh in iúl go héifeachtach ina shaothar. Sa cheathrú rann déanann an file iarracht teacht ar spás ar leith collaí arís agus léirítear caidreamh collaí an fhile lena leannán.

Tá sampla eile den teacht amach le feiceáil in *Sna Fir* (1999), ina ndéantar léiriú ar John Paul agus é ag teacht in inmhe i dtéarmaí na féiniúlachta collaí. Feictear John Paul ag sochraid an fhonnadóra Johnny Rua ag deireadh an úrscéil. Baineann sé úsáid as an amhrán ‘Dónall Óg’ chun insint dá sheanathair go raibh cara mór aige darbh ainm Dónall agus gur cailleadh le déanaí é. Trí leas a bhaint as an amhrán, scaoileann John Paul a rún uaidh ach i gcomparáid le Jimí in *Go dTaga do Ríocht* (2003) nó reaire ‘Athair’ (1997), ní bhaintear siar as seanathair John Paul. Go grámhar agus go fáilteach, míníonn seanathair John Paul dó go bhfuil “...Deaideo ar an saol anois le trí scór bliain go leith, a mhac. Tuigeann sé rudaí go leor. Tá go leor feicthe aige... Níl nuaíocht ná úire ag baint le mórán rudaí dó níos mó” (Ó Conghaile 1999: 256). Ar deireadh, glacann an seanathair lena gharmhac aerach is deir “Tá tú fásta suas. Tá tú sna fir...” (ibid., 258). Tríd an nglacadh seo, cuirtear tacaíocht ar fáil do John Paul, tuigeann sé anois nach bhfuil aon chontúirt ann go rachadh a sheanathair ina choinne de thoradh a chlaonta. Tuigtear do Coleman (1982) go mbíonn “Acceptance or rejection at this point [of coming out is] critical. Acceptance can have a powerfully positive effect...” (ibid., 473).

Is ar an gcuma chéanna a chuireann Pádraig Standún (1993) an teacht in inmhe collaí agus tionchar na sochaí ó thaobh na collaíochta in iúl in *Cion Mná*. Caitear solas san úrscéal seo ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag caidreamh lespiach ar pháiste agus an tionchar ó thaobh inscne a bheadh ann ar an bhfearúlacht. D’eascair cuid mhaith teannais ón úrscéal *Cion Mná* toisc gur pléadh san úrscéal an lespiacht i nGaeltacht Chonamara seo den chéad uair sa Ghaeilge (Uí Anluain 1997: 23). Tá Ó Coigligh (1993) den tuairim go bpléitear an homaighnéasacht san úrscéal toisc go bhfuil “...deacrachtaí pearsanta...” ag an bpríomhcharachtar (ibid., 25) agus moltar an t-úrscéal in áiteanna eile as a bheith bunaithe ar an lespiacht cé gur ceapadh gur ar mhaithe na conspóide a bhí sé (Uí Anluain 1997: 23):



...*Cion Mná* (1993), focused on the lesbian relationship between the fictional Chief Executive of Údarás na Gaeltachta, the state's agency for Gaeltacht industrial and community development, and her housekeeper, while also exploring issues of local politics, spousal abuse and community rights. Though his portrayal of the lesbian couple and their relationship lacked depth, Standún once again blazed a trail in presenting the couple's story and their experiences to his Irish language readership, and prepared the way for writers ...to explore other relationships and situations which were perceived as being controversial. (Ó Siadhail 2010: 147)

Is féidir glacadh leis an úrscéal seo mar iarracht téacs aerach a chur os comhair lucht léite na Nua-Ghaeilge agus an leispiacht á suíomh i láthair Ghaeltachta. Tuigtear nach í an charachtaracht an rud is tábhachtaí don Standúnach ach gurb iad ceisteanna móra na sochaí an rud is tábhachtaí dó (Uí Anluain 1997: 23). Níl Ó Coigligh (1993) den tuairim gur iarracht í seo cosaint a thabhairt don homaighnéasacht ach iarracht léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí droim láimhe a thabhairt do mhianta pearsanta (ibid., 25). Mar sin féin, ní féidir a shéanadh gur iarracht í seo an homaighnéasacht a shuíomh i láthair Ghaeltachta agus an Ghaeilge mar theanga an úrscéil. Maíonn Ó Siadhail (2010) gur thug an t-úrscéal seo spreagadh nua do scríbhneoirí na Nua-Ghaeilge agus gur chuir sé téamaí úrnua agus conspóideacha os comhair lucht léite na teanga (ibid., 147). San úrscéal é féin, pléann Bridie agus Therese an chaoi a ndéanadh a gcaidreamh dochar do Chaomhán. Toisc gur fhás sé aníos le beirt bhan leispiacha, síleann siad beirt go bhfuil contúirt ann go mbeadh sé féin aerach. Is í aidhm an Standúnaigh anseo ná léiriú a thabhairt ar theaghlach na haiteachta. Bheadh an tsochaí, nó an raon poiblí, ag súil le teacht amach de shaghas éigin ón teaghlach agus go mbeadh tionchar dá bharr ar fhearúlacht an pháiste:

Má iompaíonn féin, cén dochar? Bíonn formhór acu an-mhúinte agus béasach le mná. Ní thuigim féin cén mhaith a dhéanann an iomarca fearúlachta, an t-iomhá *macho* sin a bhíonn ag fir. Ceapann roinnt mhaith acu nach fir ar bith iad muna dtugann siad corrlaidhce do bhean agus do ghasúr, nó go deimhin d'fhear eile. Ní athrófar cleachtadh na gcianta thar oíche, is dóigh. (ibid., 90)

Tá gnéithe áirithe den raonú spáis agus an teacht in inmhe nó an teacht amach le feiceáil anseo. Feictear go n-úsáidtear an scéalaíocht agus an fhilíocht mar mhodhanna chun

súil úr a chaitheamh ar an teacht amach i gcomhthéacs na Gaeilge. Cuirtear seo i gcrích trí leas a bhaint as an raonú spáis, an ceantar Gaeltachta, an raon uirbeach nó an tuath chun an raon príobháideach a chur i gcomhthéacs an raoin phoiblí. Faoi mar a shamhlaíonn Bacon (1998), is féidir scéalta den chuma seo a fheiceáil mar straitéisí chun cur i gcoinne na norm (ibid., 252). Is í an scéalaíocht an uirlis is mó don teacht amach agus tá sé seo le feiceáil mar ghné lárnach sa phobal homaighnéasach trí chéile (ibid., 252). Is féidir éagsúlacht an scaoilte rúin a fheiceáil i saothair na scríbhneoirí Gaeilge seo agus an chaoi ina mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar an aiteacht i raoin éagsúla spáis. Téann carachtair shaothair na scríbhneoirí seo i leith an phobail chun tuiscintí a fháil orthu féin go pearsanta:

To live as a queer when the word ‘queer’ is itself being contested, forces me into my own reflexive mode of inquiry. To be ‘other’ when the boundaries between subject and object begin to give way calls into question the modes of representation that we all engage in – both rhetorically – and ethically. (ibid., 258)

Feictear go bhfuil an teacht amach fíorthábhachtach don homaighnéasach agus dá theagmháil leis an bpobal. Is díol spéise é an teagmháil a bhíonn ag an homaighnéasach le raoin dhifriúla spáis, Conamara san áireamh. Is mithid ceisteanna a chur faoin tionchar a bhíonn ag spás ar an gcarachtar.

#### *4.3.3 Mise istigh: Corp, Collaíocht agus Gaeltacht*

Dar le Halberstam (2005) gur féidir aitiú a dhéanamh ar choincheapa an ama agus an spáis chun noirm faoi leith a cheistiú (ibid., 4). Ina alt bunaithe ar an réigiúnachas mar chur chuige critice, tagraíonn Miller (1987) don chaoi nach n-úsáidtear an réigiúnachas mar phointe iniúchta a thuilleadh sa Bhéarla (ibid., 2). Mar sin féin, tá an réigiúnachas mar phointe anailíse fós sa Ghaeilge agus is féidir léamha as an nua a dhéanamh ar théacsanna trí fhráma tagartha den chuma seo. Míníonn Knopp (1995), go bhfuil an spásúlacht agus an chollaíocht ina n-eispéiris bhunaidh agus is féidir é seo a bhlaiseadh san uirbeachas agus sa deighilt idir an ceantar uirbeach agus an ceantar tuaithe (ibid., 145). Tá sé seo le feiceáil chomh maith in ‘Landscape and Literature’ ag Mitchell (1987) ina bpléitear an réigiúnachas agus an litríocht mar mhodhanna anailíse (ibid., 23). Má ghlahtar le téis Mitchell go bhfuil “...space, place, and sex... inextricably linked” (Johnston agus Longusrt 2010: 2), is féidir súil chruinn a chaitheamh ar na slite a n-éiríonn leis na scríbhneoirí atá faoi chaibidil an raon príobháideach, go háirithe,

agus an chollaíocht a chur i gcomórtas leis an réigiúnachas. Déanfar iarracht, mar sin, é seo a chur i gcrích agus buncheisteanna mar gheall ar an gcollaíocht agus an spás a chíoradh ag baint leasa as léamha liteartha.

Ina ghearrscéal ‘Caillte i gConamara’ déanann Ó Conghaile (2003) plé ar an ngrá homaighnéasach agus an chaoi a dtagann an réigiún agus an raon príobháideach le chéile (Ó Siadhail 2010: 155). Cuirtear tús leis an ngearrscéal leis an bpríomhcharachtar nach bhfuil in ann codladh mar is ceart toisc go bhfuil taobh amháin den leaba “...bánaithe..” (Ó Conghaile 2003: 11) toisc gur cailleadh a leannán. Feictear ar an bpointe leas á bhaint ag an scríbhneoir as téarmaíocht na talmhaíochta chun cailleadh an leannáin a léiriú. Chuige seo, baineann an scríbhneoir leas as spás chun a uaigneas agus a bhrón a chur in iúl. Cuirtear síos ansin ar fhiántas na háite agus íomhánna den chriathrach bog agus bláthanna timpeall air (ibid., 12). Tugann fiántas Chonamara deis don reacaire cuimhneamh siar ar a leannán (Ó Cofaigh 2004: 22). Cíorann Ó Conghaile (2003) cumhacht an cheantair ar an gcollaíocht nuair a chuireann sé síos ar chuairt an tsagairt paróiste chuig leannán homaighnéasach nuair a bhí a ghrá fós i saol na mbeo. Pléann Ó Conchubhair (2014) scil Uí Chonghaile i dtaca leis na híomhánna agus an cur i láthair a dhéanann sé i dtaca le léiriú Conamara ina iarrachtaí próis (ibid., 8). Cíorann Ó Conchubhair na bealaí áirithe a éiríonn leis an scríbhneoir Conamara atá comhaimseartha a léiriú éifeachtach (ibid.). Trí úsáid éifeachtach íomhánna, cuireann an scríbhneoir síos ansin ar charraig an aifrinn agus déantar comparáid idir an charraig agus leaba dhúbailte (ibid., 13) agus é amuigh faoin air ag siúl. Cuireann an charraig ag machnamh é agus cuimhníonn sé siar nuair a thagann an sagart paróise cuairt orthu beirt. Níl an sagart sásta ar chor ar bith go bhfuil siad in aontíos agus i ngrá lena chéile, rud a bhí glan in aghaidh thoil Dé dar leis (ibid.). Síleann an scríbhneoir seo go bhfuil an réigiún Gaeltachta thar a bheith tábhachtach mar spás agus mar phointe príobháideach don chollaíocht sa chomhthéacs seo. Mar a mhíníonn Berlant agus Warner (1998) in ‘Sex and Public’, is freagra heitreanormatach é seo, heitreanormatacht atá “...more than ideology or prejudice, or phobia against gays... it is produced in almost every aspect of the forms and arrangements of social life...” (ibid., 554). Tá sé seo pléite go mion ag Atkins agus Laing (2012) in ‘Walking the beat and doing business: Exploring spaces of male sex work and public sex’ nuair a deir siad “The

normative notion that sexual encounters should be performed behind curtains, closed doors and within four walls...” (ibid., 623). Mar sin, feidhmíonn an sagart paróiste mar gharda mórálta a choinníonn greim ar mhuintir na háite agus an tslí a mbaineann siad leas as an raon príobháideach ina saol.

Éiríonn le Cathal Ó Searcaigh mianta grá agus téamaí réigiúnacha agus coirp a phlé ina dhán 'Tá mo Chéadsearc i Londain' [ABB] (2001: 269). Le linn an dáin seo, pléitear téama an ghrá i gcomhthéacs na cathrach agus na Gaeltachta. Is fuarasta a thuiscint go bhfuil briseadh croí an fhile le sonrú aige i gcorp an dáin seo, agus cuireann sé a bhrón in iúl go sonrach agus go hildaite ina phíosa scríbhneoireachta. Baintear leas éifeachtach as codarsnachtaí éagsúla chun mothúcháin phearsanta a léiriú agus a bheachtú ag leibhéal ard cumais. Trí leas a bhaint as comhardadh deiridh, cuireann an file béim ar fhuaimneanna áirithe séimhe chun a phríomhthéama, an grá agus an brón, a chur in iúl.

Tá mo chéadsearc i Londain le bliain agus trí ráithe,  
Ach focal beag ná scéala char sheol sé thar sáile.  
Tá a sheoladh ar mo theangaidh is a ainm i mbéal mo chléibhe  
Ach go gcuirfidh sé mo thuairisc cha bhíonn ach tost ó na sléibhte. (ibid., línte 1-4)

Is go tostach a fhreagraíonn na sléibhte, a chuireann go mór le téama an dáin. Déantar an spás mór idir an file agus a leannán a threisiú go bhfuil sé “...thar sáile” (ibid., líne 2). Cé go bhfuil a leannán anois i Londain, ní bhriseann sé nósanna a chaidrimh agus téann sé amach ag siúl go “... Loch an Ghainimh” (ibid., líne 6). Tá an file fágtha ar nós na seanbhailte bánaithe agus é gan “...gnaoi ar mo shaol” (ibid., líne 8). Déantar téamaí a bhaineann leis an spás a chur os comhair an léitheora arís is arís eile agus an file ag rá go bhfuil “... talamh méith m'aighe ag tiontú aríst ina shliabh” (ibid., líne 12). Is díol suntais é nach ndéantar cur síos sonrach ar Londain in aon rann den dán seo atá faoi chaibidil. Seachas teideal an dáin agus céad líne an dáin, ní dhéantar cíoradh ar bith ar an spás uirbeach seachas é a ainmniú. In ainneoin an léirithe a thugtar ar áilleacht an cheantair, tugtar faoi deara go ndéantar neamhaird den spás nua atá aige. Tá an raon príobháideach, an spás istigh, níos tábhachtaí ná an spásúlacht nua atá ag a leannán.

Tá saol Danny in *Cúigear Chonamara* Uí Chonghaile (2003) bunaithe ar bhealaí chun an raon príobháideach a choinneáil slán ó bhagairt sa réigiún Gaeltachta. Tá rian den mhac ó ghearrscéal 'Athair' Uí Chonghaile le feiceáil cinnte sa dráma seo (Ó Cofaigh 2004: 12). Cúrsaí inscne is mó a phléitear sa dráma a mbíonn an trasfheisteoir mar ábhar ann (Ó Siadhail 2010: 152). Pléann Breathnach agus Ní Neachtain (2010) *Cúigear Chonamara* agus an cineál stíle a chleachtann Ó Conghaile sa téacs:

Ba é sin *Cúigear Chonamara* (2003) a raibh idir ghreann agus thruamhéil agus aoibhneas agus úire ann. Fearann contúirteach an fhir a chaitheann éadaí ban is ea a théama, agus ghlac muintir Chonamara chucu féin é ós rud é gur aithin siad iad féin go binn ann, ní foláir agus iad ag cuimhneamh ar an bhfilleadh beag. (ibid., 69-70)

Déanann Danny iarrachtaí as cuimse a rún a choinneáil: gur trasfheisteoir é agus go bhfuil suim nach beag aige in éadaí ban. Rianaíonn Martin (1994), in 'Sexualities without Genders and Other Queer Utopias', go ndéanann an tsuibíacht ait iarracht "...the boundaries between public and private..." (ibid., 106) a choinneáil scartha óna chéile ionas go mbeidh sé in ann leanúint ar aghaidh ag gléasadh i bhfeisteas ban gan chlú a tharraingt air féin. Tá bagairt le feiceáil i nDarach atá ag éirí fiosrach maidir le seomra leapa Danny, "Bhuel, a Cynthia, an dtuigeann tú, níl aon chead a' msa dul isteach i seomra Daniel so ní bheadh fhios a' m céard atá istigh ann is céard nach bhfuil. Privacy, an dtuigeann tú! Duine an-phrivate é Danny s'againne. " (Ó Conghaile 2003: 87). Míníonn Darach ansin do Cynthia go bhfuil Danny lán le "Private affairs. Nuair a bhíonn an cat amuigh bíonn an luch ag rince" (ibid., 89). De réir a chéile, tagann deacrachtaí agus bagairt chun cinn i saol Danny agus tá contúirt ann go scaoilfear a rún. Dá thoradh sin, socraíonn sé ar dhul go Londain toisc nach bhfuil aon rud i gConamara dó, "Níl tada ann" (ibid., 115). Ina dhiaidh sin, cuireann Danny comhairle ar Dharach rud éigin a dhéanamh lena shaol féin, "Nó fágfar i do phríosúnach aonair sa teach seo tú" (ibid., 121). Is léir go bhfuil Danny ag iarraidh brú an phobail a sheachaint agus a chosa a thabhairt leis go Londain, áit a mbeadh saoirse aige i gcomparáid le príosún Chonamara agus an tí. Tá an baile mar chuid de ghréasán ina gcuirtear an chollaíocht i gcruth atá go hiomlán faoi smacht. Níl aon spás príobháideach ann do Danny taobh istigh den bhaile, rud a chuireann brú air a aghaidh a thabhairt ar Londain ar nós leannán an phersona in 'Tá mo Chéadsearc i Londain' (2001: 269). Pléitear nach féidir an dá rud (an spás príobháideach agus an baile) a scaradh óna chéile, rud a theipeann ar Danny a

chosaint agus a thógáil. Dar le Johnston agus Longhurst (2010), ní féidir an spás a scaradh ón gcollaíocht agus dá bharr sin tá nascanna móra idir an ceantar agus an chollaíocht (ibid., 3).

Feictear tuilleadh samplaí de thábhacht an raoin phoiblí i gcás cinntí agus ar eispéireas an raoin phríobháidigh agus coirp i ndán úd Uí Shearcaigh (1993) ‘Idir Mám an tSeantí agus Loch na mBreac Beadaí’. Mar is gnách don Searcach, baintear úsáid éifeachtach as an nádúr agus as an timpeallacht chun teachtaireacht chruinn a chur in iúl i leith an ghrá go háirithe. Cuireann an file tús leis an dán “Anseo, díreach anseo, a chroí,” (ibid., líne 1), chun iarracht a dhéanamh spás a chur ar fáil dá leannán. Sraith d’íomhána nádúir atá le feiceáil ina dhiaidh sin, rud a chuireann go mór le príomhtheachtaireacht an dáin. I ndiaidh a chéile, tógann an reacaire áit ar leith dó féin agus dá leannán agus feictear go bhfuil an chollaíocht mar chuid lárnach sa raonú a dhéantar ar an spás:

fág síos mé le turnamh an lae  
agus cuirfidh tú sonrú sna seangáin  
a bheas ag caolú leo go righin réidh  
as mo shúile cinn  
agus grian mhullach an Chairn  
á dtreorú lena cuid gealán –  
ach ná bíodh aon scanradh ort go deo  
faoin taispeánadh aduain seo; mo bheatha a bheas ann, a ghrá,  
mo bheatha ag bogadh go buach  
go cónaí éigin nua. (ibid., 3-13)

Tá cuid mhór samplaí ann den réigiúnachas agus den chollaíocht nó den chorp ar fáil in *Sna Fir* (Ó Conghaile 1999) chomh maith. Áitíonn Ó Dúshláine (1987) go bhfuil tábhachtach gur tháinig ceisteanna den chuma seo chun cinn i saol na Gaeilge. Maíonn Ó Dúshláine thíos go bhfuil tóin na scríbhneoirí á sá isteach go dána i dtéarmaí comhaimseartha:

Le fiche bliain anuas nó mar sin tá litríocht na Gaeilge tar éis cuibhreach morálta na hathbheochana a bhriseadh agus a cloigeann (nó a tóin) a shá isteach go dána stóinsiúil sna réimsí a bhí faoi their uirthi roimhe seo. (ibid., 4)

Mar a léiríodh go mion sa dara caibidil, tháinig athrú meoin chun cinn i leith na collaíochta in Éirinn ó na seascaidí ar aghaidh. Mar atá luaite ag Ó Dúshláine, tháinig

deireadh leis an gcoimpléacs priompallánach a bhí ann i litríocht na Gaeilge (ibid.) agus chonacthas athrú mór ag teacht ar litríocht na Nua-Ghaeilge (Ó Siadhail 2010: 145). Eiseamláir is ea an Conghaileach toisc go músclaítear téamaí collaíochta ina chuid saothar, cinnte, ach go músclaítear téamaí collaíochta homaighnéasacha anuas air sin i dtaobh an spáis. Suíonn a chuid iarrachtaí laistigh de *counter-narrative* Uí Chonchubhair (2005: 219) agus an plé oscailte a dhéanann sé ar an homaighnéasacht.

Faoi mar a mhaíonn Butler (1989) in ‘Foucault and the Paradox of Bodily Inscriptions’ is suíomh é corp an duine, áit a gcuirtear an chumhacht i bhfeidhm (ibid., 601). Dar léi go dtógtar an corp féin go cultúrtha (ibid.). Ach ní chuireann Butler san áireamh na slite a dtagann an réigiún agus an corp le chéile go cultúrtha chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ar leith collaí. Is é an réigiúnachas agus an fonn i dtreo an phríobháideachais an dá rud is suntasaí a bhaineann leis an gcorp agus an chaoi a rialaítear é, rud nach gcuireann Butler san áireamh. Mar shampla, feictear John Paul ar cuairt i mBaile Átha Cliath, áit a mbíonn sé in ann raon príobháideach a chothú dó féin go collaí, casann sé ar ghrúpa Gaeilgeoirí i raon poiblí an bheáir aeraigh. De réir Uí Chofaigh (2004), is deoraí de chineál é John Paul sa chaoi seo - é ag cuartú faoisimh sa chathair (ibid., 9). Ach mar sin féin, briseann an dúchas trí shúile an chaite agus pléann John Paul na deacrachtaí a bhíonn aici lena chúlra “*By dad*, a dúirt mé liom féin, nach deacair éalú ón nGaeilge is ón dúchas, cuma cá mbeifeá. Fiú i mbeár aerach i mBleá Cliath” (Ó Conghaile 1999: 113). Fiú le hiarrachtaí móra déanta aige le raon príobháideach a chur chun cinn i measc strainséirí na cathrach, filltear John Paul ar ais ar a dhúchas Gaeltachta. Tá an grúpa Gay-Linns spéisiúil go leor mar ábhar toisc go gcuireann sé in iúl cé chomh deacair is atá sé don ógfhear Gaeltachta pobal a aimsiú a thuigfeadh a chás (Nic Eoin 2005: 364). Mar sin féin, is díol spéise é go bhfuil caidreamh le Gaeilgeoir ón reacaire, rud a threisiúnn an t-aitiú a dhéantar ar spás na Gaeltachta go ginearálta.

Bhí *fix* ag teastáil uaim anocht mar a bhí mé. Ach chuir sé seo tuilleadh teaspaigh orm cá bhfios nach mbeadh sé deich faoin gcéad níos fearr é a dhéanamh le Gaeilgeoir. Marcanna breise... (ibid., 113)

Ina dhiaidh sin, is léir go bhfeidhmíonn Aint Kate mar thacaíocht do John Paul agus cónaí uirthi san ardchathair. Leithscéal is ea Aint Kate lena mbíonn John Paul in ann lóistín i mBaile Átha Cliath agus compord a fháil ó chuing na rúndachta sa Ghaeltacht. Ní thugtar mórán eolais nó cúlra i dtaobh Aint Kate agus an chúis a bhfuil sí ag cur fúithi i mBaile Átha Cliath. Déanann sí féin agus John Paul plé ar strainséirí Chonamara agus an chaoi a bhfuil níos mó stráinséirí i gConamara ná daoine ón gceantar (ibid., 26-27). Fágann John Paul ceantar Cheathrú na gCloch ionas go mbeidh sé in ann an raon príobháideach collaí a thapú. Is trí mheán a choirp a ghluaiseann sé ó Chonnacht go dtí an ardchathair lena mhianta collaí a shásamh. Cé go dtuigeann Aint Kate contúirtí an tsaoil, agus contúirtí na cathrach, tuigeann sí go caolchúiseach go bhfuil an t-éalú ó Cheathrú na gCloch ó John Paul:

“Bí cúramach agus tú amuigh. Tóg tacsáí abhaile más gá. Níl sé sábháilte bheith ag siúl deireanach san oíche sa gcathair seo níos mó is leath dá bhfuil inti ar dhruaí. An bhfuil do dhóthain airgid agat?” agus ansin arís “Níl ‘fhios a’ m céard a dhéanfainn de d’uireasa.” Bhí tocht i mo ghlór. “Anois a John Paul, ná bí ag caint mar sin. Siúr, níl agam ach thú.” (ibid., 27)

Tá forluí cinnte le feiceáil ar an gcaoi a ndéantar scagadh ar an gcorp, ar mhianta collaíochta, ar an ngrá agus ar an raon príobháideach i saothair na beirte scríbhneoirí Gaeilge seo. Is éard a fheictear iontu ná ceangal idir na slite a mbíonn an corp agus an réigiún ag teacht le chéile chun dinimic a chur ar bun. Feictear, dá bharr, an chaoi a gcuirtear an raon príobháideach le chéile.

#### **4.4 Tátal**

Sa chaibidil seo rinneadh iniúchadh ar an raon príobháideach agus an chaoi a dtagann ceisteanna chun cinn i leith an raoin sin i saothair na scríbhneoirí Gaeilge a ceadaíodh. Breathnaíodh ar theoiricí Foucault i leith na bithchumhachta agus na normatachta agus féachadh go háirithe ar na slite ar tháinig inní chun cinn i dtaobh na collaíochta go sóisialta agus ar na slite a raibh tionchar aige seo ar an litríocht. Caitheadh súil, anuas air sin, ar an raon príobháideach agus an tslí a mbíonn an príobháideachas, an teanga, agus féiniúlachtaí áirithe, ag imirt ar an gcollaíocht agus ar mhianta collaíochta. Cuireadh seo i dtiúin le saothar Michael Warner *Publics and Counterpublics* (2005) agus an tsúil aiteachta a chaitheann sé ar bhunú na sochaí agus an chultúir trí mheán an



raoin phríobháidigh. Anuas air sin, rinneadh staidéar ar conas is féidir aitiú a dhéanamh ar théacsanna liteartha agus na slite a dtrasnaíonn agus a sleamhnaíonn raoin áirithe chultúrtha isteach iontu féin. Cuireadh téamaí áirithe i leith an teachta amach, na faoistine agus na homaighnéasachta san áireamh agus cuireadh i gcomhthéacs an raoin phríobháidigh iad. Is téamaí príobháideacha, ar ndóigh, iad na téamaí seo trína dtagann na carachtair ar thuiscintí nua orthu féin. Ba é croí na caibidle seo ná an raon príobháideach agus téamaí a thagann chun cinn ina thaobh a scrúdú agus a rianú i saothair Uí Chonghaile agus Uí Shearcaigh.

## 5. An Spás Amuigh: Pobal, Crúsáil agus Gnéas

### 5.1 An Heitreanormatacht, Mianta agus an Corp

#### 5.1.1 An Heitreanormatacht

Má labhraítear faoin aiteacht mar chuid de speictream na difríochta, an sainmhínítear an heitrihnéasacht trí mhodh na comparáide? Muna mbeadh an aiteacht ann, mar sin, an dtitfeadh an heitrihnéasacht as a chéile? Cultúr atá sa heitrihnéasacht, dar le Warner agus Berlant (1998), cultúr ina mbíonn institiúidí caidrimh (*institutions of intimacy*) agus idé-eolaíochtaí ag feidhmiú iontu (ibid., 553). Maíonn siad beirt nach bhfuil tuiscintí comónta le feiceáil sa chultúr seo ach go bhfuil doiléireacht i gceist maidir lena haidhmeanna (ibid.). Mar sin féin, nach féidir a rá go bhfuil cultúr na heitreanormatachta, feiniméan normalaithe, mar sprioc chinnte ag cultúr na heitrihnéasachta? Cé go maíonn siad go nglactar leis an heitrihnéasacht mar chultúr atá normalaithe a mbronntar pribhléid shóisialta uirthi go minic (ibid.), nach bhfuil siad ag teacht salach orthu féin (Warner agus Berlant 1998: 584)? Agus nach bhfuil an raon poiblí mar bhunchloch na heitreanormatachta sa chaoi is go ndéantar é a bhainistiú trí mheán an phobail? Tá an heitreanormatacht, mar chonstráid shóisialta poiblí atá bunaithe agus eagraithe ag leibhéal institiúideach, le feiceáil mar théama agus mar uirlis i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Breathnófar sa chuid eile den aonad seo ar an rian a fhágann an heitreanormatacht go cultúrtha ar an litríocht seo agus fiafraítear an bhfuil aon bhunús leis na tuairimí agus na tuiscintí atá ag an mbeirt, Warner agus Berlant, ar an gcollaíocht.

In *Sna Fir* de chuid Uí Chonghaile (1999), d'fhéadfaí a mhaíomh gur féidir léamh i leith na heitreanormatachta le feiceáil i gcaidreamh John Paul lena dheartháireacha. Is cinnte nach bhfuil na deartháireacha, atá níos óige ná John Paul, ar an eolas faoina chlaonadh collaí agus déanann siad talamh slán dá chlaonadh ag tús an úrscéil. Caidreamh álainn grámhar atá léirithe ag Ó Conghaile agus faoin gcaoi a gcaitheann John Paul le hOisín agus Jason. Tugtar le fios go bhfuil an bheirt ghasúr fiosrach ag ceapadh go bhfuil *girlfriend* i mBaile Átha Cliath ag John Paul agus gurbh é sin an chúis go mbíodh sé ag dul ann chomh minic agus a bhíodh (ibid., 22). Glacann an bheirt ghasúr leis go bhfuil an heitreanormatacht go hiomlán chun tosaigh ar an gcollaíocht neamhnormatach don

saol. Glacann siad leis go bhfuil cailín ag John Paul toisc go mbíonn sé ag tabhairt aghaidh ar Bhaile Átha Cliath chomh minic agus is féidir leis. Is in aghaidh thoil John Paul, beagnach, a ghlacann sé le ról fearúil athar dá bheirt deartháireacha. Sonraítear go bhfuil John Paul sáinnithe, go bhfuil fonn éalaithe air agus é ag iarraidh “...imeacht liom as an n*Goddamn place* seo” (ibid., 25):

Táim ag súil agus ag guibhe Dé nach ndúiseoidh an rirá [taobh amuigh] na gasúir atá ina gcodladh chaon taobh díom. Shílfeá gur mé a n-athair an chaoi a ngreamaíonn siad díom aon uair a dtagann siar ar cuairt chugainn... mé sáinnithe eatarthu anois mar a bheinn istigh i dtrap ann – cosa Jason caite trasna orm agus Oisín ina luí go místuama ar mo leathláimh ionas go bhfuil lesice orm í a chorraí go n-iompóidh sé féin uaim faitíos go ndúiseoinn é. (ibid., 24)

Léiríonn John Paul an tslí a mbíonn an heitreanormatacht *coherent* (mar a mhíníonn Berlant agus Warner é), agus go mbíonn an lámh in uachtar i gcónaí ag an heitrihnéasacht. Ní hé sin le rá go dtéann John Paul i gcoinne na heitreanormatachta agus é ag teacht in inmhe collaí, nó mar a mhíníonn Berlant agus Warner (1998) “To be against heteronormativity is not to be against norms” (ibid., 557) ach go bhfuil sé de nádúr aige na mianta sin a chur i bhfeidhm. Tá *significant change* go cultúrtha ag teacht chun tosaigh sa saothar seo (Ó Siadhail 2010: 145). Cé gur aitheantas é an mhír seo ar an heitreanormatacht agus ról ar leith atá á ghlacadh ag John Paul, d’fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil spásanna áirithe i gcroí na heitreanormatachta. Níl John Paul sásta ar bith go bhfuil sé sa bhaile agus é ag iarraidh éalú chun a mhianta collaí príobháideacha a chur i bhfeidhm. Feictear anseo laigí moltaí Warner agus Berlant (1998) toisc nach ndéantar an raon poiblí a chur san áireamh i gceart i ngeall ar na slite ina mbíonn an spás i gcroí an chultúir a eascraíonn as. Is léir, mar sin, go suíonn a chuid iarrachtaí laistigh de *counter-narrative* Uí Chonchubhair (2005: 219). Mar sin féin, imríonn cófra na rún ar thionchar na heitreanormatachta mar a mhíníonn Warner (2005).

Pléitear an heitreanormacht agus an spás poiblí in ‘Miontragóid Chathrach’ [MC] leis an bhfile Cathal Ó Searcaigh (2001: 269). Is éard a chuirtear os comhair an léitheora ná iarracht aitiú a dhéanamh ar shuíomh poiblí agus an file ag ceistiú norm a bhaineann leis an raonú spáis agus an heitreanormatacht. Feictear sa dán go gcasann an file tuairimí i leith an raoin phoiblí bunoscíonn trí leas a bhaint as suíomh poiblí atá curtha

i gcomhthéacs an raoin phríobháidigh. Agus an samhradh “... ag borradh i mo chéadfaí” (ibid., líne 7), cíorann an Searcach raonta ar leith agus an t-aitiú a dhéantar orthu. Léamh frithuirbeach a dhéanann Nic Eoin (2005: 146), nuair a chuireann sí iarracht an fhile i gcomparáid leis an Direánach. Arís eile, d'fhéadfaí a rá go dtreisiónn an spás uirbeach collaíocht an tsuímh. Cé go mbaintear leas an-éifeachtach as íomhánna nádúir, tá fuinneamh collaí le brath fós ann. Staidéar cuimsitheach a dhéanann Ó Searcaigh ar an spás ina thimpeall ina n-úsáidtear logainmeacha chun an spás a threisiú agus a shoiléiriú:

Tá beochán beag gaoithe ag tógáil sciortaí gorma  
an tsiolastraigh  
agus mé i mo shuí ar bhinse i measc na mbláth  
i bFinchley  
ag féachaint ar shaighdiúir óg atá ag féachaint  
ar na *poppies* (ibid., línte 8-13)

Arís eile a chíorann an Searcach an grá collaí agus déantar é a mhaisiú trí leas a bhaint as íomhánna ar leith na páirce. Nochtann an file bealaí chun ómós áite, chun áilleacht spáis, agus an claonadh collaí a nascadh go dlúth lena chéile. Fós féin, fanann siombailí na heitreanormatachta i gcroí a phríomhthéama. Feidhmíonn “... an chailleach dhearg” (ibid., líne 30) mar mheafar den heitreanormatacht agus í ag cur an tsuímh chollaí as a riocht. Arís eile, feidhmíonn suíomh an dáin mar bhealach éalaithe don fhile agus é ag dul chun na cathrach chun a mhianta a shásamh (Nic Eoin 2005: 147) :

Tá lus an ghrá ag sileadh deora dearga éagmaise  
is tá na *lupins* ina gcolgsheasamh  
sa choirnéal, á dtaispeáint féin go magúil do na *pansies*.  
Tá mise agus an chailleach dhearg  
suite ar bhinse, an leanbh ina staic chodlata anois;  
saighead álainn Chúipid  
ag díriú a bheara labhandair orainn ón bhláthcheapach. (Ó Searcaigh línte 27-33)

Ar an gcuma chéanna, chonacthas an heitreanormatacht ag feidhmiú mar théama in ‘Comhaduimhreacha’ [MAC] Uí Chonghaile (1986). Feictear fiúntas an léimh atá déanta ag an gConghaileach ar shaol agus ar chultúr na Gaeltachta faoi mar a phléann Titley (1987) é:

Tuairiscíonn Micheál Ó Conghaile [in *Mac an tSagairt*] an saol mar a fheiceann sé féin é, an saol mar atá sé a déarfadh go leor, agus ní healaí dúinn é a agairt mar locht air mura bhfuil gach aon ní go deas amuigh ansin. Tagann an t-ábhar chuige ón saol ina thimpeall, óna thabhairt faoi deara agus ní léir go ndeachaigh scríbhneoir nó scríbhneoirí faoi leith i bhfeidhm air. Sracann sé an cuirtín, bréidín, nó go deimhin an dallóg veinéiseach anuas agus nochtann sé an lofacht agus an neamhocht, an bhréine agus an mhíchiall, an dochraide agus an mhaoithe chomh stuama, chomh breithiúnda agus is féidir leis, ach go mbraithimid, leis, go bhfuil imir bheag de shalann na feirge á ghríosadh chomh maith. (ibid., 41)

Mar sin féin, ní dócha go gcuireann Titley san áireamh tuiscintí i dtaca leis an heitreanormatacht atá mar théama sa ghearrscéal. Léirítear Nóra agus a buachaill Peadar agus iad i Sasana le haghaidh ginmhille. Tá sé soiléir ó thús go deireadh an ghearrscéil go bhfuil an heitreanormatacht mar fhórsa ann féin thar a bheith contúirteach agus cumhachtach don bheirt acu. Pléann Ó Cofaigh (2004) an gearrscéal úd agus deir gur gearrscéal “... éachtach, corraitheach...” (ibid., 17) é. Cé go dtuigeann Ó Cofaigh an srian a chuirtear ar Nóra, ní dócha go ndéantar tuilleadh forbartha ar Nóra mar charachtar agus an smacht a chuirtear uirthi (ibid.). Déantar collaíocht Nóra a bhainistiú go poiblí, ach i suíomh na cathrach, “...ní fheicfeadh an seandream iad, ná an sagart paróiste, ná an cigire. Toisc go bhfuil Nóra ag iompar clainne agus í neamhphósta, tá brú sóisialta poiblí uirthi an fhadhb a réiteach. Ní chloisfí fúthu seachas an tuairisc bhliantúil a bheadh amuigh ina dtaobh ag deireadh na bliana” (Ó Conghaile 1986: 54). Fiú más rud é go bhfuil sí ar nós cailíní eile na tíre a d’fhág Éire le ginmhilleadh a fháil i Sasana, tuigeann Nóra gurb íse ‘Nóra Pháidín Pheaitín’ (ibid.: 55); go bhfuil stádas ag baint lena hainm Gaeltachta agus lena háit sa phobal sin. Mar sin, ní mór di géilleadh don heitreanormatacht agus an ginmhilleadh a fháil. Sáraíonn Nóra heitreanormatacht na sochaí as a bheith neamhphósta agus torrach. Brúnn an náire shóisialta Nóra ar aghaidh leis an nginmhilleadh a fháil cé nach bhfuil a leithéid sin uirthi, rud a léirítear trí mheán na himní a thagann uirthi (ibid., 53). Is díol spéise é, áfach, go léann Nóra cóip de *Woman's Choice* ón mbord (ibid., 60). Feictear codarsnacht anseo idir rogha Nóra agus an brú sóisialta a chuirtear uirthi. Is féidir glacadh leis an gcineál seo mothucháin mar chuid de pholaitíocht na náire, agus mar a mhíníonn Warner (2000b) é, “Most people cannot quite rid themselves of the sense that controlling the sex of others, far from being unethical, is where morality begins” (ibid.,

1). Is tríd an heitreanormatacht seo a spreagtar Nóra rogha an ghinmillte a ghlacadh. Soiléiríonn Warner (2000b) an chaoi a mbíonn an náire seo thar a bheith luachmhar agus contúirteach agus go n-eascraíonn polasaithe áirithe collaíochta as an heitreanormatacht (ibid., 7).

Mar an gcéanna, tá an cineál seo léirithe den heitreanormatacht agus an normatacht le feiceáil in ‘Ag Ithe Daoine’ [FNG] (Ó Conghaile 2003) agus súil á caitheamh go háirithe ar thógáil na normatachta. Buailteann príomhcharachtar an scéil le fear mistéireach agus déantar aitiú air, ag déanamh an heitreanormatacht a cheistiú. Agus an reacaire ar a bhealach abhaile le mála grósaera ina ghlac, tagann an fear ar an reacaire agus deir sé leis go bhfuil sé ag dul sa treo mícheart (ibid., 27). Is breithiúnas é seo ar an gcollaíocht phríobháideach, go bhfuil an reacaire ag dul sa treo mícheart i dtéarmaí na moráltachta. Feictear, mar sin, go bhfuil baint ag an spás (an bealach abhaile) agus mianta an fhir nuair a deir an fear, “Nár dhúirt mé leat anois díreach go raibh tú ag traill an bhealaigh mhíchirt?” (ibid.). Tugtar léiriú ar an normatacht anseo agus na tuiscintí atá ag an bhfear a itheann daoine faoi bhealaí cearta. Fiafraíonn an fear den reacaire an ina theach atá a leaba (ibid., 28) rud a threisiúnn an t-aitiú spáis a dhéantar san pháis. Meafar nó pearsantú é an fear a itheann daoine do neamhchomhfhios an reacaire. Scáthánú is es ea an fear do mhianta pearsanta collaí an fhile agus na tuiscintí atá aige faoin heitreanormatacht agus faoin aitiú. Tá an reacaire sáinnithe i saol normálta atá inghlactha ag sochaí a shuíonn laistigh sa scéal – a theaghlach, a bhean agus a ról sa phobal. Fiú osclaítear an gearrscéal le tasc atá thar a bheith normálta na siopadóireachta (ibid.). Is gnáthshuíomh normálta é seo ina dtagann an fear i láthair chun na slite a ndéantar normalú ar an saol a cheistiú. Is tríd an aitiú seo a cheistíonn Warner (2000b) an modh normalaithe agus an chaoi a sáraítear é (ibid., 54).

Ag filleadh ar *Cion Mná* (1993) Standúin, feictear san úrscéal go bhfuil tionchar nach beag ag an heitreanormatacht ar an bpobal, agus ar Therese agus ar Bhríde go háirithe. Is minic a thiomáineann an heitreanormatacht an bheirt san úrscéal, sna cinntí a dhéanann siad agus an cineál teanga a úsáideann siad. Tá nasc dosheachanta le feiceáil, anuas air sin, ar Therese agus a háit sa phobal. Is gá do Therese an ceantar Gaeltachta a fhágáil le teacht isteach ar a hinniúlachtaí gnó. Nuair a fhilleann Therese ar an nGaeltacht is léir go dtugann sí léi a scileanna gairmiúla. Ceistítear, áfach, cén fáth a bhfágann Therese an Ghaeltacht agus céard go díreach a threoraigh ar ais í chuici:

Chruthaigh sí í féin i Sasana i gcúrsaí gnó agus ó tháinig sí ar ais go Conamara mar phríomhfheidhmeannach an Údaráis chruthaigh sí arís gur duine éifeachtach fadbhreacha a bhí inti. Chuidigh an feabhas a tháinig ar an saol tar éis lag trá eacnamaíochta na n-ochtóidí agus na luath-naochadaí lena hiarrachtaí, ar ndóigh, ach thuig an saol mór gurb í an duine ceart san áit cheart í le breith ar thaoille tuile na heacnamaíochta. (ibid., 7)

Anuas air sin, feictear caidreamh trioblóideach heitreagnéasach ach fabhtach i bpósadh Bhrídie agus John ón tús agus feictear an chaoi a mbíonn tionchar ag an gcaidreamh heitreanormatach seo ar chaidreamh Bhrídie agus Therese. Nuair a fhaigheann athair Bhrídie bás, tá cathú ann di chun caidreamh heitreanormatach a chur ar bun lena hiarfhear céile arís. Tugann bás Bhrídie ar ais í dá dúchas agus braitheann sí go bhfuil uirthi a saol a chaitheamh leis agus cúinsí heitreanormatachta a shásamh. Is léir nach bhfuil Bridie go hiomlán ar a suaimhneas leis an gcaidreamh a chaitheann sí le Therese. Tá compord le brath nuair atá sí in éineacht le John toisc go réitíonn sé le cultúr na heitreanormatachta agus an spáis a théann leis:

Roimh dheireadh na seachtaine bhí sí ag tnúth leis an trí a chlog tráthnóna Dé Domhnaigh, nuair a thiofadh John arís. Níor thaitin léi gur airigh sí mar sin. Ní fhéadfadh sí é a rá le Therese, ach bhí faitíos uirthi go raibh sí ag titim i ngrá leis arís. Cinnte, bhí níos mó eatarthu ná mar a lig sí uirthi féin le fada, níos mó b'fhéidir ná mar a bhí sí sásta a admháil i ndáiríre, agus bhí sí idir dhá chomhairle. D'airigh sí ina croí istigh nach raibh sé ceart a bheith ag codladh le Therese, ach céard a bhí ann an chuid is mó den am ach cuideachta agus compóirt? (ibid., 151)

Is léir go bhfeidhmíonn an heitreanormatacht trí mheán an phobail; go ngluaiseann sí trí bhéal an phobail agus go leagtar srianta air, ní atá le feiceáil go cruinn sna saothair seo.

Dar le Plummer (2003) gurb é príomhthionscnamh Warner an pobal agus an frithphobal (nó pobal na haiteachta) a cheistiú (ibid., 1419). Dar le Warner (2000) gur coincheap trom leathan é an heitreanormatacht le cuid mhaith fuinnimh agus cumhachta taobh thiar de. Is feiniméan éagsúil é an heitreanormatacht agus na noirm a théann leis (ibid., 22). Is follasach do Berlant agus Warner (1998) go bhfuil an gníomh collaíochta ina ghné lárnach den heitreanormatacht. Dar leo go bhfuil an gníomh príobháideach seo

curtha i gcomhthéacs an phobail go minic (ibid., 555) nó mar a thugann siad air, *institutions of intimacy* (ibid., 553). Pléann na scríbhneoirí Gaeilge an chaoi a dtagann an cineál seo téama chun cinn agus an chaoi a bhfuil an heitreanormatacht mar ghné den náire. Nasctar an náire i gcónaí leis an normatacht mar a mhíníonn Warner (2000b: 7): Is minic a cheistítear go lom srianta na heitreanormatachta sna saothair liteartha Gaeilge is ábhar don tráchtas seo agus na bealaí éagsúla a mbíonn an fórsa uilechumhachtach seo le feiceáil iontu sa raon poiblí. Pléann Micheál Ó Conghaile, Pádraig Standún agus Cathal Ó Searcaigh ceisteanna cigiliteacha i leith an fhórsa seo agus pléann siad iad go cruthaitheach agus go héifeachtach.

### 5.1.2 An Soirbhíochas Cruálach agus Córas na nGaol

Ina saothar *Cruel Optimism*, déanann Lauren Berlant (2001: 1) cur síos ar an soirbhíochas (*optimism*) agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sé go cruálach. Dar léi gur téama uilíoch é an chaoi a mbíonn an duine meallta ag ní contúirteach (ibid., 1). Eascraíonn sé seo as taighde Rubin (1975) atá den tuairim in ‘The Traffic in Women: Notes on the “Political Economy” of Sex’ go bhfuil córas na ngaol (*kinship system*) seanbhunaithe go cultúrtha. Dar léi go bhfuil an cineál seo córais ar fáil in “...pre-state societies, kinship is the idiom of social interaction... as well as sexual activity” (ibid., 169). Trí mheán an chairdis, go háirithe, tagann córais ghaoil chun cinn. Bíonn na córais sin in úsáid chun béim a leagan ar dhífriochtaí inscní nó mar a deir sí, “Gender is a socially imposed division... Kinship systems rest upon marriage. They therefore transform males and females into “men” and “women”...” (ibid., 179). Má tá fir in ann cairdeas a chothú le chéile, agus má tá siad dírithe ar an gcollaíocht leis an gcórais gaoil a chur chun cinn, beidh orthu a bhfearúlacht a chosaint (Butler 1993: 7): Feicfear go bhfeidhmíonn agus go n-éiríonn leis an gcaidreamh homashóisialta mar chuid de ghréasáin na gcaidreamh i dtéacsanna na scríbhneoirí Gaeilge atá á meas. Cé go n-eascraíonn tuairimí Berlant (2001) as tuiscintí Rubin (1975), ní dócha go síneann Berlant a teoiricí i ngeall ar chóras na gcaidreamh don heitreanormatacht. I gcóras na gcaidreamh, feictear go bhfuil an soirbhíochas cruálach le feiceáil toisc go bhfuil an tsábhailteacht i gcroí na teoirice. Sa heitreanormatacht, déantar aon chaidreamh a thiteann taobh amuigh dá paraméadair, a dhiúltú agus mar sin cothaítear an heitreanormatacht trí mheán chóras na ngaol. Feictear go bhfuil téamaí den chuma seo



ar fáil go forleathan i litríocht na Gaeilge. Pléifear thíos, mar sin, an chaoi a gceistítear an soirbhíochas cruálach i leith na heitranormatachta i saothair na beirte.

In ‘Féincheist’ Uí Chonghaile [MAS] (1986) cuirtear beirt fhear óg in iúl don léitheoir agus iad ag cuardach teagmháil chollaí. Is léir go bhfuil tábhacht theanga na ngaol le brath sa scéal sa chaoi a mbíonn an reacaire agus cara leis ag brath ar a chéile chun gaoil a chothú. Pléann Ó Cofaigh (2004) an chaoi a raibh an dlúthchairdeas seo thar a bheith tábhachtach don bheirt phríomhcharachtar i gcaitheamh an ghearrscéil (ibid., 13). Déantar plé ar an gcaoi a bhfuil spéis ag an mbeirt acu sna mná agus tógtar an caidreamh trí mheán na mban (ibid., 11). Roimh dheireadh na hoíche tagann buíon *leais* le chéile le *bleaist chips* agus *burgers* a fháil. Molann Denvir (1991) agus Ó Cofaigh (2004) stíl teanga an scríbhneora agus an códmheascadh a bhíonn ar fáil sa scéal chun an cairdeas a léiriú. Léiríonn an códmheascadh seo an tsaoirse a bhíonn acu lena chéile, rud a chuireann go mór le hatmaisféar an scéil (Nic Eoin 2005: 362). Treisítear teanga ar leith an ghrúpa trí leas a bhaint as an gcódmheascadh seo. Éiríonn leis an scríbhneoir an Ghaeilge agus an Béarla a ionramháil go neamhchiotach le chéile, ag caitheamh solais ar mhodhanna cumarsáide nádúrtha aos óg na Gaeltachta (ibid., 34-35). D’aon ghnó a bhaineann an Conghaileach úsáid as an dá theanga le chéile le peirspictíocht agus réalachas na hóige i gConamara a léiriú (Titley 1987: 42). Pléann Ó Conchubhair i réamhá an chnuasaigh *Colours of Men* de chuid Uí Chonghaile (2012), an leas a bhaineann an Conghaileach as tiontú teangacha, nó malartú cóid, go nádúrtha ina chuid iarrachtaí próis:

Ó Conghaile’s use of language is contemporary, uncluttered and comfortable in its own skin. In keeping with the thematic consistency of these stories, there is here an embrace and celebration of the demotic, the natural spoken vernacular, rather than a kowtowing to some idealised petrified form of language. If the scenes are at times fantastical, the language is always grounded and playful, honest and true, yet keenly aware of, and alert to, its own hidden meanings and metaphorical potential. (ibid., 9)

Cuirtear an cairdeas in iúl go han-réalaíoch dá bharr agus cothaítear féiniúlacht na teanga sin dá bharr. Deir Ó Conchubhair (2005) gur iarracht é seo a léiríonn “...rejection of the cultural nationalist passion for cultural purity” (ibid., 221). Mar sin féin, ní raibh criticeoirí áirithe sásta le léiriú Uí Chonghaile ar theanga bheo an

cheantair, le rian an Bhéarla uirthi anseo is ansiúd. Bhí sé mar aidhm ag an gConghaileach, áfach, teanga chomhaimseartha a úsáid ó thús go deireadh an chnuasaigh seachas géilleadh don nós traidisiúnta chun an Béarla a sheachaint go huile is go hiomlán:

I remember people complaining [about *Mac an tSagairt*] and writing letters to *Comhar* about it. However, I had wanted to capture the contemporary language of the characters in the Gaeltacht I was writing about... how would a teenager in the local bar, for example, say this or that? Normally, when writing conversation, I would stick to that and that might mean mixing some words or phrases in English in through the Irish. There are times when the word in English is a lot stronger than the word in Irish. It can hit a lot harder... I always say that literature is bigger than any one language. If a writer can or has to go outside his own language to create something better, stronger, or more precise, a writer should do that, and will do that to try and reach that higher level of power in his writing. (Ó Siadhail 2005: 55-56)

Tá teanga an ghrúpa mar chuid de dhéantús an chaidrimh eatarthu agus treisítear an ceangal sin trí mheán na teanga. Fós féin, cuirtear caidreamh na bhfear i gcomhtéacs na mban i gcónaí; “Scaití ag moladh, scaití ag cáineadh, scaití ag tabhairt breithe” (ibid., 15). Nuair a fhágtar an bheirt ógfhear ansin ina n-aonar i dteach chara an reacaire, feictear go dtagann siad nach mór ón gcúlra céanna: “Chuaigh muid chuig an scoil lena chéile agus chaintigh muid air. D’fhág an bhliain chéanna. Ar an *dole* ansin” (ibid.). Is léir, dá bharr sin, go dtagann cairdeas na beirte agus an tóraíocht ar theagmháil chollaí a bhíonn ar siúl acu chun tosaigh sa scéal seo. Is léir, agus a chara básaithe, go bhfuil cumha ar an reacaire toisc go bhfuil deireadh tagtha leis an gcaidreamh. Agus mar sin féin, treisítear an caidreamh a bhí ag an reacaire leis an bhfear trí léiriú éifeachtach an chairdis roimh dhúnadh an phíosa. Éiríonn leis an gConghaileach deireadh an ghaoil eatarthu a rianú go caolchúiseach agus go héifeachtach:

Is bhí mise in éineacht leis an oíche sin... Go deimhin tá cineál áthas aisteach eicint orm a rá gur mé an duine deireanach a chonaic é... é ag dultáil an gheata ón taobh istigh. Pólóneac dearg a bhí air. Pólóneac dearg, seanjeans gorm... agus scairf dearg Man. United fáiscithe suas timpeall a mhuintil. (Ó Conghaile 1986: 19)

Is féidir léiriú chóras na nngaol a fheiceáil in ‘Ceann Dubh Dílis’ [SE] le Cathal Ó Searcaigh (1993: 149). Ag baint leasa as macallaí ó thraidisiún na n-amhrán grá sa Ghaeilge, éiríonn leis an bhfile an aiteacht a phlé go héifeachtach. I rith an dáin, scaoileann an file uaidh téama a chuireann síos go cruinn ar chaidreamh grá collaí agus

an chaoi a mbíonn córas na ngaol taobh thiar de. Ag tús an dáin, déantar grá collaí agus dílseacht chóras na ngaol a threisiú trí úsáid athrá den aidiacht sa chéad abairt. Cuireann fuaimeanna agus ceol an chéad rann le séimhe an ghrá agus na dílseachta. Mar sin féin, feictear an heitrenormacht sa chéad rann chomh maith toisc go n-osclaíonn a bpóga créachtaí Chríost, tá rúndacht ar leith ag baint leis an ngrá. Sonraítear caidreamh an fhile leis an leannán mar chuid de heitrenormacht chaidreamh na ngaol:

A cheann dubh dílis dílis dílis  
d'fhoscail ár bpóga créachtaí Chríost arís;  
ach ná foscail do bhéal, ná sceith uait an scéal:  
tá ár ngrá ar an taobh tuathail den tsoiscéal. (ibid., línte 1-4)

Baintear úsáid as comparáidí le créachtaí Chríost go héifeachtach agus go healaíonta mar mhóitíf ar an dochar ar féidir le grá agus leis an rúndacht a dhéanamh. Deir sé “...ná sceith uait an scéal” (ibid., líne 3) agus mar thoradh air sin, glactar leis go bhfuil tuiscintí áirithe ag an bhfile i leith an chaidrimh agus an rúin atá á choinneáil mar gheall air:

Tá cailíní na háite seo cráite agat, a ghrá,  
‘siad ag iarraidh thú a bhréagadh is a mhealladh gach lá;  
ach b’fhearr leatsa bheith liomsa i mbéal an uaignis  
‘mo phógadh, ‘mo chuachadh is mo thabhairt chun aoibhnis. (ibid., línte 5-8)

Is sa tríú rann den dán a thagann a chasann treo an fhile agus breathnaíonn sé ansin air féin seachas ar an leannán. Tá córas na ngaol á bhainistiú agus á chothú ag an bhfile sa chomhthéacs seo. Ach é sin ráite, is féidir déanamh amach go bhfuil an heitrenormatacht, heitrenormacht atá faoi bhláth sa dara rann, le feiceáil go han-soiléir sa dara rann, curtha san áireamh ag an bhfile sa tríú rann. Is anseo a úsáideann an file iarracht a ghrá a choinneáil leis agus ó chathú na gcailíní. Ina dhiaidh sin a léiríonn an file rúndacht agus heitrenormatacht an chaidrimh idir eatarthu:

Is leag do cheann dílis dílis dílis,  
leag do cheann dílis i m’ucht, a dhíograis;  
ní fhosclód mo bhéal, ní sceithfead an scéal  
ar do shonsa shéanfainn gach soiscéal. (ibid., línte 9-12)

Ina dhiaidh sin, éiríonn le Micheál Ó Conghaile (1997) caidreamh atá ag briseadh síos a léiriú in ‘Faoi Scáth Scáile’[AFP]. Feictear go bhfuil an caidreamh atá aige lena scáil á bhriseadh síos aige (ibid.,54). Tar éis dóibh an saol a chaitheamh in éineacht lena chéile, cosúil le “...lanúin shona phósta...”, tagann deireadh lena gcaidreamh. Is léir go bhfuil an chumhacht ar cheann de na cúiseanna nach bhfuil siad ar aon intinn lena chéile a thuilleadh. Easaontas a thagann chun cinn idir an bheirt acu agus iad ag teacht in inmhe an tsaol, ach “...scéal fada an anró a bhí san intinn scaradh” (ibid., 54) Léiríonn Butler (1990) gurb é an ciorrú coil a chruthaíonn fadhbanna do chóras na ngaol. Nuair a chuireann an ciorrú coil isteach ar chóras na ngaol, tagann an caidreamh chun deiridh (ibid., 73). Agus an reacaire ina thost i gcomhthéacs scaradh an chaidrimh, ritheann sé le ciall go bhfuil an caidreamh tagtha chun deiridh de bharr an fhéintruailithe agus gurb é scáil an reacaire bunús na faidhbe. Toisc nach sásaíonn caidreamh an reacaire critéir éagsúla an chórais ghaoil agus nach bhfuil aon rud fiúntach faoin gcaidreamh idir an bheirt, tagann deireadh leis.

Tá constaic den chuma chéanna ar fáil in *Sna Fir* le Micheál Ó Conghaile (1999) agus an caidreamh atá ag Johnny Rua le muintir na háite i gCeathrú na gCloch. Is minic a bhíonn Johnny Rua ag iarraidh a chuid amhrán a roinnt le muintir an tí ósta, ach níl dream an tí sásta ardán a thabhairt dó (ibid., 19). Tosaíonn muintir an tí ag spochadh as, iad dírithe ar an spórt ar an teilifís agus ag iarraidh ceol an tseanfhir a sheachaint. Is éard a chuirtear os ár gcomhair anseo ná gné den *sanctioned heterosexuality* de chuid Judith Butler (74: 1990). Cuirtear brú ar Johnny Rua gan a chuid amhrán a rá toisc go bhfuil fir an tí ósta dírithe ar an gcairdeas a thaispeántar trí mheán an spóirt. Tá Johnny Rua ag déanamh a sheacht ndícheall paraiméadair an chaidrimh sin a chaitheamh bunoscionn agus aird an chaidrimh a dhíriú air féin, rud nach gceadaítear i dtógáil an chaidrimh idir na fir. Is díol spéise é an cúram a thugann an Conghaileach do na himreoirí nuair a bhuann siad an cluiche. Sonraíonn an scríbhneoir an caidreamh homashóisialta. Léirítear caidreamh na ngaol ar siúl ag na himreoirí, na caidrimh atá á choinneáil slán acu, agus é ar mhaithe le caomhnú na heitrighnéasachta:

Tá scata de na himreoirí á leanacht, ar a míle dícheall ag iarraidh teacht suas leis. Iompaíonn sé thart os a gcomhair ansin agus léimeann duine acu isteach ann – ag scaradh a chos, á ardú féin den talamh de thruslóg amháin, ag breith barróige air agus á phógadh go díograiseach. Is

gearr go mbíonn siad tite ar an talamh agus ceathrar nó cúigear eile carntha ina mullach, iad ` burláilte ina snaidhm ollmhór fáiscthe de chosa, de lámha agus de chloigne. Nuair a scarann siad óna chéile ina nduine is ina nduine déanann an scórálaí a bhealach ar ais chuig a ionad féin ar an bpáirc, na himreoirí nár theagmhaigh leis go dtí seo á bhualadh agus ag fí a gcuid méaracha trína chuid gruaige... (Ó Conghaile 1999: 17)

Filleann an Searcach (2001) ar rúndacht chóras na ngaol ina dhán úd 'D'Ainm' [ABB] (ibid., 180). Oscailt phléascach a chuireann an file os comhair an léitheora nuair a mhíníonn gur dúradh leis gan ainm a leannáin a lua a thuilleadh. Arís eile, cothaítear córas na ngaol agus an heitrenormatacht atá i gcroí an choráis sin, agus feictear é go han-soiléir sa rann seo. Leanann an reacaire teoracha a leannáin, tuigeann sé go maith bhfuil air coinbhinsiúin ar leith na heitrenormatachta a shásamh chun a ghaol leis a chothú. Sa dara rann, léirítear fulangacht an tSearcaigh sa rann sin “Cé go raibh sé dian agus ródhian” (ibid., líne 5). Tá ar an reacaire díograis a chaitheamh chun córas na ngaol a chaomhnú agus chun an heitrenormatacht a choinneáil slán ó bhagairt. Mar sin féin, cuireann rúndacht an atmaisféir lena mhothúcháin:

Rinne mé mar a dúirt tú, a chroí,  
Ach mar shíol,  
Phéac d’ainmse sa dorchadas,  
Phéac sé agus d’fhás sé  
I dtalamh domasaí mo dhoichill  
Go dtí gur shín a ghéaga  
Aníos agus amach  
Frid bhlaosc mo chinn is mo chéille ... (ibid., línte 11-18)

Baineann an file leas éifeachtach as siombail an ainm chun rúndacht chóras na ngaol sa chomhthéacs seo a chur chun solais. Déanann an Searcach seo a phlé agus éiríonn leis téama na heitrenormatachta, atá i gcroí chaidreamh na ngaol, a chur i bhfeidhm. Ina dhiaidh seo, úsáidtear an t-athrá chun béim a leagan ar na hiarrachtaí a rinneadh srian a choinneáil ar ghrá an fhíle. Tá sé i gceist ag an Searcach príomhthéama an dáin a chur os comhair an léitheora trí mheán an athrá. Cé go bhfuil air cuing na rúndachta a choinneáil ar an mbóthar ceart, cloiseann sé ainm an reacaire arís is arís eile:

Dúirt tú liom agus tú ag imeacht  
Gan d'ainm a lua níos mó...

Ach níl leoithne dá dtig  
Nach gcluintear an crann seo ag sioscadh... Joe... Joe. (ibid., línte 19-22)

Cíorann Butler (2002) in ‘Is Kinship Always Already Heterosexual?’ córas na ngaol i dtéarmaí Éideapacha go minic. Dar léi go dtiteann caidrimh as a chéile de bharr an choimpléisc sin (ibid., 30). Is éard atá le feiceáil ná go mbíonn an coimhleács Éideapach mar ghné de chóras na ngaol agus é ag iarraidh an dinimic inscne atá léirithe a chur i gcrích go slán sábháilte. D’eascair na tuiscintí seo as taighde Gayle Rubin (1975) a ghlac le tuiscintí Lévi-Strauss agus a chuid tuairimí i dtaobh chóras na gcaidreamh (ibid., 183). Éiríonn leis na scríbhneoirí Gaeilge seo córas na ngaol a aitiú agus a chaitheamh bunoscionn. Ceistítear cineálacha caidreamh agus na claontaí atá ann chun an heitreanormatacht a choinneáil slán ó bhagairtí na haiteachta. Mar sin féin, is gá an chaoi a ndéantar láimhseáil ar an gcorp agus ar mhianta an choirp a cheistiú i saothair na scríbhneoirí céanna.

### 5.1.3 *Mianta Collaí agus an Corp: The Field of Interpretive Possibilities*

Tá an corp go teoiriciúil ina oibiacht (Butler 1993: 16). Dar léi go ndéantar corp a rialú go sóisialta agus go cultúrtha (Jagger 2008: 76). Mar atá tuairimithe ag Butler (1993) tá an corp oibiachtúil á rialú go dlúth ag noirm agus ag an mórcheannas heitrihnéasach (*heterosexual hegemony*). Ina dhiaidh sin, ceistíonn Butler an chaoi ar féidir leis an gcorp siombalach seo rud éigin a shárú tríd an aithint (ibid., 16). Tagann an corp chun cinn mar “...ingratiating and obsequious and imitative and aggressively passive and silent – you learn, in a word, femininity” (MacKinnon 1993: 7). Mar sin, tógtar an corp go dioscúrsach agus baintear úsáid as ar bhealach inscneach agus heitreanormatach. Mar a mhaíonn Butler, is coincheap é an corp atá nasctha cuid mhaith, nó inscríofa, le mianta agus dioscúrsaí (1986: 46). Dar léi gur gné shuntasach é an corp den fhéiniúlacht agus den láimhseáil inscne, nó mar a deir sí “...the body is a *field of interpretive possibilities*...” (ibid., 45). Is as seo a thagann an corp chun cinn mar chumarphointe cultúrtha (*cultural nexus*), áit a mbíonn an corp fréamhaithe sna noirm (ibid.). Chomh maith leis sin, bhí smaointeoireacht Simone de Beauvoir (1953) mar réamhtheachtaí di freisin (ibid., 284). Cé go dtráchtann de Beauvoir agus Butler ar an gcorp agus na slite

ina dtógtar é trí mheán na heitreanormatachta agus an chultúir, ní dóigh go léirítear na slite ina bhfuil an raon poiblí agus an spás mar chuid lárnach i dtógáil an choirp. Is féidir tuiscintí áirithe na scríbhneoirí Gaeilge Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh i leith na mianta agus an choirp a aithint ina gcuid scríbhneoireachta agus na nascanna móra a dhéantar idir an corp agus an t-aitiú spáis. Breathnófar anois ar na slite a mbíonn an ceangal idir an corp agus mianta an duine le feiceáil i dtéacsanna dá gcuid.

Ina ghearrscéal ‘Cos Liombó’, léiríonn Ó Conghaile (2003) neamhord an choirp mar shárú ar an normatacht agus nasctar an spás leis an gcorp mar aitiú. Tá éagsúlacht ábhar le cur san áireamh anseo agus na slite a n-éiríonn leis an údar ábhar casta teibí a láimhseáil go cumasach. Tá raidhse mór d’ábhair le blaiseadh i scríbhneoireacht Uí Chonghaile; cnuasach amháin ina bpléascann coirp ón leathanach: “...daoine, coiscíní, teagasc na heaglaise, baothchaint polaitoirí, ráflaí, ábhair gheise ar nós an homaighnéasacht rúnda...” (Byrne 1998: 25). Fiú le rud éigin chomh simplí leis an gcois, éiríonn leis an corp a léiriú go sothuigthe soiléir. Tá tábhacht an choirp sonraithe ag Ó Conghaile leis an léiriú a dhéantar ar Réamonn Rua Ribeach agus a chos gortaithe go dona aige. Timpiste bhóthair ba chúis leis (ibid., 47). Cé go bhfuil sé gorthaithe go dona aige, ní ligeann sé scread as an “...seac...” (ibid.) a bhí air. Éiríonn an Simpleoir, príomhcharachtar an phíosá, an-fhiosrach faoin suíomh áirithe seo agus é an-tógtha le corp Réamoinn. Is éard a chuirtear os comhair an léitheora ná teacht le chéile an phobail agus iad ag breathnú agus ag stánadh ar an bhfear gortaithe ag suíomh na timpiste (ibid.). Tá an pobal, agus an Simpleoir, ag stánadh ar chorp gortaithe Réamoinn agus iad ag aitiú an raoin. Cuirtear, ina dhiaidh sin, guth an phobail i mbéal an tSimpleora, gealt de chuid an bhaile, a fheidhmíonn mar chosantóir na norm nuair a fhógraíonn sé “Is cosúil nach dtabharfaidh an diabhal bocht na cosa leis – ceann acu, ar aon nós” (ibid.). Tagann dochtúirí an phobail ar deireadh le cos Réamoinn a leigheas. Cuireann an Simpleoir ceist ar an bhfear gortaithe ansin maidir leis an áit arbh fhearr leis go ngearrfaí a chois ionas go mbeadh sé in ann éalú óna charr (ibid., 49). De réir mar a ghluaiseann an scéal ar aghaidh, tagann an Simpleoir ar neart ceisteanna eile maidir leis an gcois agus cá háit a gcuirfeadh í nuair a ghearrfar de Réamonn í (ibid., 52). Feictear an tábhacht a leagtar ar an gcorp agus nascanna a bhaineann leis an spás. Is gá don Simpleoir corp Réamoinn a chur in áit ar leith toisc go sáraíonn sé coinbhinsiúin

inghlactha na sochaí. Dar leis an Simpleoir go mbeadh Liombó maith go leor don chos ghearrtha toisc nach bhfuil pian nó sonas ann i gcodarsnacht leis an raon poiblí (ibid.). Míníonn Réamonn go mb'fhearr leis a shaol a chaitheamh gan cos ar bith seachas a bheith ar leathchois (ibid., 54). Tá an t-idirstad seo, mar a léiríonn Réamonn le húsáid na leathchoise, ar nós Liombó. Leis an leathchois, ní féidir le Réamonn a shaol a chaitheamh i gceart, tuiscint a chuireann an Simpleoir in iúl sa ghearrscéal. Nuair a chuirtear an corp i gcomhthéacs na polaitíochta, maíonn Butler gur gá ceisteanna a chur ar nós “Is “the body” or “the sexed body” the firm foundation on which gender and systems of compulsory sexuality operate? Or is “the body” itself shaped by political forces with strategic interests in keeping that body bounded and constituted by markers of sex?” (1990: 129). Más rud é go mbriseann corp Réamonn na critéir sin a bhaineann go dlúth le hinscne, an féidir a rá nach gcuirfí spéis ó thaobh an collaíochta ann? An mbíonn aon chorp a luíonn laistigh de noirm fágtha ar an imeall (Butler 1993: 23). Is féidir a áiteamh go bhfuil ceangal feiceálach i gceist chun an corp a chur i gcomhthéacs na háite. Díol suntais é go ndéantar an corp smálaithe a aitiú agus a chur as a riocht.

I saothair Uí Shearcaigh is minic a bhíonn an corp agus an spás mar théamaí coitianta ann. Feictear go n-úsáidtear an corp mar théama agus mar mhóitíf leanúnach in iarrachtaí fileata an scríbhneora. Is féidir an t-aitiú a dhéantar ar an gcorp agus ar an spás a fheiceáil ina dhán úd 'Gorm' [NBB] (Ó Searcaigh 2001: 190). Dathaíonn an file sraith íomhánna éifeachtacha ina dhánta a spreagann ceisteanna a bhaineann leis an gcorp agus an chollaíocht. Ag tús an dáin deir an file gur chas sé ar “Buachaill breá, b'álainn a ghné agus é i mbláth na hóige” (ibid., 1). Fiú ag tús an dáin, déantar óige an bhuachalla a rianú agus é curtha i gcomparáid le bláth. Feictear ar an bpointe boise go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcorp, áilleacht an choirp, agus an spás timpeall air. Is suimiúil an chaoi a ndéanann an Searcach seo a léiriú agus a chur i gcomhthéacs an nádúir i gcónaí. Déantar an Fál Carrach a aitiú trí mheán na collaíochta agus trí mheán an choirp. Baineann an file agus a leannán leas as an nádúr chun a gcoirp a shásamh a chur i gcomhthéacs an nádúir:

Buachaill breá, b'álainn a ghné agus é i mbláth na hóige.

As Doire, bhí sé ar saoire carabháin ar thrá an Fhál Charraigh.

Chuaigh muid araon, lá amháin, ar siúlóid sléibhe go Loch na mBreac Beadaí;

Muid ag gleacaíocht lena chéile go pléisiúrtha agus ag déanamh spraoi



fá na túrtóga fraoigh agus fá na hísleáin siar ó Abhann Mhín an Mhadaidh. (ibid., línte 1-5)

Leantar le móitíf an choirp i gcuid eile an dáin nuair a deir an file go raibh “... a chraiceann grainghortha cumhara le mús na raideoige/ tráthnóna Domhnaigh úd...” (ibid., línte 6-7). Tá an spás poiblí agus an nádúr a bhaineann leis, curtha i gcomhthéacs an choirp sa líne thuas. Éiríonn leis an Searcach nóisin i dtaca leis an gcorp a cheistiú go héifeachtach trí úsáide na siombaile. Treisítear teideal an dáin trí mheán an athrá i línte deireanacha an dáin nuair a chuirtear dáth shúile an bhuachalla i gcomparáid le “...uisce fómhair faoi ghléradh na spéire” (ibid., líne 12). Tugtar suntas anseo don chorp agus don aitiú a dhéantar air dá bharr. Tógtar an corp trí leas a bhaint as meafair agus siombailí an nádúir.

Ar an gcuma chéanna a chuirtear an corp in iúl mar shuíomh ina dtagann dioscúrsa chun cinn in ‘As Láimh a Chéile’ [AFP] le Micheál Ó Conghaile (1997). Cuirtear suíomh tábhairne aerach in iúl sa ghearrscéal ina léirítear an spás poiblí ann. Déantar scagadh ar an gcaoi a ndéantar catagóiriú ar chollaíocht agus ar inscne mar “...point of departure of the various cultural constructions it has come to bear” (Butler 1993: 28). Breathnaíonn an reacaire air féin mar rí sa chlub agus tá gach éinne eile mar rogha “...banríon le bronnadh...” air (Ó Conghaile 1997: 38). Tá mórtas coirp le blaiseadh anseo ag an reacaire agus cuireann sé an t-atmaisféar sa chlub in iúl don léitheoir. Deirtear go raibh an club *hot*, “Bhí an áit seo *hot* anocht, a mhac, thar a bheith *hot*. Ní te anois ach *hot*” (ibid.). Tá an spás agus an corp tagtha le chéile anseo agus éiríonn leis an bhfile seo a chur in iúl go héifeachtach. Míníonn an reacaire go bhfuil aithne aige ar chuid mhór de dhream an chlub agus gur aithne fhisiciúil atá i gceist. Díol spéise is ea an “...aithne chraicinn...” a chuireann an corp agus mianta an choirp anseo (ibid.). Tá an aithne chraicinn seo nasctha go dlúth leis an spás sa chaoi is go gcuirtear aithne ar na coirp sin trí mheán an raoin seo ina ndéantar aitiú air. Is sa chlub aerach a thagann an reacaire ar dheiseanna collaí chun coirp a aithint.

Anuas ar léiriú an chlub oíche, cuireann an reacaire síos ar choirp na beirte i gcarchlós an tséipéil atá ina raon poiblí collaí. Más rud é go bhfuil an corp caite ina inscne de réir an méid a mhaíonn Butler (1988: 523), is léir go bhfuil fearúlacht na beirte curtha in iúl

le linn dóibh a bheith ag luí lena chéile. Is féidir a mhaíomh, anuas ar thuiscint Butler, go bhfuil an spás agus an raon poiblí nasctha go dlúth lena chéile. Feictear thíos an chaoi a ndéantar an corp a aitiú agus an bheirt ag luí lena chéile i raon poiblí an charchlóis:

Bhí mo lámh ar a ghlúin. Leag sé a lámh féin os a cionn, gur fhigh a mhéaracha isteach idir mo mhéarachasa go fáisciúil leochaileach tláithe. D’iompaigh mé aníos bois mo láimhe gur shnaighmnigh ár méaracha. D’fháisc muid bosa a chéile tuilleadh... Spadhar gnéis thús na hoíche ar neamhní. An suaimhneas síochánta de mo phriocadh, d’fhéach mé sna súile air, mo lámh thais i ngreim go fáisciúil i gcroí láimhe féin. Bhí cineáltas an strainséara sa bhfáisceadh sin. (Ó Conghaile 1997: 45)

Éiríonn leis an Searcach an corp a chur i gcomhthéacs an spáis ina dhán ‘Crainn’ [SE] (1993: 158), áit a gceistítear fisiciúlacht an choirp agus an t-inscríobh insneach a dhéantar air mar chonstráid shóisialta. Le húsáid íomhánna dúlra, gnáthchleas is gnáthnós an fhile, léiríonn an Searcach na slite a dtagann an corp agus an chollaíocht le chéile leis an inscne agus an raonú spáis. Ní bhíonn drogall ar an bhfile an corp a nascadh leis an dúlra trí mheafar an chrainn. Áitíonn an Searcach gur dídean é a ghrá agus go bhfeidhmíonn sé mar chosaint dó. Trí mheán an athrá déantar an pearsantú seo a threisiú arís is arís eile:

... is tusa crann darach fearúil is lán d’fhéile.  
Is tusa an crann darach a thugann dídean  
don taistealaí a thuirsiú ionam i lár na hoíche;  
Is tusa an crann darach a thugann dearcáin  
don pháiste a shúgraíonn asam oíche na gaoithe. (línte: 4-8)

Gluaiseann príomhthéama an dáin chun cinn ina dhiaidh sin nuair a dhéanann an file tuilleadh léirithe ar an gcrann a fheidhmíonn mar shiombail ghrá. Tá Ó Dúill (1996) den tuairim go n-éiríonn leis an Searcach tírdhreach dúchasach na háite a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go snoite ina chuid filíochta. Cé go bhfuil tuiscintí Uí Dhúill bunaithe ar an spás, is féidir déanamh amach sa dán áirithe seo go bhfuil an corp agus an spás nasctha go dlúth lena chéile:

Cathal Ó' Searcaigh [sic] has the unusual advantage as an Irish-language poet that he was born into and grew up in a Gaeltacht area, and thus has linguistic resources enjoyed by hardly any

other poet. But it is proposed to concentrate here on what the poet says rather than on the way he says it. While Ó Searcaigh does not share the religious and behavioural norms of the society in which he lives, he is able to draw on that society's tradition... (ibid., 14)

Más rud é go ndéantar an corp a chiallú trí mheán an raoin phoiblí, is cinnte go ndéanann an Conghaileach iarracht greim a fháil ar an tslí a gcuirtear an corp a chur i gcomhthéacs na collaíochta. Cuirtear tuiscintí i leith an t-aitiú spáis in *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2001) de chuid Uí Chonghaile. Cuirtear mianta collaí Jeaic in iúl sa saothar agus an caidreamh míchompordach a chruthaítear le Niamh Chinn Óir, ainm a thugann sé uirthi “...a threiseodh a háilleacht féin agus a bheadh ag rince ina saol” (ibid., 20). Tá caidreamh neamhghách, de réir Uí Chofaigh (2004: 34), le feiceáil i gcaitheamh an téacs, idir fear ag dul in aois agus Niamh óg. Cuirtear mianta Jeaic in iúl go soiléir ina chuid aislingí. Dúisíonn sé tar éis dó a bheith i mbun brionglóidí fúithi agus é báite ina fhuarallas (ibid., 53). Cuireann an reacaire síos ansin ar cé chomh fliuch atá Jeaic a bhí ag sceitheadh uaidh ach nach dtuigeann sé cén fáth. Freagairt dhíreach chollaí atá i gcesit leis an bhfliuchadh dá mhianta collaí. Cé gur de thoradh ar an mbrionglóid an fliuchadh, mothaíonn sé go gcaithfidh sé an spás timpeall air a iniúchadh, rud a chuireann go mór leis an téama idir lámha: an corp, an chollaíocht agus an t-aitiú spáis:

D’ardaigh an laiste agus d’oscail isteach chuige. Bhreathnaigh amach. Ní fhaca tada. Thóg dhá choisméig amach taobh amuigh ar na céimeanna sa bhfionnuaire. Ach tada ní raibh sé in ann a chloisteáil, a fheiceáil, a bholú, nó a mhothú, ach amháin an dorchadas dubh a bhí pacáilte ina bhlocanna tiubha chuile áit ina thimpeall. (ibid., 53)

Chomh maith leis sin, ag druidim i dtreo dheireadh na nóibhille, fanann sé ina theach i ndiaidh do Niamh Chinn Óir cuairt a thabhairt air ionas go mbeidh sé in ann a rian a choinneáil sa teach (ibid., 79) agus “Bholaigh sé a boladh bándearg milis a bhí ar foluain ar fud an tí os a chomhair mar a bheadh féileacán daite damhsach samhraidh ann” (ibid., 80). Déanann an Conghaileach cur síos ar chorp Jeaic agus an chaoi a bhfuil an chollaíocht nasctha go dlúth leis an gcorp agus an spás timpeall air. Is minic a thagraíonn Butler do chúlra teangeolaíochta an choirp agus an chaoi a gcuirtear an corp i gcónaí in iúl trí mheán teanga (Jagger 2008: 57). Mar sin féin, ní dócha go ndéanann

tuairimí Butler i leith an choirp treabhadh ceart ar an slite ina dtagann an spás agus an t-aitiú spáis chun cinn ina leith.

Is í ábharthacht an choirp agus an chaoi a dtógtar é ó thaobh na teangeolaíochta de an ghné is tábhachtaí do Butler (1993:11). Dar léi nach féidir ábhar casta ar nós an choirp a shimpliú go héasca ná go teangeolaíoch, nó mar a deir sí bheadh an corp *reduced to a verbal action* (ibid., 6). Tá trasghearradh an choirp agus na mianta a théann leis le feiceáil in iarrachtaí ár gceathrar scríbhneoirí Gaeilge ach mar sin féin tá ceisteanna ann. Más rud é gur constráid é an corp a tógadh, cé a thóg an tógálaí? Míníonn Butler é seo tríd an gceist a chur ar ais orainn, cén fáth ar chóir a bheith gafa leis an gcineál sin ceiste ar an gcéad dul síos (ibid., xi). Tá mianta agus an corp mar ghnéithe polaitíochta feimineacha agus samhlaíonn Butler iad mar chonstráidí daingne seasmhacha (Butler 1990: 128). Léiríonn Kelly agus Nayak (2006) go bhfuil sé mar aidhm ag Butler na cineálacha smaointe seo a cheistiú agus na noirm a bhaineann leo a chur i gcomhthéacs an choirp (ibid., 467). Mar a fheictear dóibhsean, leathnaíonn Butler tuairimí Foucault i leith an choirp agus deir sí go bhfuil an corp ann mar thoradh ar institiúidí éagsúla agus na slite a dtagann na hinstitiúidí sin i bhfeidhm ar an gcorp go ginearálta. Nó mar a mhíníonn sé féin é, gur *social temporality* é an corp (ibid.). Mar sin féin, tá Jagger (2008) den bharúil go bhfuil an cineál seo cur chuige ag luí de réir nádúir leis an léiriú a thugtar ar an gcorp (ibid., 55). Is léir go bhfuil ceangal le feiceáil idir an corp agus an chollaíocht ach is féidir an tuairimíocht a fhadú agus chun cur leis. Feictear go bhfuil an t-aitiú spáis le feiceáil go tréan i saothair na beirte scríbhneoirí faoi chaibidil. Ach an féidir ceisteanna a chur i gcomhthéacs na heitrihnéasachta?

## **5.2 An Mhairís Heitrihnéasach**

### *5.2.1 An Mhairís Heitrihnéasach: The Straight Mind agus an tAitiú*

Is í tuairim Monique Wittig (1992: 55) in *The Straight Mind* gur ceart ceisteanna a chur i leith an mheoin dhírigh agus cultúr na norm a d'eascair as. Dar léi go gcruthaítear an fhéiniúlacht phríobháideach trí mheán tuiscintí a eascraíonn as an bpobal go háirithe i dtaobh thógail na hinscne. Ina réamhrá le haiste Judith Butler (1993c), 'Imitation and Gender Insubordination', pléann eagarthóirí *The Lesbian and Gay Studies Reader* an chaoi a dtógtar an heitrihnéasacht go sóisialta. Is léir nach n-aontaíonn Butler go hiomlán le tuairimí Wittig go bhfuil an chollaíocht agus an heitrihnéasacht ar fáil de

bharr na mairíse heitrihneasaí (Salih 2002: 48). In ‘Critically Queer’ (Butler 1993d), pléann Butler an t-idirphlé idir collaíocht agus inscne agus an chaoi a bhfuil mianta agus caidrimh i gcoirí na gcoincheap (ibid., 28). Dar léi go mbíonn an claonadh ann chun glacadh leis go mbíonn fir i gcónaí meallta ag mná agus mná i gcónaí meallta ag fir. Tagann loighic shamhailteach (*imaginary logic*) chun cinn atá bréagach, dar léi (ibid.). Fiú má theipeann ar an mairíse agus nach féidir í a bhainistiú i gceart, glactar leis an heitrihneasacht mar bhunchlaonadh collaí agus luíonn an inscne leis an gclaonadh collaí sin de réir nádúir. Cé go bhfuil an mairíse seo, lena feidhmeanna normalaithe inscni, ag iarraidh noirm a choinneáil ar an mbóthar ceart, is féidir fós an gort seo a cheistiú agus a chur trí shúil na haiteachta (Butler 2008: 5). Ach an bhfuil aon fhiúntas i dtaobh na dteoiricí seo? Má thógtar inscne, má thógtar an heitrihneasacht, nach féidir a áiteamh go dtógtar na teoiricí seo agus go dtógtar an spás bunaithe timpeall air? Déanfar luach na tuairimíochta seo a cheistiú go turgnamhach san aonad seo: an bhfuil an meon díreach, nó an mairíse heitrihneasach le feiceáil i saothair na scríbhneoirí Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh?

In ‘An Chéad Duine Eile’ le Micheál Ó Conghaile (2003), pléitear an chaoi a ndéantar inscniú ar an leanbh agus é fós i mbroinn a mháthar (ibid., 121). Is éard a chuirtear os comhair an léitheora sa ghearrscéal ná an saol normalaithe agus an páiste fós sa réamhshaol. Ceistíonn an gasúr an bás fiú sula dtagann sé ar an saol. Faoi mar a áitíonn Butler (1993), tagann an difríocht inscne seo chun cinn ar nós “...the articulation of the forms suggest that sexual difference operates in the very formulation of matter...” (ibid., 52). Is é sin, go dtagann an inscne chun cinn mar chonstráid fiú ag leibhéal an réamhshaoil agus an gasúr fós i mbroinn a mháthar.

Dá bhféadfá an t-aistear fliuch seo romhat a sheachaint. Stopadh anois. Anseo. Gan dul stróc amháin níos faide. Ba shábháilte go mór an bheobhroinn ina raibh tú cuachta. Agus na saolta uile eile sin a bhí ag faire amach go héagóirach ort? Airdeallach ort. Iad mistéireach strainséarach. Spreag dé éigin ionat. Má bhí tú drogallach, bhí tú fiosrach – óir bhí do neamhshaol cealaithe go héagóirach ort feasta. Tú ar aimsir. Ar thuras. Ní turas ach oilithreach Oilithreach d’aistear achranach. Romhan is dóigh. Romhat faraor! Rud ar bith ach Saol... (Ó Conghaile 2003: 113)

Mar sin féin, léiríonn an scríbhneoir nach bhfuil cumhacht ar bith ag an bpáiste sa saol, nó fiú ina scéal féin (ibid.). Pléann an Conghaileach go héifeachtach na bealaí a bhíonn easpa cumhachta i gceist leis an saol ach go mbíonn cúrsaí cultúrtha ag coinneáil smachta ar an duine. Luíonn an inscne, an fhearúlacht, le *compulsory heterosexuality* (ibid.) mar a thugann Butler air. Mar thoradh air sin, ní bheidh rogha an chlaonta chollaí ag an ngasúr le linn dó a bheith ag fás aníos. Dar léi go gcuirtear brú ar an duine glacadh leis an mbunchlaonadh seo agus é curtha in oiriúint don mhaitrís heitrihnéasach (ibid.). Dá réir sin, bíonn coinníollacha áirithe cultúrtha inscríofa ar chorp an ghasúir agus beidh air glacadh le seasamh áirithe sóisialta beag beann ar aon tuiscint a dtagann sé air faoi féin go nádúrtha, "...for every oppositional discourse will produce its outside, an outside that risks becoming installed as its non-signifying inscriptional space" (ibid.). Is féidir an gasúr a aitiú dá thoradh sin agus glacadh leis mar chuid den mhaitrís heitrihnéasach. Mar sin, más rud é go bhfuil noirm ann mar chuid den mhaitrís inscne seo, ba chóir go mbeadh rian den difríocht ar fáil ionas go dtreiseofaí noirm (ibid., 226). Ach más rud é go ndéantar an mhaitrís inscne seo a chur san áireamh i dtuiscintí Butler, nach bhfuil catagóir eile á bunú aici? Trí mheán na teanga, an féidir catagóirí d'aon chineál a sheachaint? Ar nós an bháis le linn an ghearrscéil, ní féidir catagóirí nó teanga a sheachaint:

Piocfaidh sé leis sibh – ceann i ndiaidh a chéile mar a dhéanfaidh faoileán droma dhuibh le faochain sa glcladach, le haghaidh béile sealadach. Nach léir go mbeadh sé míréasúnta do Shaol troid le Bás faoine duine beag is lú amuigh. (Ó Conghaile 2003: 115)

Is mar bhunchlaonadh inscne agus collaí a fheictear an heitrihnéasacht mar ghné den mhaitrís heitrihnéasach san úrscéal *Stigmata* le Pádraig Standúin (1974). Is éard a léirítear san úrscéal seo ná torthaí na maitrise ar an tsuibíacht a théann i gcoinne an *status quo*. Feictear go ndéantar imeallú sóisialta ar Bhidín, bean atá tagtha in aois anois, toisc go raibh sí ag iompar clainne agus í ina hógbhean. Mar sin féin, is léir go bhfuil Áine agus Mairéad ag iarraidh breathnú ina diaidh ar son na carthanachta. Níl Bidín sásta glacadh leis an gcarthanacht ar chor ar bith toisc go dtagann an bheirt bhan ón tsochaí a ndearnadh imeallú uirthi. Go hiorónta, deir Mairéad "...nach bhfuil sí i dteideal an sórt saoil atá uaithi a chaitheamh, más é sin atá uaithi" (ibid., 14). Má ghlahtar leis go bhfuil brú as cuimse ar an duine trí mheán na maitrise heitrihnéiseachta, nach bhfuil saoirse áirithe ar fáil nuair a bhristear na rialacha sin,

faoi mar a léirítear é i gcás Bheidín? An dtiteann an tóin as teoiricí Butler and Wittig sa chaoi seo? Rinneadh imeallú sóisialta uirthi toisc nár lean sí an saol a bhí i ndán di laistigh den mhaitrís heitrihnéasach, b'fhéidir, ach nach in mar a roghnaigh sí an saol? Fós titeann Bidín i gcatagóir eile chumhachta a choinníonn greim uirthi. Fiú más duine heitrihnéasach í, is bagairt fós í toisc go dtéann sí i gcoinne fórsaí sochaíocha. Pléann Jeaic, fear céile Mhairéad, atá ag iarraidh trócaireacht a léiriú do Bheidín, seo go lom:

Deir daoine go raibh sé marbh ag teacht ar an saol de bharr na drochíde a thug a máthair di nuair a fuair sí amach go raibh Bidín ag súil. Deir daoine eile gur thug sí uaithi le haghaidh adoption é agus í i Londain. Cá bhfios dúinn nach ceann de na *habortions* sin a bhí aici? Níl a fhios ag duine ar bith ach aici féin, is dóigh. (ibid., 16)

Is féidir an mhaitrís heitrihnéasach a fheiceáil go sonrath i ndán Chathail Uí Shearcaigh 'Amhráin Bheaga' [OO] (2001: 229). Feictear an file agus a bhriseadh croí nuair a thugann sé faoi deara nach bhfuil spéis ag a leannán ann ach gur heitrihnéasach é. Sa dán seo déanann an file cíoradh ar théama an ghrá agus ar thuiscintí atá aige ar a leannán. Sa chéad rann, feictear ionramháil á dhéanamh ag an Searcach ar an rúndacht a bhaineann lena ghrá:

á bhfosclóinn mo bhéa, dá nochtóinn mo smaointe,  
dá ligfinn mo rún leis agus é i mo dháil... (ibid., línte 2-3).

Cuireann an file dallmullóg air féin ina dhiaidh sin, ag iarraidh a mhothúcháin a cheansú go hiomlán. Sa líne dheireanach de chuid an rainn áirithe sin, deir sé go brónach nach "... dtógann tú cian domh ach amháin i mo bhrionglóidí" (ibid., líne 6). Léirítear, mar sin, go dtuigeann an file nach féidir leis caidreamh collaí nó grá a chothú lena leannán ach ina bhrionglóidí, rud a chuireann as dó. Treisítear an mhaitrís heitrihnéasach, ina dhiaidh sin, sa dara rann. Cé go mb'fhéidir go bhfuil na tuiscintí seo á scrúdú ag an Searcach, fós d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil smacht ag an duine an dá thrá a fhreastal; gur féidir leis a mhianta collaí a shásamh ach chomh maith leis sin a rúndacht a choinneáil slán ó bhagairt:

Níl sé i ngrá liom agus ní bheidh go brách  
an buachaillín bán nach mian leis ach mná.

Rachadh sé a luí liom agus dhéanfadh an gníomh  
is d'éireodh ina dhiaidh sin faoi mar nár tharla ariamh. (ibid., línte 10-13)

Bíonn fáil ar an maitrís heitrihnéasach, ar an gcuma chéanna, i ndráma úd Uí Chonghaile (2001) *Jude*. Léirítear an mhaitrís heitrihnéasach sa dráma, go háirithe ó thaobh na geise de agus an tslí a dtagann an gheis homaighnéasach chun cinn (Cadwallader 2009: 292). Ag cur leis an méid sin, feictear go bhfuil an duine tógtha leis an ngeis toisc go bhfuil sé taobh amuigh de pharaiméadair inghlactha na sochaí. Léirítear gur féidir an gheis a shásamh trí mheán na collaíochta. An féidir, mar sin, go n-éiríonn leis an maitrís heitrihnéasach i gcónaí? Mar sin féin, éiríonn leis an drámadóir idir lámha é seo a phlé sa dráma i gcomhthéacs Ghráinne toisc nach bhfuil deartháir aici agus go bhfuil, mar sin, easpa taithí aici ar fhir ar comhaois léi. Ní leor, is léir, athair Ghráinne mar thionchar ina saol toisc go bhfuil sé faoi chuing an phósta. I rith mhír a dó, míníonn Gráinne an chaoi ar mhaith léi deartháir agus “Dá mbeadh deartháir níos sine a’m, bhreathnódh sé i mo dhiaidh. (Sos) Sheasfadh sé suas dom. Bheadh sé ann i gcónaí dom” (Ó Conghaile 2001: 46). D’fheidhmeodh deartháir Ghráinne mar ghné den mhaitrís heitrihnéasach agus bheadh sé in ann inscne Ghráinne a threisiú trí mheán na difríochta. Cuireadh go scoil lán-chailíní chomh maith agus mar sin ní raibh sí cleachtaithe ar bhuachaillí (ibid., 47) nuair atá Liam, a buachaill, i gceist. Tá compord ar leith le feiceáil sa mhaitrís heitrihnéasach (ag seasamh suas di, mar shampla) agus d’fhéadfadh sí na gnéithe sin a fhágáil aige agus ní bheadh uirthi a bheith i gcónaí ag dul i gcoinne a máthar. Taispeántar an ciorrú coil, agus an gheis taobh thiar de, i gcaidreamh Ghráinne lena buachaill Liam. Bíonn brú ar Liam a chur i gcuimhne di nach eisean a deartháir fiú má tá Gráinne mór leis. Deir sé “Ach ní mise do dheartháir. Ní mar a chéile é” (ibid.). Is cosúil go bhfuil an taom inmí seo mar chuid den inmí a bhíonn ann ó thaobh na fearúlachta de (Butler 1993a: 51). Ach cé go bhfuil gnéithe ar leith den mhaitrís heitrihnéasach le feiceáil go cruinn i saothar Uí Chonghaile, tá sé soiléir gur féidir a fheiceáil go bhfuil sé ar chumas Ghráinne na coinbhinsiúin a aithint go soiléir. Nuair a aithnítear catagóir ar nós na maitrise heitrihnéasachta, an féidir í a shárú trína haithint?

Mar mhalairt ar an léiriú a tugadh go dtí seo, áfach, déanann Ó Searcaigh (2001: 96) iarracht tuiscintí áirithe i leith na hinscne agus na collaíochta a cheistiú ó bhonn ina



dhán ‘Dídean’ [SS], áit a bpléitear an fhearúlacht agus mothúcháin na bhfear. Feictear go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcorp agus an spás i rith an dáin seo. Cruthaítear teannas ag tús an pháosa nuair a deir an file go bhfuil “... stoirm air,’ a deir tú. ‘Stoirm mhillteanach.’/ Míshochair, coinníonn tú ag siúl an urláir...” (ibid., línte 1-2). Déantar fiántas na stoirme a threisiú trí úsáid éifeachtach fuaimeanna, agus is de thoradh air sin a léirítear téama an ghrá. Arís eile, éiríonn leis an Searcach a ghrá dá leannán a léiriú trí mheán íomhánna an dúlra a chuireann go mór leis na tuiscintí atá aige i leith na mairíse heitrighnéasaí. Tá stoirm na hoíche mar shiombail de chontúirt atá ag dul i gcoinne an ghrá thraidisiúnta.

Lasmuigh tá an oíche ag séideadh is ag siabhadh  
timpeall an tí, ag cleataráil ag na fuinneoga,  
ag béicíl is ag bagairt trí pholl na heochrach.  
‘Dhéanfadh sé áit a bhearnú le theacht isteach,’  
a deir tú, ag daingniú an dorais le cathaoir uilinne. (ibid., línte 4-8)

Is léir go bhfuil leannán an fhile inmíoch de dheasca stoirme atá ar siúl agus gur gá dó greim a fháil ar an bhfile le corp duine eile a mhothú ag iarraidh an grá a choinneáil slán ó bhagairtí an spáis amuigh. Is éard atá á dhéanamh ag Ó Searcaigh anseo ná ceistiú ar inscne an choirp agus na slite a mbíonn an fhearúlacht mar chuid de:

Ag breith barróige ort, téann mo lámha i ngreim  
i do chneas ag teannadh is ag teannadh. Teas  
le teas, scarann do bheola is ag súil le póga  
díreach is an stoirm ag teacht tríom ina séideoga.  
Splancaim is buaileann caor thine do chneas. (línte: 13-17)

Baineann Ó Conghaile (2003) leas as an inscne go tréan ina ghearrscéal ‘An Díoltóir Tí’ [FNG] nuair a dhéanann sé léiriú éifeachtach ar inscne an díoltóra. Feictear go bhfuil an díoltóir ina “Fear sách óg... Culaith agus carbhat gorm air. É glanbhearrtha, néata, réitithe” (ibid., 116). Is cuid de phróiseas na mairíse é an léiriú inscne a dhéantar ar an díoltóir tí agus is comharthaí sóirt iad a charbhat agus a chulaith dá fhearúlacht. Síltear go gcuireann sé seo in iúl “...the crucial role that heterosexual hegemony plays in the naturalization of performatively instituted gender identities and power relations, and

calls attention to practices of masculinity and femininity as constitutive of sexed and gendered identities” (Jagger 2008: 161). Diúltaíonn an díoltóir tí do chomharthaí sóirt na mban mar chuid den phróiseas mairrise. Tá an heitrihnéasacht mar chuid lárnach den diúltú seo (Salih 2002: 132) cé gur féidir a áiteamh gur homaighnéasach é reaire an scéil agus é tógtha go mór leis an díoltóir tí (Ó Cofaigh 2004: 23). Mar sin, is gá don díoltóir tí géilleadh do riachtanais na mairrise heitrihnéasaí (Jagger 2008: 32). Mar a mhíníonn Salih (2002) tá Butler den tuairim go bhfuil an fhéiniúlacht i gcónaí fréamhaithe sa tuairim seo (ibid., 55). Is léir go bhfuil dénárthán na n-inscní tábhachtach toisc go mbíonn an inscne mar chuid lárnach de thógáil na féiniúlachta i leith na collaíochta (Buttler 1993c: 312).

Cruthaíonn agus pléann na scríbhneoirí Gaeilge atá á meas tuiscintí maidir leis an inscne agus an heitrihnéasacht trí mheán an raoin phoiblí. Mar a fheictear do Butler (1993) in ‘Imitation and Gender Insubordination’, tagann deacrachtaí agus constaicí chun cinn maidir le catagóirí na féiniúlachta agus go bhfuil an catagóirí seo trioblóideach mar fhráma anailíseach (ibid., 308). Mar thoradh air sin, áfach, bíonn an fhéiniúlacht, an chollaíocht agus an inscne i gcónaí ag imirt i gcoinne a chéile le coinníollacha an mheoin dhírigh a shárú. Tagann an diúltú seo chun cinn mar réiteach ar fhadhb na homaighnéasachta (Kelly agus Nyak 2006: 466) agus trí mheán an diúltaithe a thógtar an fhéiniúlacht sheasmhach seo (Disch 1999: 548).

### *5.2.2 An Corp Socair agus Tinneas*

Míníonn Foucault (1980) in ‘Body/Power’ gur bréag choitianta í go bhfuil an corp mar chuid den tsochaí agus go bhfuil siad i gcónaí curtha le chéile i bhfoirm na norm (ibid., 55). Mar sin féin, deir sé gur féidir leis an gcorp aghaidh a thabhairt ar an gcumhacht (Mills 2003: 82) agus go ndéantar é seo go teangeolaíoch (Foucault 1984e., 83). Dá réir sin, cuireann Foucault a thionscnamh os ár gcomhair mar “...somebody who tries to deal with reality through those things which are always-often-far from reality” (Foucault agus Dillon 1980a: 4). Is trí mheán na réaltachta sin, áfach, a thagann an corp i dtiúin leis an gcumhacht, “...moulded by rhythms of work, eating habits and changing norms of beauty... they too have a history” (Oksala 2011: 85). Ach céard a dhéantar leis an gcorp smálaithe? Is féidir an corp a chur i gcomhthéacs tinnis i litríocht na Gaeilge mar chonstráid agus mar mhóitíf. Déanann an corp tinn a aitiú, mar a phléifear

ar ball, agus is trína mheán a cheistítear teoiricí Foucault. Ní dócha go n-éiríonn le Foucault seo a chur san áireamh ina thuiscintí ar an gcorp, an nasc feiceálach idir an corp tinn (nó smálaithe) agus an t-aitiú a dhéantar air.

Is mar sin a chuireann Micheál Ó Conghaile an corp agus na tuiscintí a théann leis in iúl. In *Go dTaga do Ríocht* (2009), feictear an séanadh coirp i leith an chreidimh mar théama. Inscríobh sa chorp cráifeach atá ann ina mbíonn fáil ar thuiscintí agus ar shrianta an choirp agus iad curtha in oiriúint don chreideamh. Ba ghá go mbeadh an corp faoi chuing an chreidimh chun an corp a choinneáil glan agus slán. Míníonn Jimí do Johnny Bán go gcuireann a athair an-bhrú air i dtaca lena chráifeacht. Dar le Jimí go bhfágfaidh sé na “...Jehovahs...” i dtigh deabhail (ibid., 18). Feictear go gcuirtear brú ar Jimí cráifeacht a athar a ghlacadh agus chun cuidiú leis an creideamh sin a chraobhscaoileadh timpeall an cheantair. Feictear thíos teoracha stáitse a léiríonn an míchompord atá ann i taobh a athar agus an smacht i gceist:

*‘Confronting Jehovah’s Witnesses next time they... (Gáire beag.) Leanann sé air ag léamh. É soiléir go bhfuil sé ar bís agus ag sú eolais isteach. Tar éis tamaillín cloistear carr ag tarraingt isteach ar an tsráid taobh amuigh. Léimeann JIMÍ ina sheasamh, é fós os cionn an ríomaire agus deifir air ag dúnadh an tsuímh. Cloistear doras an chairr á dhúnadh taobh amuigh agus coiscéimeanna ag déanamh ar an doras. Múchann JIMÍ cnaipe an ríomhaire agus léimeann isteach sa gcathaoir atá ar an mbord. Tosaíonn sé ag tógáil na mbileog agus na mbróisiúr atá ar an mbord. Tá trí charnán díobh ann agus piocann sé ceann as gach carnán agus cuireann síos i gclúdach litreach iad. (ibid., 16)*

Déanann Jimí, mar sin, an teach a aitiú agus é ag iarraidh nósanna áirithe a athar a bhriseadh. Mar fhear aerach, a thagann amach níos deireanaí sa dráma, feidhmíonn cráifeacht a athar mar ábhar inní dó. Teannas a chothaítear ina chaidreamh lena athair toisc go gcuireann sé milleán air ag ceapadh gurb é féin cuís bhás a mháthar. Feictear go raibh an corp i gcroí an teannais seo. Cheap Jimí nár ligeadh dá mháthair aistriú fola a fháil toisc go raibh Patrickín róchráifeach agus é ag dul i gcoinne rialacha Iehova. Ar deireadh scoiltear an cat as an mála agus míníonn Patrickín dó céard a tharla sular cailleadh í. Feictear thíos srianta a chuirtear ar an gcorp tinn agus gur cóir don duine géilleadh don bhás chun glaineacht agus socracht a choinneáil slán:

Níl sa saol seo ach seal beag gearr, a dúirt sí. Ach tá an creideamh síoraí. Síoraí, seasta agus buan. Agus céard faoin bpáiste, a deirimse. Céard faoi Jimí? Cé a thógfas é? (Sos) “Tusa,” a dúirt sí. “Tusa. Chomh maith agus atá tú in ann sa bhfiorchreideamh. Agus geall dhom anois nach dtréigfidh tú an creideamh sin choíche ar mo shonsa.” Is chuir sí faoi bhri na mionn mé. Cén rogha a fágadh a’msa? (Sos. *Tocht air.*) Ach a bheith dílis di is dá cuimhne! Is an méid laethantaí ó shin a chuir mé ceist orm fhéin, scaití is mé ag dul ó theach go teach agus tusa faoi mo chosa... céard a tharlódh dá dtabharfainn a dúshlán. Is gan an éagóir ar fad a bheith leagtha ormsa os comhair an tsaol. Gan an saol a bheith ag piocadh orm is ag magadh fúm. Daoine a bheith ag roghnú na scéalta is maith leo a chreistiúin.

Is ar an gcuma chéanna a chuirtear an corp in iúl in *Jude* (Ó Conghaile 2007) áit a mbíonn fáil ar an gcorp socair agus an smacht a choinnítear air. Léirítear an corp tinn go háirithe i gcarachtar Mhary, máthair Jude. Ag tús an dráma, léiríonn Mary a míshástacht lena hiníon agus aiféala uirthi nach raibh an *pill* ar fáil nuair a bhí sí óg “An *pill*! Dá mbeadh a leithid a’inn. (Sos) Nach measa an príosún ina bhfuil mé ná fine ar bith” (ibid., 15). Tagraíonn sé seo don iarracht a dhéanann an duine srian agus cumhacht a choinneáil ar an gcorp go príobháideach, feictear do Mhary go bhfuil an *pill* mar bhealach amháin di chun a corp a choinneáil faoi smacht. Déantar an corp a shrianadh trí mheán an leighis ach is trí mheán sóisialta (nach raibh fáil ar an *pill*) a chothaítear teannas ann. Éiríonn leis an gConghaileach an corp smálaithe a ionramháil anseo agus an chaoi ar féidir le cógas cruth an choirp a athrú ó bhonn. Tá sé seo i gcodarsnacht lom le Peadar agus é tinn agus Mary ag iarraidh comhairle a chur air chun é a leigheas (ibid., 13). Tá corp tinn, smálaithe Pheadair in ann glacadh le leigheas (an mhil agus an t-analóir) ach go spéisiúil, níl an tsaoire sin tugtha do na mná. Feictear anseo go bhfuil saoire áirithe ag fir i mbainistiú a gcoirp i gcomparáid leis na srianta a chuirtear ar na mná. Tá an cineál seo claonta le feiceáil chomh maith i dtaobh an ghinmhille sa saothar. Tugann Mary “...murderer...” ar Jude (ibid., 26) agus go sóisialta, déantar rogha Jude a cháineadh cé go bhfuil Mary den tuairim gur chóir di féin an *pill* a ghlacadh sular tháinig Jude ar an saol. Léirítear go neamhbhalbh anseo fimíneacht Mhary agus an dúshlán sonrath idir an corp socair agus an corp atá ag dul i gcoinne an *status quo*. Nuair atá Mary ag iarraidh scéal an ghinmhille a scaoileadh uathí do Ghráinne is léir go dtuigeann Gráinne go maith nach bhfuil sé “...náireach...” a thuilleadh *stillborn* a bheith agat (ibid., 57). Ar deireadh, déanann Jude iarracht an scéal a mhíniú do Ghráinne; na cúiseanna a bhí taobh thiar den ghinmhilleadh agus an léiriú coirp a dhéanann sí ar an bpáiste ginmhille:

D'fhéadfá feiceáil thrína chraiceann nach mór, na féitheachaí leochailleacha is iad ag sní trína mhéaracháí is trí gach ball dá chorp, á bheoú... Ach bhí sé ródheireanach, agus is mise a chuir deireadh leis. Is mé sin. A stop an croí bídeach sin ag preabadh. Shílfeá gur... gur frog fuar fliuch a bhí mé á iompar, shílfeá sin. Is ba mhó an seans saoil a bheadh ag síol frogannaí i lochán lathaí ná aige. (ibid., 82)

Mar mhalairt ar an gcorp tinn, déanann an Searcach plé ar an gcorp glan ina dhán úd 'Fios' [SE] (2001: 147). Pléitear go han-simplí an corp mar shiombail agus mar chonstráid shóisialta agus é curtha i gcomhthéacs na collaíochta. Roinnte ina dha rann, déanann an Searcach iniúchadh ar fhisiciúlacht an choirp agus téama an ghrá. Déantar mianta grá agus collaí an fhile a phlé le linn an dáin trí leas a bhaint as friotal simplí. Sa chéad rann déantar an spás a cheistiú agus cé chomh gar is atá an bheirt dá chéile. Úsáidtear baill an choirp agus teas chun ghníomh na collaíochta a phlé go domhain anseo. Feictear sa chéad rann na slite a mbíonn tionchar ag an ngníomh collaí ar an gcorp:

Cnas le cnas, a chroí  
dhéanfaidh salann ár gcuid allais  
sáile don leabaidh (ibid., línte 1-3)

Pléann an file corp a leannáin, conas a bhíonn an corp le feiceáil mar thoradh ar an gcollaíocht agus na gníomhaíochtaí a théann leis. Is éard a chuirtear os comhair an léitheora sa dara rann agus é i gcomórtas leis an gcéad rann ná léiriú ar mhianta pearsanta an fhile. Feictear an t-athrá a dhéantar ar an gcorp sa dá rann. Déanann an file comparáid idir teanga a leannáin agus an bradán feasa, ina mbíonn úsáid á baint ag an bhfile as traidisiún na Fiannaíochta. Tá macallaí an traidisiúin le feiceáil anseo chun glaineacht na gcorp a phlé i gcomparáid leis an gcorp tinn mar a pléadh go dtí seo:

Béal ar bhéal go docht  
Beidh bradán feasa do theanga  
Ag snámh ionam anocht. (línte: 4-6)

Tá léiriú déanta ag Ó Conghaile (2003) in *Cúigear Chonamara* ar ghalair agus an caidreamh a bhíonn idir tinneas agus an corp socair. Mar is léir do Dharach, tá

Conamara lán d'aile "Nach bhfuil sé ráite go bhfuil Conamara lán le cancer, go bhfuil sé sna clocha" (ibid., 66-67). Agus Darach ag impí ar Danny teacht anuas óna sheomra, feictear go bhfuil tuiscint ann go bhfuil an corp agus an spás ag trasnaíl a chéile. Déanann Darach a áiteamh ina dhiaidh sin gur cailleadh é le *breast cancer* (ibid.). Tá cuid mhór taobh thiar de mhasla Dharaigh; cé go bhfuil sé ag spochadh as Danny, is ríléir go luann Darach an ailse chíce mar ghalar baineann. Is díol spéise é, lena chois sin, go n-áitíonn sé an galar mar chuid de dhéantús an cheantair. Tá an galar agus an corp i gcónaí nasctha go dlúth leis an spás a bhíonn timpeall ar na carachtair. Feidhmíonn an spás mar mhóitíf leanúnach agus is trína mheán sin a dhéantar an corp a shuíomh agus a cheistiú. Cuireann Darach an galar tinn san áireamh nuair a chaitheann sé anuas ar Danny.

Lena chois sin, feictear go ndéantar an corp tinn a cheistiú ó bhonn in 'Altú' [ATS], dán de chuid an tSearcaigh (2001: 269). Ag tús an dáin, léiríonn an Searcach go gcuireann sé fáilte roimh an gcorp tinn. Faoi mar a léiríonn sé, tugann sé "...altú do na creatha fuachta a motháim/ i mo chuid néalta..." (ibid., línte 2-3). Is léir, i gcodarsnacht le glaineacht an choirp in 'Fios' (2001: 147), feictear go ndéanann an file ceiliúradh ar an gcorp tinn. Go céadfaíoch cuireann an file síos ar na slite a gcuireann an galar isteach ar a chorp agus dathaíonn sé le híomhánna agus meafair é seo go héifeachtach. Éiríonn leis an Searcach, go téamach, ceisteanna a chur i ngeall ar an bhfisiciúlacht agus ar an laigeacht chomh maith. Baineann an file as íomhánna an dúlra sa dara rann ionas gur féidir leis an corp a chur i dtiúin leis an dúlra. Úsáidtear an fallás mothaitheach sa rann thíos agus úsáid á baint ag an bhfile as an aimsir chun cur síos a dhéanamh ar an gcorp tinn:

Tugaim altú don lá atá ag gabháil chun gaoithe  
i mo phutógaí;  
agus don oíche atá ag dorchú chun báistí  
i mo dhuáin. (ibid., línte 5-8)

Spreagtar tuilleadh ceisteanna cigilteacha i dtaca leis an gcorp níos faide sa dán nuair a léirítear an samhradh i gcomhthéacs an choirp. Cé go ndíríonn an Searcach anois ar cheist eile, na séasúir agus an corp i gcomórtas a chéile, fós spreagtar ceisteanna faoin tslí a gcuireann an file trasnaíl ar leith ar fáil i dtaca leis an gcorp tinn. Is dán

turgnamhach é seo a bhreathnaíonn ar na tuiscintí atá ag an bhfile ar an gcorp. Ardaítear ceisteann faoin gcaoi a mbíonn tionchar ag an spás ar an gcorp chomh maith sa dán. Feictear don fhile go bhfuil an corp faoi réir an bháis agus na beatha agus go bhfuil an tinneas mar chuid de. Níl sa chorp féin ach spás atá le líonadh ag na fórsaí áirithe sin:

Tugaim altú don spás a cruthaíodh ionas go líonfaí é  
le beatha agus le bás;  
agus don tsamhlaíocht a bheir seans domh fiántas na síoraíochta  
a mhíntíriú is a dhaonnú. (ibid., línte 17-20)

Ag fillleadh ar *Cúigear Chonamara* Uí Chonghaile (2003) feictear go ndéanann Coilimín léiriú ar an mbás agus ar an gcorp tinn nuair a thráchtann sé faoin gcaoi ar cailleadh a bhean chéile. Is léir gur bhuail tintreach an bheirt acu agus iad ag gearradh móna (ibid., 74). Buaileann an tintreach Coilimín den dara huair ach ina dhiaidh sin, tugann sé faoi deara go bhfuil a bhean chéile “...sínte siar ansin ar a droim sa bhfraoch í” (ibid.). Is éard a éiríonn leis an údar a dhéanamh ná bás an choirp a chur i láthair mar oibiacht fhisiciúil agus an deireadh saoil sin a léiriú go cruthaitheach. Mar is léir do Oksala (2011), ní ritheann an corp i gcónaí le ciall agus ó am go chéile ní féidir teacht ar shainmhíniú deifínideach (ibid., 99). Is mar sin a thiontaíonn an grá go fuath – fuath don bhás agus don neamhbheocht seo (Foucault 1983: 223). Mar sin féin, cuirtear in iúl anseo bás an choirp agus spreagtar ceisteanna faoin dúlra agus faoin spás níos mó ná aon rud eile. Téann corp Kate as amharc go hiomlán, agus an scríbhneoir ag breathnú go cruinn ar na slite nach bhfuil sa chorp ach rud gearrthéarmach:

Ba ansin a bhuail lasair mise a chuir meadhrán ionam. Thit mé ... Bhí drochthinneas cinn orm is mé ag éirí is nár bhuail an tintreach den dara huair mé. Bhuail. Ach má bhuail féin níor leag sé ceart mé an babhta sin ... ach nuair a bhreathnaigh mé anonn san áit a raibh Kate ní fhaca mé ar chor ar bith í ... murab é an meadhrán é, a smaoinigh mé i dtosach... (Ó Conghaile 2003: 74)

Dar le Foucault gur tháinig an scagadh seo den chorp chun cinn de bharr na hanatamaíochta polaitiúla (ibid., 182). Más amhlaidh gur tháinig an corp chun cinn mar ghléas a d'fhéadfaí a fheabhsú, is féidir leis an gcorp socair seo a chur i gcoinne an ghalair agus an tinnis (Oksala 2011: 88). Tagann an corp seo chun cinn mar ionstraim

faoi leith “It inscribes itself in the nervous system, in temperament, in the digestive apparatus; it appears in faulty respiration, in improper diets...” (Foucault 1984e: 82). Mar sin, d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil an corp faoi réir na míshocrachta agus an tinnis seo (Baily 2003: 115). Dá bharr sin, is féidir an corp a chur in iúl trí mheán an ghalair agus an tinnis, rud nach bhfuil go hiomlán i dtiúin le tuiscintí Foucault. Déanann Ó Searcaigh agus Ó Conghaile iarracht teacht ar bhealaí chun an corp tinn a phlé ina saothair liteartha. Chomh maith leis sin, déantar iarracht an corp fisiciúil a léiriú ó thaobh téama agus na healaíne de. Éiríonn leo an corp a ionramháil mar íomhá agus mar mhóitíf leanúnach agus léirítear ilghnéitheacht agus éagsúlacht an choirp sa raon poiblí.

### **5.3 An Spás Amuigh: Poba(i)l na hAiteachta**

#### *5.3.1 An Chollaíocht faoin Aer: Aitiú an Raoin Phoiblí agus Crúsáil*

Breathnaíonn Habermas (1991: 27), in *The Structural Transformation of the Public Sphere*, ar an gcaoi a mbunaítear tuiscintí sóisialta ar thuirimí an raoin phríobháidigh. Mar is léir do Benhabib (1996), in ‘Models of Public Space: Hannah Ardent, the Liberal Tradition and Jurgen Habermas’, tá an raon príobháideach mar chuid den raon ina mbíonn fáil ar mhoráltacht agus creideamh (ibid., 91). Más rud é go gcuireann Habermas os ár gcomhair an tslí a dtagann an raon poiblí chun cinn mar aontú tuairimí, áfach, rianaíonn sé sin go roinntear tuairimí pearsanta/príobháideacha trí mheán an raoin phríobháidigh. Soiléiríonn Warner (2005) seo, ag rá go raibh sé mar aidhm ag Habermas “...the public-sphere environment... seen as the context of social movements” (ibid., 50) a chur in iúl. Laistigh de phobail shamhlaithe (*imagined publics*) tagann a lán ceisteanna chun cinn i dtaobh an tsainmhíne seo ar an bpobal agus i dtaobh thábhacht an tsainmhíne (ibid.). Tá an t-iolrú seo déanta ag Warner toisc go dtuigeann sé go bhfuil go leor slite ann leis an bpobal a mhúnlú is a chruthú. Mar sin, is ceist chasta í an pobal a shainmhíniú (Warner 2005: 9). Muna bhfuil i gceist sa spás nó sa raon poiblí seo ach “...a space of discourse organized by nothing other than discourse itself...” (ibid., 65), is féidir an inscríbhinn dhioscúrsach seo a cheistiú. An bhfuil aon mhaitheas ann an cineál seo scagtha a dhéanamh, áfach? Dar le Warner is Berlant (1995) in ‘What Does Queer Theory Teach us About X?’ gur léir go bhfuil an pobal mar phointe tagartha amháin aiteachta agus go dtagann tuiscintí ilghnéitheacha



i leith an phobail chun cinn nuair a dhéantar é a scagadh de réir na haiteachta (Berlant agus Warner 1995: 322). Móitíf leanúnach atá i gceist leis an aitiú spáis a dhéantar don raon poiblí i litríocht na Gaeilge. D'fhéadfaí a rá go n-éiríonn leis an Searcach agus leis an gConghaileach seo a phlé go leanúnach ina gcuid scríbhneoireachta. Ach an dtagann léamha nua chun cinn i leith na dtéacsanna seo? An féidir na tuairimí seo i leith an raoin phríobháidigh a chur i bhfeidhm ar na téacsanna cruthaitheacha idir lámha.

Is minic a bhaineann Micheál Ó Conghaile leas éifeachtach as móitíf an phobail agus an raoin phoiblí ina chuid scríbhneoireacht. Feictear an tslí a gcuireann seisean, go háirithe, raonú ar spásanna collaí ina shaothair phróis. Pléann O'Leary (2011) *Writing Beyond the Revival: Facing the Future in Gaelic Prose, 1940-1951* gur tháinig úsáid na cathrach mar théama i litríocht na Gaeilge ó na caogaidí ar aghaidh (ibid., 133). Feictear é seo sa ghearrscéal 'An Mercyfucker' [FNG] (Ó Conghaile 2005). Tagann an reacaire i dtaithe ar raoin chrúsála sa chathair. Míníonn a chara don reacaire go mbíonn grúpa ógánach ag crochadh thart ar an gcearnóg sa chathair chun teagmháil chollaí a dhéanamh le seanfhir nó fir mheánaosta nó chun iad a "...fhocáil..." (ibid., 59). Is ar éigean a bhí cara an reacaire ocht mbliana déag ach é sásta an caidreamh collaí seo a chleachtadh le fir eile a bhí i bhfad Éireann níos sine ná é. Míníonn an buachaill go raibh bearna le feiceáil i saol an fhir agus an chuid is mó acu ina maighdeana. Dar leis an mbuachaill gur gné de "...Carthanacht Dé..." é seo agus míníonn sé go bhfuil an trócaireacht seo de dhíth orthu (ibid., 60). Feidhmíonn an chearnóg, mar sin, mar áit chun an teagmháil chollaí seo a bhaint amach agus d'uireasa an cheantair, ní bheadh fir na cearnóige in ann bearna na collaíochta a líonadh. Cuireann an buachaill síos ar fhear meánaosta ó Iarthar na hÉireann a casadh leis agus é dhá bhliain déag is dhá scór d'aois. Míníonn an fear don bhuachaill gur maighdean é fós. Tá sé den tuairim go raibh an fear sáinnithe sa bhaile ar fheirm, spás faoin tuath i gcomórtas le huirbeachas na cearnóige, ag breathnú i ndiaidh a thuismitheoirí. Dá thoradh sin ní raibh sé in ann taithí chollaíochta le fir eile a fháil. Laistigh den raon poiblí seo tagann an fear i dtaithe ar a fhéiniúlacht chollaí trí mheán an phobail agus an raon poiblí. Ceistíonn Warner (2005) an claonadh atá ann a bheith ina bhall den phobal agus an chaoi a dtagann an pobal agus an duine daonna (mar chuid den raon príobháideach) le chéile (ibid., 69). I gcomhthéacs an ghearrscéil seo idir lámha, feictear go dtagann an duine ar thuiscintí faoi féin agus an raon príobháideach mar chuid leanúnach de.

Tá raonta eile crúsála agus collaíochta le feiceail sa dán ‘Samhain 1976’ [NBB] le Cathal Ó Searcaigh (2001: 198), áit a bpléitear pointe teagmhála an fhile le hógfhear eile agus an bheirt acu i Londain. Éiríonn leis an Searcach raon uirbeach crúsála a chur in iúl sa chéad rann. Arís eile, feictear do léitheoirí an tSearcaigh go bhfuil an raon uirbeach, Londain ach go háirithe, chun teagmháil chollaí a bhaint amach. Anseo, tá an file ina sheasamh in aice Soho Square nuair a thugann sé an fear faoi deara. Tá éiginnteacht ag baint leis an gcearnóg agus cá háit go díreach a bhfuil an file i gcomparáid le cinnteacht na cearnóige in ‘An Meryfucker’ (Ó Conghaile 2005):

Áit inteacht idir an Strand agus Soho Square  
a casadh orm é, mé amuigh ag déanamh aeir.  
A shúile suáilceacha, thuirling siad orm sa tsráid  
chomh haerach le dhá fheileacán agus mé ag gabháil thar bráid.  
Thug siad an samhradh leo isteach sa gheimhreadh.  
Ansin i dtapú na súl bhí siad ar shiúl, slogtha sa tslua.  
Mór an trua, thug mé cion daofa láithreach agus taitneamh. (ibid., línte 1-7)

Feictear teannas collaí idir an reacaire agus an fear agus tiontaítear suíomh uirbeach ina raon poiblí collaí. Déantar seo a phlé go háirithe nuair a chuireann an file síos ar cé “...chomh haerach le dhá fheileacán agus mé ag gabháil thar bráid” (ibid.) sa dán. Mar sin féin casadh fileata a bhíonn i gceist leis an dara rann ina mbíonn athrú mór atmaisféir le feiceáil. Ag tús an rainn fógraíonn an file nár casadh an fear leis an bhfile agus gur “...imigh sé le haer an tsaoil” (ibid., 8). Tá an file fágtha anois gan a ghrá agus é ag iarraidh íomhá den fhear a fheiceáil in aon teagmháil chollaí a bhíonn aige le héinne eile. Díríonn an file go hiomlán ar dheiseanna eile collaí a bheadh in ann bearna an fhir seo a líonadh. Is éard a dhéanann an file anseo ná iarracht tionchair an spáis chollaí a leathnú amach go réimsí eile shaol an fhile:

Ó shin tá cathú dochloíte orm i ndiaidh a scéimhe.  
Cuartaim an aghaidh sin i ngach aghaidh dá ngráim;  
an tsiúráilteacht shéimh sin i ngach súil dá ngrinnim  
ach oíche ná lá níl a mheá le fáil is ní bheidh go brách ... (ibid., línte 11-14)

Déanann an Conghaileach aitiú ar an raon poiblí chomh maith in ‘Gabhal na gCloch’ [AFP] (1997), áit a mbíonn an t-éigniú collaí mar théama lárnach ann. Díríonn an

Conghaileach ar théama na collaíochta neamhnormataí sa scéal seo, scéal a bhain aitheantas amach toisc go bpléitear ionsaí gnéis homaighnéasaigh go lom ann (Byrne 1998: 26). Is éard a phléitear sa ghearrscéal ná úsáid tí ósta mar shuíomh crúsála atá tiontaithe go domhan ait, spás a ndéantar aitiú air. Cé go bhfuil an teach tábhairne plódaithe le daoine, go bhfuil sé mar chuid den raon poiblí, déantar mianta príobháideacha a phlé go domhain sa téacs. Cruthaítear teannas idir an bheirt charachtar go héifeachtach. Deir an bainisteoir go hoscailte go bhfuil sé ag iarraidh a bheith ag plé go collaí leis an reacaire, ach nuair is léir dó nach raibh sin uaidh, déanann sé iarracht tiontú ar an spás poiblí:

Bhí blas beagán níos séimhe ar a ghuth anois. Rinne mé casacht bhréige: agus casacht eile ag súil le go mbáifí a chuid cainte mura ndúnfadh sé a bhéal. Ghlan mé mo scornach... (Ó Conghaile 1997: 101)

Is riléir nach bhfuil reacaire an ghearrscéil sásta mianta collaí an bhainisteora a shásamh (ibid., 101). Déanann an reacaire iarrachtaí an bhainisteora a dhiúltú ag léiriú go cruinn a mhíshástacht leis an gcaidreamh, cé go ndéanann an bainisteoir an-iarracht an spás a aitiú is féidir, is léir nach bhfuil an reacaire sásta leis. Níor thug éinne sa teach tábhairne aon aird air nó ar an mbainisteoir agus an bheirt ag labhairt lena chéile nó an teannas collaí a chothaigh an bainisteoir (ibid., 102). Aithníonn an reacaire dá mbeadh cailín ina theannta go mbeadh “...comhlúadar ceart agam: ach nuair nach raibh éinne faoi leith liom...” (ibid.) go raibh brú air a bheith páirteach i ndomhan áirithe collaí lena bhainisteoir peile. Ar aon dul leis an gcearnóg chathrach in ‘Mercyfucker’ (2005) agus an suíomh uirbeach in ‘Samhain 1976’ (1996), tá domhan nó spás collaí déanta den raon poiblí seo. Mar a phléann Reus agus Usandizaga (2008) bíonn an spás poiblí “...never critically transparent, and its artistic representation is always intentional, dialectical and culturally embedded” (ibid., 2008). Mar sin, ní chuireann muintir an tí ósta san áireamh go bhfuil aitiú á dhéanamh ag an mbainisteoir sin ar an raon poiblí. Léiríonn an reacaire go bhfuil trua aige don bhainisteoir, maíonn sé gur i mBaile Átha Cliath go “[m]B[h]eadh deiseanna aige meascadh leo. Cairdeas a dhéanamh leo. Caidreamh a bheith aige leo nó cibé rud a bhí uaidh. B’fhearr dá leithéid a bheith ann deich n-uaire ná a bheith sáinnithe i nGabhal iargúlta na gCloch, ag faire thar a chuid” (ibid., 108). Tuigeann an reacaire go maith gur fear aerach é an traenálaí agus nach

féidir leis deiseanna collaí a thapú i gCabhal na gCloch. Ní mór don bhainisteoir fanacht go dtí go bhfuil sé amuigh faoin aer, agus an reaire ag siúl abhaile, chun a mhianta collaí a shásamh agus a bhlaiseadh. Déantar léiriú mothálach cruálach den ionsaí ina n-éiríonn leis an scríbhneoir buaicphointe a gcaidrimh a phlé go hoscailte agus go healaíonta mar a fheicetar sa mhír thíos:

Bhí a dhá lámh scartha amach aige le mé a *ghrabáil*: boladh trom óil uaidh. Theann sé isteach liom. É i ngreim ioman láithreach. Mé beagnach gan anáil. Mé ar tí titim siar ar chúl mo chinn... Chuir mé mo dhá shúil trína shúile mar a chuirfí meanaí géara seaca... mé ag sú boladh an óil níos láidre de réir mar a bhrúigh sé isteach liom. D'ardaigh mo ghlúin... go ciotach." (ibid., 109).

Feictear aitiú an raoin phoiblí in 'Cor na Sióg' [TT] de chuid Chathail Uí Shearcaigh (2001: 42). Is éard a chuireann an Searcach roimhe ná iniúchadh a dhéanamh ar nósanna crúsála fir homaighnéasacha agus muid ar ais i Londain. Ag baint leasa as an damhsa *Cor na Sióg*, imríonn an Searach le teideal an damhsa agus teideal an dáin mar léiriú ar ghníomhaíochtaí collaí trí chéile. Is díol suntais a fheiceáil go mbaineann an Searcach leas as Londain chun a mhianta collaí féin a ionramháil agus chun scrúdú a dhéanamh ar an aiteacht go ginearálta. Úsaidtear Londain mar fhóram plé don Searcach inar féidir leis an chollaíocht a cheistiú ó bhonn. Ach, i dtosach báire, sula ndíríonn an Searcach a aghaidh ar an gcollaíocht, léirítear an chathair i go leor bealaí éagsúla. Sa chéad rann den dán cíorann an file uirbeachas na háite agus muintir na cathrach ag rith agus ag rás timpeall na háite. Éiríonn leis an Searcach arís eile léiriú céadfaíoch a dhéanamh den cheantar trí leas a bhaint as íomhánna éifeachtacha chun iad a chur i dtiúin leis an gcathair. Cuirtear i láthair na léitheoirí sraithíomhánna atá dírithe go hiondúil ar normatacht an tsuímh agus a mhionsonraí. Treisítear normatacht an tsuímh arís is arís eile trí mheán na n-íomhánna seo:

Tráthnóna samhraidh. Súil theasaí na gréine  
ar an tsráid, ag griogadh na gcéadfaí  
i ngach ní ar a dtuirlingíonn sí, scóig buidéal,  
cnaipe *blouse*, úll i bhfuinneog, murlán práis.  
Agus mé ag siúl thart ag baint sú as suáileí an tsómais,  
tá sí ag caitheamh drithlí áthais ar an déagóir téagartha  
atá ag imirt báil leis féin ar léana na himeartha. (ibid., 1-7)

Tá sé seo i gcodarsnacht lom leis an tríú rann ina gcuirtear cor na sióg, nó an chrúsáil féin, in iúl don léitheoir. Déantar an raon poiblí a chaitheamh bunoscionn agus an chollaíocht neamhnormatach a cheistiú ann, áit a “... [g]caithim seal ag spásáil thart i Soho” (ibid., líne 29). Mar cheantar gnéis, feidhmíonn Soho mar raon poiblí inar ndéantar aitiú air. Go spéisiúil, sa rann céanna, maíonn an file go bhfuil an ceantar seo níos uaisle ná “...Coillidh Prochlais” (ibid., líne 31) agus é ag baint leasa as logainmneacha Éireannacha chun codarsnacht a léiriú idir na ceantair. Lena chois sin, trí úsáid mheafar na sióg, cuireann an file síos ar an gcrúsáil a dhéantar i gclapsholas an lae timpeall an cheantair, rud a chuireann in iúl rúndacht na gníomhaíochta atá ann. Feictear go bhfuil fir an cheantair ann díreach ar mhaithe le héalú ó “... rathanna an uaignis” agus “... as liosanna na heagla...” (Ó Searcaigh 43: líne 33).

Tá siad ar a suaimhneas i saoirse shiamsach na sráide,  
i measc na mianta agus na n-ainmhianta, na bhfaisean agus na bpaisean;  
i measc banríonacha na *mboutiqueanna*, i measc hustléirí haisise,  
i measc hipstéirí an cheoil. Tá siad ag baint suilt as an tséideán sí  
atá ag éirí ina gcéadfaí is a bhuaileas an tsráid ar ball  
ina ghuairmeán grá ... ina chuaifeach ceana. (ibid.)

Tá an cineál úsáide spáis seo, é luchtaithe go collaí agus go hait, curtha in iúl sa ghearrscéal ‘Ag an Stáisiún’ [AFP] (Ó Conghaile 2003). Is éard a chuirtear in iúl sa scéal seo ná úsáid an raoin phoiblí, agus spásanna uirbeacha a chuirtear in oiriúint don chollaíocht. Déanann Ó Conghaile pearsantú ar an stáisiún agus forbraíonn sé é mar charachtar, tá an stáisiún “...tuirseach den fhanacht” (ibid., 39). D’fhás an tseanchathair amach uaidh agus anois tá an stáisiún fágtha go huaigneach cé go bhfuil sé suite i spás áirithe uirbeach. Baintear an raonú seo den stáisiún, atá fágtha ina aonar agus folamh seachas “...butaí buí toitíní...” agus “...boladh géar na mblianta” (ibid.). Is le linn na hoíche a bhíonn an stáisiún an-uaigneach ar fad; easpa cumarsáide agus calláin (ibid., 41) agus cuireann an stáisiún fáilte roimh “...traimpeannaí...” agus fir mheánaosta ag dul timpeall sa dorchadas ag stánadh agus ag stopadh go tostach agus an spás á aitiú acu. Deir an stáisiún gur thóg na fir seo a ndún féin, dún príobháideach ait i ndorchadas an stáisiúin. Bhíodar ag “...déanamh a gcoda féin... An muirniú mór caidriúil a thugadar do stór seo an stáisiúin” (ibid., 42). Is léir, mar sin, go dtógann na fir mheánaosta seo

domhan príobháideach collaí sa raon poiblí. Ní chuireann an pobal aon spéis sa stáisiún a thuilleadh agus mar sin baineann na fir leas as mar dhomhan ait lena mianta pearsanta a shásamh. Dá bharr sin, ceistítear na slite a mbíonn tionchar ag an raon príobháideach ar an raon poiblí ag leibhéal seo na haiteachta. Cuireann sé seo na beartais éagsúla chathrach a phléann Warner in ‘Zones of Privacy’ (2000a) agus an srianú a dhéantar ar an gcollaíocht ag leibhéal an phobail. Pléann Warner an chaoi ar dúnadh a lán de shiopaí agus de phictiúrlanna collaí leis an bpobal a choinneáil sábháilte ó bhagairt (ibid., 79). Ach mar sin féin, cé go n-áitíonn Warner go ndéantar an chollaíocht a bhainistiú go poiblí, is féidir fós spás a aitiú fiú i stáisiún traenach. Mar sin, d'fhéadfaí a mhaíomh go ndéantar nósanna spáis a bhriseadh an t-am ar fad fiú nuair a dhéantar an t-aitiú a chur faoi chosc.

An rud is mó a chuireann Warner (1998) os ár gcomhair ná an chaoi a bhfuiltear in ann spás poiblí agus na bealaí a dhéantar an chollaíocht a bhainistiú (ibid., 546). Tá sé seo tábhachtach agus muid ag déanamh plé ar an spás i dtéarmaí na bhféiniúlachtaí neamhnormatacha agus aiteachta. Más rud é go dtarraingíonn an cultúr an pobal le chéile, bíonn an chollaíocht lárnach i bpobal na haiteachta (ibid.), pobal a n-éiríonn leis an Searcach agus leis an gConghaileach a chur in iúl go minic ina gcuid scríbhneoireachta. Mar a mhíníonn Warner, “...sex is everywhere present...” (ibid.) ach is féidir an léamh a dhéanamh ar theoiricí Warner gur féidir an raon poiblí a aitiú i gcónaí. Fiú más rudaí príobháideacha iad mianta collaí, baineann na mianta sin le tuiscintí a eascraíonn as pobal. Is é sin bun agus barr thuairimí Warner – céard is pobal ann agus céard is príobháideachas ann agus an chaoi a dtagann an dá choincheap le chéile (Bresnahan 2003: 771). Tá éagsúlacht i gceist i gcónaí leis an mbrí atá taobh thiar den ainmfhocal pobal ach dar le Warner (2005), bunaítear é go hiomlán ar *social totality* (ibid., 65). Is le strainséirí a chuireann an pobal cruth air féin trí leas a bhaint as catagóirí faoi leith (creideamh, claonadh collaíochta, inscne srl.), “...[which] aids the theorist in representing the coherence of... social entities” (Wittenberg 2002: 426). Feictear é sin in úsáid trí mheán an ghnímh chollaí i saothair ár scríbhneoirí Gaeilge agus feictear na slite a dtagann an chollaíocht agus an raonú spáis le chéile. Déantar, áfach, raonta spáis a aitiú i gcomhthéacs na scríbhneoirí atá á meas againn.

### 5.3.2 Na *Queerannaí a Joineáil: Collaíocht faoin Aer*

Is ina mhórshaothar *Backward Glances: Cruising the Queer Streets of New York and London* a dhéanann Mark Turner (2003) scagadh ar stair na haiteachta agus an chaoi a ndéantar balbhú ar thaithí phearsanta phobal na haiteachta (ibid., 46). Maíonn Turner nach bhfuil scéalta phobal na haiteachta le cloisteáil i gcomparáid le scéalta pobal eile. Léiríonn Turner stair na haiteachta mar bhlúiríní saoil agus mar phíosáí beaga den mhacraiscéal ag leibhéal áirithe criticiúil ina shaothar agus déantar é a chíoradh trí leas a bhaint as béaloideas na cathrach (ibid., 53). Tá Turner den tuairim gur féidir le criticeoirí domhan nua a fheiceáil nuair a dhéantar scagadh ar théacsanna cultúrtha trí mheán na haiteachta (ibid.). Bunaítear domhan na haiteachta a bheag nó a mhór ar chultúr agus mar a mhíníonn Berlant agus Warner (1998) “... a world-making project, where “world” like “public”, differs from community or group because it necessarily includes... more spaces than can be mapped beyond a few reference points” (ibid., 558). Is trí mheán na collaíochta a tharraingítear le chéile muid, dar le Berlant agus Warner (ibid.) agus léiríonn siad na slite a mbíonn an chollaíocht mar ghníomh príobháideach ina ábhar poiblí go ginearálta. D'fhéadfaí a mhaíomh, ina dhiaidh sin, go bhfuil úsáid spáis mar phointe tagartha an-tábhachtach agus go bhfeidhmíonn an chollaíocht go cultúrtha, rud nach bpléann an bheirt teoiriceoirí go domhain. Ach is é an úsáid spáis seo an rud is tábhachtaí i gcruthú phobal na haiteachta mar raon poiblí agus le mianta príobháideacha a chur chun cinn go háirithe ó thaobh na crúsála de. Is le linn na crúsála a dhéantar iarrachtaí teacht ar ghníomhaíocht collaí (Turner 2003: 177). In ‘Making Space for an Agentic Sexuality? The Examination of a Lesbian/Queer Bathhouse’, míníonn Corie J. Hammers (2008) aidhm na crúsála mar ghníomh lán de “...intent, mobility, possession of the gaze...” (ibid., 561). Feictear go bhfuil níos mó i gceist le raoin chrúsála ná an homaighnéasacht, agus gur féidir an raon collaí seo a fheiceáil i dtéarma eile, fiú sa chomhthéacs heitrihgnéasach. Is féidir a rá go ndéantar nóisín a chúngú dá bharr. D'fhéadaí a rá, áfach, gur féidir leis an duine ait teacht ar raonta poiblí chun a mhianta pearsanta a shásamh agus a chur i bhfeidhm. Pléifear san fhothaonad seo na bealaí go léirítear an chrúsáil mar uirlis chun spásanna ar leith a aitiú.

Is cinnte go ndéanann Micheál Ó Conghaile iarrachtaí domhan na haiteachta a léiriú, domhan ina bhfuil an chrúsáil mar chuid dá dhathú ar an saol aerach ina chuid próis. Is léir do John Paul in *Sna Fir* (1999) go bhfuil uaigneas ag baint le duine ait go háirithe i saol agus i bpobal na Gaeilge. Léirítear an t-uaigneas agus an teagmháil chollaí nuair a deir sé “Cá bhfuil fáil agamsa i litríocht na Gaeilge ar bheirt fhear agus iad ag spallaíocht le chéile ag tórramh nó oíche airneáin... ag titim i ngrá lena chéile agus ag gáire go hard” (ibid., 84). Is léir go n-aithníonn John Paul an balbhú a dhéantar ar ghrá na haiteachta agus an grá homaighnéasach agus nach mbeadh fáil ar an gcineál sin grá i gCeathrú na gCloch. Ní mór do John Paul fanacht go dtí go mbeidh sé i mBaile Átha Cliath lena mhianta collaí a shásamh agus le teagmháil cheart a dhéanamh le domhan na haiteachta. I gcomórtas le Ceathrú na gCloch agus a dhúchas féin mar fhear Gaeltachta, ní féidir le John Paul a mhianta a léiriú sa spás áirithe sin. Tagann sé ar an spás ait i bpáirc phoiblí ag cuardach teagmháil chollaí san ardchathair. I gcoim na hoíche le solas na gealaí mar threoir, téann John Paul timpeall na páirce. Léirítear teanga an choirp a úsáidtear leis an gcrúsáil a bhainistiú, “Déanaim casacht ... bheannachtach i mo scornach...” (ibid., 28). Tá John Paul lán de sceitimíní agus d’fhuinneamh, ach fós, ceistíonn sé maitheas na crúsála, “Fiafraím díom féin céard atá mé ag déanamh anseo? Céard a bheas dá bharr agam, má bhíonn tada?” (ibid., 29). Náire atá i gceist ag John Paul sa chomhthéacs seo, náire a sháraíonn sé ar mhaithe leis an teagmháil chollaí. Cuireann an pháirc phoiblí deiseanna ar fáil ar mhian le John Paul iad a thapú agus é sásta neamhaird a dhéanamh den fhéincheistiú chun iad a shásamh. Ar deireadh, casann John Paul le Jimí, fear atá cúig bliana is fiche d’aois, a thugann léargas suimiúil ar an gcrúsáil sa pháirc agus a léiríonn na coinbhinsiúin shóisialta a bhíonn taobh thiar de. Is féidir leo, fiú, cúis magaidh a dhéanamh den nós:

Uair i bhfad ó chéile, a dúirt sé. Braitheann sé, a dúirt sé ansin go stadach. Nuair a bhíonn an giúmar orm, fonn siúlóide orm, mé fágtha liom féin is comhluadar uaim nó mé tinn tuirseach ag breathnú ar an mbosca. Nó, nó, nó, a deirim, nó thú adharcach, agus tuirseach de do tharraingt féin, agus gá agat le fáisceadh maith a bhaint asat, mé ag íslíú mo ghlóir go raibh ina chogar. Admhaigh é. Labhair muid go híseal. Gháir muid go hard. Shílfeá go raibh seanaithe againn ar a chéile cheana féin. (ibid., 31)

Pléann Riggs (2001) ioróin agus débhrí theideal an úrscéil; go dtagann príomhphearsa an leabhair, John Paul, in inmhe de réir mar a leanann an scéal ar aghaidh agus ina dhiaidh sin go n-úsáideann an phríomhphearsa “...sna fir...” sa chaoi chollaí. Tá Mac



Lochlainn (1999) den tuairim in ‘Úrscéal Aoibhinn Aerach’ go mbronntar an cineál sin teidil ar an téacs úrscéal aerach sa chiall homaighnéasach. Tá an chontúirt ann, áfach, go ndéanfaí catagóiriú ar an úrscéal as an gcineál seo collaíochta agus as an gcrúsáil a léirítear ann (Ó Conchubhair 2005: 226). Ach glacann Breathnach agus Ní Neachtain (2010) leis gurb é seo “...úrscéal mór homaighnéasach na hÉireann...” toisc go bpléitear ann cultúr na haiteachta go ginearálta (ibid., 68). Ní ghlacann an Conghaileach é féin leis an gcineál seo lipéid agus molann sé gur úrscéal é seachas úrscéal aerach (Mac Con Iomaire 2000: 31). Baineann Ó Siadhail (2010) leas as an téarma *queer Bildungsroman* le cur síos a dhéanamh ar an leabhar toisc gur teacht in inmhe an phríomhcharachtair atá i gceist leis an téacs (Ó Siadhail 2010: 143). Feictear don Lochlannach nach mbíonn gimic na homaighnéasachta in úsáid ag an gConghaileach le lucht léite faoi leith a mhealladh chuige, ach gur céim nádúrtha a bhí ann úrscéal den chuma seo a scríobh (Mac Lochlainn 1999: 20). Dar leis, chomh maith, nach bhfuil bolscaireacht i gceist leis an úrscéal:

Músclaíodh bá as cuimse sa léitheoir do chás an ógánaigh, agus ní beag an teist ar aon saothar liteartha go gcuirfeadh sé an léitheoir ag gáire leis na carachtair le linn na dea-uaire agus go spreagfadh sé iarracht uamhain ann le linn na drochuaire. Ní *polemic* é *Sna Fir*, ná aon rud mar é. Imeachtaí John Paul a thiomáineann an t-úrscéal ar aghaidh é ó thus deireadh, agus ní leomhainn an t-údar dó féin imeacht ó bhealach an scéil d’fhonn aon bhóithrín bolscaireachta a shiúl. (ibid., 30)

Feictear chomh maith go ndéantar iarracht an raon poiblí a thiontú ina raon collaí i ndán úd Chathail Uí Shearcaigh (1996) ‘Geasa’ [NBB], nuair a phléitear an chollaíocht amuigh faoin aer. Is féidir an chollaíocht faoin aer a chur san áireamh i dtuiscintí a bhaineann leis an gcrúsáil toisc go léiríonn sé an cineál gníomhaíochta a bhíonn ar siúl. Tá an dá rud an-chosúil lena chéile toisc go ndéanann siad spásanna áirithe a aitiú agus a chur faoi réir speictream na haiteachta. Ag tús an dáin déantar atmaisféar collaí a bhunú trí úsáid íomhánna. Déanann an file trasnaíl idir an aimsir agus an chollaíocht. Úsáidtear aimsir the dheireadh an earraigh mar mheafar don chollaíocht agus do phríomhthéama an dáin; an chollaíocht faoin aer. Is féidir a áiteamh gur dán é seo a chíorann an chrúsáil i mbealach heitrighnéasach, ach go bhfuil an spás i gceist á aitiú ag an bhfile agus ag reacaire an dáin. Mar thoradh air sin, mar a pléadh cheana, tá níos

mó i gceist leis an aiteacht ná díreach an claonadh homaighnéasach. Feictear thíos na slite a gcuireann an file a mhianta collaí in iúl trí mheán na n-íomhánna a léirítear:

Tráthnóna teann teaspaigh  
a bhí ann i ndeireadh an earraigh  
agus bruth na hóige i mo chuislí;  
an sú ag éirí i ngach beo  
agus bachlóga ag broidearnaigh  
ar ghéaga na gcrann fearnóige  
taobh liom. Mé ag amharc ina treo,  
ag cúlchoimhhead uirthi go fáilí  
fríd scoilt i gclai an gharraí; (ibid., línte 1-9)

Mar is gnách don fhile, déantar iarracht an dúlra agus an grá a nascadh le chéile le léamha a dhéanamh ar an ngrá a bhíonn ag an bhfile don bhean áirithe seo. Feictear thuas fiosracht na collaíochta agus an chaoi a ndéantar an dúlra a aitiú trí mheán an chlaí. Léirítear teagmháil chollaí de chuid an fhile agus é míchompordach leis an eachtra a thiteann amach:

Mé easnamhach  
ar an uaigneas  
measc cloch  
gan seasamh  
san uaigneas  
measc cloch. (línte: 19-21)

Is sa tsamhlaíocht, áfach, a chuireann an Searcach aithne air féin, é meallta chuig fear seachas chuig an mbean a luaitear i gcorp an dán. Cuireann an t-eolas breise seo le hatmaisféar an dáin agus le haitiú an raoin timpeall air go ginearálta. Deir seo “chan ise a bhí romham sínte” (ibid., líne 44-45) ag diúltú na mná os a comhair amach go samhlaíoch. Ina háit a éiríonn leis an reacaire an chrúsáil áirithe seo a chur i dtiúin lena mhianta pearsanta.

Lena chois sin, pléitear an chrúsáil go mion agus an t-aitiú spáis i gcarachtar Jimí, in *Sna Fir* (Ó Conghaile 1999) nuair a chuirtear in iúl go bhfuil fear aige ach go n-oibríonn

sé thar sáile go minic. Dá thoradh, bíonn an bheirt acu ag piocadh suas fear nuair a bhíonn siad as baile, nó mar a deir sé “*Fair is fair... Fear is fear*” (ibid., 36). Is sa pháirc phoiblí ait seo a bhíonn “...*flingeanna...*” (ibid.) acu agus mar sin déantar suíomh poiblí na páirce a aitiú. Dá bharr sin, baineann Jimí leas as an bpáirc ionas go roinnfeadh sé “...[a] visual exchange...” chun an chrúsáil a chur ar siúl (Turner 2003: 9). Tar éis do John Paul an oíche a chaitheamh in éineacht le Jimí, is léir nach bhfuil aon ní ó Jimí ach caidreamh collaí. Mar thoradh air sin, tá John Paul fágtha ar an trá fholamh agus é ar ais ar shráideanna Bhaile Átha Cliath. Tagann an spás poiblí ar ais chuige agus é ag fágáil spás ait an tseomra codlata. Tá sé seo i gcodarsnacht lom leis an spás ait a cruthaíodh níos túisce agus Jimí is John Paul ag rá go “...[g]clúdód le mil thú, a Jimí mo mhíle stór...” (ibid., 32). Feictear uaigneas an raoin phoiblí i gcomparáid leis an ngrá a léiríodh i seomra Jimí:

Tharraing mé an doras i mo dhiaidh de phlap éadrom. Chuala mé Jimí ag fáisceadh an tslabhar bhig shábhailteachta air taobh istigh. Bhuail aer fionnuar na hoíche m’éadan láithreach, ag meabhrú dom go raibh mé amuigh sa saol mór fuar aríst, go raibh deireadh le mo bhrionlóidse don oíche seo. Bhí na sráideanna ciúin. Ceisteach, beagnach. Shiúil mé liom go tréan lúfar, orlaí beaga de dhíomá ag silt trí mó shástacht. (Ó Conghaile 1999: 37)

Tar éis dó filleadh ar an raon poiblí, réitíonn John Paul é féin don chlub oíche aerach. Is léir go bhfuil an raon poiblí mar áit níos saoire dó agus é in ann saol ait a chaitheamh sa spás sin. Ar an gcéad dul síos, bíonn inní ar John Paul ag ceapadh go mbeidís “...ag stánadh orm...” (ibid., 39), ach de réir a chéile glacann John Paul leis nach mbeadh aithne ag muintir Bhaile Átha Cliath air, rud atá an-tábhachtach, “Cá bhfios dóibhsean nach i mBleá Cliath a rugadh, a baistíodh, is a tógadh mise freisin” (ibid., 43). Taitníonn an neamhainmníocht le John Paul agus é sa chathair, nó i spás poiblí ait, an easpa aithne den chineál céanna a fhaightear i gClub 99, club crúsála collaí. Bíonn saoirse ar leith ar fáil sa chlub do John Paul agus braitheann sé “[Nár bh] as Ceathrú na gCloch mé anois. Ní raibh cárta aitheantais ná mo chuid éadaigh féin liom. Fiú m’ainm is mo shloinne féin bhí siad fágtha i mo dhiaidh” (ibid., 63). Maíonn Hammers (2008) go bhfuil an club gnéis go sóisialta mar “...space for gay men to act out desires and engage in sexual exploration” (ibid., 561). Mar sin is sa chlub gnéis, mar raon poiblí ait, gur féidir an duine a mhianta príobháideacha féin a chur i bhfeidhm agus a léiriú. Mar sin féin, is léir

go bhfuil téama an uaignis ar fáil tríd an úrscéal agus cé gur féidir leis na carachtair a mhianta a chleachtadh, tá uaigneas fós le feiceáil mar mhóitíf. Ní galar nó mí-ord é an homaighnéasacht do John Paul, ach is claonadh é trína ndéantar imeallú air ón slua (ibid.). Is léir gur léiriú réalaióch é seo ar shaol na haiteachta, de réir Nic Eoin (2006), atá san úrscéal ós rud é go bpléitear an caidreamh collaí ar shlí shothuigthe uilíoch (ibid., 92). Dar léi gur úrscéal cumhachtach é seo lán de chastachtaí an chaidrimh phearsanta atá le feiceáil ann (ibid.). Ba é an réalachas áirithe seo a chuaigh i bhfeidhm ar léitheoirí an téacs seo, de thoradh na “...[h]oscailteacht[a] nach gceileann cuid de shuarachas an tsaoil...” (Breathnach agus Ní Neachtain 2010: 68). Mar sin féin, bhí rogha le déanamh ag Micheál Ó Conghaile: an nádúr homaighnéasach a mhúscailt go hionraic neamhbhalbh, a chrúsáil curtha san áireamh aige, nó a mhianta féin a chur faoi chois ina ealaín (Mac Lochainn 1999: 29). Éiríonn leis an gConghaileach, dá bharr, domhan na haiteachta a chur i dtoll a chéile domhan ina mbíonn fáil ar fhéiniúlachtaí ilghnéitheacha. Cuireann an Conghaileach domhan ar leith na crúsála ar fáil don léitheoir agus déantar an raon poiblí a aitiú go cruinn lena linn.

Feictear go sonrach an tábhacht a bhaineann leis an spás agus an chollaíocht i ndán úd Uí Shearcaigh ‘Do Jack Kerouac’ [SE] (2000: 139). Mar réamhtheachtaí Uí Shearcaigh, pléann an file frithchultúr na mbítfhilí agus an cur chuige réabhlóideach a bhí i gceist leis an ngluaiseacht áirithe fhileata sin. Cuireann an Searcach tús leis an dán le sliocht tógtha as *On the Road* (1957) de chuid Kerouac. Sa saothar féin, cuireann Kerouac síos ar an taisteal a rinne sé agus é lán de mhóitífeanna a bhain leis an gcollaíocht agus an tábhacht a bhí ag an gcollaíocht sa ghluaiseacht áirithe sin. Is léir go dtugann léamh *On the Road* de chuid Kerouac spreagadh as cuimse don Searcach. Sa chéad rann de chuid an dáin chéanna, pléann an file an chaoi ar spreag an téacs é. Feictear thíos fuinneamh collaí agus an file ag imirt leis an mBéarla ina iarracht fhileata. Éiríonn leis an bhfile cultúr agus atmaisféar na bítfhilíochta, an spás cultúrtha collaí seo, a léiriú go muiníneach agus go healaíonta thíos. Feictear, chomh maith leis sin, codarsnachtaí móra idir logainmneacha na Gaeltachta agus Mheiriceá ag cur leis an léamh collaí ar an dán:

Ag síoscadh trí do shaothar anocht tháinig leoithne na cuimhne  
chugam ó gach leathanach.

Athmhúsclaíodh m’óige is mhothaigh mé ag éirí ionam an *beat*

brionglóideach a bhí ag déanamh aithrise ort i dtús na seachtóidí.  
1973. Bhí mé *hookáilte* ort. Lá i ndiaidh lae fuair mé *shot* inspioráide  
ó do shaothar a ghealaigh m'aighe is a shín mo shamhlaíocht.  
Ní Mín an Leá ná Fána Bhuí a bhí á fheiceáil agam an t-am adaí ach  
machairí Nebraska agus táilte féaraigh Iowa.  
Agus nuair a thagadh na bliúna orm ní bealach na Bealtaine a bhí  
romham amach ach mórbhealach de chuid Mheiriceá.  
'Hey, man, you gotta stay high,' a déarfainn le mo chara agus muid ag  
*freakáil* trí Chalifornia Chill Ulta isteach go Frisco an Fhál  
Charraigh. (ibid., 1-13)

Ag filleadh ar *Sna Fir* (Ó Conghaile 1999), bíonn John Paul go hiomlán do-aitheanta sa chathair agus sonraítear sin go háirithe nuair a fhilleann sé ar an bpáirc, áit a dtagann sé ar ghrúpa ógfhear ag spochadh as ag geataí na páire ag rá “*Another one of them. Queer as fuck... Definitely, see the bent cut of him... Going off now to get himself queered*” (Ó Conghaile 1999: 121). Feictear go mbíonn aitiú ar siúl ag dream na páirce, áit nach mbeadh aithne ag éinne air chun a mhianta a shásamh, rud nach dtuigeann fir óga na páirce atá ag iarraidh a mhianta a shásamh. I ndomhan na páirce, tugann sé aghaidh ar an gcros naofa agus “Ba ghearr go raibh mé ardaithe nóiméad chun na flaithe, is mé ag  *jerkáil* a raibh de sponc te ionam ina phreab bhraonach scairdiúil ar leac fhuar liath na croise” (ibid., 134). Pléann Bell agus Valentine (1995) an chaoi a bhfuil *landscapes of desire* ar siúl anseo ag Ó Conghaile, áit a mbíonn an chathair agus an pháirc in úsáid mar dhomhan agus mar raoin chrúsála agus chollaíochta (ibid., 1). Feidhmíonn an spás uirbeach mar dhomhan ait do John Paul, rud a chuireann Knopp in iúl ina aiste ‘Sexuality and Urban Space: A Framework of Analysis’:

The sexual codings of cities, spaces within cities and the populations associated with them, then, are varied and complex. A few generalisations do seem possible, however: (1) Many of contemporary societies’ conflicts and contradictions find expression in these codings; (2) these codings emphasise both erotic and more functional conceptions of sexuality, depending upon the particular areas and populations involved; (3) areas and populations which represent failures of or challenges to aspects of the dominant order (e.g. slums; gentrified areas) tend to be coded in both dominant and alternative cultures as erotic (i.e. as both dangerous and potentially liberatory), while those seen as less problematic tend either to be desexualised or to stress more

functional approaches to sexuality; (4) these codings are connected to power relations; and (5) they are (in this latter respect) fiercely contested. (ibid., 137)

Is léir go mbaineann John Paul, go háirithe, leas as raon faoi leith poiblí agus uirbeach, a ndéantar domhan na haiteachta as. Baineann John Paul úsáid as an gcathair lena mhianta pearsanta a shásamh agus lena fhéiniúlacht mar fhear aerach nó mar fhear ait a mhúnlú, mar a phléann Nic Eoin (2005: 265). Feictear deoraíocht chollaí agus na carachtair seo ag dul chun na cathrach. Mar is léir do Bell agus Valentine (1995), déantar spásanna áirithe uirbeacha a thiontú ina raoin fheitise (ibid., 2). Dar le Knopp (1995) go gcuireann na spásanna uirbeacha seo cruth ar an gcaoi a rialaítear an saol sóisialta daonna (ibid., 136). Mar sin féin, tá an raon uirbeach seo mar chuid den phróiseas mianta ina dtagann an t-uirbeachas agus an chollaíocht le chéile i suíomhanna éagsúla (ibid., 144). Éiríonn le scríbhneoirí seo na Gaeilge leas a bhaint as an spás uirbeach le domhan na haiteachta a chur i dtoll a chéile, ní a fheictear go sonrach sa charachtar John Paul in *Sna Fir* (1999).

Is cinnte go bhfuil léirithe éagsúla ar an inscne le feiceáil sa raon poiblí chomh maith. Is féidir linn an téama seo a fheiceáil i scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge agus é curtha i gcomhthéacs an raoin phoiblí.

### 5.3.3 An Léiriú Inscne

... gender is a kind of imitation for which there is no original... In other words, the naturalistic effects of heterosexualized genders are produced through imitative strategies; what they imitate is a phantasmatic ideal of heterosexual identity, one that is produced by the imitation as its effect... heterosexuality is always in the process of imitating and approximating its own phantasmatic idealization of itself – and failing... Reconsider then the homophobic charge that queens and butches and femmes are imitations of the heterosexual real. Here “imitating” carries the meaning of “derivative” or “secondary,” a copy of an origin which is itself the ground of all copies, but which is itself a copy of nothing... if it were not for the notion of the homosexual as copy, there would be no construct of heterosexuality as origin. (Butler 1993c: 313)

I gcás na hinscne, rianaíonn Butler na ceangail stairiúla atá ag an inscne leis an heitrihnéasacht agus an chaoi a mbíonn an-tionchar ag an gclaonadh collaíochta sin ar chur i láthair inscne an duine. Is é sin, go mbíonn an homaighnéasach mar chóip de bhunleagan an heitrihnéasaigh, ach nach bhfuil aon chinnteacht ann i leith na

bunchóipe seo (ibid.). Dá bharr sin, bíonn inscne an duine i gcónaí réamhchinntithe mar inscríbhinn chultúrtha (Salih 2002: 62). Is é sin, go ndéantar an corp a inscniú ón bpointe a thagann an leanbh ar an saol (ibid.). Mar is léir do Jagger (2008), níl an heitrihnéasacht ina thoradh nádúrtha ar an inscne bhitheolaíoch agus is ficsean iomlán é (ibid., 29). Is as sin a thagann tuiscintí i leith na hinscne chun cinn, agus is trí mheán na collaíochta a bhíonn fáil ar léirithe inscniú stílithe athdhéanta (*stylized repetition of gender acts*) (ibid., 27). Dá réir sin, tá Butler den tuairim go mbíonn an léiriú i gcónaí curtha in iúl trí mheán an dioscúrsa le tionchar an athdhéanta; ach an bhfuil teorainn ann maidir leis an gciall seo ó thaobh na hinscne nó an chine de? (Butler 1993: 20). Is léir, dar le Nussbaum (1999), go bhfuil tionscnamh Butler, ag díriú ar an tslí nach oibiacht nádúrtha í an inscne ach gur táirgeadh de chuid cúinsí sóisialta heitrihnéasacha í an inscne (ibid., 5). Maíonn Boucher (2006) go bhfuil “...gender is not the expression of an “abiding substance,” but a naturalised social ritual of heterosexuality, masquerading as an expression of natural sex” (ibid., 115). Maíonn Butler in (Butler agus Connolly 2000), go gcuirtear an saol i gcónaí faoi bhráid na heitrihnéasachta agus nach claonadh roghnach é (ibid., 2). Baineann Butler leas éifeachtach as an léiriú stáitse den bhanríon draig den léiriú athdhéanta in *Bodies That Matter* (1993) ina ndeir sí go bhfeidhmíonn an bhanríon draig mar “...performed identification... that reiterates a gendered idealization...” (ibid., 235). Cosúil leis an sampla den bhanríon draig, áfach, tá sé soiléir go bhfuil ilghnéitheacht faoi leith ann maidir leis an inscne agus an fhéiniúlacht toisc nach bhfuil croílár seasmhach ag inscne (Butler 1997: 14). Eascraíonn an tuiscint seo as tuairim Simone De Beauvoir (1953) sa téacs *The Second Sex* nuair a deir sí “One is not born, but rather becomes a woman” (ibid., 273). Breathnaíonn Butler go cruinn ar thuairim De Beauvoir in *Gender Trouble* (1990) agus déanann sí cur síos ar an gcaoi a ndéantar inscne a mhúnlú:

Gender is, thus, a construction that regularly conceals its genesis; the tacit collective agreement to perform, produce, and sustain discrete and polar genders as cultural fictions is obscured by the credibility of those productions and punishments that attend not agreeing to believe in them; the construction “compels” our belief in its necessity and naturalness. The historical possibilities materialized through various corporeal styles are nothing other than those punitively regulated cultural fictions alternately embodied and deflected under duress ...In what senses, then, is gender an act? As in other ritual social dramas, the action of gender requires a performance that is *repeated*. This repetition is at once a reenactment and

reexperiencing of a set of meanings already socially established; and it is the mundane and ritualized form of their legitimation. Although there are individual bodies that enact these significations by becoming stylized into gendered modes, this “action” is a public action. There are temporal and collective dimensions to these actions, and their public character is not inconsequential; indeed, the performance is effected with the strategic aim of maintaining gender within its binary frame—an aim that cannot be attributed to a subject, but, rather, must be understood to found and consolidate the subject. (ibid., 140)

Faightear léirithe éagsúla ar cheisteanna na hinscne agus na haiteachta i saothair ár scríbhneoirí Gaeilge. Déantar an inscne a shainmhíniú arís is arís eile trí mheán na litríochta, litríocht na Gaeilge san áireamh. Déanfar scagadh, dá bharr sin, ar na slite a bpléitear an inscne ina gcuid saothar.

Tá an léiriú inscneach le feiceáil i saothair Uí Chonghaile. Ina ghearrscéal ‘Gabh i Leith, a Mhéit’[FNG] (2003) ciorann sé an inscne agus léiriú inscneach na gcarachtar. Déantar pearsantú ar an mbás agus is é tuairim an reacaire gurb é an cara is dílse atá aige (Ó Cofaigh 2004: 55). Léiríonn an reacaire sa saothar gurb é an Bás an “...méit is fearr...” atá aige. Tá an-aithne ag an mBás ar an reacaire “...an aithne áirid úd a bhíonn agat ar dhuine nár casadh ariamh ort ina bheatha” (ibid., 97). Is léir go ndéanann an reacaire ionannú leis an mBás agus go bhfuil an bheirt acu “Amhail cúpla...” (ibid.). Dála an reacaire, tá macántacht áirithe bainteach leis an mBás, b’fhéidir nach bhfuil sé de cheart ag an reacaire iarraidh air cathain a thiocfaidh sé, ach tuigeann sé go dtiocfaidh sé ar deireadh agus tá sé sin “...chomh siúrálte leis an mbáisteach” (ibid.). Tá cairdeas faoi leith le sonrú i gcaidreamh an Bháis agus an reacaire, i gcodarsnacht leis an aighneas a chruthaíonn sé i measc na mban. Léirítear na deacrachtaí a bhíonn ag an reacaire le mná agus deirtear gur “...bitse...” cheart í an bhean nár chloígh leis an gcoinne a bhí socraithe ag an mbeirt acu (ibid., 98). Ligtear síos go minic é ó thaobh na gcoinní de agus fágann sin nach bhfuil aon mhuinín aige as mná ná spéis aige iontu, rud a chuireann lena chaidreamh leis an mBás. Is éard a chuireann Ó Conghaile os ár gcomhair ná léirithe áirithe amháin ar an bhfearúlachta agus ar an mbanúlachta. Treisíonn an reacaire na difríochtaí inscne atá le brath idir é féin agus an bhean a lig síos é tríd an lipéad maslach sin “...bitse...” a thabhairt uirthi. Dar le Carline (2006) go gcuirtear an difríocht inscne seo in iúl mar fheiniméan sóisialta agus bíonn an léiriú inscneach seo mar chuid den chorp inscneach (ibid., 310). Má ghlacann mná nó fir ról de shaghas éigin leis an léiriú seo a chur i gcrích, áfach, an é sin le rá go bhfuil script



áirithe acu? Déanann Butler an cineál seo tuairime a shonrú in ‘Imitation and Gender Insubordination’ (1993):

To claim that there is no performer prior to the performed, that the performance is performative, that the performance constitutes the appearance of a “subject” as its effect is difficult to accept. This difficulty is the result of predisposition of think of sexuality [sic] and gender as “expressing” in some indirect way a psychic reality that precedes it... And yet, if repetition is the way in which power works to construct the illusion of a seamless heterosexual identity, if heterosexuality is compelled to *repeat itself* in order to establish the illusion of its own uniformity and identity, then this is an identity permanently at risk, for what if it fails to repeat, or if the very exercise of repetition is redeployed for a very different performative purpose?... There is no direct expressive or causal lines between sex, gender, gender presentation, sexual practice, fantasy and sexuality. (ibid., 315)

Caidreamh na bhfear atá le feiceáil in ‘Briathra agus Bráithre’ [SS] le Cathal Ó Searcaigh (1993), dán a phléann an fhearúlacht agus an catagóiriú a dhéantar ar bhráithreachas. Baintear úsáid as téama an bhráithreachais ionas go bhféadfaidh an file teacht ar spás deifnídeach d’fhir i gcomhthéacs an dáin. Is éard atá i gceist ag Ó Searcaigh ná úsáid miotais leis an bhfearúlacht a cheiliúradh ach go bhfuil contúirtí den bhriseadh síos a dhéantar ar an mbráithreachas ann (féach, mar shampla, an nod do Cháin is Aibéil ibid., líne 5). Mar sin, is éard a theastaíonn ón bhfile ná tréithe na bhfear a phlé agus a threisiú sa dán. Úsáidtear íomhánna láidre chun an fhearúlacht a léiriú don léitheoir agus chun nascanna sóisialta a chruthú idir fir i gcomhthéacs an dáin mar a fheictear thíos:

‘Is bráithre muid go léir,’  
arsa an manach le m’athair  
ach nuair a thrasnaíos  
an cur i gcéill go groí  
le ‘macasamhail Cháin is Aibéil’  
chreathnaíos. Bhí miodóga  
fionaiolacha na súl  
sáite ionam go croí. (ibid., línte 1-8)

Déantar iarracht mná a chatagóiriú in *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2001) nuair a chuireann Jeaic síos ar an mbailitheoir amhrán. In agallamh le Pádraig Ó Siadhail

(2003) pléann an Conghaileach na slite ina ndearnadh míléamh ar an téacs go háirithe i dtaobh cúrsaí insneacha:

... this novella has been misread by so many people, which is a pity and a great disappointment. Or I might have failed as a writer. I wish people would re-read it or would come to it without any baggage. I think it was written/published twenty years ago or indeed twenty years from now people would not be reading it with a tunnel vision and it would not have fallen into this trap... I think. (Ó Siadhail 2003: 58)

I gcodarsnacht lom leis an ardmholadh a fuair an Conghaileach (1997) dá shaothair *An Fear a Phléasc* (1997) agus *An Fear nach nDéanann Gáire* (2003), ní raibh criticeoirí na Gaeilge iomlán ar a gcompond leis an nóibhille chonspóideach seo ina bpléitear seandúine a bhfuil seasamh áitiúil bainte amach aige agus an léiriú insneach air agus ar thaighdeoir óg sa téacs. Mar sheanchaí agus mar shaineolaí dúchais atá an fear a chothaíonn caidreamh le taighdeoir óg (Breathnach agus Ní Neachtain 2010: 68). Molann Breathnach agus Ní Neachtain stíl scríbhneoireachta Uí Chonghaile sa téacs ach tá drogall orthu ábhar an pháosa a láimhseáil nó a chíoradh go héifeachtach (ibid., 69). Is cinnte go bhfuil Ó Conghaile sásta mianta príobháideacha daonna an tseanfhir i leith na mná óige a léiriú sa pháosa (Ní Fhrighil 2004: 118). Dar le Ní Fhrighil go dtéann fiosracht an léitheora chun cinn toisc go ndéantar iarrachtaí déistean an scéil a léiriú trí bhá a chruthú idir an léitheoir agus an príomhcharachtar (ibid.). Brionglóid a bhí sa scéal, a chuireann suaimhneas ar an léitheoir comhaimseartha. Pléann Nic Eoin (2006) modh inste Uí Chonghaile agus an chaoi a ndéantar iarracht nach beag an domhan réalaíoch a chur i gcomparáid leis an domhan osréalaíoch:

Braitheann éifeacht dhrámatúil an úrscéil ghairid *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2002), mar shampla, ar mhórchumas Uí Chonghaile réimsí an réalachais agus na brionglóidíochta a láimhseáil ar bhealach gur deacair idirdhealú cinnte a fheiceáil eatarthu. Is í an éiginnteacht maidir leis na nithe atá á ríomh sa scéal seo (an bhfuil siad ag tarlú i ndáiríre nó an in intinn an tseanfhir amháin atá siad?) a bhronnann doimhneacht agus réalachas síceolaíoch ar an saothar ina iomláine, agus a fhágann an léitheoir ar tinneall ó thús deireadh. (ibid., 93-94)

Tugann sé spéirbhean, téarma an domhain osréalaíoch seo, uirthi le comparáid a dhéanamh idir í agus an áilleacht (ibid., 40). Ar bhealach, bíonn scanradh ar Jeaic nár tháinig sí ach amháin ina chuid brionglóidí agus nár chas sé uirthi ar chor ar bith (ibid.). Feictear anseo an t-idéalú a dhéantar ar Niamh Chinn Óir mar shiombail den ghlaineacht agus den bhanúlacht chomh maith. Anuas air sin, baineann Ó Conghaile

leas as siombail na Maighdine Mara le háilleacht an bhailitheora a chur in iúl, rud a threisíonn agus a dhatháíonn banúlacht an charachtair. Cuairt shamhlaíoch a thagann an Mhaighdean Mhara ar Jeaic (ibid., 58) Feidhmíonn na híomhánna seo iontu féin mar *notion of performativity* (Barad 2003: 809), toisc go gcaitheann siad solas ar an gcatagóiriú insneach a dhéantar ar an mbailitheoir amhrán. Is cinnte gur ag cuardach amhrán a bhí sí le cur lena saíocht phearsanta féin, ach is é Jeaic áis na saíochta sin. Tá idirphlé le feiceáil i léiriú na hinscne agus an chaoi a gcuirtear an inscne in iúl trí mheán na difríochta agus trí mheán an léirithe. Is é sin, go bhfuil éifeacht na haithrise i gceist leis an gcur i láthair a dhéanann an duine lena fhéiniúlacht inscne a chur in iúl. Dá bharr sin, tá na catagóirí seo míshocair agus is léir go bhfuil inscne nó claonadh collaí coinchréiteach ann (Kelly agus Anoop 2006: 460). Más rud é go bhfuil léiriú i gceist leis an inscne, áfach, an é sin le rá gur aisteoirí muid agus nach bhfuil i gceist le hinscne ach léiriú?

Crucially, Butler is not suggesting that gender identity is a performance, since that would presuppose the existence of a subject or an actor who is doing that performance. Butler refutes this notion by claiming that the performance pre-exists the performer, and this counter-intuitive, apparently impossible argument has led many readers to confuse performativity with performance. (Salih 2002: 10-11)

Déanann Butler iarracht an léiriú inscne a chíoradh nuair a deir sí gurb í an bhanríon draig “...*the sign* of gender, a sign which is not the same as the body it figures...” (Butler 1993: 26). Is léir, mar sin, go bhfeidhmíonn an duine trí mheán leaganacha urtheilgeacha (*hyperbolic versions*). Níl aon dul as ach go nglacann an duine leis an ról a tugadh dó agus go mbíonn deacrachtaí aige nuair a dhéanann sé an ról sin a sháru. Cuireann Micheál Ó Conghaile (2003) roimhe seo a dhéanamh ina dhráma *Cúigear Chonamara* ina bhfuil trasfheisteoir mar charachtar lárnach. Tá suim ag Danny in éadaí ban, rud a chruthaíonn fadhbanna dó sa dráma:

Tógann amach gúna fada. Nodann a chloigeann go sásta agus crochann ar an doras é. Casann thart agus tarraingíonn de a jersaí agus ansin íochtar a tracksuit, á gcaitheamh ar an leaba. Seasann sé os comhair an scátháin is gan air ach a chuid fobhrístí, a chúl iompairthe leis an lucht féachana. Socraíonn a chuid gruaige beagán. Féachann air féin sa scáthán. Cuireann sé a lámha ar a bhrollach amhail is dá mbeadh dhá chíoch air agus baineann cor nó dhó as uachtar a cholainne. Téann sé trasna an tseomra ansin go dtí an boirdín gléasta agus tarraingíonn amach

an tarraiceán íochtarach. Tógann amach an máilín plaisteach a shac sé isteach ann níos luaithe. Tógann aníos lingerie mná – brístín agus cíochbheart – as. Bolaíonn díobh agus tarraingíonn isteach anáil dhomhain. (ibid., 34)

An rud is suntasaí maidir leis an gcaoi a gcuirtear Danny inár láthair ná an t-athrú iompair a bhíonn le feiceáil i ngníomhaíochtaí an charachtair, rud a chuireann go mór leis an léiriú a dhéantar ar an trasfheisteoir. Is léir go bhfuil an rún seo ag cur as dó agus deir sé “Foc an áit seo! Foc Conamara!” (ibid., 35). Nuair a bhíonn an deis ag Danny, agus é ina aonar ina sheomra leapa, athraíonn sé a chuid éadaí lena léiriú inscne a athrú “...(*i nguth mná*) Féachann tú go hálainn, a Danny” (ibid., 55). Is díol spéise é chomh maith go míníonn Danny go raibh páirt chailín aige i ndráma nuair a bhí sé ina ghasúr (ibid., 58). Anuas air sin, deir sé go raibh sé breá compordach i bhfeisteas ban agus gur “...mhothaigh mé chomh compordach... chomh sóúil... Is ar bhealach aisteach mhothaigh mé mo chorp saor, chomh saor” (ibid., 59). Cuireann Danny an géibheann in iúl, b’fhéidir, a chruthaítear leis an inscne seo a bhronntar ar an bpáiste. Nuair a scaoiltear a rún i ndeireadh thiar, áfach, is mór an chonspóid agus an cáineadh a tharraingítear ar Danny as a bheith ag iarraidh teorainn inscne a shárú, nó mar a deir Darach “Ara, ní fear ceart ar bith thú ach cineál... cineál –” (ibid., 83). Go stadach agus go fiosrach a dhéanann Darach catagóiriú ar an inscne thriobhlóideach seo a nglacann Danny leis, rud a théann i gcoinne srutha agus nóis. Is léir, dá bharr sin, go gcuireann Danny na coincheapa ficsin in iúl ó thaobh na n-inscní de agus an brú a bhíonn ar an bhfear seasamh éigin a ghlacadh chun a fhearúlacht a léiriú go héifeachtach (Boucher 2006: 112). Bíonn constaicí i gcoinne Danny toisc nach féidir é a chatagóiriú go simplí a thuilleadh, rud a chuireann a chlaonadh heitrichnéasach go hiomlán as a riocht. Cruthaítear an inní seo toisc go gcuireann sé in iúl cé chomh míshocair agus atá catagóirí inscní den chuma seo (Jagger 2008: 18):

Hence, gender is an act which has been rehearsed, much as a script survives the particular actors who make use of it, but which requires individual actors in order to be actualized and reproduced as reality once again. The complex components that go into an act must be distinguished in order to understand the kind of acting in concert and acting in accord which acting one's gender invariably is... As a public action and performative act, gender is not a radical choice or project that reflects a merely individual choice, but neither is it imposed or inscribed upon the individual, as some post-structuralist displacements of the subject would contend. The body is not passively scripted with cultural codes, as if it were

a lifeless recipient of wholly pre-given cultural relations. But neither do embodied selves pre-exist the cultural conventions which essentially signify bodies. (Butler 1988: 526)

Is féidir linn léirithe éagsúla insneacha agus spásanna cultúrtha a fheiceáil i ndán Uí Shearcaigh ‘Mórtas na mná Palaistíní’ (2006: 50) óna cunuasach *Gúrú i gClúidíní*. I gcaitheamh an dáin pholaitiúil seo, cíorann an Searcach an Phalaistín agus áit na mban sa tír. Tugtar spléacadh don léitheoir ar shaol na mban sa Phalaistín agus na castachtaí a bhaineann leis an saol ann. Sa chéad rann den dán, agus guth na mban á ghlacadh ag an bhfile, deir sé, “Anseo i nGaza, i Ramala, i nGaililí,/ fanóidh muid ag buanú ár cineáil is ár ndlí” (ibid., línte 1-3). Cuireann an Searcach síos ar áit na mban sa tsochaí Phalaistíneach agus an chaoi a gcuirtear smacht ar an inscne sin sa tír. Feictear thíos sa cheathrú rann ach go háirithe áit na mban sa tír. Baintear úsáid éifeachtach as an athrá chun béim ar leith a leagan ar ghníomhaíochta agus ar chúraimí na mban sa tsochaí sin:

Inár sarbhóntaí agus inár seirbhísigh,  
Géillíúil agus cuideachtúil  
Sa chruth go dtic linn, mall agus luath,  
greim bídh a ghoid go tráthúil  
deaslámhach, dár gcuid páistí gortacha,  
ó chrúba croasacha bhur bhfuatha. (ibid., línte 16 – 21)

Is léir go n-éiríonn leis na scríbhneoirí catagóirí inscne atá seasmhach ach míshocair a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta. Míníonn Butler go bhfuil an inscne mar chuid den *cultural play* (ibid., 531) agus spreagtar ceisteanna ina dhiaidh sin faoi thábhacht na hinscne mar chatagóir ar an gcéad dul síos (Butler 2000: 60). Tá Butler den tuairim go bhfuil an duine daonna sáinnithe sna catagóirí seo, ach go n-éiríonn le roinnt daoine na catagóirí seo a shárú agus rialacha dochta inscne a shéanadh (ibid., 61). An é sin le rá, áfach, go roghnaítear inscne? Cruthaíonn sé sin deacrachtaí ointeolaíochta, dar le Butler (2004), a cheistíonn an catagóiriú sin ó bhonn (ibid., 24). Más rud é go gcruthaítear an inscne, is féidir fós a rian a fheiceáil sa tsochaí (Butler 2004: 34). Mar sin, is féidir le carachtair shaothar ár scríbhneoirí na catagóirí seo a shéanadh, glacadh leo, nó iad a shárú ag brath ar a mianta agus a rogha féin.

## 5.4 Tatal

Tugadh aghaidh sa chaibidil seo ar an raon poiblí agus ar na téamaí a bhaineann le pobail agus leis an aiteacht chomh maith. Breathnaíodh go téamach agus go criticiúil ar cheisteanna a bhaineann leis an heitreanormatacht, mianta, cumhacht na heitrihnéasachta, an chollaíocht agus an inscne agus iad curtha i gcomhthéacs an phobail. Breathnaíodh ar theoiricí Michel Foucault, Judith Butler, Lauren Berlant agus Michael Warner le linn na hanailise seo. Ceistíodh an heitrihnéasacht go coincheapúil agus an caidreamh atá idir an heitrihnéasacht agus an aiteacht. Ina dhiaidh sin, díríodh ar an soirbhíochas cruálach agus na caidrimh a théann leis mar théama lárnach i scríbhneoireacht na Gaeilge. Úsáideadh príomhthuisicíntí Berlant mar a shonraítear iad i leith na gcaidreamh in *Cruel Optimism* (2001) agus pléadh an chaoi a ndearnadh an soirbhíochas cruálach a chur i gcomhthéacs an raoin phoiblí. Anuas air sin, breathnaíodh ar choincheap an choirp agus an chaoi a mbíonn an corp in úsáid mar shuíomh iniúchta go poiblí agus go collaí. Pléadh, dá thoradh sin, pobal na haiteachta i gcomhthéacs na Gaeilge agus an léiriú inscneach a dhéantar ar charachtair Ghaeltachta i saothair Mhichíl Uí Chonghaile agus Chathail Uí Shearcaigh, faoi seach.

## **6. Conclúid**

### **6.1 Súil Siar**

Is éard is cuspóir leis an taighe seo ná iniúchadh a dhéanamh ar an gcollaíocht agus ar na ceisteanna a eascraíonn aisti i gcomhthéacs shaothair na beirte úd: Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh. Feictear gur scríbhneoirí iad beirt atá nuaimseartha agus réabhlóideach ní amháin ina gcur chuige ach ina gcuid téamaí freisin. Mar atá le feiceáil i gcorp an tsaothair seo, níl léamh den chuma seo ar fáil i gcritic liteartha nó chultúrtha na Gaeilge faoi mar a sheasann an réimse. Trí leas a bhaint as teoiricí fealsúnachta a d'eascair as gluaiseacht chearta sibhialta na homaighnéasachta, rinneadh plé ar théamaí a bhaineann le hilghnéitheacht chollaí agus ar argóintí a thagann chun cinn le linn an chineáil sin scagtha. Cuireadh ar fáil, dá bharr, critic ar théamaí collaí na scríbhneoirí Gaeilge ag baint úsáide as teoiric na haiteachta. Tá sé mar aidhm sa chonclúid seo súil a chaitheamh siar, i dtosach báire, ar a bhfuil pléite sa tráchtas agus díreofar freisin ar fhéidearthachtaí taighde a eascróidh as an tráchtas seo.

### **6.2 Caibidlí an Tráchtas**

Sa chéad chaibidil den tráchtas seo leagadh modheolaíochtaí an tráchtas amach a d'fheidhmeodh mar mhodh critice. Chonacthas lena linn sainmhínithe áirithe ar an aiteacht, an chaoi ar tháinig sí faoi bhláth agus na dúshlán teanga a bheadh le sárú aici. Rinneadh iarracht sa chaibidil seo an fearas critice a mhíniú agus a chur in iúl go sonrach. Is léir go bhfuil, agus go raibh, castachtaí áirithe ag baint leis an gcineál seo critice agus bhí sé mar aidhm ag an scríbhneoir seo aghaidh a dhíriú ar conas í a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na Gaeilge. Cuireadh i láthair beirt scríbhneoirí Gaeilge, Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh agus pléadh gnéithe de shaol agus de shaothair na beirte mar scríbhneoirí comhaimseartha Gaeilge, ag cur san áireamh na forbairtí cruthaitheacha a bhí le feiceáil ina saothair ó thosaigh siad ag foilsíú.

Sa dara caibidil díriodh ar chomhthéacs critice na haiteachta. Breathnaíodh ar stair na homaighnéasachta in Éirinn, go cultúrtha agus go polaitiúil. Breathnaíodh chomh maith ar fhéiniúlachtaí Gaelacha agus ar cheangal na hÉireann leis an mBreatain i

gcomhthéacs ábhar na collaíochta. Anuas air sin, rinneadh cearta na homaighnéasachta in Éirinn, go dtí gur bhain pobal na homaighnéasach comhionannas pósta amach i mí na Bealtaine 2015, a chíoradh. Tugadh faoi deara le linn an taighde seo a dhéanamh gur tháinig athrú ar staid agus ar stádas na homaighnéasachta in Éirinn le tamall de bhlianta anuas. D'eascair, de thoradh na gclaochluithe réabhlóideacha seo, litríocht chomhaimseartha faoi leith sa Ghaeilge.

Breathnaíodh sa tríú caibidil ar na slite a ndearnadh an homaighnéasacht a scrúdú go téamach i nualitríocht na Gaeilge go dtí seo. Tugadh faoi deara le linn na caibidle seo nach raibh na modhanna eile iniúchta sásúil chun téamaí den chuma seo a chíoradh go héifeachtach. Chonacthas go bhfuil an homaighnéasacht le feiceáil i ngort liteartha na Gaeilge agus go bhfuil bearna sa mhodh critice a d'éascódh scrúdú ceart ar na saothair.

Sa cheathrú caibidil rinneadh iniúchadh ar an spás príobháideach i gcomhthéacs shaothar cruthaitheach Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh. Chonacthas gur féidir saothair na beirte seo a cheistiú ag baint leasa as tuiscintí teoriciúla na haiteachta. Rinneadh iniúchadh téamach ar theoricí a bhaineann leis an gcumhacht, le mianta collaí agus leis an teacht amach a cheadaíonn léamha nua a dhéanamh ar a gcuid saothair, léamha nach raibh ar fáil i gcritic na Gaeilge go dtí seo.

Rinneadh scagadh sa chúigiú caibidil ar an spás poiblí i gcomhthéacs shaothair na scríbhneoirí céanna. Chonacthas go bhfuil ceangal leanúnach idir an spás poiblí i mbainistiú na collaíochta i scríbhneoireacht na Gaeilge. Pléadh na slite a mbíonn an heitreanormatacht agus an mhaitrís heitrighnéasach le feiceáil i saothair Ghaeilge. Chonacthas gur féidir úsáid a bhaint as na tuiscintí seo le fiúntas na litríochta agus an t-ábhar a théann leis a scrúdú i gceart.

### **6.3 Coimriú ar Phríomhthorthaí an Taighde**

Ar ndóigh, tugadh faoi deara gur tháinig athrú as cuimse ar litríocht na Gaeilge, ó chorpas a raibh aidhmeanna cinnte le baint amach aici (ina measc an náisiúnachas, an teanga agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn), go litríocht chomhaimseartha a raibh éagsúlacht théamach le feiceáil inti. Chonacthas, agus an taighde ar siúl, gur tháinig bláthú ar chritic na litríochta Ghaeilge comhaimseartha ach go raibh bearna mhór ann i



dtaca le staidéar dioscúrsach na collaíochta. Cé go raibh roghanna difriúla ó thaobh na critice ar fáil de bharr iarrachtaí agus léargais chriticeoirí na Nua-Ghaeilge ní raibh an aiteacht tagtha chun tosaigh fós. Rinneadh grinnstaidéar ar scríbhneoireacht na beirte dá bharr trí leas a bhaint as teoiricí Michael Warner, Lauren Berlant, Judith Butler agus Michel Foucault, teoiriceoirí a chuirtear san áireamh i léann na haiteachta. Ceistíonn siad tuiscintí faoin gcollaíocht i gcomhthéacs spásanna éagsúla agus ceistíonn siad uile tuiscintí seanbhunaithe faoin gcollaíocht, plé a d'fhéadfaí a shíneadh agus a chur i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge ar bhealach níos leithne.

Feidhmíonn an t-aitiú spáis mar mhóitíf leanúnach i saothair na beirte scríbhneoirí seo. Feictear go sonrach na slite difriúla a phléitear ceisteanna uilíocha daonna faoin smacht, faoin gcollaíocht agus faoin bhféiniúlacht tríd an aitiú áirithe seo. Sa Ghaeltacht agus sa chathair, éiríonn leis na scríbhneoirí seo aitiú a dhéanamh ar spásanna ar leith chun ceisteanna móra a ardú faoin gcollaíocht. Trí úsáid a bhaint as teoiric na haiteachta, is féidir leis an léitheoir súil úrnua a thabhairt ar shaothair na scríbhneoirí seo agus tagann tuiscintí nua chun cinn ina leith. Is sa raon príobháideach, an spás istigh, a fheictear léirithe faoin normatacht, faoin ngéillsineach agus faoin teacht amach. Is sa raon poiblí, an spás amuigh, a léirítear téamaí heitreanormatacha, faoin gcollaíocht faoin aer agus faoin gcorp. Ní foláir scil agus inniúlachtaí na scríbhneoirí a aithint agus na téamaí seo á n-ionramháil agus á bhforbairt acu.

Le linn an staidéir seo, breathnaíodh agus rinneadh scagadh ar scríbhneoireacht na beirte scríbhneoirí Gaeilge trí mheán teoiricí fealsúnachta agus liteartha a bhain, agus a bhaineann, leis an gcollaíocht. Anuas air sin, pléadh téamaí a bhaineann ar bhealach amháin nó ar bhealach eile leis an gcollaíocht (ina measc an corp agus ceist na cumhachta). Dá thoradh sin, rinneadh saothair na beirte a chíoradh i gcomhthéacs leathan ach faoi réir an téama uileghabhálaigh: collaíocht na haiteachta. Toisc go gcuimsíonn an aiteacht, agus na teoiricí a ghabhann léi, éagsúlacht i dtaobh cur chuige agus modheolaíochta, glactar leis nach bhfuil ceann scríbe deifnídeach ag an gcur chuige seo sa chritic liteartha. Éagsúlacht modhanna léitheoireachta is critice atá mar bhun is mar bharr theoiric na haiteachta agus an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm í go hilghnéitheach. Seans go bhfuil blaiseadh ciotach ar an modheolaíocht seo ó am go

chéile sa chur chuige seo, ach is é sin cuspóir na teorice seo: an aiteacht féin a cheistiú go turgnamhach. Cuireann an teoiric seo nóisin áirithe bunoscionn agus ceadaíonn sí súil úr ar léamh na litríochta.

#### **6.4 Impleachtaí do Thaighde**

Toisc inúsáidteacht agus éifeacht an chineáil seo modheolaíochta critice, tá féidearthachtaí ann le tuilleadh staidéir faoi scáth na haiteachta a dhéanamh ar litríocht na Gaeilge. Toisc go bhfuil an bheirt scríbhneoirí seo fós ar an bpeann, is féidir athphlé agus comhthéacsú nua a dhéanamh ar an gcorpas scríbhneoireachta acu le foilsiú gach saothair nua leo. Mar sin féin, tá athmhachnamh de dhíth ar chriticeoirí na Gaeilge ar na bealaí a ndéantar scrúdú ar litríocht agus ar chultúr na Gaeilge. Dá thoradh sin, tá féidearthachtaí as cuimse maidir le litríocht na Gaeilge a scrúdú ag baint leasa as tuiscintí a eascraíonn as an scoil chritice seo. Tugann na scríbhneoirí áirithe seo misneach agus glór nua do shaoltaithí an homaighnéasaigh agus an grá aerach á ríomh ina iarrachtaí liteartha. Trí aitiú a dhéanamh ar a saothair liteartha, tugann siad aghaidh ar léirithe nuálacha, cumhachtacha agus radacacha chun an chollaíocht agus an spás a phlé. Tugann siad beirt *teanga don tost*:

Ba mhaith liom  
teangaidh a thabhairt don tost seo  
a thachtann mé;  
a phlúchann mé achan lá. (Ó Searcaigh 1992: línte 5-8)

## Leabharliosta

- Abelove, Michele, Aina Barale and David M. Halperin. *The Lesbian and Gay Studies Reader*. New York: Routledge, 1993.
- Adam, Barry D. "The Defense of Marriage Act and American Exceptionalism: The "Gay Marriage" Panic in the United States", *Journal of the History of Sexuality*, 12. 2. 2003: 256-276.
- Aldrich, Robert and Garry Wothersponn, Ed. *Who's Who in Contemporary Gay and Lesbian History*. London and New York: Routledge, 2001.
- Althusser, L.P. *Lenin and Philosophy and Other Essays*. Translated by Ben Brewster. London and New York: Monthly Review Press, 1971.
- Armstrong, James D. "Homophobic Slang as Coercive Discourse among College Students", *Queerly Phrased: Language, Gender, and Sexuality*. Ed. Anna Livia and Kira Hall, New York and Oxford: Oxford University Press, 1997: 326-334.
- Atkins, Michael and Mary Laing. "Walking the beat and doing business: Exploring spaces of male sex work and public sex", *Sexualities*. 15. 2012: 622-643.
- Bacon, Jen. "Getting the story straight: coming out narratives and the possibility of a cultural rhetoric", *World Englishes*. 2. 17. 1998: 249-58.
- Baily, M.E. "Foucauldian feminism: Contesting bodies, sexuality and identity.", *Up Against Foucault: Explorations of Some Tensions between Foucault and Feminism*. Ed. Caroline Ramzanoglu. London: Routledge, 2003: 99-123.

- Balzano, Wanda, Anne Mulhall and Moynagh Sullivan. *Irish Postmodernisms and Popular Culture*. Hampshire: Palgrave Macmillan, 2007.
- Beck, Terence A. "Conceptions of Sexuality and Coming out in Three Young Adult Novels: A Review of Hero, Sproud, and In Mike We Trust", *Journal of LGBT Youth*. 3.10. 2013: 249-255.
- Beemyn, Brett and Mickey Eliason. *Queer Studies: A Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender Anthology*. New York: New York University Press, 1996.
- Bell, David agus Gill Valentine. "Orientations", *Mapping Desire: Geographies of Sexualities*. Ed. David Bell agus Valentine Gill, London and New York: Routledge, 1995: 1-27.
- Bell, Vikki. "On Speech, Race and Melancholia: An Interview with Judith Butler.", *Theory, Culture and Society*. 16.2. 1999: 163-174.
- Benhabib, Seyla. "Models of Public Space: Hannah Arendt, the Liberal Tradition, and Jurgen Habermas.", *Habermas and the Public Sphere*. Ed. Craig Caloun, Cambridge and London: the MIT Press, 1996: 73-98.
- Berlant, Lauren and Elizabeth Freeman. "Queer Nationality" *boundary 2*. 1. 19, 1992: 149-180.
- Berlant, Lauren and Michael Warner. "What Does Queer Theory Teach Us about X?", *PMLA*, 3.110. 1995: 343-349.
- Berlant, Lauren. "Compassion (and Withholding)", *Compassion: The Culture and Politics of Emotion*, Ed. Lauren Berlant, New York and London: Routledge, 2004: 1-14.
- Berlant, Lauren. "Live Sex Acts" (Parental Advisory: Explicit Material), *Feminist Studies*, 2.21. 1995: 379-202.

- Berlant, Lauren. *Cruel Optimism*. Durham and London: Duke University Press, 2011.
- Berlant, Lauren. *Desire/Love*. New York: Punctum Books, 2012.
- Bersani, Leo. *Is the Rectum a Grave and Other Essays*. Chicago and London: The University of Chicago Press, 2010.
- Blake, Barry J. *Secret Language: Codes, Tricks, Spies, Thieves and Symbols*. Oxford: Oxford University Press, 2010.
- Bloom, Alan. *The Closing of the American Mind: How Higher Education has failed Democracy and impoverished the souls of today's students*, New York: Simon and Schuster, 1987.
- Boellstorff, Tom. "When Marriage Falls: Queer Coincidences in Straight Time, *GLQ: A Journal of Lesbian and Gay Studies*, 13.2-3. 2007: 227-248.
- Boellstorff, Tom agus William L. Leap. "Introduction: Globalization and the "New" Articulations of Same-Sex Desire", *Speaking in Queer Tongues: Globalization and Gay Language*. Eds. Tom Boellstorff and William L. Leap. Urbana and Chicago: University of Illinois Press, 2004: 181-201.
- Bord na Gaeilge. "An Léitheoir", *Comhar*, 6. 49. 1990: 1-8.
- Boss, Michael. "The Country of Light: The Personal Nation of Patrick Pearse.", *Irish University Review*. 2.30. 2000: 274-280.
- Boucher, Geoff. "The Politics of Performativity: A Critique of Judith Butler", *Parrhesia: A Journal of Critical Philosophy*. 1. 2006: 112-141.

- Bowyer, Susannah. "Queer Patriots: Sexuality and the character of national identity in Ireland", *Cultural Studies*. 6.24. 2010: 801-820.
- Breathnach, Pádraic agus Máire Ní Neachtain. "Micheál Ó Conghaile", *Scribhneoirí Faoi Chaibidil*. Eag. Alan Titley. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2010.
- Bresnahan, Eilíeen. "Review: Publics and Counterpublics.", *Perspectives on Politics*, 4.1. 2003: 771-772.
- Brisset, Annie. "The Search for a Native Language: Translation and Cultural Identity.", *The Translation Studies Reader*. Ed. Lawrence Venuti, translated by Rosalind Gill and Roger Gannon, London and New York: Routledge, 2000: 343-375.
- Bucholtz, Mary agus Kira Hall. "Theorizing Identity in Language and Sexuality Research", *Language in Society*. 4.33. 2004: 469-515.
- Butler, Judith. "Sex and Gender in Simone de Beauvoir's *Second Sex*.", *Yale French Studies*. 72. 1986: 35-49.
- Butler, Judith. *Subjects of Desire: Hegelian Reflections in 20<sup>th</sup> Century France*. New York: Columbia University Press, 1987.
- Butler, Judith. "Performative Acts and Gender Constitution: An Essay in Phenomenology and Feminist Theory.", *Theatre Journal*. 440. 1988: 519-531.
- Butler, Judith. *Gender Trouble: Feminism and the Subversion of Identity*. New York: Routledge, 1990.
- Butler, Judith. "Critically Queer", *GLQ: A Journal of Lesbian and Gay Studies*, 1, 1993: 17-32.

- Butler, Judith. *Bodies that Matter: On the Discursive Limits of Sex*. New York: Routledge, 1993a.
- Butler, Judith. "Imitation and Gender Insubordination.", *The Lesbian and Gay Studies Reader*. Eds. Henry Abelove, Michele Aina Barale and David M. Halperin. New York: Routledge, 1993b: 307-320.
- Butler, Judith. "Critically Queer", *GLQ: A Journal of Lesbian and Gay Studies*, 1, 1993c: 17-32.
- Butler, Judith. *Excitable Speech: A Politics of the Performative*. New York: Routledge, 1997.
- Butler, Judith. "How can I deny that these hands and this body are mine?", *Qui Parle*. 1.11 1997b: 1-20.
- Butler, Judith. "Revisiting Bodies and Pleasures.", *Theory, Culture and Society*. 11.16. 1999: 11-20.
- Butler, Judith agus William Connolly. "Politics, Power and Ethics: A Discussion Between Judith Butler and William Connolly.", *Theory and Event*. 4.2. 2000.
- Butler, Judith. "Appearances Aside.", *California Law Review*. 1. 88. 2000: 78-83.
- Butler, Judith. "Doing Justice to Someone: Sex Reassignment and Allegories of Transsexuality", *GLQ: A Journal of Lesbian and Gay Studies*, No. 4, Vol. 7, 2001: 621-636.
- Butler, Judith. "Is Kinship Always Already Heterosexual?", *differences: A Journal of Feminist Cultural Studies*. 1.13. 2002: 14-44.

- Butler, Judith. "Variations on Sex and Gender: Beauvoir, Wittig, Foucault", *The Judith Butler Reader*. Eds. Sarah Salih and Judith Butler. Oxford: Blackwell Publishing, 2004: 21-38.
- Butler, Judith. "Sexual politics, torture, and secular time.", *The British Journal of Sociology*.1.59. 2008: 1-23.
- Byrne, Annette. "An tSamhlaíocht ag Pléascadh.", *Comhar*.10.57. 1998: 25-26.
- Cadwallader, Jessica. "How Judith Butler Matters.", *Australian Feminist Studies*.60.24. 2009: 289-294.
- Carline, Anna. "Resignifications and Subversive Transformations: Judith Butler's Queer Theory and Women Who Kill.", *Liverpool Law Review*. 3.27. 2006: 303-335.
- Carney, James. "Society and the Baric Poet." *Studies: An Irish Quarterly Review*. 62. 247/248. 1973: 233-250.
- Chrystel, Hugh. *The Politics of Sexual Morality in Ireland*, New York: Palgrave, 1999.
- Colebrook, Claire. "On the Very Possibility of Queer Theory.", *Deleuze and Queer Theory*. Eds. Chrysanthi Nigianni and Merl Storr. Edinburgh: Edinburgh University Press, 2009: 11-23.
- Coleman, Eli. "Developmental Stages of the Coming-Out Process.", *American Behavioral Scientist*.469.25. 1982: 31-43.
- Conrad, Kathryn. "Queer Treasons: Homosexuality and Irish Identity.", *Cultural Studies*.1.14. 2001: 124-137.
- Conrad, Kathryn A. *Locked in a Family Cell: Gender, Sexuality and Political Agency in Irish National Discourse*. Wisconsin: The University of Wisconsin Press, 2004.



Cronin, Michael G. "The "Unmarried Mother" and Moral Politics in the Free State: Developing a Political Narrative for the History of Sexuality in Ireland.", *Essays in Irish Literary Criticism: Themes of Gender, Sexuality and Corporeality*. Eds. Deirdre Quinn and Sharon Tighe-Mooney. Lewiston: The Edwin Mellen Press, 1998.

Cronin, Michael. "'He's My Country': Liberalism, Nationalism and Sexuality in Contemporary Irish Gay Fiction.", *Éire-Ireland*.3-4.39. 2004: 250-267.

D'Emilio, John. "Capitalism and Gay Identity.", *Powers of Desire: The Politics of Sexuality*. Eds. Ann Snitow, Christine Stansell and Sharon Thompson. New York: Monthly Review Press, 1983: 100-113

Davies, Peter. "The Role of Disclosure in Coming Out Among Gay Men.", *Modern Homosexualities: Fragments of lesbian and gay experience*. Ed. Ken Plummer. London and New York: Routledge, 1992: 75-85.

De Beauvoir, Simone. *The Second Sex*. Ed. and translated by H.M. Parshley. London: Jonathan Cape Thirty Bedford Square, 1953.

de Brún, Fionntán. "Éire Engagé.", *Comhar*.9.56. 1997: 25-27.

de Lauretis, Teresa. "Queer Theory: Lesbian and Gay Sexualities.", *An Introduction, differences* .3.2. 1991: iii-xviii.

de Lauretis, Teresa. "Gender symptoms, or, peeing like a man", *Social Semiotics*.9.2. 2009: 257-270.

- de Lauretis, Teresa. "Queer Texts, Bad Habits, and the Issue of a Future." *GLQ: A Journal of Lesbian and Gay Studies*, 2-3.17. 2011: 243-263.
- de Paor, Louis. "An Scéalaíocht.", *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Eag. Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998: 8-33.
- de Paor, Pádraig. *Na Buachaillí Dána: Cathal Ó Searcaigh, Gabriel Rosenstock agus ról comhaimseartha an fhile sa Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2005.
- de Paor, Pádraig. "Cúpla smaoinemh i dtaobh na nuafhilíochta agus i dtaobh *An Lá go dtáinig Siad* (2005) le Derry O'Sullivan", *Léachtaí Cholm Cille XLI*. Eag. Tadhg Ó Dúshláine agus Cairtriona Ní Chléircín. Má Nuad: An Sagart, 2011.
- Denvir, Gearóid. "Ál an Fhathaigh.", *Comhar*. 12.50. 1991: 22-24, 26-30 agus 32-36.
- Denvir, Gearóid. *Litríocht agus Pobal*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht Teo., 1997.
- Derrida, Jacques. "Signature Event Context.", *Margins of Philosophy*. Translated by Alan Bass. Chicago: The University of Chicago Press, 1982.
- Diggins, John Patrick. "Review: *Tenured Radicals*", *History of Education Quarterly*, 31: 2, 1991. 273
- Disch, Lisa. "Judith Butler and the Politics of the Performative.", *Political Theory*. 4.27. 1999: 545-559.
- Doan, James E. "Cathal Ó Searcaigh: Gay, Gaelach agus Galánta/Gay, Gaelic and Gorgeous.", *On the Side of Light: critical essays on the poetry of Cathal Ó Searcaigh*. Eds. James Doan and Frank Sewell. Dublin: Arlen House, 2002.

- Downing, Lisa. *The Cambridge Introduction to Michel Foucault*. Cambridge: Cambridge University Press, 2008.
- Doyle, Charles Clay. "Miscellany: Homosexual Slang Again.", *American Speech*.52.1. 1982: 45-59.
- Eagleton, Terry. *Literary Theory: An Introduction*. Oxford: Blackwell Publishing, 1983.
- Edelman, Lee. "Compassion's Compulsion.", *Compassion: The Culture and Politics of Emotion*. Ed. Lauren Berlant. New York and London: Routledge, 2004: 159-186.
- Edwards, Ruth Dudley. *Patrick Pearse: The Triumph of Failure*. Dublin: Irish Academic Press, 2006.
- Elden, Stuart. "The Problem of Confession: The Productive Failure of Foucault's *History of Sexuality*", *Journal for Cultural Research*.1.9. 2005: 23-41.
- Encarnación, Omar G. "Ireland's referendum, however inspiring, is not a step forward for gay rights." *The Irish Times* (2015), 10 Lúnasa 2015, <<http://www.irishtimes.com/opinion/ireland-s-referendum-however-inspiring-is-not-a-step-forward-for-gay-rights-1.2225587>>
- ER. "Ireland's Gay Marriage Referendum", *British Psychological Society*. 28.7. 2015: 526.
- Ferriter, Diarmaid. *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Society*. Suffolk: Profile Books, 2009.
- Fitzsimons, Andrew. "Review: On the Side of Light: The Poetry of Cathal Ó Searcaigh.", *Journal of Irish Studies*.18. 2003: 133-135.

- Flotwo, Luise von. "Gender and Translation." *A Companion to Translation Studies*. Ed. Piotr Kuhiwczak and Karin Littau. Clevedon, Buffalo and Toronto: Multilingual Matters, 2007: 92-105.
- Foster, R.F. *Vivid Faces: The Revolutionary Generation in Ireland, 1890-1923*. New York and London: W.W. Norton & Company, 2004.
- Foucault, Michel. *The History of Sexuality: Volume 1*. Translated by Robert Hurley. New York: Pantheon Books, 1978.
- Foucault, Michel and Millicent Dillon. "Conversation with Michel Foucault.", *The Threepenny Review*. 1 1980: 4-5.
- Foucault, Michel. "Body/Power.", *Power/Knowledge: Selected Interviews and Other Writings*. Ed. Colin Gordon. New York: Pantheon Books, 1980a: 55-62.
- Foucault, Michel. "The Confession of Flesh.", *Power/Knowledge: Selected Interviews and Other Writings*. Ed. Colin Gordon. New York: Pantheon Books, 1980b: 222-224.
- Foucault, Michel. "The History of Sexuality.", *Power/Knowledge: Selected Interviews and Other Writings*. Ed. Colin Gordon. New York: Pantheon Books, 1980c: 183-193.
- Foucault, Michel. "Nietzsche, Genealogy, History.", *The Foucault Reader*. Ed. Paul Rabinow. New York: Pantheon Books, 1984a: 76-100.
- Foucault, Michel. "Docile Bodies.", *The Foucault Reader*. Ed. Paul Rabinow. New York: Pantheon Books, 1984b: 179-187.
- Foucault, Michel. "The Great Confinement.", *The Foucault Reader*. Ed. Paul Rabinow. New York: Pantheon Books, 1984: 124-140.

Foucault, Michel. *The History of Sexuality: Volume 2*. Translated by Robert Hurley. New York: Vintage Books, 1985.

Foucault, Michel. *The History of Sexuality: Volume 3*. Translated by Robert Hurley. New York: Pantheon Books, 1986.

Foucault, Michel. "Sex, Power and the Politics of Identity.", *Michel Foucault: Ethics, Subjectivity and Truth*. Ed. Paul Rabinow. New York: The New York Press, 1994: 163-73.

Garber, Linda. "On the Evolution of Queer Studies: Lesbian Feminism, Queer Theory and Globalization.", *Intersections Between Feminist and Queer Theory*. Ed. Diane Richardson et al. Basingstoke: Palgrave Macmillan, 2006.

Giffney, Noreen "Denormatizing Queer Theory: More Than (Simply) Lesbian and Gay Studies.", *Feminist Theory*.73.5. 2004: 73-78.

Giffney, Noreen agus O'Rourke, Michael. *The Ashgate Companion to Queer Theory*. Burlington: Ashgate Publishing Company, 2009.

Giffney, Noreen. "Quare Theory.", *Irish Postmodernisms and Popular Culture*. Ed. Wanda Balzano, Anne Mulhall and Moynagh Sullivan. Hampshire: Palgrave Macmillan, 2007.

Glennon, Lisa. "Strategizing for the Future through the Civil Partnership Act", *Journal of Law and Society*, 33.2. 2006: 244-276.

Glick, Elisa. *Materializing Queer Desire: Oscar Wilde to Andy Warhol*. New York: SUNY Press, 2009.

Goldman, Ruth. "Who is that *Queer* Queer?: Exploring Norms around Sexuality, Race, and Class in Queer Theory.", *Queer Studies: A Lesbian, Gay, Bisexual and*

*Transgender Anthology*. Ed. Brett Beemyn agus Mickey Eliason. New York: New York University Press, 1996: 169-82.

Grúpa Taighde. “Téarmaíocht Chriticiúil!”, *Irisleabhar Mhá Nuad*. 1967.

Habermas, Jurgen. *The Structural Transformation of the Public Sphere: An Inquiry into a Category of Bourgeois Society*. Translated by Thomas Burger. Cambridge: The MIT Press, 1991.

Haggerty, George E. *Gay Histories and Cultures*. London and New York: Garland Publishing, 2000.

Halberstam, Judith. *In a Queer Time and Place: Transgender Bodies, Subcultural Lives*, London and New York: New York University Press, 2005.

Halperin, David M. “The Normalization of Queer Theory.”, *Journal of Homosexuality*. 2.42. 2003: 339-343.

Hammers, Corie J. “Making Space for an Agentic Sexuality? The Examination of a Lesbian/Queer Bathhouse.”, *Sexualities*. 547.11. 2008: 547-572.

Hawley, John C. *Postcolonial, Queer: Theoretical Intersections*. New York: State University of New York Press, 2001.

Hayes, Joesph J. “Gayspeak.”, *Quarterly Journal of Speech*. 3.62. 1976: 256-266.

Hayes, Joseph J. “Lesbians, Gay Men, and Their “Languages””, *Gayspeak: Gay Male & Lesbian Communication*. Ed. James W. Cheseboro. New York: The Pilgrim Press, 1981: 28–42.

Hermans, Theo. “Literary Translation.”, *A Companion to Translation Studies*. Ed. Piotr Kuhiwczak and Karin Littau. Clevedon, Buffalo and Toronto: Multilingual Matters, 2007: 77-91.

- Heyes, Cressida J. *Self-Transformations: Foucault, Ethics, and Normalized Bodies*. Oxford: Oxford University Press, 2007.
- Heyes, Cressida J. "Subjectivity and power.", *Michel Foucault: Key Concepts*. Ed. Dianna Taylor. Durham: Acumen, 2011: 159-172.
- Higgs, David. *Queer Sites: Gay Urban Histories since 1600*. London and New York: Routledge, 1999.
- Inglis, Tom. "Sexual Transgression and Scapegoats: A Case Study from Modern Ireland.", *Sexualities*. 5.5. 2002: 5-24.
- Higgs, David. *Queer Sites: Gay Urban Histories since 1600*. London and New York: Routledge, 1999.
- Howe, Cymene. "Foucault, Gay Marriage, and Gay and Lesbian Studies in the United States: an Interview with David Halperin", *Sexuality Research and Social Policy*, 1.3. 2004: 32-37
- Jagger, Gill. *Judith Butler: Sexual politics, social change and the power of the performative*. Oxon: Routledge, 2008.
- Jagose, Annamarie. *Queer Theory: An Introduction*. New York: New York University Press, 1996.
- Jagose, Annamarie. "Feminism's Queer Theory.", *Feminism & Psychology*. 15.19.(2009): 154-174.
- Johnston, Lynda agus Longhurst, Robyn. "Introduction: Geography, Bodies, Sex and Gender", *Space, Place and Sex: Geographies of Sexualities*, Ed. Lynda Jonston

- agus Robyn Longhurst, New York: Rowman & Littlefield Publishers, 2010: 1-20.
- Jolly, Margareta. “Coming Out of the Coming Out Story: Writing Queer Lives.”, *Sexualities*. 4.4. 2001: 475-497.
- Kelleher, John V. “Matthew Arnold and the Celtic Revival.”, *Perspectives in Criticism*. Ed. Harry Levin. New York: Russell & Russell, 1970: 204-5.
- Kelly, Mary Jane agus Anoop Nayak. “Gender undone: subversion, regulation and embodiment in the work of Judith Butler.”, *British Journal of Sociology of Education*. 4.27. 2006: 459-472.
- Kennedy, Kieran Francis Jr. “‘Oirféas as Gach *Orifice*’: The Irish Language Question, Globalization and Homosexuality”, *On the Side of Light: critical essays on the poetry of Cathal Ó Searcaigh*. Ed. James Doan and Frank Sewell. Dublin: Arlen House, 2002.
- Kerouac, Jack. *On the Road*. New York: Viking Press, 1957.
- Kiberd, Declan. *Idir Dhá Chultúr*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.
- Kiberd, Declan. “Patrick Pearse: Modernist.”, *The Life and After-Life of P.H. Pearse/Pádraic Mac Piarais: Saol agus Oidhreacht*. Ed. Roisín Higgins agus Regina Uí Chollatán. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2009: 65-80.
- Kimball, Roger. *Tenured Radicals: How Politics Has Corrupted Our Higher Education*, New York: Harper Collins, 2008.
- Kinsman, Gary. “Men Loving Men: The Challenge of Gay Liberation.”, *Feminisms and Masculinities*. Ed. Peter F. Murphy. Oxford: Oxford University Press, 2004: 165–181.



- Knopp, Lawrence. "Sexuality and Urban Space: A Framework for Analysis.", *Mapping Desire: Geographies of Sexualities*. Ed. David Bell agus Valentine Gill. London and New York: Routledge, 1995: 149-160.
- Knott, Eleanor. *An Introduction to Irish Syllabic Poetry of the Period 1200 – 1600*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1958.
- Lacey, Brian. *Terrible Queer Creatures: Homosexuality in Irish History*. Dublin: Wordwell, 2008.
- Liang, A.C. "The Creation of Coherence in Coming-Out Stories.", *Queerly Phrased: Language, Gender, and Sexuality*. Ed. Anna Livia and Kira Hall. New York and Oxford: Oxford University Press, 1997: 4-2-415.
- Livia, Anna agus Kira Hall. "It's a Girl!": Bringing Performativity Back to Linguistics.", *Queerly Phrased: Language, Gender, and Sexuality*. Ed. Anna Livia agus Kira Hall. New York and Oxford: Oxford University Press, 1997: 181-201.
- Longley, Michael. "A Going Back to Sources", *The Poetry Review*, 39, 1993, 92-96.
- Love, Heather. "What Does Lauren Berlant Teach Us about X?", *Communications and Critical/Cultural Studies*. 4.9. 2012: 320-336.
- Lynch, Richard A. "Foucault's Theory of Power.", *Michel Foucault: Key Concepts*. Ed. Dianna Taylor. Durham: Acumen, 2011: 13-26.
- MacCannell, Dean agus Juliet Flower MacCannell. "Violence, power and pleasure: A revisionist reading of Foucault from the victim perspective.", Ed. Caroline Ramazanaglu. London: Routledge, 1993: 203-238.

- MacDonald, Sarah. "Irish Approve Gay Marriage in Referendum", *The Independent News Source*. 41. 17. 2015: 16-17.
- M. Ó. R. Léirmheas: "The Importance of being Mac Liammóir.", *Comhar*. 5.22. 1963: 21-22.
- Mac an tSaoir, Flann. "An tarna aiste: Pádraig Mac Piarais.", *Comhar*. 9.21. 1962: 18-20.
- Mac Cóil, Liam. "An Chritic Shíocanailíseach.", *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Eag. Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998: 94-112.
- Mac Con Iomaire, Rónán. "Bolg an Toilg", *Comhar*. 11.60. 2000: 39.
- Mac Con Ultaigh, Dónall. "Míchéal Mac Liammóir: "Fathach na hAmharclainne"", *Comhar*. 4.37. 1978: 2.
- Mac Liammóir, Micheál. *Ceo Meala Lá Seaca*. Sáirséal agus Dill: Baile Átha Cliath, 1952.
- Mac Lochlainn, Antain. "Úrscéal Aoibhinn Aerach.", *Comhar*. 12.59. 1999: 29-30.
- Mag Shamhráin, Antain. *Litríocht, Léitheoireacht agus Critic: príomhghnéithe na critice in Irisleabhar Mhá Nuad 1966-1978*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1986.
- Mac Uistín, Liam. *An Ród Seo Romham: Saol agus Saothar Phádraic Mhic Piarais*. Baile Átha Cliath: Comhar, 2006.
- McKibben, Sarah E. *Endangered Masculinities in Irish Poetry 1540-1780*. Dublin: University College Press, 2010.

- MacKinnon, Catharine A. *Only Words*. Cambridge: Harvard University Press, 1993.
- Martin, Bidy. "Sexualities without Genders and Other Queer Utopias.", *Diacritics*. 2-3.24. 1994: 104-121.
- McNay, Lois. "Subject, Psyche and Agency: The Work of Judith Butler.", *Theory, Culture and Society*.2.16.1999: 175-193.
- Miller, Jim Wayne. "Anytime the Ground is Uneven: the Outlook for Regional Studies and What to Look Out For.", *Geography and Literature: A Meeting for the Disciplines*. Ed. William E. Mallory agus Paul Simpson-Housley. New York: Syracuse University Press, 1987: 1-23.
- Mills, Sara. *Michel Foucault: Routledge Critical Thinkers*. London: Routledge, 2003.
- Mitchell, Kennet. "Landscape and Literature.", *Geography and Literature: A Meeting for the Disciplines*. Ed. William E. Mallory and Paul Simpson-Housley. New York: Syracuse University Press, 1987: 23-29.
- Moran, Seán Farrell. *Patrick Pearse and the Politics of Redemption*. United States: The Catholic University of America Press, 1994.
- Mulhall, Anne. "Camping up the Emerald Aisle: 'Queerness' in Irish Popular Culture.", *Irish Postmodernisms and Popular Culture*. Eds. Wanda Balzano, Anne Mulhall and Moynagh Sullivan. Hampshire: Palgrave Macmillan, 2007.
- Ní Annracháin, Máire. "Ait Liom Bean a bheith ina File.", *Léachtaí Cholm Cille 12*. Eag. Pádraig Ó Fiannachta. Má Nuad: An Sagart, 1982.

- Ní Annracháin, Máire agus Bríona Nic Dhiarmada. *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.
- Ní Annracháin, Máire. “An Teanga Fhíortha.”, *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Eag. Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998: 34-63.
- Ní Chualáin, Aingeal. *Siocracha Peaca Téamaí an Chaidrimh agus an Ghnéis i Saothar Phádhraic Óig Uí Chonaire agus Mháirtín Uí Chadhain*, Tráchtas. Ollscoil na hÉireann Gaillimh, 2013
- Ní Dhonnchadha, Aisling. *An Gearrscéal sa Ghaeilge: 1898-1940*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1981.
- Ní Dhonnchadha, Aisling. “Léirmheas.”, *Comhar*. 3.46. 1987: 27-28.
- Ní Dhonnchadha, Aisling. *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2002.
- Ní Chianáin, Neasa, stiúrthóir. *Fairytale of Kathmandu*. Vinegar Hill Productions, 2007. Scannán.
- Ní Chléirchín, Caitriona. “Guthanna ildaite inntí”, *Comhar*. 2.68. 2008: 10-17.
- Ní Fhrighil, Ríona. “Úrscéalta don Phobal?”, *The Irish Review*. 32. Corcaigh: Cork University Press. 2004: 117-119.
- Ní Fhrighil, Ríona. *Briathra, Béithe agus Banfhilí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2008.
- Ní Ghairbhí, Róisín. “Cúrsaí Ealaíona: Nua-dhráma sa Taibhdhearc.”, *Comhar*. 10.63. 2003: 17.

- Nic Dhiarmada, Bríona. “An Bhean is an Bhaineann: Gnéithe Den Chritic Fheimineach.”, *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Eag. Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998: 152-182.
- Nic Dhiarmada, Bríona. “Irish language and literature in the new millenium.”, *Cambridge History of Irish Literature*. Ed. Margaret Kelleher and Philip O’Leary. New York: Cambridge University Press, 2006: 600-627.
- Nic Dhiarmada, Bríona. *Téacs Baineann, Téacs Mná*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2005.
- Nic Eoin, Máirín. “An Litríocht Réigiúnach agus Forbairt an Nuaphróis.”, *Comhar*. 4.41. 1982: 22-28.
- Nic Eoin, Máirín. *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta, 1982.
- Nic Eoin, Máirín. *B’ait leo bean: Gnéithe den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Clóchomhar, 1998.
- Nic Eoin, Máirín. “Ag Taisteal Gan Mhapaí: An Ficsean Neamhréalaíoch agus Gníomh na Léitheoireachta.”, *Léachtaí Cholm Cille 36*. Eag. Aisling Ní Dhonnchadha. Má Nuad: An Sagart, 2006: 77-111
- Nic Eoin, Máirín. *Trén bhFearann Breac: An Diláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005.
- Nic Eoin, Máirín. “Ó Cadhain, Kafka agus Litríocht Uirbeach na Gaeilge.”, *Irish Pages*. 2.5. 2008: 183-195.

- Nilsen, Kenneth E. “Scéalaíocht Chois Fharráige.”, *Béaloides*. 60-61. 1992-3: 323-324.
- Nussbaum, Martha. “The Professor of Parody.”, *New Republic*., 22. 1999: 2-20.
- Ó Beolán, Art. “Irisleabhar Mhá Nuad.”, *Comhar*. 7.28. 1969: 25-26.
- O’Brien, Frank. *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1968.
- Ó Cadhain, Máirtín. *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1969.
- Ó Cathasaigh, Aindrias. *Scríob Nua: An Branar 1919-25*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2005.
- Ó Cearnaigh, Seán. *Scríbhneoirí na Gaeilge 1945-1994*. Baile Átha Cliath: Comhar Tta, 1995.
- Ó Cianáin, Pádraig. “Súil le Breith: Léirmheas.”, *Comhar* .2.43. 1984: 33-35.
- Ó Cofaigh, Pádraig. *Micheál Ó Conghaile: Scríbhneoir Cumasach Dásachtach*, Tráchtá. Ollscoil Mhá Nuad, 2004
- Ó Coigligh, Ciarán. “Filíocht Ghaeilge Phádraig Mhic Phiarais: Cuid a dó.”, *Comhar*. 10.38. 1979: 9-13 agus 15-16.
- Ó Coileáin, Dáithí. “Léirmheas: Léirmheastóireacht Sa Ghaeilge.”, *Comhar*. Uimh 6, Iml. 33, Baile Átha Cliath: Comhar, 1974: 20, 21 agus 24.
- Ó Conchubhair, Brian. “Cathal Ó Searcaigh: Teip agus Téagar na Teanga/Falling Down and Falling Back On Language.”, *On the Side of Light: critical essays on the*

*poetry of Cathal Ó Searcaigh*. Ed. James Doan and Frank Sewell. Dublin: Arlen House, 2002.

Ó Conchubhair, Brian. *Gearrscéalta Ár Linne*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2006.

Ó Conchubhair, Brian. “The Novel in Irish since 1950: From National Narrative to Counter-Narrative.”, *The Yearbook in English Studies*. 35. 2005: 212-231.

Ó Conchubhair, Brian. “Introduction: The Quest for Authentic Cultural Experiences in Connemara”, *Lost in Connemara: Stories from the Irish*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014

O’Connor, Frank. *The Lonely Voice*. New Jersey: Melville House Publishing, 2004.

Ó Conghaile, Micheál. *Comhrá Cailli*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1987.

Ó Conghaile, Micheál. *An Fear a Phléasc*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1997.

Ó Conghaile, Micheál. *Sna Fir*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1999.

Ó Conghaile, Micheál. *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2001.

Ó Conghaile, Micheál. *An Fear nach nDéanann Gáire*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2003.

Ó Conghaile, Micheál. *Cúigear Chonamara*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2003.

Ó Conghaile, Micheál. *Jude*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007.

Ó Conghaile, Micheál. *Go dTaga do Ríocht*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2009.

- Ó Conghaile, Micheál. "I'm harder on Myself than Any Other Publisher.", *Books Ireland*. 261. 2003: 229.
- Ó Conghaile, Micheál. *Colours of Men*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2012.
- Ó Crualaoich, Gearóid. "Litríocht na Gaeltachta: Seoladh isteach ar Pheirspictíocht Ó Thaobh na Litríochta Béil.", *Léachtaí Cholm Cille 19*. Eag. Pádraig Ó Fiannachta. Má Nuad: An Sagart, 1989: 8-25.
- Ó Doibhlin, Breandán. "I dTreo na Critice Nua.", *Irisleabhar Mhá Nuad*. 1967.
- Ó Doibhlin, Breandán. "Meas na Litríochta.", *Comhar*. Eag. Caoimhín Ó Marcaigh agus Eoghan Ó hAnluain. 5.26. 1967: 7-8 agus 10.
- Ó Doibhlin, Breandán. "Litríocht agus Cultúr.", *Irisleabhar Mhá Nuad*. 1968.
- Ó Doibhlin, Breandán. "Irish Literature in the Contemporary Situation.", *Léachtaí Cholm Cille 1*. Eag. Pádraig Ó Fiannachta. Má Nuad: An Sagart, 1970: 5-11.
- Ó Doibhlin, Breandán. *Aistí Critice agus Cultúir*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1974.
- O'Driscoll, Sally. "Outlaw Readings: Beyond Queer Theory.", *Signs*. 22.1. 1996: 30-51
- Ó Dúill, Greagóir. "Léirmheas: An Bealach 'na Bhaile", *Comhar*, 11, 1991. 27.
- O Dúill, Gréagóir. "Cathal Ó Searcaigh: A Negotiation with Place, Community and Tradition". *The Poetry Ireland Review*. 48. 1996: 14–18.
- Ó Dúshláine, Tadhg. "An Coimpléacs Priompallánach.", *Comhar*. 12.46. 1987: 4-11.



- Ó Dúshláine, Tadhg. *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí INNTI agus an Réabhlóid Chultúrtha*. An Daingean: An Sagart, 2011.
- O'Farrell, Clare. *Michel Foucault*. London: Sage Publications, 2005.
- Ó Floinn, Criostóir. "Ceird na Léirmheastóireachta.", *Comhar*. 12.30. 1971: 5-9.
- Ó Gormghaile, Pádraig. "Litríocht na Gaeilge agus an Chritic Liteartha.", *Comhar*. 8.43. 1984: 40-41.
- Ó Gormaile, Pádraig. "Sláinte. Deich mbliana de Chló Iar-Chonnachta.", *Comhar*. 2.56. 1997: 32-33.
- Ó hEanacháin, Seán. "Pádraig Standún: Saol agus Saothar.", Tráchtas MA (neamhfhoilsithe). Ollscoil Mhá Nuad, 1991.
- Ó Laoire, Lillis. "Dear Dobhogtha Cháin/The Indelible Mark of Caint.", *Sex, Nation and Dissent in Irish Writing*. Ed. Éibhear Walshe. Cork: Cork University Press, 1997: 221-234.
- O'Leary, Phillip. *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation*. Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press, 1994.
- O'Leary, Phillip. *Writing Beyond the Revival: Facing the Future in Gaelic Prose, 1940-1951*. Dublin: University College Dublin Press, 2011.
- Ó Móráin, Diarmaid. "An Chritic Liteartha: Fadhb na Léitheoireachta.", *Comhar*. 12.43. 1984: 28-31.
- Ó Muirí, Pól. "Sagart an Ghrá." *Fortnight*. 206. 1992: 32.
- Ó Rinn, Liam. *Peann agus Pár*, Baile Átha Ciath: An Gúm, 1940.

- Ó Saothraí, Séamas. “Tréithe na daonnachta: *An Lámuin agus Scéalta Eile.*”, *Books Ireland*. 38. 1979: 193-194.
- Ó Searcaigh, Cathal. *Tuirlingt*, Carbad, 1978.
- Ó Searcaigh, Cathal. *Súile Shuibhne*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1983.
- Ó Searcaigh, Cathal. *Suibhne*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1987.
- Ó Searcaigh, Cathal. *Na Bauchailí Bána*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1993.
- Ó Searcaigh, Cathal. *Ag Tnúth leis an tSolais*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2001.
- Ó Searcaigh, Cathal. *Gúrú i gClúidíní: dánta nua*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007.
- Ó Siadhail, Pádraig. “An Fear Aniar: An Interview with Micheál Ó Conghaile.”, *The Canadian Journal of Irish Studies*. 31.2. 2005: 54–59.
- Ó Siadhail, Pádraig. “Micheál Ó Conghaile and Contemporary Irish language Queer Prose.”, *The Canadian Journal of Irish Studies*. 36.1. 2010: 143-161.
- Ohno, Mitsuko. “In Female or Male Voice: What Difference Does it Make?”, *On the Side of Light: critical essays on the poetry of Cathal Ó Searcaigh*. Ed. James Doan and Frank Sewell. Dublin: Arlen House, 2002.
- Oshior, Blake K. “Insights into Marriage Equality Debate”, *Journal of Gay and Lesbian Mental Health*, 16.2. 2012: 162-166.
- Oskala, Johanna. “Anarchic Bodies: Foucault and the Feminist Question of Experience.”, *Hypatia*. 19.4. 2004: 9-121.

- Oksala, Johanna. "Freedom and Bodies.", *Michel Foucault: Key Concepts*. Ed. Dianna Taylor. Durham: Acumen, 2011: 85-98.
- Pine, Richard. "Review Article: Mac Liammóir in Wonderland.", *Irish University Review*. 28.2. 1998: 373.
- Plummer, Ken. "Public and Counterpublics: Review.", *American Journal of Sociology*. 108.6. 2003: 1419-1421.
- Ramzanoglu, Caroline. *Up Against Foucault: Explorations of Some Tensions between Foucault and Feminism*. London: Routledge, 2003.
- Reus, Teresa Gómez and Aránzazu Usandizaga. Eds. *Inside Out: Women negotiating, subverting, appropriating public and private space*, Amsterdam and New York: Rodopi, 2008.
- Rich, Adrienne. "Compulsory Heterosexuality and Lesbian Existence.", *Powers of Desire: The Politics of Sexuality*. Ed. Ann Snitow, Christine Stansell agus Sharon Thompson. New York: Monthly Review Press, 1983: 177-205.
- Richardson, Diane et al. *Intersections Between Feminist and Queer Theory*. Basingstoke: Palgrave Macmillan, 2006.
- Richardson, Diane. "Bordering Theory." *Intersections Between Feminist and Queer Theory*. Ed. Diane Richardson et al. Basingstoke: Palgrave Macmillan, 2006: 19-37.
- Riggs, Pádraigín. "Ar a gConlán Féin", *Comhar*. 11.57. 1998: 23-24.
- Riggs, Pádraigín. "Idir Shúgradh agus Dáiríre.", *The Irish Review*. 27. Cork: Cork University Press, 2001: 21-22.

- Rose, Kieran. *Diverse Communities: The Evolution of Lesbian and Gay Politics in Ireland*. Cork: Cork University Press, 1994.
- Rubin, Gayle. "The Traffic in Women: Notes on the "Political Economy" of Sex.", *Toward an Anthropology of Women*. Ed. Ryana R. Reiter. New York: Monthly Review, 1975: 157-210.
- Salih, Sara. *Judith Butler: Routledge Critical Thinkers*. London: Routledge, 2002.
- Savoy, Eric. "'In the Cage" and the Queer Effects of Gay History.", *NOVEL: A Forum on Fiction.*, 28.3. 1995: 284-307.
- Sawicki, Jana. "Queering Foucault and the Subject of Feminism.", Ed. Gary Gutting. *Cambridge Companion to Michel Foucault*. Cambridge: Cambridge University Press, 2005: 379-400.
- Schubotz, Dirk agus McNamee, Helen. "'I Knew I Wasn't Like Anybody Else": Young Men's Accounts of Coming Out and Being Gay in Northern Ireland.", *Child Care in Practice*. 18.4. 2009: 193-208.
- Sedgwick, Eve Kosofsky. *Between Men: English Literature and Male Homosocial Desire*. New York and Chichester: Columbia University Press, 1985.
- Sedgwick, Eve Kosofsky. *Epistemology of the Closet*. Berkeley agus Los Angeles: University of California Press, 1990.
- Sisson, Elaine. "Masculinity and Citizenship: Boyhood and Nationhood at St. Enda's", *The Life and After-Life of P.H. Pearse/Pádraic Mac Piarais: Saol agus Oidhreacht*. Eds. Roisín Higgins and Regina Uí Chollatán. Dublin: Irish Academic Press, 2009. 208-219.
- Spargo, Tasmin. *Foucault and Queer Theory*. Cambridge: Icon Books, 1999.

- Standún, Pádraig. *Cion Mná*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1993.
- Sullivan, Nikki. "Queer Material(ities): Lyotard, Language and Libidinal Body.", *Australian Feminist Studies*. 17.37. 2002: 43-54.
- Sullivan, Nikki. *A Critical Introduction to Queer Theory*. Edinburgh: Edinburgh University Press, 2003.
- Sweeney, Maxwell. "The Player and the Playboy.", *Books Ireland*. 148. 1991: 54.
- Thomas, Calvin. "On Being Post-Normal: Heterosexuality after Queer Theory.", *The Ashgate Companion to Queer Theory*. Ed. Noreen Giffney and Michael O'Rourke. Burlington: Ashgate Publishing Company, 2009. 17-32.
- Titley, Alan. "An Bobailín á scaoileadh amach.", *Comhar*. 12.46. 1987: 40-43.
- Titley, Alan. "An saol is a thuistí: *Sláinte: Deich mbliana de Chló Iar-Chonnachta* by Micheál Ó Conghaile.", *Books Ireland*. 191. 1995: 329.
- Titley, Alan. *An Cogadh in aghaidh na Critice: An Teannas idir Litríocht agus Teoiric*. Fortnight Publications: Béal Feirste, 1994.
- Titley, Alan. *Scribhneoirí Faoi Chaibidil*. Baile Átha Cliath: Cois Life Tta, 2010.
- Tóibín, Colm. *Love in a Dark Time: Gay Lives from Wilde to Almodóvar*. Great Britain: Picador, 2002.
- Uí Anluain, Caitlín. "An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh.", *Comhar*. 2.55. 1996: 28-30.

- Uí Anluain, Caitlín. “An sagart santach: téama na collaíochta i saothar Phádraig Standún.”, *Comhar*. 7.56. 1997: 21-24.
- Uí Anluain, Caitlín. *Staidéar téamuil ar an ngrá collaí i saothair na scríbhneoirí comhaimseartha Pádraig Breathnach, Pádraic Standún agus Pádraig Ó Ciobháin*, Tráchtas MA (neamhfhoilsithe). Ollscoil Mhá Nuad, 1997.
- Uí Chollatáin, Regina. *Iriseoirí Pinn na Gaeilge: an cholúnaíocht liteartha: critic iriseoireachta*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2008.
- Ua Gállchobháir, L. “The Children of Patrick Pearse.”, *The Irish Monthly*. 585.50. 1922: 120-128.
- Tolson, Andrew. “The Limits of Masculinity.”, *Feminisms and Masculinities*. Ed. Peter F. Murphy. Oxford: Oxford University Press, 2004. 69-69.
- Tuhkanen, Mikko. “Queer Hybridity.”, *Deleuze and Queer Theory*. Eds. Chrysanthi Nigianni and Merl Storr. Edinburgh: Edinburgh University Press, 2009: 92-114.
- Turner, Mark W. *Backward Glances: Cruising the Queer Streets of New York and London*. London: Reaktion Books, 2003.
- Walsh, John. “Is ar mhaithe le déagóirí aeracha inníocha a scríobhaim an t-alt seo...”, *Tuairisc.ie*. 2015. 10 Lúnasa 2015 <<http://tuairisc.ie/is-ar-mhaithe-le-deagoiri-aeracha-inniocha-a-scriobhaim-an-t-alt-seo/>>
- Walshe, Éibhear. *Sex, Nation and Dissent in Irish Writing*. Cork: Cork University Press, 1997.
- Walshe, Éibhear. “10 milestones in Irish gay rights”, *The Irish Times* (2015), 10 Lúnasa 2015 <<http://www.irishtimes.com/news/social-affairs/10-milestones-in-irish-gay-rights-1.2214151>>

- Warner, Michael agus Lauren Berlant. "Sex in Public.", *Critical Inquiry*. 24.2. 1998: 547-566.
- Warner, Michael. "Zones of Privacy", *What's left of Theory?* Eds. Judith Butler, John Guillory and Thomas Kendall. New York: Routledge, 2000a. 75-113.
- Warner, Michael. *The Trouble With Normal: Sex, Politics and the Ethics of Queer Life*. Cambridge: Harvard University Press, 2000b.
- Warner, Michael. *Publics and Counterpublics*, New York: Zone Books, 2005.
- Watson, Katherine. "Queer Theory.", *Group Analysis*. 67.38. 2005: 67-81.
- Weiss, Margot. "On Marriage Equality", *GLQ: A Journal of Lesbian and Gay Studies*, 19.2. 2013: 273-275.
- Wesling, Meg. "The Unequal Promise of Marriage Equality", *American Quarterly*, 66.1. 2014: 171-179
- Williams, J.E agus Máirín Ní Mhuiríosa. *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2001.
- Wittenberg, David. "Going out in Public: Visibility and Anonymity in Michael Warner's "Publics and Counterpublics.", *Quarterly Journal of Speech*. 88.4. 2002: 426-33.
- Wittig, Monique. "The Straight Mind.", *Out There: Marginalization and Contemporary Cultures*. Eds. Russell Ferguson et al. New York and London: The MIT Press, 1990.

Woods, Jeanine. “Aithníonn Queeróg Queeróg Eile: Gaeilgeoirí Aeracha Aontaithe agus Gluaiseacht Chomaimseartha na Gaeilge”, *Irish Journal of Anthropology*, 3. 1998: 41-59.



## Gluais Téarmaíochta

aerach: *gay*

aiteacht: *queer*

aitiú: *queering*

ansmacht: *oppression*

aonad teaghlaigh: *family unit*

atáirgeach: *reproductive*

bainrion draig: *drag queen*

bithchumhacht: *biopower*

buthal na suibiachtúlachta: *subjectivity*

céimlathas: *hierarchy*

ciorrú coil: *incest*

Círíbeacha Stonewall: *Stonewall Riots*

cófra: *the closet*

córas gaoil: *kinship system*

coimhlint Éideapach: *the Oedipal complex*

contanam lespiach: *lesbian continuum*

crúsáil: *cruising*

cultúr an phá: *wage culture*

cultúr heitreanáisiúnach: *heteronationalist culture*

cumarphointe cultúrtha: *cultural nexus*

díthógáil: *deconstruction*

eisint: *essentialist*

forghairm: *interpellation*

gaibhniú: *confinement*

géillsineacht: *subjugation*

geis: *taboo*

heitreanáisiúnachas: *heteronationalism*

heitreanormatacht: *heteronormativity*

homashóisialta: *homosocial*

iallach: *compulsion*

inscniú: *engender*  
institiúidí caidrimh: *institutions of intimacy*  
leaganacha urtheilgeacha: *hyperbolic versions*  
léann na n-aerach: *gay studies*  
léirithe inscni stíle athdhéanta: *stylized repetition of gendered acts*  
leispiach: *lesbian*  
loighic shamhlaithe: *imaginary logic*  
maitrís heitrihnéasach: *heterosexual matrix*  
meitireacaireacht: *metanarrative*  
modh díthógála: *deconstruction*  
mórcheannas heitrihnéasach: *heterosexual hegemony*  
neamhnormatacht: *non-normative*  
normalú: *normalization*  
ointeolaíoch: *ontological*  
pobal na haiteachta: *queer community*  
pobail shamhlaithe: *imagined publics*  
réimeas na mianta: *regimes of desire*  
rófhireannú: *hypermasculinisation*  
SEIF (Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte): *AIDS*  
socraight corp: *docile bodies*  
soirbhíochas crúalach: *cruel optimism*  
stair dhioscúrsach: *historiography*  
suibachtúlacht: *subjection*  
taibhiú inscne: *gender performance*  
teacht amach: *the coming out*  
teanga fhógartha: *constative speech*  
teoiric an taibhithe: *performance theory*  
teoiric na haiteachta: *Queer Theory*  
urlabhra thaibhithe: *performative speech*